Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

# Banc Ceannais na hÉireann
## Tuarascáil Bhliantúil
## 2017



centralbank.ie

# Clár na nÁbhar


## CUID 1 – TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Coimisiún an Bhainc Ceannais 4
Cairt Eagraíochta 5
An Ardbhainistíocht 6
Réamhrá ón nGobharnóir 8
2017: Sracfhéachaint ar an mBanc Ceannais 11
2017: Sracfhéachaint ar Gheilleagar na hÉireann 12

**Caibidil 1: An Plean Straitéiseach: Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme Réamhrá 14**

- Réamhrá 15
- Forbairtí 15
- Freagrachtaí Straitéiseacha 16
- Cumasóirí Straitéiseacha 16
- Riosca Straitéiseach 17
- Muinín agus Trédhearcacht 18

**Caibidil 2: Príomhghníomhaíochtaí agus Forbairtí in 2017 19**

- Cobhsaíocht Praghsanna 20
- Cobhsaíocht Airgeadais 30
- Cosaint Tomhaltóirí 39
- Maoirseacht agus Forfheidhmiú 44
- Forbairt Beartais Rialála 55
- Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra 57
- Comhairle Eacnamaíoch agus Staidreamh 65
- Téarnamh agus Réiteach 74
- Daoine agus Eolas 78
- Punann Infheistíochta a Bhainistiú 81
- Faisnéis agus Acmhainní 86
- Cumarsáid agus Trédhearcacht 97

**Caibidil 3: Rialachas 104**

Aguisín 1: Ráitis agus Páipéir arna bhFoilsiú ag an mBanc in 2017 123
Gluais 141

## CUID 2

**Oibríochtaí Airgeadais 146**

**Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 152**

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem



# Cuid 1:
# Tuarascáil Bhliantúil

# Coimisiún an Bhainc Ceannais



**Philip R. Lane**
Gobharnóir an Bhainc Ceannais (Cathaoirleach)



**Alan Ahearne**
*Athcheaptha Márta 2015 go ceann 5 bliana*



**Patricia Byron**
*Ceaptha Eanáir 2014 go ceann 5 bliana*



**Blanaid Clarke**
*Athcheaptha DF 2013 go ceann 5 bliana*



**Sharon Donnery**
Leas-Ghobharnóir



**John Fitzgerald**
*Athcheaptha DF 2015 go ceann 5 bliana*



**Des Geraghty**
*Athcheaptha DF 2014 go ceann 5 bliana*



**Derek Moran**
Ard-Rúnaí An Roinn Airgeadais



**Ed Sibley**
Leas-Ghobharnóir Rialáil Stuamachta



**Michael Soden**
*Athcheaptha DF 2014 go ceann 5 bliana*



**Neil Whoriskey**
Rúnaí an Bhainc




*ex-officio

^Tuairiscíonn an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach go díreach don Ghobharnóir agus ní thuairiscíonn sé don Stiúrthóir ar Ghnóthaí Corparáideacha ach amháin i ndáil le nithe riaracháin nó buiséadacha

~ Tacaíonn an Stiúrthóireacht um Beartas agus Riosca le hobair an dá Philéar, Rialáil Stuamachta agus Iompar Airgeadais, ach is cuid de philéar an Iompair Airgeadais é chun críocha riaracháin

# An Ardbhainistíocht

| Stiúrthóireacht | Rannán/Feidhm* | Ceannasaí |
|---|---|---|
| **Gnóthaí Corparáideacha**<br>Stiúrthóir:<br>Bernard Sheridan | Ardrúnaíocht<br>Cumarsáid<br>Iniúchóireacht Inmheánach<br>Dlí<br>Riosca Eagraíochtúil<br>Tionscadail Speisialta | Neil Whoriskey<br>Jill Forde<br>Joe Foy<br>Eadaoin Rock<br>Glenn Calverley<br>Michael Maher |
| **Cobhsaíocht Airgeadais**<br>Stiúrthóir:<br>Maurice McGuire | Cobhsaíocht Airgeadais<br>Réiteach<br>An Príomh-Chlár Creidmheasa*<br>Caidreamh Idirnáisiúnta*<br>Airgeadas Margadhbhunaithe* | Robert Kelly<br>Wesley Murphy<br>Deirdre Walsh<br>Valerie Herzberg<br>Kitty Moloney |
| **Oibríochtaí Airgeadais**<br>Stiúrthóir:<br>Peter Sinnott | Margaí Airgeadais<br>Íocaíocht agus Socraíocht Urrús | Daragh Cronin<br>William Molloy |
| **Eacnamaíocht agus Staidreamh**<br>Stiúrthóir:<br>Mark Cassidy | Anailís ar Gheilleagar na hÉireann<br>Beartas Airgeadaíochta<br>Staidreamh<br>Taighde agus Tionscadail Tras-Stiúrthóireachta | John Flynn<br>Gillian Phelan<br>Joe McNeill<br>Gerard O'Reilly |
| **Bainistíocht Faisnéise agus Teicneolaíocht Faisnéise**<br>Stiúrthóir:<br>Kevin Garland | Straitéis TF, Pleanáil agus Bonneagar<br>Seachadadh TF<br>Seachadadh Teicneolaíochta agus Oibríochtaí<br>Slándáil Faisnéise agus Riosca* | Karina McArdle<br>Louise Dennehy<br>Eoin McDermott<br>David Shaw |
| **Airgeadra agus Bainistíocht Saoráidí**<br>Stiúrthóir:<br>Paul Molumby | Bainistíocht Saoráidí*<br>Eisiúint Airgeadra<br>Táirgeadh Airgeadra<br>Slándáil*<br>Punann Stiúrthóireachta* | Des Lane<br>Lucy O'Donoghue<br>Tony Duffy<br>Harry Murphy<br>Michael Enright |
| **Acmhainní Daonna**<br>Stiúrthóir:<br>Liz Joyce | Acmhainní Daonna<br>Forbairt Eagraíochtúil | Derval McDonagh<br>Karen O'Leary |
| **Oibríochtaí**<br>Ag tuairisciú do:<br>Gerry Quinn, COO | Rialú Airgeadais<br>Soláthar<br>Idirbhearta Rialála<br>An Oifig um Bainistíocht Tionscadal* | Fergal Power<br>Michael Power<br>Alan Briscoe<br>John Thompson |
| **Maoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa**<br>Stiúrthóir:<br>Folúntas | Maoirseacht ar Bhaincéireacht - Maoirseacht<br><br>Maoirseacht ar Bhaincéireacht – Anailís<br>Maoirseacht ar Bhaincéireacht – Cigireachtaí<br>Clárlann na gComhar Creidmheasa | Geraldine Hannon<br>Yvonne Madden**<br>Adrian Varley<br>Tommy Hannafin<br>Patrick Casey |

LEAN AR AGHAIDH

** Ceannasaí Gníomhach Rannáin

# An Ardbhainistíocht

| Stiúrthóireacht | Rannán/Feidhm* | Ceannasaí |
|---|---|---|
| **Maoirseacht ar Árachas**<br>Stiúrthóir:<br>Sylvia Cronin | Árachas - Maoirseacht<br>Árachas - Cigireachtaí*<br>Árachas - Seirbhísí Comhairleoireachta, Anailíseacha agus Achtúireacha | Marie-Louise Delahunty<br>Lisa O'Mahony<br>Andrew Candland |
| **Maoirseacht ar Bhainistíocht Sócmhainní**<br>Stiúrthóir:<br>Michael Hodson | Bainistíocht Sócmhainní - Maoirseacht<br>Bainistíocht Sócmhainní - Údaruithe agus Cigireachtaí | Claire Lanigan<br>Denise Murray |
| **Beartas & Riosca**<br>Stiúrthóir:<br>Gerry Cross | Riosca Airgeadais agus Beartas Rialachais<br>Riosca Maoirseachta<br>Beartas Margaí<br>Beartas & Riosca (Foireann Chothrománach)* | Mary Burke<br>Mary-Elizabeth McMunn<br>Martina Kelly<br>Denise Delaney |
| **Cosaint Tomhaltóirí**<br>Stiúrthóir:<br>Gráinne McEvoy | Cosaint Tomhaltóirí - Maoirseacht<br>Cosaint Tomhaltóirí - Beartas agus Údaruithe | Helena Mitchell<br>Folúntas |
| **Forfheidhmiú**<br>Stiúrthóir:<br>Seána Cunningham | Forfheidhmiú - Imscrúduithe<br>Forfheidhmiú - Comhairleach<br>Frithsciúradh Airgid | Folúntas<br>Folúntas<br>Domhnall Cullinan |
| **Maoirseacht ar Urrúis agus ar Mhargaí**<br>Stiúrthóir:<br>Colm Kincaid | Urrúis agus Margaí - Maoirseacht<br>Urrúis agus Margaí - Údaruithe<br>Urrúis agus Margaí - Anailísíocht agus Riosca* | Patricia Dunne<br>Brenda O'Neill<br>Ray Guthrie |



# RÉAMHRÁ *ón nGobharnóir,* *Philip R. Lane*

Sa tuarascáil bhliantúil, leagtar amach an chaoi ina mbainimid amach ár misean chun cobhsaíocht a choimirciú agus tomhaltóirí a chosaint. Tugtar cur síos ar raon na ngníomhaíochtaí a dhéanaimid chun spriocanna Phlean Straitéiseach 2016-2018 an Bhainc Ceannais a bhaint amach ar fud ár bhfeidhmeanna baincéireachta ceannais, rialála airgeadais agus oibríochtaí.

I dtéarmaí roinnt de na dúshláin mhóra a bhí i ndán don Bhanc Ceannais in 2017, bhí sé mar thosaíocht ag an lucht bainistíochta na rioscaí eacnamaíocha agus airgeadais a eascraíonn as Brexit a bhainistiú. Áirítear sa mhéid sin, anailís fhorleathan shaineolach agus rannpháirtíocht maoirseachta sna rannáin ar fud an Bhainc Ceannais, lena gclúdaítear a fheidhmeanna maoirseachta, beartais, oibriúcháin agus eacnamaíocha.

Mar phríomhghné den obair a dhéanaimid maidir le cosaint tomhaltóirí, áirithítear go leigheasófar sáruithe sistéamacha ar ár gcód rialála agus go n-iarrfar cuntas ar na gnólachtaí rialáilte atá freagrach as mainneachtain den sórt sin. Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2017 chun an tImscrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin a chur chun cinn, athbhreithniú casta maoirseachta a mbíonn go leor acmhainní ag teastáil chuige: taispeánann na figiúirí ag deireadh 2017 go raibh cúiteamh €316m íoctha ag iasachtóirí ag an bpointe sin agus beidh tuilleadh íocaíochtaí ann amach anseo. Is ardtosaíocht don bhliain 2018 é an t-imscrúdú a thabhairt chun críche - lena n-áirítear measúnú ar chultúir eagraíochtúla na bpríomhbhanc.

Bhí bearta neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta BCE ina mbun le hathruithe ar chomhdhéanamh agus ar mhéid chláir chomhardaithe na mbanc ceannais náisiúnta. Tá bainistíocht leanúnach, chúramach riosca ag teastáil i leith na n-athruithe sin agus tá bearta stuama glactha ag an mBanc Ceannais i ndáil le riosca cláir chomhardaithe a bhainistiú.

# RÉAMHRÁ ÓN NGOBHARNÓIR, PHILIP R. LANE

In 2017, chuir an Banc Ceannais feabhas ar a chuid acmhainní i bpríomhréimsí agus rinne sé feabhsuithe suntasacha ar a shraith straitéisí rialála a chur chun feidhme agus a leabú. Rinneamar athstruchtúrú ar ár gcuid feidhmeanna rialála chun dhá philéar ar leith a dhéanamh astu: tá ceann amháin díobh tiomanta do rialáil stuamachta fad atá an ceann eile tiomanta d'iompar airgeadais. Freagraíonn sé seo do na défhreagrachtaí atá orainn chun a áirithiú go bhfuil gnólachtaí rialáilte fónta ó thaobh na stuamachta de agus go gcloíonn siad lenár gceanglais i dtéarmaí iompar airgeadais vis-à-vis tomhaltóirí, infheisteoirí agus iompar margadh. Leis an déstruchtúr seo, feabhsaítear ár gcumas chun scála méadaithe agus castacht mhéadaithe ár sainorduithe rialála airgeadais a bhainistiú, mar aon le leathnú suntasach ar scála na hidirghabhála airgeadais idirnáisiúnta a bhainistiú. Trí ghníomhaíocht an fhorfheidhmithe, leanaimid de chuntas a iarraidh ar ghnólachtaí agus ar dhaoine aonair a sháraíonn ár gcreat rialála.

Athlonnaíodh an fhoireann a bhí bunaithe i lár na cathrach go dtí Campas na nDugthailte in 2017. Tá spás oibre idirghníomhach, solúbtha curtha ar fáil leis na háiseanna nua, lena spreagtar comhar éifeachtach agus cumarsáid inmheánach.

Tá brabús airgeadais €2.6bn á thuairisciú ag an mBanc Ceannais don bhliain 2017. Tar éis tuilleamh coimeádta, íocfar ioncam barrachais arb ionann é agus tuairim is €2.1bn leis an Státchiste. Normalóidh brabúis phríomha an Bhainc thar an meántéarma de réir mar a mhaolóidh iarmhairt shealadach na punainne speisialta de nótaí ráta chomhlúthaigh. Maidir le cuntais bhliantúla na bliana seo, tá an tuairisciú ar rialachas corparáideach feabhsaithe againn, i gcomhréir leis an gCód Cleachtais nua um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Ag féachaint romhainn, táimid ag súil go mbeidh an téarnamh leanúnach eacnamaíoch ar leibhéal na hÉireann, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda ina mhórspreagadh do dhálaí airgeadaíochta agus airgeadais in Éirinn. Fáiltítear roimh fheidhmíocht níos láidre eacnamaíoch i dtéarmaí na hiarmharta dearfaí a bhíonn aici ar chaighdeáin mhaireachtála agus ar chobhsaíocht airgeadais ach tá faireachas leanúnach ag teastáil chun treochtaí comh-thimthriallacha i bhfeidhmiú an chórais airgeadais agus an gheilleagair níos leithne a theorannú. Anuas air sin, tá rioscaí suntasacha ag bagairt ar Éirinn, agus dá bhrí sin, is tosaíocht leanúnach é cur leis an stóinseacht i leith turraingí díobhálacha.

Leanfar de bhéim a leagan ar fheidhmiú an mhargaidh morgáiste. Tá sláinte an chórais morgáiste ríthábhachtach toisc go bhfuil forlámhas ag tithíocht i dtaca le leas airgeadais a chinneadh agus i bhfianaise an róil lárnaigh a bhíonn ag morgáistí chun rochtain a thabhairt do theaghlaigh ar iasachtaí atá níos saoire toisc gur féidir an fiachas a urrú in aghaidh comhthaobhachta. Tá róil thábhachtacha ag bainc thraidisiúnta agus ag iasachtóirí neamhbhainc araon i dtaca le morgáistí a sholáthar. Táimid tiomanta don chobhsaíocht airgeadais a choimirciú agus do thomhaltóirí a chosaint trí bhíthin ár mbeartais morgáiste macrastuamachta, agus trí dhul i ngleic leis an stoc atá fós amuigh d'iasachtaí neamhthuillmheacha agus trínár gcuid oibre maoirseachta chun a áirithiú go gcaitheann iasachtóirí agus gnólachtaí seirbhísithe creidmheasa go cóir le custaiméirí morgáiste.

# RÉAMHRÁ ÓN NGOBHARNÓIR, PHILIP R. LANE

Táim buíoch do chomhaltaí Choimisiún an Bhainc Ceannais as a gcomhairle agus a rannpháirtíocht luachmhar le linn na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na comhaltaí foirne go léir as an obair chrua atá déanta acu chun sainordú an Bhainc Ceannais a bhaint amach.

Philip R. Lane
An Gobharnóir

24 Aibreán 2018

# 2017: Sracfhéachaint ar an mBanc Ceannais

## Eisiúint Nótaí Bainc agus Monaí




## Líon Oibríochtaí Margaidh Oscailte




**269 MILLIÚN** NÓTA & **58 MILLIÚN** BONN EISITHE IN 2017

**125 OIBRÍOCHT MARGAIDH OSCAILTE** IN 2017

IONCAM **€2,101.3 MILLIÚN** ÍOCTHA LEIS AN STÁTCHISTE IN 2017

SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA **€90.3 BILLIÚN** IN 2017

## Ioncam barrachais arna íoc leis an Státchiste




## Sócmhainní Iomlána




Tháinig meadú ar an ioncam barrachais arna íoc leis an Státchiste go dtí €2,103.5 milliún (€1,836.2 in 2016). Tá brabúis an Bhainc Ceannais ardaithe go mínormálta ó thosach na géarchéime airgeadais in 2008. Idir 2009 agus 2012, thuill an Banc Ceannais ús ar Chúnamh Éigeandála Leachtachta arna thabhairt d'institiúidí creidmheasa. In 2013, fuair an Banc Ceannais raon sócmhainní de thoradh leachtú Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC). De thoradh an úis a íocadh ar na sócmhainní sin agus na ngnóthachan caipitiúil ó dhiúscairt na sócmhainní sin, fuair an Banc Ceannais sreabhadh mór ioncaim agus íocadh an t-ioncam barrachais leis an Státchiste.

# 2017: Sracfhéachaint ar Gheilleagar na hÉireann

## Gníomhaíocht Iarbhír i nGeilleagar na hÉireann




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

## Rátaí Bliantúla Athraithe Dheireadh na Bliana ar Iasachtú




Foinse: Banc Ceannais na hÉireann

## Praghsanna Náisiúnta Réadmhaoine Cónaithe




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

# 2017: Sracfhéachaint ar Gheilleagar na hÉireann




Nóta: Déanann gníomhaíochtaí domhandaithe de chuid fiontar ilnáisiúnta atá lonnaithe in Éirinn difear suntasach do chomhiomláin phríomha na gCuntas Náisiúnta agus dá gcomhpháirteanna. Dá bhrí sin, ní dhéanann OTI tomhas beacht ar shreafaí ioncaim do chónaitheoirí in Éirinn. Cuireann OIN* BOP/IIP coigeartaithe comhfhreagracha meastacháin níos iontaofa agus níos beaichte ar fáil maidir leis na hacmhainní atá ar fáil do chónaitheoirí intíre agus maidir le clár comhardaithe idirnáisiúnta na hÉireann.

Foinse: An Roinn Airgeadais, An Phríomh-Oifig Staidrimh, Banc Ceannais na hÉireann




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem



# Caibidil 1:
# An Plean Straitéiseach: Athbhreithniú ar chur chun Feidhme

# Caibidil 1: An Plean Straitéiseach: Athbhreithniú ar chur chun Feidhme

## Réamhrá

Foilsíodh Plean Straitéiseach reatha an Bhainc Ceannais don tréimhse 2016-2018 (an Plean) i mí na Samhna 2015. Leagtar amach ann an tslí ina gcuireann an Banc Ceannais a mhisean, is é sin, 'Cobhsaíocht a Choimirciú, Tomhaltóirí a Chosaint', i gcrích. Gach bliain, déanann an Banc Ceannais athbhreithniú ar an bPlean chun a chinntiú go bhfuil sé bailí fós, chun an dul chun cinn a bhreithniú i gcomparáid leis na cuspóirí a leagadh amach, agus chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh an gá aon choigeartuithe a dhéanamh.

D'athbhreithnigh an Coimisiún an Plean ag deireadh na bliana 2017. I gCaibidil 2 den Tuarascáil Bhliantúil seo, tá na mionsonraí iomlána faoi ghníomhaíochtaí an Bhainc mar a cuireadh i gcrích iad i gcomparáid leis an bPlean agus mar chuid de phríomhobair an Bhainc ar fud philéir na Rialála Stuamachta, an Iompair Airgeadais agus na nOibríochtaí. Léiríonn formáid Chaibidil 2 na Freagrachtaí Straitéiseacha agus na Cumasóirí Straitéiseacha mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach.

Ón tráth a bunaíodh an Plean, tá athruithe suntasacha tagtha ar an ngeilleagar agus ar an timpeallacht ina n-oibríonn an Banc Ceannais. Ar a shon sin, níl aon Fhreagrachtaí Straitéiseacha nua curtha le sainordú an Bhainc Ceannais le bliain anuas. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go raibh scóip an Phlean oiriúnach fós don Bhanc Ceannais.

## Forbairtí

Thug an Coimisiún dá aire roinnt forbairtí agus rioscaí gaolmhara nach mór aird níos fearr a thabhairt orthu de réir mar a théann an Banc Ceannais isteach sa bhliain deiridh dá thréimhse reatha pleanála straitéisí. I rith na bliana 2017, tháinig athrú ar an timpeallacht, go hinmheánach agus go seachtrach, ina n-oibríonn an Banc Ceannais.

I dtaca le cúrsaí seachtracha de, agus i gcomparáid leis an tréimhse inar thosaigh an téarnamh ón ngéarchéim, tráth ar forbraíodh an Plean reatha den chéad uair, tá an geilleagar ag leanúint de bheith ag fás de réir luas láidir. Ach tá rioscaí agus éiginnteachtaí ann maidir le Brexit agus maidir le nithe seachtracha eile agus beidh gá le dlúthfhaireachán ar an méid sin, go háirithe ar na leibhéil measartha ard ó thaobh fiachas pearsanta de agus, ag an am céanna, beidh réiteach saincheisteanna a bhaineann leis an Imscrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin ina ábhar tosaíochta fós.

Thug an Coimisiún dá aire freisin an tábhacht a bhaineann leis an ngá go leanfaidh an Banc Ceannais de léiriú soiléir a thabhairt ar an tslí ina mbíonn a shainordú á chomhlíonadh aige ionas gur féidir leis an bpobal muinín a bheith acu go bhfuil an Banc Ceannais ag leanúint de bheith ag obair ar mhaithe le leas fadtéarmach na sochaí.

Go hinmheánach, rinneadh athstruchtúrú suntasach laistigh den Bhanc Ceannais sa bhliain 2017 trí na stiúrthóireachtaí maoirseachta a atheagrú agus trí Philéar na Rialála Stuamachta agus Philéar an Iompair Airgeadais a chruthú. Tá an t-athstruchtúrú chun a chinntiú go bhfuil an cumas ag an mBanc a €11.038bn ar seilbh ag an mBanc shainordú leathnaithe rialála a chomhlíonadh. Ina theannta sin, rinne an Banc Ceannais a áitribh i lár na cathrach a chomhdhlúthú in aon suíomh amháin i gCampas na nDugthailte.

## Freagrachtaí Straitéiseacha

Ardtosaíocht de chuid an Bhainc Ceannais is ea a áirithiú go gcosnaítear leasanna na dtomhaltóirí. Mar thoradh ar chruthú an dá Philéar ar leith le haghaidh na Rialála Stuamachta agus an Iompair Airgeadais, tá tuilleadh tábhachta tugtha don bhéim a leagtar ar Iompar Airgeadais mar bhuntaca le tiomantas an Bhainc Ceannais i leith cosaint tomhaltóirí. Bhí forbairt cultúir dhearfaigh i ngnólachtaí rialáilte, ar cultúr é a bheadh dírithe ar thomhaltóirí, sainaitheanta cheana féin sa Phlean mar ábhar tosaíochta agus, sa bhliain 2018, beidh aird á díriú ag an mBanc Ceannais ar chultúr agus ar iompar banc miondíola, rud a áireoidh tuarascáil ar Chultúr sa Chóras Baincéireachta Miondíola a ullmhú i lár na bliana.

Sa bhliain 2018, beidh aird á díriú ag an mBanc Ceannais ar chultúr agus ar iompar banc miondíola, rud a áireoidh tuarascáil ar Chultúr sa Chóras Baincéireachta Miondíola a ullmhú i lár na bliana.

Tá an clár oibre maidir leis an mbeartas intíre i leith maoirseachta ag leanúint de bheith ailínithe ar bhealach níos mó ná riamh le rialáil agus beartas Eorpach. Leanann an Banc Ceannais d'acmhainní suntasacha a chur ar leataobh le haghaidh ceapadh beartais agus trasuí reachtaíocht Eorpach agus treoracha Eorpacha. Chun a bheith chomh héifeachtach agus is féidir, agus chun idirghníomhú a dhéanamh le clár oibre beartais na hEorpa agus chun tionchar a imirt ar an gclár oibre sin, ní mór tosaíochtaí a leagan amach go cúramach do na hacmhainní atá ann.

Tá Brexit fós i measc na ndúshlán is suntasaí dá bhfuil ann don Bhanc agus is amhlaidh atá an cás mar gheall ar an tionchar diúltach ar an ngeilleagar intíre agus, chomh maith leis sin, mar gheall ar an obair bhreise a bhaineann le húdarú agus maoirseacht gnólachtaí a bheidh ag teacht go hÉirinn tar éis Brexit. Ina theannta sin, oibreoidh roinnt gnólachtaí múnlaí gnó nua nach bhfuil maoirseacht déanta orthu roimhe seo in Éirinn, rud a fhágfaidh go mbeidh gá le baill foirne ag a mbeidh na scileanna cuí a earcú.

Mar thoradh ar bhearta neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta BCE tá athruithe déanta ar chomhdhéanamh agus ar mhéid chláir chomhardaithe BCNanna, lena n-áirítear clár comhardaithe an Bhainc Ceannais. Tá gá le bainistíocht chúramach leanúnach riosca a dhéanamh i leith na n-athruithe sin. A mhéid a bhaineann le bearta neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta, leanfar de cheannacháin a dhéanamh faoin gClár Ceannaigh do Shócmhainní (APP) go dtí deireadh Mheán Fómhair 2018 nó níos déanaí más gá sin agus, in aon chás, go dtí go bhfeicfidh an Chomhairle Rialaithe coigeartú marthanach ar threo an bhoilscithe a bheidh i gcomhréir lena haidhm maidir le boilsciú..

## Cumasóirí Straitéiseacha

Chun sainordú an Bhainc Ceannais a bhaint amach ar mhodh éifeachtúil, éifeachtach, ní mór dó na trí chumasóir straitéiseacha arna leagan amach i Straitéais an Bhainc Ceannais a bhainistiú: Daoine agus Eolas, Faisnéis agus Acmhainní mar aon le Cumarsáid agus Cuntasacht. In 2017, bhain an Banc Ceannais roinnt tionscnamh suntasach amach i ndáil leis na cumasóirí straitéiseacha.

D'éirigh leis an mBanc Ceannais a fhoireann a athlonnú ó shuíomhanna éagsúla i lár na cathrach go dtí Campas na nDugthailte in 2017. Leis an aistriú seo chuig Cé an Phoirt Thuaidh agus chuig an áitreabh in aice láimhe ag Duga Spencer, arna thacú ag uasghrádú ar an ardán teicneolaíochta, cuirtear áit oibre nua-aoiseach, chost-éifeachtach ar fáil a thacaíonn lenár gcomhaltaí foirne agus lena gcuid oibre chun an sainordú a bhaint amach. Cuireann Campas na nDugthailte spás oibre idirghníomhach, forásach, inmharthana ar fáil a thacóidh le forbairt na heagraíochta. Baineadh an tionscnamh amach faoin spriocdháta agus laistigh den bhuiséad.

Tá seachadadh Straitéise Sonraí á shaothrú ag an mBanc Ceannais chun a chumas i mbainistíocht sonraí struchtúrtha agus neamhstruchtúrtha a ardú, tá raon tionscnamh á nglacadh de láimh chun córais phróiseála, bainistíocht doiciméad, bainistíocht sonraí, agus cumas anailísíochta a fheabhsú. Tá an infheistíocht seo ar siúl faoi láthair agus beidh feabhsuithe suntasacha le feiceáil thar an tréimhse cur chun feidhme.

Tá cúrsaí acmhainní ina ndúshlán don eagraíocht i gcónaí. Formheasadh straitéis nua don Bhanc Ceannais in 2017 maidir le hacmhainní a chur ar fáil, ar straitéis í a dhíríonn ar fheasacht níos fearr a chothú ar bhranda an fhostóra, mar aon le feachtais spriocdhírithe earcaíochta agus na meáin shóisialta a úsáid chun iarratasóirí a mhealladh, i margadh atá fíor-iomaíoch. Mar thoradh air seo, léiríodh spéis mhór i leathanach gairme shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais i ndiaidh feachtas earcaíochta do chéimithe agus do dhaoine gairmiúla araon, agus chonacthas méadú ar líon na n-iarratas dá bharr. Cé go bhfuil tuairim is 100 folúntas ann go fóill, líonadh 620 ról in 2017, is é sin glanmhéadú 139 ar an líon formheasta.

## Riosca Straitéiseach

I measc na rioscaí tábhachtacha straitéiseacha a sainaithníodh ag deireadh na bliana 2017 áirítear an gá leis an timpeallacht rialaithe inmheánaigh a neartú tuilleadh, an seans go dtarlódh suaitheadh mar thoradh ar theagmhais chibearshlándála nó shlándáil TF, an gá le méadú a dhéanamh ar an gcumas maidir le hanailís éifeachtúil a dhéanamh ar thacair sonraí faisnéise maoirseachta atá méadaithe go mór, agus an gá le freagairt chomhtháite a phleanáil i leith na rioscaí suaiteacha a bhaineann le forbairt agus le comhtháthú teicneolaíochta i seirbhísí airgeadais. De bhreis air sin, ní mór bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar riosca neamhairgeadais agus, go háirithe, ar riosca do chlú.

Le linn na bliana 2017, mhéadaigh an Banc Ceannais a bhéim ar bhainistíocht rioscaí inmheánacha, lena n-áirítear an Creat Bainistíochta Rioscaí Eagraíochtúla a fhorbairt tuilleadh agus an Creat Bainistíochta Leanúnachais Gnó a fheabhsú. I rith na bliana, rinne an Banc Ceannais dul chun cinn freisin maidir le forbairt Cláir Bainistíochta Rioscaí Neamhairgeadais atá dírithe ar chonair aibíochta chuí a cheapadh d'fhonn a chinntiú go bhfuil lánchlúdach ann i ndáil le gach riosca neamhairgeadais agus chun léargas soiléir bainistíochta a chumasú maidir leis an ngaolmhaireacht idir rioscaí, rialuithe, teagmhais agus bearta feabhais.

## Muinín agus Trédhearcacht

Ina cháil mar eintiteas a oibríonn ar mhaithe le leas an phobail, leanann an Banc Ceannais de mhéadú a dhéanamh ar an mbéim a leagann sé ar iontaoibh agus ar thrédhearcacht. I measc na dtionscnamh cumarsáide a bhí ann sa bhliain 2017 áiríodh forbairt suímh gréasáin nua. Ina theannta sin, leagadh béim níos mó ar chlár an Bhainc Ceannais um fhreagrachta shóisialta chorparáideach. Chomh maith leis sin, chuir an Banc Ceannais feabhas ar a chur chuige maidir le rialachas corparáideach tríd an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a ghlacadh. Rinneadh gradam idirnáisiúnta na Trédhearcachta i leith Baincéireacht Ceannais a bhronnadh ar an mBanc Ceannais sa bhliain 2017.



# Caibidil 2: Príomhghníomhaíochtaí agus Forbairtí in 2017

# Caibidil 2: Príomhghníomhaíochtaí agus Forbairtí in 2017

## Cobhsaíocht Praghsanna

**Is é príomhchuspóir an Bhainc Ceannais cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun sa limistéar euro. Tugann Conradh Maastricht an cuspóir sin do gach BCN de chuid an Eurochórais. Tá freagracht ar Chomhairle Rialaithe BCE, ar comhalta de an Gobharnóir, i ndáil le beartas airgeadaíochta a shocrú (rátaí úis a shocrú agus leachtacht a sholáthar) sa limistéar euro agus é mar aidhm aige sin a chuspóir maidir le boilsciú a bhaint amach. Soláthraíonn an Banc Ceannais tacaíocht agus anailísiú don Ghobharnóir ina cháil mar chomhalta den Chomhairle Rialaithe agus déanann sé cinntí na Comhairle Rialaithe maidir le beartas airgeadaíochta a chur i bhfeidhm.**

## Beartas Airgeadaíochta - Cinntí

Tá an Gobharnóir ina chomhalta de Chomhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) a bhfuil freagracht uirthi i ndáil le ceapadh beartais airgeadaíochta (rátaí úis a shocrú agus leachtacht a sholáthar) sa limistéar euro.[1] Is é is príomhchuspóir don bheartas airgeadaíochta sa limistéar euro cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun. [2] Agus é ag féachaint le cobhsaíocht praghsanna a bhaint amach, bíonn sé mar aidhm ag BCE rátaí boilscithe a choimeád faoi bhun 2%, ach gar do 2%, thar an meántéarma.

Sa bhliain 2017, tháinig méadú ar an mboilsciú príomha sa limistéar euro tar éis na tréimhse fada de bhoilsciú lag sna blianta roimhe sin. I rith na bliana, chinn an Chomhairle Rialaithe go leanfaí de méid substaintiúil in-chomhfhoirmeachta a sholáthar maidir le beartas airgeadaíochta, de réir mar a bheadh measúnacht á déanamh aici i dtaobh an bhfuil gá le seasamh beartais den sórt sin d'fhoinn boilsciú a thabhairt ar ais ar bhealach leanúnach i dtreo leibhéil atá faoi bhun 2% ach gar dó. Ba é a bhí san in-chomhfhoirmeacht rátaí úis ísle leantacha (beartas airgeadaíochta caighdeánach) agus, chomh maith leis sin, bearta neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta, lena n-áirítear ceannach sócmhainní faoi Chlár Ceannaigh leathnaithe an Eurochórais do Shócmhainní (APP).

[1] Cuimsíonn an limistéar euro na Ballstáit sin de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) a bhfuil an euro glactha acu mar airgeadra. Baineann an téarma Eurochóras le BCE agus le BCNanna na mBallstát sin a bhfuil an euro acu mar airgeadra. Tagraíonn an téarma CEBC (An Córas Eorpach Banc Ceannais) don BCE agus do BCNanna Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

[2] Déanann an Chomhairle Rialaithe sainordú an Eurochórais maidir le cobhsaíocht praghsanna a léiriú mar athrú bliantúil san Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí (ICPT), ar athrú é 'atá faoi bhun 2% ach gar dó'. Sa bhliain 2017, tháinig méadú ar an ráta boilscithe sa limistéar euro ó leibhéil an-íseal sna blianta 2015 agus 2016 go dtí meánráta boilscithe 1.5%.

## CAIBIDIL 2: PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS FORBAIRTÍ IN 2017

Ar bhearta caighdeánacha beartais airgeadaíochta de chuid an Eurochórais, áirítear oibríochtaí margaidh oscailte ina gcuimsítear oibríochtaí aon seachtain amháin chun leachtacht a sholáthar in euro (Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe). De bhreis air sin, tairgeann an tEurochóras dhá shaoráid sheasta d'institiúidí creidmheasa, eadhon (i) an tSaoráid Iasachta Imeallaí chun leachtacht thar oíche a fháil ón mBanc Ceannais, ar bhonn comhthaobhacht cháilithe leordhóthanach a bheith curtha ar fáil, agus (ii) an tSaoráid Taisce chun taiscí thar oíche a dhéanamh leis an mBanc Ceannais. Le linn na bliana 2017, chinn an Chomhairle Rialaithe a bonnrátaí úis a fhágáil gan athrú. D'fhan an ráta úis ar an bPríomhoibríocht Athmhaoinithe ag 0.00%, d'fhan ráta na Saoráide Iasachta Imeallaí ag 0.25% agus d'fhan ráta na Saoráide Taisce ag -0.40%.[3]

Bhí réamhthreoir - ar tríthi a sholáthraítear faisnéis faoina bhfuil beartaithe le haghaidh beartas airgeadaíochta sa todhchaí agus an fhaisnéis sin bunaithe ar an measúnacht ar na hionchais maidir le cobhsaíocht praghsanna - fós ina huirlis thábhachtach beartais don Chomhairle Rialaithe sa bhliain 2017. Le linn mhíonna tosaigh na bliana, chuir an Chomhairle Rialaithe in iúl go raibh sí ag súil i gcónaí "go leanfadh príomhrátaí úis BCE ar aghaidh ag na leibhéil níos ísle láithreacha, nó faoina mbun, go ceann tréimhse fhada agus go ceann tréimhse i bhfad níos faide nár mar atá ceaptha i gcás na nglancheannachán do shócmhainní". Ach, ar an 8 Meitheamh 2017, rinneadh réamhthreoir na Comhairle Rialaithe a choigeartú chun an tagairt do "leibhéil níos ísle" maidir le rátaí úis a scriosadh, ar foclaíocht í sin a chuir in iúl go bhféadfadh sé go raibh laghdú tagtha ar an ngá le héascú beartais airgeadaíochta trí laghdú eile a dhéanamh ar rátaí úis.

Le blianta beaga anuas, tá comhlánú déanta ag an Eurochóras ar na gnáthuirlisí beartais trí bheartas airgeadaíochta de chineál neamhchaighdeánach nó neamhghnách a chur i bhfeidhm d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le boilsciú íseal. Cuimsíonn an APP, mar a thugtar air, Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (PSPP), Clár Ceannaigh na hEarnála Corparáidí (CSPP), an tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CBPP3) agus Clár Ceannaigh d'Urrúis Shócmhainn-bhunaithe (ABSPP). Cuireadh tús le ceannach sócmhainní i mí an Mhárta 2015 agus rinneadh an clár a choigeartú roinnt uaireanta i rith na mbliana 2015 agus 2016 de réir mar a bhí an staid eacnamaíochta ag athrú. Sa bhliain 2017, lean an tEurochóras de bheith ag ceannach urrúis de chuid na hearnála príobháidí agus na hearnála poiblí faoi APP.

Cheannaigh an tEurochóras luach €80bn de shócmhainní i mí Feabhra 2017 ach, ós rud é gur tháinig laghdú áirithe ar na hionchais maidir le rioscaí don bhoilsciú, rinneadh méid míosúil na gceannachán a laghdú go dtí €60 billiún i mí an Mhárta. I mí Dheireadh Fómhair 2017, chinn an Chomhairle Rialaithe go ndéanfaí an APP neamhchaighdeánach a leathnú go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2018 nó go dtí dáta is déanaí más gá sin. Fógraíodh freisin go ndéanfaí luas na nglancheannachán sócmhainní faoi APP a laghdú, le héifeacht ó mhí Eanáir 2018, go dtí €30bn sa mhí ar an meán.

[3] Chruthaigh sé sin conair neamhshiméadrach ráta úis a raibh an tSaoráid Taisce mar a bheadh urlár ann. D'fhan rátaí iasachtaithe idirbhainc gar do ráta na Saoráide Taisce, ach é os a chionn, i gcomhthéacs na leibhéal ard róleachtachta a bhí ard agus ag méadú cheana féin, rud a bhí inchurtha go príomha do APP an Eurochórais agus d' Oibríochtaí Athmhaoinithe Spriocdhírithe Fadtéarmacha (TLTRO).

Léirigh athchalabrú APP muinín mhéadaitheach na Comhairle Rialaithe sa chóineasú de réir a chéile, i dtaca le rátaí úis de, i dtreo na sprice thíos maidir le boilsciú, is é sin, faoi bhun 2% ach gar do 2% sa mheántéarma. Ach d'athdhaingnigh an Chomhairle Rialaithe go mbeadh sí réidh i gcónaí chun APP a mhéadú i dtéarmaí méide agus/nó ré dá rachadh an t-ionchas in olcas, nó mura mbeadh dálaí airgeadais feiliúnach chun dul chun cinn breise a dhéanamh i dtreo coigeartú marthanach ar threo an bhoilscithe.

Fógraíodh freisin go ndéanfadh an tEurochóras na híocaíochtaí príomhshuime ó urrúis atá ag teacht in aibíocht agus a ceannaíodh faoi APP a athinfheistiú ar feadh tréimhse fadaithe ama tar éis deireadh a chur lena nglancheannacháin sócmhainní agus, in aon chás, go ceann cibé tréimhse ba ghá. Rinneadh an cinneadh sin d'fhonn rannchuidiú le dálaí fabhracha leachtachta agus d'fhonn seasamh cuí a choimeád ar bun maidir le beartas airgeadaíochta.

Faoi nós imeachta BCE maidir le cionroinnt iomlán ar ráta seasta, i gcomaoin ar chomhthaobhacht leordhóthanach a chur ar fáil faigheann contrapháirtithe leithroinnt iomlán mhéid a dtairisceana i ngnáthoibríochtaí beartais airgeadaíochta. Tá cionroinnt iomlán ar ráta seasta i bhfeidhm le haghaidh Phríomhoibríochtaí Athmhaoinithe an Eurochórais agus le haghaidh Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (LTRO) trí mhí. Is é atá in TLTROanna, oibríochtaí an Eurochórais a sholáthraíonn maoiniúchán d'institiúidí creidmheasa ar feadh tréimhsí suas go ceithre bliana. Sainmhínítear TLTROanna mar oibríochtaí a thairgeann maoiniúchán fadtéarmach ar choinníollacha tarraingteacha do bhainc chun coinníollacha creidmheasa earnála príobháidí a éascú tuilleadh agus chun spreagadh a thabhairt i leith iasachtóireachta ó bhainc chuig an bhfíorgheilleagar. Fuair contrapháirtithe a ghlac páirt sa dara sraith de chlár TLTRO BCE (TLTRO.II-4) sa bhliain 2017 an chionroinnt iomlán, faoi réir teorainn iasachtaíochta, agus bhí an ráta le haghaidh ré na n-iasachtaí laistigh de raon ó 0.00% go -0.40%, ach sin ag brath ar fhás na hiasachtóireachta chuig an bhfíorgheilleagar (rud a ndéantar tuilleadh plé ina leith thíos). De bhreis air sin, chinn an Chomhairle Rialaithe go ndéanfaí fadú ar úsáid a beartais maidir le cionroinnt iomlán ar ráta seasta "go ceann cibé fad is gá agus, ar a laghad, go dtí deireadh na tréimhse deiridh coimeádta cúlchiste de chuid na bliana 2019".

Le linn na bliana, rannchuidigh an Banc Ceannais go gníomhach le díospóireachtaí tábhachtacha a bhain le beartas airgeadaíochta agus le cur i bhfeidhm an bheartais sin, agus chuaigh sé i gcion ar na díospóireachtaí sin, trína chomhaltas sa Choiste um Beartas Airgeadaíochta (MPC) de chuid BCE. Déanann an MPC measúnacht ar shaincheisteanna straitéiseacha fadtéarmacha eile a bhaineann le seoladh bheartas airgeadaíochta an limistéir euro d'fhonn aiseolas agus comhairle beartais a thabhairt don Chomhairle Rialaithe. Tá ionadaíocht ag an mBanc Ceannais freisin ar an gCoiste um Oibríochtaí Margaidh (MOC) de chuid BCE, ar coiste é a dhíríonn aird ar chur i bhfeidhm bheartas airgeadaíochta an limistéir euro, lena n-áirítear, go háirithe, cur i bhfeidhm APP, agus rannchuidíonn sé le tuairisciú, anailísiú, measúnú agus léirmhíniú forbairtí sa mhargadh infheistíochta laistigh de AE agus lasmuigh de. Bíonn an Coiste bainteach le bainistiú chúlchistí eachtracha BCE freisin.

Léirigh athchalabrú APP muinín mhéadaitheach na Comhairle Rialaithe sa chóineasú de réir a chéile, i dtaca le rátaí úis de, i dtreo na sprice thíos maidir le boilsciú, is é sin, gar do 2%, ach faoina bhun, sa mheántéarma.

## Beartas Airgeadaíochta - Oibríochtaí

Rinneadh APP a chur i bhfeidhm go rianúil sa bhliain 2017. Tháinig laghdú ar cheannacháin charntha APP an Eurochórais go dtí €781.6bn sa bhliain 2016, rud a léiríonn an laghdú ar luas na gceannachán ó €80bn ar an meán sa mhí suas go Márta 2017 go dtí €60bn ar an meán sa mhí ó mhí Aibreáin go deireadh na bliana. Maidir le ceannacháin APP €781.6bn, bhain €658.4bn díobh le PSPP, bhain €81.5bn díobh le CSPP, bhain €39.4bn díobh le CBPP3 agus bhain €2.3bn díobh le ABSPP.

An 29 Márta 2017, tharla an ceathrú cionroinnt , arbh í an chionroinnt deiridh í, faoi TLTRO.II ar faoi a fuair contrapháirtithe an Eurochórais €233.5bn ar iasacht. D'ainneoin go raibh leibhéal na róleachtachta sa limistéar euro ard i gcónaí, bhí an leibhéal rannpháirtíochta ard i measc chontrapháirtithe an Eurochórais, rud a tharla ós rud é, b'fhéidir, go bhféadfadh sé gurbh é sin an deis dheireanach chun iasacht a fháil ón Eurochóras go ceann ceithre bliana ar rátaí chomh fabhrach sin. San iomlán, ghin TLTRO.II-4 glaninstealladh leachtachta um €216.7bn tar éis athruithe áirithe iasachtaí ón gcéad sraith de TLTRO (TLTRO.I) go TLTRO.II-4 BCE sna luath-oibríochtaí aisíocaíochta.

Ag deireadh na bliana 2017, is é a bhí sna hiasachtaí iomlána gan aisíoc fós faoin dá shraith TLTRO (I & II) ná €752.9bn (suim atá comhionann le 98.5% d'iasachtaí iomlána gan íoc an Eurochórais, is é sin, €764bn) tar éis aisíocaíochtaí luatha i leith iasachtaí TLTRO.I i míonna an Mhárta, an Mheithimh, Mheán Fómhair agus na Nollag 2017. Tagann an chuid eile de leachtacht TLTRO.I, ina bhfuil suim um €13.4bn, in aibíocht i Meán Fómhair 2018.

Ba é TLTRO.II-4 an deis dheireanach (mar atá luaite thuas) a bhí ag bainc chun maoiniúchán ceithre bliana a fháil ar ráta idir 0.00% agus ráta chomh híseal le ráta Shaoráid Taisce BCE tráth na cionroinnte (i.e. -0.40%). Tá méadú 2.50%, ar a laghad, ar stoc iasachta bainc rannpháirtigh do theaghlaigh (lena n-eisiatar iasachtaí chun teach a cheannach) agus do chorparáidí neamhairgeadais sa limistéar euro ag teastáil mar sprioc chun leas a bhaint as an ráta úis 0.40% ar iasachtaí. Beidh glanfhigiúirí gach bainc ar leith maidir le hiasachtóireacht bunaithe ar shreabhadh idir an 1 Feabhra 2016 agus an 31 Eanáir 2018 agus déanfar rátaí úis chontrapháirtithe an Eurochórais le haghaidh gach oibríocht TLTRO.II a chur in iúl do rannpháirtithe roimh an dáta luath-aisíocaíochta i Meitheamh 2018.

Tháinig méadú ar róleachtacht[4] san Eurochóras ó €1,194bn an 30 Nollaig 2016 go €1,757bn ar an 29 Nollaig 2017, agus tháinig méadú mór ar an meánleibhéal laethúil leachtachta ó €893bn sa bhliain 2016 go €1,623bn sa bhliain 2017. Mar thoradh ar APP an Eurochórais agus, go feadh méid níos lú, mar thoradh ar TLTRO.II, méadaíodh méid chlár comhardaithe an Eurochórais agus, ar an gcaoi sin, méadaíodh an róleachtacht, rud a léiríonn éascú leantach ar an seasamh maidir le beartas airgeadaíochta. I mbosca 1, déantar scrúdú níos mionsonraithe ar an tionchar a d'imir tabhairt isteach APP ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais.

Tháinig méadú mór i rith na bliana ar an iontaoibh laethúil ar an tSaoráid Taisce thar oíche don Eurochóras ina iomláine, rud a tharla go príomha mar thoradh ar cheannacháin leantacha APP agus chuir sé sin le méid na gcúlchistí sa chóras. Faoi dheireadh na bliana 2017, bhí méadú um 64%, go dtí €695.8bn tagtha ar úsáid. B'ionann méid iomlán na sealúchas cuntas reatha de bhreis ar na riachtanais íosta chúlchiste agus €1,062bn ag deireadh na bliana 2017, aníos ó €770bn ag deireadh na bliana 2016. Sa bhliain 2017, tháinig méadú beag ar mheánúsáid laethúil na Saoráide Iasachta Imeallaí go dtí €0.3bn ó €0.1bn sa bhliain 2016.

[4] Déantar figiúirí a bhaineann leis an leibhéal leachtachta san Eurochóras a ríomh mar a leanas: iarmhéideanna cuntas reatha móide iarmhéideanna Saoráide Taisce lúide riachtanais iomlána chúlchiste.

**BOSCA 1:**

## An Clár Ceannaigh do Shócmhainní (APP) agus Clár Comhardaithe an Bhainc Ceannais

Chun freagairt don ghéarchéim airgeadais agus don ionchas maolaithe maidir le boilsciú sa limistéar euro, bhain an tEurorchóras níos mó úsáide ná riamh as bearta neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta chun spreagadh a thabhairt don gheilleagar agus, le himeachta aimsire, lean méaduithe substaintiúla ar chlár comhardaithe an Eurochórais as na bearta sin.

I measc na mbeart neamhchaighdeánach airgeadaíochta sin, áirítear APP ar cuireadh tús leis ag deireadh na bliana 2014 tar éis tréimhse fhada de bhoilsciú íseal. Cuimsíonn an APP leathnaithe ceithre chlár ceannaigh (i.e. an tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CBPP3), an Clár Ceannaigh d'Urrúis Shócmhainn-bhunaithe (ABSPP), Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (PSPP[5]) agus Clár Ceannaigh na hEarnála Corparáidí (CSPP)). Ag deireadh na bliana 2017, b'ionann na sealúchais charnacha foriomlána faoi APP agus suim €2,286.1bn ar bhain €1,888.8bn di le PSPP, ar bhain €240.7bn di le CBPP3, ar bhain €131.6bn di le CSPP agus ar bhain €25.0bn di le ABSPP. Tá APP tar éis rannchuidiú go suntasach le leathnú chlár comhardaithe an Eurochórais ó €2,208.2bn sa bhliain 2014, sular cuireadh APP i bhfeidhm, go méid nach raibh chomh hard riamh ag deireadh na bliana 2017, is é sin, €3,661.4bn.

Déantar APP a chur i bhfeidhm go formhór ar bhonn díláraithe agus, dá bhrí sin, tá freagracht ar gach BCN ar leith i ndáil le ceannacháin sócmhainní a sheoladh ina dhlínse féin. Mar shampla, déantar toirteanna na gceannachán PSPP, arb iad is mó atá i gceist le APP, a chomhroinnt idir tíortha ar bhonn a gcuid príomhscaireanna caipitil BCE. Dá bhrí sin, tá athruithe tagtha, mar thoradh ar APP, ar chomhdhéanamh agus ar mhéid chláir chomhardaithe BCNanna sa limistéar euro.

Ag deireadh na bliana 2017, bhí €21.46bn de bhannaí Rialtas na hÉireann ag an mBanc Ceannais, chomh maith le €5.43bn de bhannaí fornáisiúnta .[6] Dá bharr sin, tháinig méadú ar an sciar den chlár comhardaithe is inchurtha i leith urrúis a shealbhaítear chun críocha beartas airgeadaíochta ó 5% de na sócmhainní cláir chomhardaithe uile ag deireadh na bliana 2014 go 40% de na sócmhainní iomlána ag deireadh na bliana 2017, rud a léirítear sa chuid oráiste de Chairt A thíos.

AR LEAN

[5] Is ceart a lua nach bhfuil feidhm ag comhroinnt rioscaí maidir le ceannacháin bannaí ceannasacha ag BCNanna faoi PSPP.
[6] I gcás nach féidir le BCN ceannachán a scair scála caipitil de bhannaí ceannasacha a chur i gcrích, is féidir leis bannaí fornáisiúnta a chur ina n-ionad chun a scair scála caipitil a chomhlánú.

D'ainneoin na gceannachán sin, níor tháinig ach méadú €9bn ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais i rith na tréimhse lena mbaineann (€90.3bn sa bhliain 2017 i gcomparáid le €81.3bn sa bhliain 2014). Rinneadh ceannacháin a bhain le PSPP a fhritháireamh go páirteach trí iontaoibh laghdaithe ar thaobh institiúidí creidmheasa Éireannacha ar oibríochtaí iasachtóireachta bheartas airgeadaíochta an Eurochórais agus, freisin, trí dhiúscairt bhannaí Rialtais na hÉireann a bhí faighte ag an mBanc Ceannais mar mhalairt ar comhthaobhacht a bhí á sealbhú le haghaidh cúnamh éigeandála leachtachta tar éis réiteach Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC).

Maidir leis an gcéad ábhar atá luaite, tháinig laghdú ar iasachtaí atá bainteach le beartas airgeadaíochta agus a fuair institiúidí creidmheasa Éireannacha ó 20.7bn ag deireadh na bliana 2014 go 7.5bn ag deireadh na bliana 2017 de réir mar a tháinig laghdú ar an ngá a bhí ag institiúidí creidmheasa le leas a bhaint as oibríochtaí athmhaoinithe an Eurochórais tráth a raibh díghiaráil á déanamh ar a gcláir chomhardaithe agus tráth a raibh rochtain athnuaite á fáil acu ar na margaí idirbhainc agus caipitil fiachais ar leibhéil mhaoiniúcháin chostéifeachtacha. Rannchuidigh APP leis an laghdú sin freisin ós rud é go gcuireann ceannacháin sócmhainní cúlchistí farasbairr leis an gcóras.

Leanfaidh ceannacháin APP de thionchar a bheith acu ar réimse sócmhainní chláir chomhardaithe BCNanna san Eurochóras, lena n-áirítear clár comhardaithe an Bhainc Ceannais, go ceann i bhfad i gcomhréir le cinneadh na Comhairle Rialaithe i mí na Nollag 2017 chun leanúint de bhannaí a cheannach faoi APP go dtí Meán Fómhair na bliana 2018 ar a laghad agus chun leanúint d'aibíochtaí a athinfheistiú

**CAIRT A**

Sócmhainní Chlár Comhardaithe Bhanc Ceannais na hÉireann



## Oibríochtaí Éireannacha

De bharr chineál díláraithe chur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais, bhí an Banc gníomhach i gcónaí maidir le beartas airgeadaíochta a chur chun feidhme in Éirinn sa bhliain 2017.

B'ionann agus 115 líon na n-idirbheart "Athcheannach droim ar ais"[7] a cuireadh i gcrích thar ceann an Eurochórais sa bhliain 2017. B'ionann agus 19 líon na gcontrapháirtithe Éireannacha a bhí cáilithe chun páirt a ghlacadh in oibríochtaí ag deireadh na bliana 2017, anuas ó 21 sa bhliain 2016. B'ionann agus €7.5bn iasachtaíocht iomlán beartais airgeadaíochta fós amuigh ag contrapháirtithe Éireannacha amhail ar an 31 Nollaig 2017, i gcomparáid le €7.4bn amhail ar an 31 Nollaig 2016.

Fuair contrapháirtithe Éireannacha iasachtaí €1.5bn in TLTRO.II-4 sa bhliain 2017 agus, mar thoradh air sin, b'ionann agus €7.5bn luach na n-iasachtaí faoi shraith TLTRO (I & II). Faoi dheireadh na bliana 2017, léirigh an figiúr sin méid iomlán iasachtaí Eurochórais a bhí fós amuigh ag contrapháirtithe Éireannacha. I rith na bliana, tháinig laghdú ar an rannpháirtíocht in oibríochtaí airgeadaíochta seachtainiúla Eurochórais i bhfianaise maoiniúchán fadtéarmach leordhóthanach, instealladh leanúnach leachtachta ó cheannacháin sócmhainní Eurochórais agus i bhfianaise rochtain níos fearr ar mhargaí idirbhainc.

Le linn na bliana, rinne an Banc Ceannais na hoibríochtaí beartais airgeadaíochta go léir a sheoladh agus a thabhairt chun críche ar mhodh tráthúil, éifeachtúil, éifeachtach i gcomhréir le creat oibríochtúil an Eurochórais. Ina theannta sin, rinne an Banc faireachán ar na riachtanais íosta cúlchiste d'institiúidí creidmheasa i gcomhréir le nósanna imeachta BCE.

## Comhthaobhacht d'Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta

Ag deireadh na bliana 2017, bhí comhaontú an Bhainc Ceannais maidir le comhthiomsú 10 sínithe ag 19 gcontrapháirtí cháilithe sa chaoi go raibh comhthaobhacht €11.038bn ar seilbh ag an mBanc.[8] Tríd is tríd, b'ionann agus €12.2bn meánluach na comhthaobhachta arna tabhairt don Bhanc ag deireadh gach míosa in 2016. An treocht anuas a chonacthas sna blianta 2015 agus 2016 i sealúchais chomhthaobhachta, lean sé ar aghaidh sa bhliain 2017, sa mhéid gur tháinig laghdú ar na meánsealúchais mhíosúla, is é sin, meánlaghdú thart ar €1.9bn in aghaidh na míosa i gcomparáid leis an mbliain 2016. Tá sé sin i gcomhréir leis an laghdú leanúnach ar iasachtaíocht beartais airgeadaíochta ag contrapháirtithe.

[7]Conradh faoina gcomhaontaíonn sealbhóir airgid thirim sócmhainn a cheannach agus, i gcomhthráth, faoina gcomhaontaíonn an sealbhóir sin an tsócmhainn a athdhíol ar phraghas comhaontaithe ar éileamh a fháil chuige sin nó tar éis tréimhse ama shonraithe nó i gcás ina dtarlóidh teagmhas ar leith.

[8]Is ionann comhthiomsú agus teicníc chomhthaobhachta urrúis trína gcoimeádann contrapháirtí cuntas comhthiomsaithe le BCN d'fhonn sócmhainní atá ann mar chomhthaobhacht i leith oibríochtaí creidmheasa gaolmhara Eurochórais a thaisceadh. Déantar na sócmhainní sin a thaifeadadh ar shlí a fhágann nach nasctar sócmhainn cháilithe ar leithligh le hoibríocht chreidmheasa shonrach de chuid an Eurochórais agus go bhféadfaidh an contrapháirtí ionadú a dhéanamh, ar bhonn leanúnach, ar shócmhainní comhthiomsaithe cáilithe.

Forbairt thábhachtach i réimse na comhthaobhachta in 2017 ab ea cead ón gComhairle Rialaithe dul ar aghaidh le forbairt Córais Bainistíochta Comhthaobhachta de chuid an Eurochórais (ECMS). Tá sé mar aidhm ag ECMS comhchuibhiú cleachtas agus nósanna imeachta a dhéanamh i réimse bainistíochta comhthaobhachta CEBC ar réimse ilroinnte é faoi láthair. Glacfaidh an córas sin ionad chóras inmheánach an Bhainc Ceannais le haghaidh bainistíocht chomhthaobhachta agus tá sé beartaithe é a chur i ngníomh i R4 2022.



# Cobhsaíocht Airgeadais

**Tá sainordú sainráite ag an mBanc Ceannais sa reachtaíocht intíre agus Eorpach chun cur le cobhsaíocht airgeadais in Éirinn agus ar fud an limistéir euro.**

## Cobhsaíocht an Chórais Airgeadais

Chun a shainordú a chur i gcrích, déanann an Banc Ceannais beartais a shainaithint agus a chur chun feidhme chun teorainn a chur le tionchar rioscaí ar an gcóras airgeadais agus ar an bhfíorgheilleagar, agus déanann sé faireachán ar na beartais sin. Go háirithe, ina cháil mar údarás macrastuamachta na hÉireann, díríonn sé ar chosc agus ar mhaolú rioscaí ar leibhéal an chórais d'fhonn athléimneacht chóras airgeadais na hÉireann a mhéadú. Is ionann faireachán ar rioscaí, mar aon le húsáid uirlisí macrastuamachta atá calabraithe go cuí, agus príomhghníomhaíochtaí a bhaineann leis na cuspóirí sin a chur chun cinn. Ina theannta sin, éilíonn cobhsaíocht airgeadais go mbeidh gnólachtaí dea-bhainistithe, dea-rialáilte ann a fhónann do riachtanais an gheilleagair agus na dtomhaltóirí san fhadtéarma. I mbunús chur chuige an Bhainc Ceannais, áirítear an creat rialála, a mhodheolaíocht maoirseachta, forfheidhmiú agus réiteach, ar nithe iad a dtugtar mionsonraí fúthu sa Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta 2017 atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

BOSCA 2

## Bosca 2: Ullmhacht agus Bainistíocht i leith Géarchéim Airgeadais

I rith na bliana 2017, chuaigh an Banc Ceannais i mbun oibre chun athbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh ar a chuid socruithe ullmhachta agus bainistíochta i leith géarchéim airgeadais. D'áirigh sé sin uasdátú a dhéanamh ar phrótacail inmheánacha an Bhainc Ceannais i leith bainistíocht a dhéanamh ar ghéarchéim airgeadais fhéideartha agus i leith cleachtaí bainistíochta géarchéime a sheoladh, lena n-áirítear cibear-ionsaí, d'fhonn na socruithe nua a scrúdú.

Ar leibhéal náisiúnta, bhí an Banc Ceannais páirteach in obair maidir le hullmhacht agus bainistíocht i leith géarchéime laistigh den Roinn Airgeadais agus laistigh de Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA), faoi choimirce an Ghrúpa Cobhsaíochta Airgeadais (FSG). D'fhorbair gníomhaireachtaí FSG creat beartaithe maidir le comhordú géarchéime chun tacaíocht a thabhairt i ndáil le freagairt comhordaithe ar aon teagmhas a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le mórshuaitheadh ar chobhsaíocht nó ar oibriú an chórais airgeadais in Éirinn.

I mí na Samhna 2017, sheol gníomhaireachtaí FSG cleachtadh idirghníomhaireachta bainistíochta géarchéime chun scrúdú a dhéanamh ar an gcreat a bhí beartaithe agus, mar chuid den chleachtadh sin, baineadh leas as an eolas a fuarthas ó chleachtaí inmheánacha an Bhainc Ceannais maidir le cibear-ionsaí.

Sa bhliain 2018, leanfaidh an Banc Ceannais de bheith ag cur lena ullmhacht agus lena chumas bainistíochta i leith géarchéim airgeadais agus áireoidh sé sin uasdátú a dhéanamh ar na socruithe bainistíochta géarchéime airgeadais atá bunaithe ar eolas a éiríonn as na cleachtaí agús, chomh maith leis sin, beidh tuilleadh cleachtaí inmheánacha agus idirghníomhaireachta ann.

Tá an tAthbhreithniú Macra-Airgeadais ina shásra tábhachtach cumarsáide i ndáil le rioscaí cobhsaíochta airgeadais agus cabhraíonn sé le hidirphlé eolasach a chur chun cinn maidir leis an timpeallacht mhacra-airgeadais in Éirinn agus in áiteanna eile. Foilsíodh na hathbhreithnithe seo i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag agus tugann siad tacaíocht do scairshealbhóirí an Bhainc Ceannais - lena n-áirítear daoine den phobal, údaráis náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais - agus measúnacht á déanamh acu ar rioscaí airgeadais.

Mar chomhlánú le measúnacht leanúnach an Bhainc Ceannais ar rioscaí airgeadais, agus le cur in iúl faisnéise ina leith sin, foilsíodh Paca maidir le Rioscaí Sistéamacha den chéad uair sa bhliain 2017. Tarraingíonn an Paca táscairí tábhachtacha le chéile chun rianú a dhéanamh ar rioscaí sistéamacha i gcóras airgeadais na hÉireann. Foilseofar é dhá uair sa bhliain sna ráithí nach bhfoilsítear na hAthbhreithnithe Macra-Airgeadais iontu agus cinntíonn tabhairt isteach an Phaca tuilleadh leanúnachais i dtaca le faisnéis a chur ar fáil don phobal maidir le faireachán ar rioscaí.

De bhreis air sin, d'fhoilsigh an Banc Ceannais dhá eagrán den tuarascáil faoi Mhargadh an Chreidmheasa Teaghlaigh agus den tuarascáil faoi Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBM), ar tuarascálacha iad a dhíríonn ar fhorbairtí sonracha sna hearnálacha sin.

Ina cháil mar an t-údarás ainmnithe macrastuamachta d'Éirinn, tá sraith de bhearta réamhbhreathnaitheacha macrastuamachta tugtha isteach ag an mBanc Ceannais, ar bearta iad atá dírithe ar athléimneacht an chórais airgeadais intíre a neartú ionas gur féidir leis gluaiseachtaí dochracha i bpraghsanna creidmheasa agus maoine, agus turraingí maicreacnamaíochta eile, a sheasamh.  D'athbhreithnigh sé na bearta go léir a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 2017.

Ba é a bhí i gconclúid an Athbhreithnithe ná go leanfadh croí-pharaiméadair na mbeart - teorainneacha ar an gcóimheas iasachta le luach (CIL) agus ar an gcóimheas iasachta le hioncam (CII) - de bheith gan athrú sa bhliain 2018 cé go ndearnadh roinnt athruithe ar an gcumhacht  atá ag bainc chun iasachtaí os cionn na dteorainneacha sin a cheadú (féach Bosca 3 thíos).

**BOSCA 3**

### Athbhreithniú Bliantúil ar Bhearta Macrastuamachta don Mhargadh Morgáiste

I mí na Samhna 2017, d'fhoilsigh an Banc Ceannais toradh an dara hathbhreithniú bliantúil ar bhearta an mhargaidh morgáiste.

Leis na bearta sin a tugadh isteach i mí Feabhra 2015, sriantar iasachtóireacht mhorgáiste lena ngabhann cóimheas ard CIL agus cóimheas ard CII. Is é is aidhm do na bearta feabhas a chur ar athléimneacht na n-iasachtaithe agus na mbanc araon i leith turraingí amach anseo agus maolú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go ndéanfaí praghas-bhíseanna arna spreagadh ag creidmheas a chruthú sa mhargadh maoine.

Ba é ba phríomhábhar fócais don athbhreithniú bliantúil measúnú a dhéanamh i dtaobh an raibh calabrú na mbeart cuí i gcónaí i bhfianaise mheasúnacht an Bhainc Ceannais ar na rioscaí sna margaí morgáiste agus maoine. Léirigh an anailís go bhfuil dinimicí comhiomlána creidmheasa morgáiste i riocht maolaithe fós agus go bhfuil méaduithe ar iasachtú nua á bhfrítháireamh le híoc morgáistí láithreacha. Bhí dáileadh iasachtaí nua i ndáil le cóimheasa CIL agus CII mórán i gcomhréir leis na pátrúin a rabhthas ag súil leo agus cuir na bearta srian le scála na gcineálacha iasachtóireachta lena ngabhann rioscaí níos airde.

Leanfaidh croí-pharaiméadair na mbearta ar aghaidh gan athrú tar éis an athbhreithnithe. Is í teorainn CII 3.5 is bunchloch don chreat, agus í neartaithe trí bhíthin dhréimire na dteorainneacha CIL do cheannaitheoirí céaduaire (FTBanna), do cheannaitheoirí den dara huair nó dá éis (SSBanna) agus d'infheisteoirí a cheannaíonn maoin lena ligean ar cíos (BTLanna). Ach ba é tátal an athbhreithnithe go bhféadfaí éifeachtacht agus inbhuanaitheacht fhoriomlán na mbeart a fheabhsú trí athbhreithniú amháin a thabhairt isteach i leith na liúntas a cheadaítear i ndáil le sárú theorainn CII agus trí leasú teicniúil amháin a dhéanamh chun soiléiriú a thabhairt maidir leis an tslí ina ndéileáiltear le luachálacha comhthaobhachta áirithe.

Ó mhí Eanáir 2018 ar aghaidh, tá liúntais ar leithligh ann le haghaidh FTBanna agus SSBanna. Go sonrach, déanfar suas le 20% de luach iasachtaí nua do FTBanna, agus suas le 10% de luach iasachtaí nua do SSBanna, os cionn theorainn CII 3.5 a cheadú le héifeacht ón 1 Eanáir 2018. Is athrú é sin ar an mbliain 2017 nuair a ceadaíodh 20% de luach na n-iasachtaí go léir le haghaidh príomhtheaghaisí, gan spleáchas do stádas an cheannaitheora, a bheith os cionn theorainn 3.5 LTI.

AR LEAN

Soláthraíonn an leasú teicniúil ar an Rialachán i ndáil le luacháil comhthaobhachta soiléireacht maidir leis an luacháil chuí atá le húsáid le haghaidh morgáistí a bhaineann le hoibreacha tógála atá á ndéanamh ar mhaoin, amhail athchóiriú. Déanann an leasú seo ailíniú níos fearr idir na Rialacháin agus an cleachtas stuamachta is coitianta sa mhargadh.

Leanfaidh an Banc Ceannais d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí trína thimthriall bliantúil athbhreithnithe agus beidh sé réidh chun coigeartú a dhéanamh ar na bearta iasachtaí-bhunaithe seo agus/nó ar uirlisí beartais macrastuamachta eile de réir mar is cuí chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach iasachtóireacht mhorgáiste na hÉireann agus cobhsaíocht an chórais airgeadais i gcoitinne a choimirciú.

Is é atá sa chúlchiste fritimthriallach (CCyB) ceanglas caipitil um athrú ama a mbíonn feidhm aige maidir le bainc agus gnólachtaí infheistíochta a thagann faoina réim. Tá sé ceaptha a chur faoi deara go mbeidh an córas baincéireachta níos athléimní agus nach mbeidh sé chomh comh-thimthriallach céanna. Go bunúsach, méadóidh CCyB ceanglas caipitil na mbanc nuair a bhíonn fás creidmheasa "iomarcach". Is féidir CCyB a scaoileadh ansin, go páirteach nó go hiomlán, i gcás ina mbeidh tréimhse struis shistéamaigh ann nó i gcás ina laghdóidh na rioscaí a bhaineann le fás creidmheasa agus rioscaí gaolmhara. Déanann an Banc Ceannais athbhreithniú ar CCyB ar bhonn ráithiúil, de réir mar is gá. Ag deireadh 2017, socraíodh an ráta ag 0%.

Is é is cuspóir do mhaolán d'Institiúidí Eile a bhfuil Tábhacht Shistéamach leo (O-SII) laghdú a dhéanamh ar an tionchar féideartha a bheadh ag cliseadh institiúide a bhfuil tábhacht shistéamach léi ar an ngeilleagar intíre. I gcomhar le BCE, tá freagracht ar an mBanc Ceannais i ndáil le O-SIIanna a aithint i gcás na hÉireann agus i ndáil le rátaí maoláin a shocrú. Le linn an athbhreithnithe bhliantúil ar an maolán O-SII eile, sainaithníodh sé institiúid mar institiúidí a bhfuil tábhacht shistéamach leo in Éirinn. Déanfar an maolán O-SII iomchuí atá socraithe do gach ceann ar leith de na bainc sin a chéimniú isteach idir mí Iúil 2019 agus mí Iúil 2021.

Cuireann an Coiste um Bearta Macrastuamachta (MMC) comhairle a chur ar fáil maidir leis an athbhreithnithe rialta ar bhearta macrastuamachta náisiúnta agus déanann sé moltaí maidir le leasuithe ar na bearta sin. Tháinig MMC le chéile deich n-uaire sa bhliain 2017 agus foilsítear achoimrí ar na cruinnithe sin ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.[9] Déanann Coiste an Bhainc Ceannais um Chobhsaíocht Airgeadais (FSC) comhordú agus measúnacht ar shaincheisteanna faoi chobhsaíocht airgeadais i ndáil le hÉirinn agus i ndáil leis an limistéar euro, tugann sé comhairle don Ghobharnóir maidir leis na nithe sin agus tháinig sé le chéile 12 uair i rith na bliana 2017.

[9] Féach https://www.centralbank.ie/financial-system/financial-stability/macro-prudential-policy/macroprudential-measures-committee

**BOSCA 4**

## Tascfhórsa Brexit

Sa bhliain 2017, mhéadaigh an Banc Ceannais an faireachán ar rioscaí do gheilleagar agus do chóras airgeadais na hÉireann mar thoradh ar chinneadh na Ríochta Aontaithe imeacht as an Aontas Eorpach (Brexit). D'áirigh sé sin sainanailís fhorleathan agus rannpháirteachas maoirseachta ina raibh rannáin éagsúla de chuid an Bhainc Ceannais páirteach agus inar clúdaíodh na feidhmeanna maoirseachta, beartais, oibriúcháin agus eacnamaíochta atá ag an mBanc Ceannais. Déanann Tascfhórsa Brexit (BTF) de chuid an Bhainc Ceannais comhordú ar an obair sin. De bhreis ar sainmheasúnacht a sholáthar, éascaíonn BTF comhroinnt faisnéise agus tugann sé deis don Bhanc cur chuige comhtháite a ghlacadh le linn déileáil leis na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann.

D'ullmhaigh an Tascfhórsa ceithre thuarascáil ráithiúla a tíolacadh do FSC agus do Choimisiún an Bhainc Ceannais agus foilsíodh na tuarascálacha sin ina dhiaidh sin ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

I ngach ceann ar leith de na tuarascálacha sin, déantar scrúdú ar rioscaí a thagann chun cinn san fhíorgheilleagar, i margaí eastáit réadaigh agus i ngnólachtaí a ndéanann an Banc Ceannais maoirseacht orthu. De bhreis air sin, bíonn grinnanailís i ngach tuarascáil ar leith ar roinnt saincheisteanna tábhachtacha a bhaineann le Brexit. I rith na bliana 2017, d'áirigh siad sin scrúdú ar an tionchar a bheadh ag dímheas Sterling ar phraghsanna do thomhaltóirí in Éirinn,[10] úsáid dhlí na Ríochta Aontaithe i gconarthaí airgeadais agus an tionchar a bheadh ag aistriú féideartha gnólachtaí ar eastát réadach i mBaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, coimeádann an Tascfhórsa idirghníomhú gníomhach ar bun le príomhpháirtithe leasmhara amhail an Roinn Airgeadais agus bíonn sé i dteagmháil leis na páirtithe seachtracha iomchuí eile freisin.

I rith na bliana 2018, de réir mar a leanann próiseas Brexit ar aghaidh, leanfaidh an Tascfhórsa de bheith ag teacht le chéile ar bhonn ráithiúil chun comhroinnt faisnéise a éascú ar fud an Bhainc Ceannais agus chun sainmheasúnachtaí a sheoladh ar fhorbairtí a dhéanann difear do gheilleagar na hÉireann agus do ghnólachtaí a ndéanann an Banc Ceannais maoirseacht orthu.

[10] Is féidir teacht ar fhaisnéis ina leith seo freisin in "Exchange Rate Pass-Through to Domestic Prices," Reddan and Rice, Vol 2017, No.8.

I bhfoilseacháin taighde an Bhainc a bhain le cobhsaíocht airgeadais, díríodh ar réimsí an bheartais macrastuamachta, na n-iasachtaí neamhthuillmheacha agus na n-iasachtaí do mhorgáistí agus d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide. Rinne eacnamaithe ón bhfoireann cur síos ar a saothar a chur i láthair go rialta ag comhdhálacha intíre agus idirnáisiúnta, agus i mbainc ceannais eile, le linn na bliana 2017. Ina measc sin, áirítear, mar shampla, Cumann Eacnamaíochta Mheiriceá, Cumann Eacnamaíochta na hÉireann, Ollscoil Chicago, an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), BCE agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta.

I rith na bliana 2017, ghlac an Banc páirt ghníomhach i gcoistí Eorpacha iomchuí a phléann cúrsaí cobhsaíochta airgeadais. Ina measc siúd, áiríodh CEBC, an Coiste um Chobhsaíocht Airgeadais (CEBC-FSC), an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) agus na foghrúpaí a bhaineann leis agus a phléann ábhair a bhaineann le hanailís mhacrastuamachta, beartas agus tástáil struis.

## An Príomh-Chlár Creidmheasa

Is é atá sa Phríomh-Chlár Creidmheasa (CCR)[11] bunachar sonraí náisiúnta éigeantach d'fhaisnéis chreidmheasa a bhíonn á chothabháil agus á oibriú ag an mBanc Ceannais. Tá sé aitheanta mar uirlis thábhachtach maidir le hanailís agus forbairt beartais i ndáil le cobhsaíocht airgeadais.

Nuair a bheidh sé bunaithe go hiomlán, beidh feidhm ag oibleagáidí tuairiscithe creidmheasa maidir le níos mó ná 500 iasachtóirí, lena n-áirítear bainc, comhair chreidmheasa, údaráis áitiúla, NTMA, tithe um maoiniú sócmhainní agus iasachtóirí ceadúnaithe airgid.

Cuireadh tús le Céim 1 an 30 Meitheamh 2017 trí fhaisnéis a thíolacadh faoi iasachtaí tomhaltóirí, amhail cártaí creidmheasa, morgáistí, iasachtaí pearsanta agus rótharraingtí ag iasachtóirí. An 31 Nollaig 2017, tháinig deireadh leis an tréimhse tosaigh le haghaidh faisnéis a thíolacadh. Leanfaidh iasachtóirí d'fhaisnéis phearsanta agus d'fhaisnéis chreidmheasa a thíolacadh ar bhonn míosúil.

Cuireadh tús le Céim 2 an 31 Márta 2018 nuair a thíolaic iasachtóirí airgid agus údaráis áitiúla faisnéis faoi iasachtaí tomhaltóirí. Cuirfear iasachtaí gnó san áireamh an tráth sin freisin. An 30 Meán Fómhair 2018, tiocfaidh deireadh leis an tréimhse tosaigh le haghaidh chéim 2. Táthar ag ceapadh go bhféadfadh sé go ndéanfar faisnéis faoi chomhaontuithe fruilcheannaigh agus faoi iasachtaí den chineál céanna a bhailiú sa bhliain 2018 freisin, ach sin faoi réir leasú cuí reachtaíochta a bheith déanta.

[11] Tá an CCR á bhunú ag an mBanc Ceannais, ar bhonn céimnithe, i gcomhréir leis an Acht um Thuairisciú Airgeadais 2013.

Sular cuireadh tús le tíolacadh sonraí, chuaigh an Banc Ceannais i mbun feachtas faisnéise agus feasachta poiblí inar áiríodh fógairtí ar an raidió agus i nuachtáin. Ina theannta sin, sheol sé suíomh gréasáin (www.centralcreditregister.ie) chun tacaíocht a thabhairt maidir le feasacht agus chun tuilleadh faisnéise a thabhairt do thomhaltóirí. I measc na leathanach faisnéise do thomhaltóirí, áirítear treoir do thomhaltóirí a bhfuil marc Cainte Soiléire faighte aici. Tar éis dóibh treoir a fháil ón mBanc Ceannais, rinne iasachtóirí cumarsáid le tuairim is 4m iasachtaí ar leithligh chun faisnéis a thabhairt dóibh i leith CCR.

Tá cáilíocht na sonraí a thíolacann iasachtaithe ina gné thábhachtach i dtaca le bunú an Phríomh-Chláir agus cuirfear an méid sin san áireamh nuair a bheidh cinneadh a dhéanamh maidir leis an dáta beacht ar a dtosóidh CCR ag soláthar tuarascálacha creidmheasa do thomhaltóirí agus d'iasachtóirí. Ina dhiaidh sin, beidh iasachtaithe ar leithligh in ann a dtuarascáil chreidmheasa féin a iarraidh aon tráth saor in aisce, ach sin faoi réir úsáid chothrom.

## An Scéim Ráthaíochta Taiscí

Is é an Banc Ceannais a riarann an Scéim Ráthaíochta Taiscí (SRT) agus bíonn sí á maoiniú ag na hinstitiúidí creidmheasa a chumhdaítear faoin scéim. Faoin SRT, tugtar cosaint do thaisceoirí cáilithe suas go €100,000 i gcás ina gclisfidh institiúid chreidmheasa.

Tar éis Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí) 2015 (I.R. Uimh. 516 de 2015) a thabhairt isteach, bunaíodh socruithe nua maoiniúcháin, lena gceanglaítear ar SRT spriocleibhéal maoiniúcháin arb ionann é agus 0.8% de thaiscí faoi chumhdach a bhaint amach faoin mbliain 2024 agus, mar thoradh air sin, bunaíodh Ciste Ranníocach SRT sa bhliain 2016. Rinneadh an dara bliain de ranníocaíochtaí bliantúla leis an gciste nua, a raibh suim €104m i gceist leo, a thobhach ag deireadh na bliana 2017.

An 13 Deireadh Fómhair 2017, tar éis comhleachtaitheoirí sealadacha a cheapadh chuig Comhar Creidmheasa an Rátha Teoranta, baineadh leas as SRT. Tar éis leas a bhaint as an scéim, d'eisigh SRT íocaíochtaí cúitimh um €40m chuig beagnach 11,000 ball de Chomhar Creidmheasa an Rátha Teoranta.

I rith na bliana 2017, rinne SRT tástálacha struis ar a córais agus ar a próisis i gcomhréir le treoirlínte BCE. Bhí raon leathan cásanna ábhartha i gceist leis na tástálacha ionsamhlúcháin sin chun a chinntiú go raibh SRT in ann cúiteamh a thabhairt do thaisceoirí i gcás ina mbeadh gá an scéim a úsáid.

Tá suíomh gréasáin ar a dtugtar faisnéis do thomhaltóirí faoi SRT ar fáil ag *www.depositguarantee.ie.*

## Maoiniúchán Margadh-Bhunaithe

Tá an Banc Ceannais ina chomhalta de Ghrúpa Saineolach Scáthbhaincéireachta an Bhoird Cobhsaíochta Airgeadais (FSB). An sainmhíniú atá ag FSB ar scáthbhaincéireacht is ea idirghabháil chreidmheasa a bhfuil eintitis agus gníomhaíochtaí lasmuigh den ghnáthchóras baincéireachta páirteach inti (go hiomlán nó go páirteach).

Fáiltítear roimh an ngníomhaíocht sin mar fhoinse éagsúlaithe creidmheasa ach d'fhéadfadh sé a bheith ina foinse riosca shistéamaigh i gcúinsí áirithe agus, dá brí sin, tá ga le faireachán ina leith. Rannchuidigh an Banc Ceannais le hullmhú Thuarascáil FSB maidir le Faireachán ar Scáthbhaincéireacht Dhomhanda a foilsíodh i mBealtaine 2017. Sa tuarascáil sin, déantar measúnacht ar na treochtaí agus ar na rioscaí maidir le córas na scáthbhaincéireachta.

Agus, sa tuarascáil sin, aicmítear Éire mar cheann amháin de shé ionad airgeadais idirnáisiúnta; is iad na cinn eile Ceanada, Oileáin Cayman, an Ísiltír, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe. Eagraíonn ionaid idirnáisiúnta airgeadais gníomhaíochtaí airgeadais a sheolann eintitis atá faoi úinéireacht eachtrach. Léirigh an tuarascáil gurb í Éire an dara sainchónaí is mó ar domhan le haghaidh meáin airgeadais, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá os a cionn, agus go bhfuil Éire i measc na gceithre Mhargadh Airgid is airde rangú in éineacht le Stáit Aontaithe Mheiriceá, leis an tSín agus leis an bhFrainc. Bhí earnáil scáthbhaincéireachta na hÉireann ar an gceathrú ceann is mó ar domhan (a measadh ina leith gurbh fhiú $2.2tn í ag deireadh na bliana 2015) agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ($13.8tn), Oileáin Cayman $4.3tn agus an tSeapáin ($3.2tn) os a cionn. Rinneadh Tuarascáil FSB maidir le Faireachán ar Scáthbhaincéireacht Dhomhanda don bhliain 2018 a fhoilsiú an 5 Márta. Ós rud é gur chuir Lucsamburg agus an tSín sonraí mionsonraithe den chéad uair thit Éire go dtí rangú mar an séú hearnáil scáthbhaincéireachta is mó ar domhan ach d'fhan na sócmhainní iomlána gan athrú ($2.2tn).

Cé nach mbaineann cuid mhór den riosca go díreach leis an ngeilleagar intíre, aithníonn an Banc Ceannais an gá atá le gníomhaíochtaí san earnáil seo a anailísiú agus a thuiscint. Dá bhrí sin, ghlac sé páirt i raon tionscnamh a bhí bainteach le téamaí idirnáisiúnta. Ina measc sin, áiríodh comhdháil idirnáisiúnta a eagrú maidir leis an earnáil, ghlac sé páirt i bhfóraim idirnáisiúnta amhail an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus d'eisigh sé roinnt foilseachán. Bhí cleachtais bainistíochta leachtachta de chuid bainisteoirí cistí agus réamhthástálacha struis ar chistí i measc na n-ábhar a pléadh.

## Cosaint Tomhaltóirí

**Faoi struchtúr 'Creat 5 Phointe' an Bhainc Ceannais - Tomhaltóirí, Muinín, Comhlíonadh, Dúshlán agus Cultúr - tá obair an Bhainc dírithe ar a áirithiú go ngníomhaíonn gnólachtaí rialáilte ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí.**

Tá an tomhaltóir i gcroílár chreat cosanta tomhaltóirí an Bhainc Ceannais agus oibríonn an Banc chun a chinntiú go ndíríonn gnólachtaí ar thorthaí dearfacha a bhaint amach laistigh de chreat rialála a oireann dá chuspóir. Mar bhuntaca dó sin, tá fonn i leith aghaidh dúshláin a thabhairt agus beart iomchuí rialála a dhéanamh i gcás nach mbíonn caighdeáin maidir le comhlíonadh á gcomhlíonadh. Tá tuilleadh faisnéise faoin tslí ina dtugtar tacaíocht do shainordú Cosanta Tomhaltóirí trí raon réimse laistigh den Bhanc Ceannais le fáil sa Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta 2017-2018 a bhfuil teacht air ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

I dTuarascáil Ionchais um Chosaint Tomhaltóirí (CPOR) de chuid an Bhainc Ceannais, a foilsíodh ag tús na bliana 2017, leagtar amach téamaí tosaíochta an Bhainc Ceannais don bhliain, is é sin le rá:

- Oibriú chun cultúr dearfach a bheidh dírithe ar chustaiméirí a fhorbairt laistigh de ghnólachtaí rialáilte, lena n-áirítear Measúnuithe Riosca do Chosaint Tomhaltóirí a dhéanamh ar mhodh spriocdhírithe.
- A chinntiú go leanfaidh an creat um chosaint tomhaltóirí de bheith éifeachtach trí thaighde tomhaltais a dhéanamh chun eolas a bhailiú le haghaidh forbairtí amach anseo, chun na cosaintí atá ann a athbhreithniú, a fhorbairt agus a fheabhsú, agus chun tionchar a imirt ar fhorbairtí Eorpacha agus idirnáisiúnta agus cabhrú le múnlú na bhforbairtí sin.
- Faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh maidir le comhlíonadh na gcaighdeán riachtanach trí athbhreithnithe téamacha agus cigireachtaí a dhéanamh.

### Tomhaltóirí

I Meán Fómhair 2017, foilsíodh leagan athbhreithnithe de na hÍoscheanglais Inniúlachta chun forbairtí agus inniúlacht i dTreoracha éagsúla AE a chur san áireamh agus chun feabhas a chur ar na riachtanais láithreacha le go mbeadh feidhm shonraithe nua ann do dhaoine a bhfuil baint dhíreach acu le dearadh táirgí airgeadais miondíola. Ina theannta sin, lean an Banc Ceannais de dhul chun cinn a dhéanamh maidir lena rannpháirteachas agus lena thionchar i ndáil le coistí éagsúla um chosaint tomhaltóirí de chuid na nÚdarás Maoirseachta Eorpach (ÚMEanna) agus, ag an am céanna, chuir sé tacaíocht theicniúil ar fáil don Roinn Airgeadais maidir le caibidliú reachtaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh agus maidir le trasuí na reachtaíochta sin i ndlí na hÉireann. I rith na bliana 2017, d'áirigh sé sin trasuí na Treorach maidir le Seirbhísí Íocaíochta (PDD2), an Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais agus an Rialachán maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais (le chéile MiFID II), an Treoir maidir le Dáileadh Árachais (IDD) agus an Rialachán maidir le Táirgí Miondíola Pacáistithe agus Táirgí Infheisíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna).

Rannchuidigh an Banc Ceannais le hobair FinCoNet, is é sin eagraíocht idirnáisiúnta na n-údarás maoirseachta um chosaint tomhaltóirí, mar chomhalta den Chomhairle Rialaithe agus trí fheidhmiú mar chathaoirleach ar Bhuanchoiste 2 de chuid FinCoNet - Digitiú an iasachtaithe ardchostais agus, i mí na Nollag 2017, d'fhoilsigh an coiste sin Tuarascáil ar Dhigitiú an Chreidmheasa Ghearrthéarma, Ardchostais do Thomhaltóirí.

Chun feasacht a mhéadú agus chun eolas a chur ar fáil le haghaidh díospóireacht níos leithne ar chúrsaí beartais, foilsíodh trí Fheasachán um Chosaint Tomhaltóirí i rith na bliana 2017 a bhain le hÁrachas Gluaisteáin, le Faireachán ar na Meáin Shóisialta, agus le Cuntais Reatha agus Athrú Cuntais.

## Muinín

Is é cuspóir foriomlán an Imscrúdaithe ar Mhorgáistí Rianúcháin a chinntiú go ndéileáiltear go cothrom le custaiméirí morgáiste rianúcháin trína chinntiú go ndéanann iasachtóirí athbhreithniú iomlán ar a leabhair iasachtaí morgáiste chun measúnacht a dhéanamh ar chomhlíonadh ceanglas conartha agus ceanglas rialála araon a mhéid a bhaineann le morgáistí rianúcháin. Más gá, cuireann an Banc Ceannais de cheangal ar iasachtóirí sásamh agus cúiteamh cuí a thabhairt i gcomhréir leis na Prionsabail Sásaimh atá forbartha ag an mBanc Ceannais, ar prionsabail iad trína bhféachtar le torthaí cothroma a bhaint amach do chustaiméirí a bhfuil difear déanta dóibh.

**BOSCA 5**

### An tImscrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin

Is é an Scrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin an t-athbhreithniú maoirseachta is mó, is casta agus is suntasaí dá bhfuil déanta ag an mBanc Ceannais riamh i leith a shainordaithe maidir le cosaint tomhaltóirí. Is é a bhí i gceist leis an Imscrúdú, athbhreithniú tosaigh arna dhéanamh ag iasachtóirí ar níos mó ná dhá mhilliún cuntas morgáiste chun an líon cuntas a bheadh faoi réim an scrúdaithe a shainaithint.

Mar chuid den Imscrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin, tá sé de cheangal ar iasachtóirí na custaiméirí go léir lena mbaineann a shainaithint agus aghaidh a thabhairt ar dhochar atá déanta do chustaiméirí i gcomhréir le Prionsabail an Bhainc Ceannais maidir le Sásamh. Sna prionsabail sin, agus i dtreoir fhorlíontach, leagtar amach go soiléir ionchais an Bhainc Ceannais maidir le sásamh agus cúiteamh cuí a bheith á soláthar do chustaiméirí lena mbaineann nuair a shainaithnítear saincheisteanna a bhaineann le morgáistí rianúcháin.

De réir na bhfigiúirí ag deireadh na bliana 2017, taispeántar gur cuireadh iallach ar iasachtóirí €316m a íoc mar shásamh agus mar chúiteamh. Beidh tuilleadh íocaíochtaí i gceist de réir mar a bheidh sásamh agus cúiteamh á bhfáil ag an gcuid atá fágtha de na 33,700 custaiméir ar diúltaíodh táirgí rianúcháin dóibh nó ar muirearaíodh na rátaí míchearta orthu agus de réir mar a dhéantar breithniú ar éilimh atá curtha faoi bhráid na bpróiseas achomhairc neamhspleách.

Cé go bhfuil an Banc Ceannais den tuairim go bhfuil formhór mór na gcustaiméirí sainaitheana anois, leanfaidh sé d'athbhreithniú a dhéanamh, sa bhliain 2018, ar an obair atá déanta ag na hiasachtóirí, de dhúshlán a thabhairt i leith na hoibre sin agus den obair sin a fhíorú, agus cuirfear an dianchlár cigireachta i gcrích. Is é is aidhm don obair sin a chinntiú go sainaithnítear na custaiméirí go léir lena mbaineann, go bhfuil na ceanglais go léir de chuid Chreat an Imscrúdaithe ar Mhorgáistí Rianúcháin á gcomhlíonadh, agus go dtugtar aghaidh ar aon saincheisteanna nua a thagann chun cinn. D'fhéadfadh sé freisin go gcabhróidh obair ar an láthair le himscrúdaitheoirí forfheidhmiúcháin maidir le bailiú fianaise agus d'fhéadfadh an obair sin a bheith ina foinse eolais le haghaidh bearta breise a dhéanfaidh an Banc Ceannais.

## Comhlíonadh

Lean an Banc Ceannais de bheith ag díriú ar idirghabhálaithe miondíola nach raibh na caighdeáin íosta á gcomhlíonadh acu ó thaobh oibleagáidí tuairiscithe agus oibleagáidí eile. Ba é ab aidhm dó sin, díriú ar chultúr neamhchomhlíontachta a d'fhéadfadh a bheith ina chomhartha ar shaincheisteanna eile sna gnólachtaí sin, ar saincheisteanna iad a d'fhéadfadh difear diúltach a dhéanamh do thomhaltóirí. Amhail ar an 31 Nollaig 2017, shroich an ráta comhlíontachta maidir le tíolacadh Tuairisceán Bliantúil leibhéal 97%.

I measc na gcigireachtaí téamacha éagsúla a rinneadh i rith na bliana 2017, áiríodh athbhreithnithe ar bhróicéirí árachais a ghníomhaíonn mar ghníomhairí bainistíochta ginearálta thar ceann cuideachtaí árachais, ar chomhlíontacht cuideachtaí i leith caighdeáin íosta inniúlachta agus ar dhíol árachais fhorlíontaigh/nideoige, amhail árachas le haghaidh feistí.

Chomh maith le feabhsuithe ar chleachtais gnólachtaí a éileamh, ba é a lean as idirghabhálacha maoirseachta an Bhainc Ceannais cúlghairm dheonach agus cúlghairm neamhdheonach a dhéanamh ar roinnt údaruithe gnólachta agus bearta forfheidhmiúcháin i gcoinne gnólachtaí nach raibh caighdeáin íosta rialála á gcomhlíonadh acu.

## Dúshlán

Chomh maith le hiarratais ar údarú a phróiseáil i gcomhréir le caighdeáin seirbhíse fhoilsithe agus le hoibleagáidí reachtúla, thug an Banc Ceannais isteach foirmeacha iarratais a chomhlíonann PSD2 le go mbeadh gnólachtaí in ann iarratas a dhéanamh roimh ré faoin Treoir sin agus rinneadh athrú ó údaruithe idirghabhálaí morgáiste a dheonú ar feadh tréimhse sheasta go córas ar dá réir a eisítear údaraithe ar feadh téarma éiginnte. Soláthraíonn na bearta sin leibhéal cinnteachta níos airde d'iarratasóirí agus, ar an dóigh sin, éascaíonn siad tuilleadh iomaíochta sa mhargadh íocaíochtaí agus sa mhargadh morgáistí araon agus, ag an am céanna, cinntítear go leagtar síos na caighdeáin is airde agus go gcomhlíonann na gnólachtaí iad.

Rinneadh athbhreithniú ar iarratais ó ghnólachtaí seirbhísithe creidmheasa (i.e. gnólachtaí a sheirbhísíonn iasachtaí a dhíolann iasachtóirí rialáilte le tríú páirtithe) faoin Acht um Chosaint Tomhaltóirí (Gnólachtaí Seirbhísithe Creidmheasa a Rialáil) 2015. Mar chuid den athbhreithniú sin rinneadh measúnacht ar na gnólachtaí sin i gcomparáid leis na Ceanglais agus na Caighdeáin mhionsonraithe maidir le hÚdarú a thug an Banc Ceannais isteach de bhun na reachtaíochta sin. Tá an Banc Ceannais ag súil go ndéanfar na hiarratais atá fágtha a thabhairt ar aghaidh chuig céim an chinnidh sa bhliain 2018.

## Cultúr

I mí an Mhárta 2017, d'fhoilsigh an Banc Ceannais a Mhúnla nua um Measúnú Riosca do Chosaint Tomhaltóirí (CPRA) inar leagadh amach a chur chuige maidir le CPRAanna a dhéanamh agus inar tuairiscíodh a chuid ionchas maidir le bearta gnólachtaí ó thaobh a gcuid creataí le haghaidh bainistíocht rioscaí do thomhaltóirí a chur i bhfeidhm nó a fheabhsú. I rith na bliana, sheol an Banc Ceannais CPRAanna spriocdhírithe ar ocht ngnólacht, agus díríodh go sonrach ar ghnéithe den mhodúl cultúir.

Leanadh de dhúshlán a thabhairt do bhoird agus d'ardbhainistíocht gnólachtaí chun a léiriú conas a bhíonn rioscaí á mbainistiú acu agus conas a bhíonn na torthaí cearta á mbaint amach acu dá gcustaiméirí. Sa bhliain 2017, tionóladh cruinnithe le Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus/nó le boird institiúidí creidmheasa/iasachtóirí eile chun rioscaí reatha agus rioscaí atá ag teacht chun cinn do thomhaltóirí, agus an cultúr ina leith sin, a phlé. Ina theannta sin, tharraing sé aird, le linn roinnt ócáidí seachtracha labhartha i rith na bliana, ar an tábhacht a bhaineann le creat bainistíochta rioscaí do thomhaltóirí a oireann dá chuspóir a chur i bhfeidhm.

## Maoirseacht agus Forfheidhmiú[12]

**Tá cur chuige treallúsach riosca-bhunaithe ag an mBanc Ceannais maidir le maoirseacht, a mbíonn bagairt inchreidte forfheidhmiúcháin mar bhuntaca leis i gcás inar gá sin, ar cur chuige é atá i gcomhréir le dea-chleachtas Eorpach agus idirnáisiúnta. Áiríonn sé sin maoirseacht ó lá go lá agus anailís ardchaighdeáin a dhírítear go háirithe ar na príomhrioscaí mar chabhair maidir lena chinntiú go bhfuil gnólachtaí rialáilte agus margaí fónta ó thaobh airgeadais agus á mbainistiú go sábháilte.**

Cheadaigh Coimisiún an Bhainc Ceannais méadú ar an líon foirne rialála sa Bhanc Ceannais chun a chinntiú go mbeadh na hacmhainní aige athruithe ar ghnólachtaí láithreacha rialáilte nó iontrálaithe nua sa mhargadh a údarú agus a mhaoirsiú.

Tá cur chuige maoirseachta an Bhainc Ceannais bunaithe ar mhodheolaíochtaí faoina Chóras Dóchúlachta Riosca agus Tionchair (PRISM) agus faoin Sásra Maoirseachta Aonair (SMA). Tá sé riosca-bhunaithe, struchtúrtha agus tá bagairt inchreidte an fhorfheidhmiúcháin mar thaca leis. Ina theannta sin, áiríonn an cur chuige creat maidir le téarnamh agus réiteach i gcás ina mbíonn deacrachtaí ag gnólachtaí.

Tá cur chuige maoirseachta an Bhainc Ceannais i gcomhréir le dea-chleachtas Eorpach agus idirnáisiúnta. Tá sé sin tábhachtach ós rud é go n-oibríonn seirbhísí airgeadais i dtimpeallacht fhorleathan Eorpach agus idirnáisiúnta. Tá an Banc Ceannais tiomanta i leith creat agus timpeallacht na rialála idirnáisiúnta a mhúnlú, agus i leith tionchar a imirt air sin, agus tá ról páirteach aige i gcomhlachtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear rannpháirtíocht in SMA agus sna ÚMEanna.

Sa bhliain 2017, lean an Banc Ceannais d'fheabhas a chur ar a chuid acmhainní i réimsí tábhachtacha agus tá feabhsuithe suntasacha curtha i bhfeidhm agus leabaithe aige i ndáil lena uirlisí rialála. Trí bhearta forfheidhmiúcháin a dhéanamh, lean an Banc Ceannais d'iallach a chur ar ghnólachtaí agus ar dhaoine aonair a sháraíonn an creat rialála glacadh lena bhfreagrachtaí. Chomh maith leis sin, tá iomláine a phróiseas forfheidhmiúcháin cosanta aige ar dhúshláin a ghabh leo siúd a bhfuil bearta glactha ag an mBanc Ceannais ina gcoinne.

Mar thoradh ar chinneadh na Ríochta Aontaithe scor dá ballraíocht san Aontas Eorpach (Brexit), tharla méadú suntasach ar an líon fiosruithe ó ghnólachtaí rialáilte maidir le leathnú ábhartha ar a n-oibríochtaí láithreacha in Éirinn nó maidir le húdaruithe nua.

Cheadaigh Coimisiún an Bhainc Ceannais méadú ar an líon foirne rialála chun a chinntiú bhfuil na hacmhainní againn chun athruithe ar ghnólachtaí láithreacha rialáilte nó iontrálaithe nua sa mhargadh a údarú agus a mhaoirsiú. I rith na bliana, thug an Banc Ceannais dúshlán do ghnólachtaí rialáilte chun an méid seo a leanas a thaispeáint: leordhóthanacha a n-acmhainní caipitiúla, cuibheas a gcreataí rialachais, inbhuanaitheacht a múnlaí gnó agus forbairt pleananna téarnaimh agus réitigh agus go raibh siad á n-iompar féin ar mhodh ina gcomhlíontar an reachtaíocht infheidhme agus ina ndéantar iomláine an mhargaidh a choimirciú.

[12] Tá tuairisciú mionsonraithe faoi fheidhmeanna maoirseachta agus rialála an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear a chuid freagrachtaí i ndáil le cosaint tomhaltóirí agus beartas rialála, le fáil sa Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta 2017.

Lean an Banc freisin de mheasúnacht a dhéanamh ar iarratais rialála ó ghnólachtaí agus de dhaoine aonair a cheadú faoin gcóras Oiriúnachta agus Ionracais. Sa bhliain 2017, áiríodh i measc na saincheisteanna suntasacha maoirseachta an tImscrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin, Brexit, feabhsú an chreata rialála, lena n-áirítear an Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais agus an Rialachán maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais (dá ngairtear MiFID II le chéile) agus, a mhéid a bhaineann leis an earnáil árachais, Sócmhainneacht II, agus tosaíochtaí a bhaineann go sonrach le hearnálacha ar leith, lena n-áirítear iasachtaí neamhthuillmheacha agus rioscaí TF i ngnólachtaí.

## Maoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa

I rith na bliana 2017, díríodh aird shuntasach, ó thaobh na maoirseachta de, ar a áirithiú go ndéanfadh gnólachtaí rialáilte na feabhsuithe riachtanacha le go mbeidís níos athléimní i leith rioscaí a thiocfadh chun cinn. Tá cláir athraithe á gcur i bhfeidhm ag institiúidí creidmheasa chun bainistíocht a dhéanamh ar a mboinn chostas, chun tacú le giniúint ioncaim, chun cumais TF agus Fintech a fheabhsú agus chun a múnlaí foriomlána gnó a neartú. Trína chigireachtaí ar an láthair agus trína bheartas macrastuamachta maidir le bearta morgáiste, lean an Banc Ceannais de dheimhin a dhéanamh de go bhfuil frithghealladh iasachtaí ag institiúidí creidmheasa stuama i gcónaí agus, sa dóigh sin, cinntítear go bhfuil bearta feabhsaithe athléimneachta d'iasachtaithe agus d'institiúidí creidmheasa á gcomhlíonadh. Tá feabhas ag teacht ar chúrsaí brabúsachta i gcás an chuid is mó d'institiúidí creidmheasa na hÉireann ach tá tionchar á imirt fós ar thuillimh ag costais iompair ina n-áirítear costais a bhaineann le laigí ó thaobh cosaint tomhaltóirí agus le rátaí ísle úis.

Méadaíonn stoc mór na n-iasachtaí neamhthuillmheacha (NPLanna) ar chláir chomhardaithe institiúidí creidmheasa leochaileacht na n-institiúidí sin i leith turraingí i ngeilleagar na hÉireann amach anseo. Bhí cur chuige an Bhainc Ceannais i leith réiteach NPL dírithe ar a áirithiú go bhfuil dóthain caipitil ag institiúidí creidmheasa, go sealbhaíonn siad soláthairtí atá coimeádach de réir mar is cuí, agus go bhfuil straitéisí agus oibríochtaí réitigh acu a oireann dá gcuspóir agus é á chinntiú, ag an am céanna, go ndéileáiltear go cothrom le custaiméirí. I rith na bliana 2017, ba thosaíocht thábhachtach í, ó thaobh na maoirseachta de, réiteach stoc mór na NPLanna. Lean gníomhaíochtaí leanúnacha maoirseachta, mar aon le cúinsí feabhsaithe eacnamaíochta, de laghduithe a spreagadh i leith NPLanna a bhfuil laghdú tagtha orthu le 15 ráithe i ndiaidh a chéile; d'ainneoin laghdú 60% ar an mbuaicleibhéal i leith NPLanna, tá ardleibhéal díobh fós ann.

I rith na bliana 2017, lean feabhas de bheith ag teacht ar neart airgeadais institiúidí creidmheasa na hÉireann, rud a thomhaistear de réir a gcóimheas caipitil. Bhain bunsprioc inghnóthaithe a bhí ann i rith na bliana le tacú le hathbhreithniú spriocdhírithe BCE ar mhúnlaí maidir le rioscaí inmheánacha (TRIM), á chinntiú go bhfuil na múnlaí inmheánacha a úsáideann institiúidí creidmheasa i gcomhréir go hiomlán leis an dea-chleachtas Eorpach agus go bhfuil leibhéil caipitil acu a léiríonn leibhéal na rioscaí a bhaineann leo.

**BOSCA 6**

## Béim Maoirseachta ar Iasachtaí Neamhthuillmheacha (NPLanna)

I rith na bliana 2017, lean réiteach stoc mór na NPLanna de bheith ina thosaíocht maoirseachta don Bhanc Ceannais agus, ar bhonn forleathan, do BCE. Méadaíonn stoc mór na NPLanna ar chláir chomhardaithe institiúidí airgeadais na hÉireann leochaileacht na n-institiúidí sin i leith turraingí sa todhchaí i ngeilleagar na hÉireann agus, dá bhrí sin, trí leanúint den obair a bhaineann le réiteach na n-iasachtaí seo, cuirfear le hathléimneacht san earnáil airgeadais in Éirinn. Rud níos práinní ó thaobh na dtomhaltóirí de is ea gurb ionann na NPLanna sin agus iasachtaithe a bhfuil deacrachtaí acu agus is ábhar imní don Bhanc Ceannais é an chaoi ina gcaitear le tomhaltóirí.

I bhfianaise thaithí an Bhainc Ceannais ar dhul i ngleic le hinstitiúidí a bhfuil NPLanna arda acu, lean an Leas-Ghobharnóir Donnery ar aghaidh mar chathaoirleach ar Thascfhórsa NPL BCE a bhfuil sé de chúram air modheolaíocht chomhsheasmhach maoirseachta a fhorbairt ar fud na hEorpa le haghaidh institiúidí a bhfuil NPLanna arda acu. Mar thoradh air sin, bhí ról ceannais ag an mBanc Ceannais i ndáil le forbairt a dhéanamh ar an gcur chuige maoirseachta i leith NPLanna ar an leibhéal Eorpach. B'ionann foilsiú 'Treoir SMA d'institiúidí creidmheasa i ndáil le hiasachtaí neamhthuillmheacha'[13] agus príomhéacht Thascfhórsa NPL BCE sa bhliain 2017. Cuireann an treoir leis an gcur chuige maoirseachta a ghlac an Banc Ceannais tar éis na géarchéime airgeadais chun dul i ngleic leis an bhfadhb in Éirinn agus áiríonn sí dea-chleachtas a urramaítear i roinnt institiúidí Éireannacha, agus ar fud an limistéir euro. Ina theannta sin, chríochnaigh Tascfhórsa NPL BCE 'Stocáireamh ar chleachtais náisiúnta maoirseachta agus ar chreataí[14] dlíthiúla a bhaineann le NPLanna' sa bhliain 2017 chun aird a tharraingt ar chuid de na constaicí a choisceann réiteach tapa NPLanna i ngach dlínse ar leith.

AR LEAN

[13] https://www.bankingsupervision.europa.eu/ecb/pub/pdf/guidance_on_npl.en.pdf
[14] https://www.bankingsupervision.europa.eu/ecb/pub/pdf/ssm.stock_taking2017.en.pdf

Tá cur chuige tomhaiste céimnithe glactha ag an mBanc Ceannais maidir le dul i ngleic leis an tsaincheist seo agus tá dul chun cinn suntasach déanta go dtí seo[15]. Tarraingíonn Fíor 1 aird ar chuid de na clocha míle tábhachtacha a bhaineann le hobair réitigh NPL na hÉireann agus an cóimheas NPL thar am. Bhí seicheamhú na mbeart maoirseachta tábhachtach agus is é a bhí i gceist leis sin ná (i) a chinntiú go raibh acmhainní airgeadais dóthanacha ag institiúidí (idir chaipiteal agus sholáthairtí); (ii) straitéisí sonracha NPL a chur i bhfeidhm; (iii) cumais oibríochtúla a mheasúnú; agus (iv) spriocanna a cheapadh le haghaidh laghdú NPLanna. Ag gach céim den phróiseas, chuir Banc Ceannais na hÉireann in iúl cad leis a raibh sé ag súil (trí threoirlínte iomchuí a fhoilsiú amhail Treoirlínte maidir le Soláthar, Treoirlínte maidir le Luacháil Comhthaobhachta; etc.), thug sé dúshláin maidir le dul chun cinn institiúidí agus chuir sé cigireachtaí mionsonraithe ar an láthair i gcrích. Fuarthas tacaíocht don ghníomhaíocht stuamachta sin go léir trí chreat daingean cosanta tomhaltóirí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Cinntíonn foilsiú an Chóid Iompair athbhreithnithe um Riaráistí Morgáiste sa bhliain 2013 go mbeidh cosaintí cuí ag iasachtaithe i ndáil lena PDHanna chun a chinntiú go ndéileáiltear go cothrom leo agus go bhfanfaidh siad ina n-áras teaghlaigh i bhformhór mór na gcásanna.

Chun a chinntiú go leanfaidh institiúidí den dul chun cinn i dtreo leibhéal íosta NPLanna, chinntigh gníomhaíocht dhian maoirseachta an Bhainc Ceannais go raibh straitéisí uaillmhianacha, réadúla réitigh NPL i bhfeidhm don bhliain 2017 agus dá éis. Leanann an Banc Ceannais d'fhaireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht institiúidí ar leithligh agus tugadh dúshláin i gcás ina raibh gá leis sin. Ina theannta sin, chríochnaigh an Banc Ceannais dhá chigireacht ionsáite creidmheasa ar an láthair sa bhliain 2017, ar cigireachtaí iad a bhain le NPLanna agus sainaithníodh cásanna nach raibh ionchais maoirseachta á mbaint amach ina leith. Is é a lean as na cigireachtaí sin pleananna foirmiúla maolaithe riosca a chur i bhfeidhm.

Tá laghdú €7.9bn[16] (míneas 20.6% i dtéarmaí toirte), bliain ar bhliain, tagtha ar stoc iomlán na NPLanna sna hinstitiúidí creidmheasa miondíola ach tá leibhéal na stoc sin ard i gcónaí sa mhéid gurb é atá sa chóimheas comhiomlán NPL ná 13.7% d'ainneoin dianaird maoirseachta a bheith tugtha orthu. Beidh laghdú NPLanna agus, ag an am céanna, leanúint de dheimhin a dhéanamh de go ndéileáiltear go cothrom le iasachtaithe agus feabhas a chur ar athléimneacht chláir chomhardaithe na n-institiúidí airgeadais i leith turraingí amach anseo, ina ábhar tosaíochta i gcónaí don Bhanc Ceannais sa bhliain 2018.

[15] A  https://centralbank.ie/publication/quarterly-bulletins/quarterly-bulletin-2-2018
[16] Tá na figiúirí go léir bunaithe ar shonraí rialála comhiomlánaithe  amhail ag R3 2017.

**FÍOR 1**

## Cóimheas NPL Bainc agus Clocha Míle Tábhachtacha




Foinse: Tuairisceáin Rialála CBI ar bhonn sonraí arna gcur ar fáil ag AIB, BoI, PTSB, Ulster agus KBC Ireland.[13]

[17] I R3 2014 tugadh isteach sainmhíniú comhchuibhithe BCE ar neamhthuillmheach. Roimh an dáta sin, bhí úsáid á baint as sainmhíniú inmheánach agus ba é a bhí sa sainmhíniú sin ná iasachtaí lagaithe agus/nó riaráistí > 90 lá.

## Maoirseacht ar Chomhair Chreidmheasa

Déanann Clárlann na gComhar Creidmheasa (an Chlárlann) rialáil agus maoirseacht ar chomhair chreidmheasa a chinntiú go bhfuil earnáil na gcomhar creidmheasa cobhsaí ó thaobh cúrsaí airgeadais de agus go n-oibríonn sí ar mhodh trédhearcach cothrom agus go gcoimircíonn sí cistí na mball. Déantar maoirseacht ar chomhair chreidmheasa ar bhealach atá comhréireach agus oiriúnach do chineál, do scála agus do chastacht gach comhair creidmheasa ar leithligh. I bhfianaise athstruchtúrú earnála, rioscaí atá ag teacht chun cinn san earnáil agus dúshláin inmharthanachta, lean an Banc Ceannais dá straitéis cigireachta agus maoirseachta do chomhair chreidmheasa a oiriúnú agus a fhorbairt. I rith na bliana 2017, bhí an tAonad um Fhorbairt Múnlaí Gnó i gClárlann na gComhar Creidmheasa gafa le roinnt tograí ó pháirtithe leasmhara maidir le hathruithe ar mhúnlaí gnó agus ar chláir chomhardaithe na gcomhar creidmheasa lena n-áirítear an méid seo a leanas: iasachtóireacht mhorgáiste; airgeadas sócmhainní; saoráidí seirbhísí comhroinnte; idirghabháil infheistíochta miondíola; agus múnlaí oibríochtúla digitithe. Sa bhliain 2017, chun cabhrú le comhair chreidmheasa anailís a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht i gcomparáid lena bpiaraí agus chun léargas a thabhairt dóibh faoi phríomhthreochtaí ar bhonn anailís an Bhainc Ceannais ar shonraí a tíolacadh dó, chuir an Banc Ceannais tús le foilsiú faisnéise staidrimh. Mar chuid dá chur chuige maidir le caidreamh réamhghníomhach le páirtithe leasmhara, d'eagraigh an Banc Ceannais cúig cinn de Sheimineáir Fhaisnéise i rith na bliana. Tugann na seimineáir sin deis don Bhanc Ceannais dul i dteagmháil le stiúrthóirí agus le lucht bainistíochta na gcomhar creidmheasa chun faisnéis uasdátaithe a thabhairt faoina obair rialála agus mhaoirseachta agus chun tuairimí na gcomhar creidmheasa faoi shaincheisteanna reatha a chloisteáil.

I rith na bliana, leachtaigh an Banc Ceannais Comhar Creidmheasa an Rátha de réir na reachtaíochta iomchuí. Measadh gurbh é an beart sin an t-aon réiteach inmharthanach a bhí ar fáil agus rinneadh é chun coigiltis na mball a choimirciú (féach Bosca 11).

I rith na bliana, leanadh d'aird a thabhairt ar chreat rialála Shócmhainneacht II a leabú agus cuireadh tús le leabú an Tuairiscithe Bhliantúil faoi Shócmhainneacht II i lár na bliana 2017.

## Maoirseacht ar Árachas

I rith na bliana, leanadh d'aird a thabhairt ar chreat rialála Shócmhainneacht II a leabú agus cuireadh tús le leabú an tuairiscithe bhliantúil faoi Shócmhainneacht II i lár na bliana 2017. Tá obair fhorleathan mhaoirseachta déanta maidir le gnó trasteorann a dhéanann árachóirí a rialáiltear in Éirinn. Rinneadh an obair sin trí chigireachtaí ar bhrainsí coigríche, trí athbhreithnithe breise ar thuairisciú rialála, trí fhorbairt anailísí nua ar rioscaí do thimpeallacht na bpríomh-mhargaí ina n-oibríonn gnólachtaí Éireannacha, agus trí chaidreamh le piaraí rialála lena n-áirítear athbhreithniú ar an 'Prótacal Ginearálta' lena rialaítear comhroinnt faisnéise idir údaráis rialála. I mí na Samhna, d'eisigh an Banc Ceannais páipéar comhairliúcháin faoi údarú agus faoi mhaoirsiú brainsí de chuid gnóthais árachais tríú tír[18]. Sa bhliain 2017, tugadh aird ar réimse an mheasúnaithe ar inbhuanaitheacht múnlaí gnó. Críochnaíodh obair mhionsonraithe sa réimse neamhshaoil agus díríodh aird ar leith ar ghnó dliteanais tráchtála. Is ionann cibear-rioscaí agus bagairt ar iomláine sonraí agus ar leanúnachas gnó i gcóras atá níos idirnasctha ná riamh agus, i bhfianaise an méid sonraí pearsanta atá ag árachóirí, d'fhéadfadh sé go ndéanfar ionsaí orthu.

## Maoirseacht ar Bhainistíocht Sócmhainní

Tháinig MiFID II i bhfeidhm an 3 Eanáir 2018 agus tá thart ar 90 gnólacht infheistíochta ann a ndéanann cur i bhfeidhm an chreata reachtaigh difear dóibh. I dtaca leis sin de, rinne an Banc Ceannais teagmháil le gnólachtaí i rith na bliana 2017 chun measúnacht a dhéanamh ar a n-ullmhacht i leith na rialachán a bhí le teacht i bhfeidhm.

Mar chuid de chlár 2017 um Measúnachtaí Iomlána ar Rioscaí, agus um chigireachtaí ar an láthair agus um chigireachtaí téamacha, san earnáil bainistíochta sócmhainní áiríodh athbhreithnithe téamacha a bhí dírithe go háirithe ar neartú rialachais rialuithe inmheánacha laistigh d'eintitis rialáilte agus measúnú ar chomhlíonadh Threoirlínte 2012 ESMA maidir le hOiriúnacht ag gnólachtaí infheistíochta. Maidir le réimsí eile, leanadh den obair ar chríochnú athbhreithnithe ar an bPróiseas Athbhreithnithe agus Measúnaithe Maoirseachta (SREP) i measc gnólachtaí Ísealtionchair.

[18] https://www.centralbank.ie/publication/consultation-papers/consultation-paper-detail/cp115-consultation-on-the-authorisation-and-supervision-of-branches-of-third-country-insurance-undertakings-by-the-central-bank-of-ireland

**BOSCA 7**

### Tionscadal Teasmhapála MiFID - Measúnacht ar ullmhacht Gnólachtaí Bainistíochta Sócmhainní le haghaidh MiFID II agus béim ar leith á leagan ar na príomhréimsí tionchair a ghabhann leis na rialacháin a bhí le cur i bhfeidhm

Chun measúnacht a dhéanamh ar na príomhathruithe a forchuireadh ar gach gnólacht infheistíochta le MiFID II, rinneadh bearna-anailís ar na rialacháin a bhí le cur i bhfeidhm i gcomparáid leis na rialacháin a bhí ann roimhe sin. Tar éis an anailís sin a dhéanamh, forbraíodh creat measúnachta chun cabhrú le maoirseoirí cláir oibre a cheapadh le haghaidh chruinnithe rannpháirteachais MiFID II le gnólachtaí Meán/Ardtionchair. Tar éis na gcruinnithe sin, rinneadh creat measúnachta MiFID II a mhínscagadh agus a dhíriú ar ábhair ardleibhéil, lena n-áirítear réimsí amhail Rialachas Táirgí, Dea-Fhorghníomhú, Tuairisciú Cliaint, Oiriúnacht agus Cuibheas, agus Tuairisciú Idirbheart. Mar thoradh ar an obair sin, chruthaigh maoirseoirí Teasmhapa MiFID II chun measúnacht a dhéanamh ar ullmhacht fhoriomlán an tionscail agus chun na réimsí ardtionchair a d'fhéadfadh a bheith ina ndúshlán do ghnólachtaí iomchuí a shainaithint.

Ina dhiaidh sin, leathnaíodh an ghníomhaíocht sin chuig gnólachtaí Meán/Ísealtionchair agus, mar chuid den bheart sin, bhí ceistneoir cuimsitheach MiFID II ann inar iarradh ar ghnólachtaí féinmheasúnacht a dhéanamh ar a n-ullmhacht le haghaidh MiFID II agus aird a tharraingt ar na príomhréimsí den rialachán a dhéanfadh difear dá múnlaí gnó.

Tar éis Teasmhapa MiFID II a chruthú, bhí teagmháil leanúnach ann leis na gnólachtaí sin chun tuairisc chun dáta a fháil faoi na príomhréimsí a rinne difear do na gnólachtaí acu. De réir mar a bhí na maoirseoirí ag clár oibre na ngnólachtaí infheistíochta a chur chun cinn i leith a n-ullmhachta le haghaidh na rialachán/na reachtaíochta a bhí le teacht, leagadh béim níos mó ar ghnólachtaí a mbeadh ardtionchar ag na rialacháin orthu agus ar mheas maoirseoirí ina leith go raibh siad ar gcúl maidir lena n-ullmhúcháin le haghaidh MiFID II.

Tá na tátail ó thionscadal Teasmhapála MiFID II ina ngné thábhachtach d'fhorbairt ár straitéise maoirseachta le haghaidh chomhlíonadh MiFID II sa bhliain 2018.

## Maoirseacht ar Urrúis agus ar Mhargaí

Lean an Banc Ceannais de bhéim a leagan ar dheimhin a dhéanamh de go bhfuil na caighdeáin is airde á gcomhlíonadh leis na próisis atá ann chun measúnacht a dhéanamh ar iarratais ar údarú cistí agus chun réamheolairí a cheadú. Sa bhliain 2017, d'áirigh sé sin údarú 829 ciste infheistíochta, lena n-áirítear 1,763 measúnacht ghaolmhar ar Oiriúnacht agus Ionracas pearsana aonair a raibh cistí den sórt sin á reáchtáil acu agus ceadú 1,099 réamheolaire.

Cuireadh i gcrích tascanna éagsúla maoirseachta sna margaí urrús a ndéanann an Banc Ceannais maoirseacht orthu. Bhain na tascanna sin le faireachas ar idirbhearta trí bhíthin tuarascálacha leithleacha maidir le hidirbhearta (240m), fiosrúcháin a sheoladh maidir le tuairiscí faoi ghníomhaíocht trádála a d'fhéadfadh a bheith amhrasach, agus cúnamh a thabhairt d'údaráis eile AE i ndáil le drochúsáid fhéideartha margaidh.

## Maoirseacht ar Fhrithsciúradh Airgid (AML) agus ar an gComhrac i gcoinne Maoiniú Frithsceimhlitheoireachta (CFT)

Mar chuid dá mheasúnú ar chreat AML na hÉireann, rinne an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) measúnacht ar an maoirseacht ar Fhrithsciúradh Airgid (AML). Lean tátail dhearfacha as an measúnú agus rinneadh líon teoranta moltaí i leith feabhsuithe ar mhaoirseacht AML an Bhainc Ceannais agus bronnadh rátáil "substaintiúil" i leith leibhéal éifeachtachta chreat maoirseachta foriomlán na hÉireann i ndáil le AML. Ba éacht mhór an méid sin ó tharla nach bhfuil ach tír amháin eile AE tar éis an rátáil sin a fuair Éire i leith mhaoirseacht AML a bhaint amach faoin gCeathrú Babhta de Mheasúnaithe Frithpháirteacha. Rinneadh modúl saincheaptha measúnachta riosca AML a chur ar fáil sa bhliain 2017 agus, dá réir sin, tá tascanna AML/CFT scartha ó thascanna agus ó rátálacha riosca a bhaineann le tascanna maoirseachta stuamachta agus tomhaltóirí. Sa bhliain 2017, rinne an Banc Ceannais 77 cigireacht ar an láthair, sheol sé 83 cruinniú athbhreithnithe agus d'eisigh sé 309 Ceistneoir Measúnaithe Riosca chuig gnólachtaí lena gcomhlánú.

## Anailísíocht Sonraí

Lean an Banc Ceannais d'fhorbairt agus d'fheabhsú a dhéanamh ar an mbonneagar atá ann chun glacadh leis na sonraí go léir a bhaineann le faireachas margaidh, drochúsáid margaidh agus maoirseacht ar chistí infheistíochta. Is spreagthóir tábhachtach iad na sonraí sin i dtaca leis an straitéis mhaoirseachta le haghaidh maoirseacht urrús agus margaí, lena n-áirítear eolas a chur ar fáil le linn breithiúnais agus gníomhartha a dhéanamh maidir le gnólachtaí nó cistí ar leith. Cuireadh teicneolaíocht nua tuairiscithe i bhfeidhm freisin chun an toirt sonraí, atá méadaithe go mór, a ghlacadh faoi MiFIR/MiFID II.

Mar chuid den anailísíocht sonraí agus den straitéis mhaoirseachta, d'ullmhaigh an Banc Ceannais tacar cuimsitheach sonraí maidir le hurrúis fiachais agus cuireadh san áireamh go hiomlán é ina líonra sonraí. Baintear úsáid as na sonraí seachtracha sin chun tuairisciú rialála faoi chistí infheistíochta a bhailíochtú agus is uirlis chumhachtach í maidir le feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí laistigh den tionscal. Tá sé de chumas ag an mBanc Ceannais anois taighde níos saindírithe a dhéanamh faoi chistí infheistíochta agus breithniú a dhéanamh ar théamaí leathana amhail cáilíocht chreidmheasa, leachtacht, ré agus luaineacht.

## Torthaí an Fhorfheidhmiúcháin

I gcás nach gcomhlíonann gnólachtaí agus daoine aonair na ceanglais rialála a bhaineann leo, fónann bearta forfheidhmiúcháin mar bhealach chun smachtbhannaí athchomhairleacha comhréireacha a fhorchur d'fhonn comhlíontacht fhorleathan a bhaint amach. Áirítear an méid seo a leanas i gcumhachtaí forfheidhmiúcháin an Bhainc Ceannais:

- Údaruithe a Chúlghairm agus a Dhiúltú: Sa bhliain 2017, rinne an Banc Ceannais údarú sé ghnólacht a chúlghairm, ar gnólachtaí iad nár chomhlíon na ceanglais a bhain lena n-údarú. De bhreis air sin, diúltaíodh d'iarratas amháin ar údarú chun feidhmiú mar sholáthraí seirbhísí airgeadais rialáilte.
- Smachtbhannaí Riaracháin: I rith na bliana 2017, chuir an Banc Ceannais smachtbhannaí ar 11 institiúid airgeadais de bhun a Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin (ASP) agus, dá réir sin, forchuireadh fíneálacha €7,239,970 san iomlán. Maidir le ceithre cinn de chásanna ASP, bhain siad le sáruithe ar an oibleagáid i ndáil le AML agus lean fíneálacha €6,550,000 astu. Ar na gnólachtaí ar cuireadh smachtbhannaí orthu, áiríodh dhá institiúid creidmheasa miondíola (Gobharnóir agus Cuideachta Bhanc na hÉireann, Allied Irish Banks, plc.), comhar creidmheasa (Comhar Creidmheasa Dhroimeanaigh Teoranta) agus árachóir trasteorann (Intesa Sanpaolo Life dac), rud a léiríonn go bhfuil comhlíontacht AML ina tosaíocht leantach don Bhanc Ceannais sna hearnálacha seirbhísí airgeadais go léir.
- Oiriúnacht & Ionracas – Geatóir: Mar chuid d'fheidhm an Bhainc Ceanais mar Gheatóir, bhí baint aige le 25 measúnú F&P in 2017. I gcás seacht gcinn de na cásanna sin, tharraing an t-iarratasóir siar a (h)iarratas le linn an phróisis. Ina theannta sin, rinne an Banc Ceannais diúltú d'iarratas ó phearsa aonair ar cheadú mar dhuine údaraithe, ar fhorais F&P, a chosaint os comhair Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (IFSAT) in 2017. Tar éis aighneachtaí a fháil ón mBanc Ceannais, tharraing an t-achomharcóir siar an t-achomharc agus dhámh IFSAT costais don Bhanc Ceannais.
- Oiriúnacht & Ionracas – Imscrúduithe: Thoirmisc an Banc Ceannais ar dhá phearsa aonair aon ról a shealbhú choíche san earnáil seirbhísí airgeadais. Is ionann na cineálacha toirmisc seo agus an toradh is tromchúisí ar imscrúdú F&P.

Eisíonn an Banc Ceannais ráitis phoiblí tar éis dó bearta forfheidhmiúcháin a chur i gcrích. Tá na ráitis sin fíorthábhachtach maidir leis an straitéis i leith díspreagadh inchreidte a chur i bhfeidhm. Cinntíonn siad go n-oibríonn forfheidhmiú ar mhodh trédhearcach ina gcuirtear in iúl don earnáil airgeadais agus do thomhaltóirí cad iad na saincheisteanna atá sainaitheanta, conas nár shroich gnólacht nó duine aonair an caighdeán a rabhthas ag súil leis, cén fáth gur glacadh freagairt rialála ar leith agus cad iad na ceachtanna atá ar fáil i gcoitinne mar thoradh ar an gcás lena mbaineann.

**BOSCA 8**

### Smachtbhannaí - Sáruithe ar an Acht um Cheartas Coiriúil

Chuir an Banc Ceannais fíneáil ar Ghobharnóir agus ar Chuideachta Bhanc na hÉireann (BOI) i mí Bealtaine 2017, chomh maith le hiomardú a thabhairt dó, mar gheall ar 12 shárú ar an Acht um Cheartas Coiriúil 2010. Ba é sin an tríú beart forfheidhmiúcháin a rinne an Banc Ceannais mar gheall ar mhainneachtainí AML/CFT ag banc miondíola.

Mar thoradh ar an imscrúdú a rinne an Banc Ceannais, sainaithníodh easnaimh shuntasacha i gcreat AML/CFT an ghnólachta, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Measúnacht neamhdhóthanach ar rioscaí
- Moilleanna maidir le hidirbhearta amhrasta a thuairisciú
- Laigí i mbeartais agus i nósanna imeachta an ghnólachta maidir le dícheall cuí custaiméara, airgeadas trádála agus baincéireacht chomhfhreagrach.

Léirigh an fhíneáil arbh ionann í agus €3,150,000 líon mór agus raon na sáruithe a nochtadh, an riosca níos airde ML/TF a bhaineann leis an earnáil baincéireachta miondíola agus ról lárnach BOI i gcóras seirbhísí airgeadais na hÉireann.

## Cásanna atá á bhFiosrú

Maidir leis an éisteacht shubstainteach ó bhéal i leith an Fhiosrúcháin faoi sháruithe rialála líomhnaithe ag INBS agus ag cúigear pearsana a bhí bainteach lena bhainistíocht roimhe seo, cuireadh tús leis ag deireadh na bliana 2017 agus leanfaidh sé ar aghaidh le linn na bliana 2018. Tá an tUas. Michael Fingleton, iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin INBS i measc na ndaoine a bhfuil breithniú á dhéanamh ag an bhFiosrúchán ar a iompar.

Maidir leis an bhFiosrúchán i ndáil le sáruithe líomhnaithe rialála ag Quinn Insurances Limited (QIL) agus ag beirt phearsana a bhí bainteach lena bhainistíocht roimhe seo, leanadh ar aghaidh leis le linn na bliana 2017. Thionscain an tUas. Liam McCaffrey agus an tUas. Kevin Lunney imeachtaí agus iad ag féachaint le cur i gcoinne an Fhiosrúcháin ar fhorais éagsúla. D'éist an Ard-Chúirt na himeachtaí sin i Meitheamh 2017 agus, sa deireadh, rinne sí na hagóidí go léir a bhí tionscanta a dhíbhe á dhaingniú go bhfuil próiseas an Fhiosrúcháin bunreachtúil agus gur cumhacht dhlíthiúil í cumhacht an Bhainc Ceannais chun a chostais maidir leis an imscrúdú agus maidir leis an bhFiosrúchán a ghnóthú.

## Forbairt Beartais Rialála

**Tá sé ríthábhachtach go mbeidh creat rialála éifeachtach, ardchaighdeáin ann chun a chinntiú go n-oibríonn gnólachtaí rialáilte réir caighdeáin arda.  Soláthraíonn sé an bonn chun maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar phríomhphrionsabail a bhaineann le fóntacht eagraíochtúil agus airgeadais, le cosaint tomhaltóirí agus le margaí a fheidhmíonn go héifeachtach.**

Tá an Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais (CEMA) comhdhéanta de na trí Údarás Maoirseachta Eorpacha (ÚMEanna) - an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), agus iad ag obair laistigh de líonra údarás náisiúnta inniúil (NCAanna), is é sin le rá, Comhchoiste na ÚMEanna agus an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS). Tá léiriú ar struchtúr na n-institiúidí sin le fáil thíos (féach Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta 2017 chun tuairisc iomlán a fháil ar ról an Bhainc Ceannais sa Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais i gcoitinne, rud atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais).




Foinse: An Coimisiún Eorpach

Tá ról gníomhach ag an mBanc Ceannais i líonraí agus i meithleacha chun eolas agus taithí a chomhroinnt d'fhonn rialáil ardchaighdeáin a sholáthar i dtaca le cúrsaí stuamachta agus cúrsaí tomhaltóra de. Tá ról tábhachtach ag an rannpháirtíocht sin maidir le faireachán agus anailís a dhéanamh ar fhorbairtí ar an leibhéal Eorpach agus maidir lena chinntiú go mbíonn sruth éifeachtach faisnéise ann ar fud an Bhainc Ceannais.

San earnáil baincéireachta, is é BCE atá freagrach as maoirseacht agus comhlíontar an fhreagracht sin trí SMA ina gcuimsítear BCE agus NCAanna. San earnáil árachais agus in earnáil na margaí, is iad NCAanna atá freagrach as maoirseacht agus iad ag oibriú mar chuid den timpeallacht rialála fhorleathan Eorpach.

Ghlac an Banc Ceannais páirt freisin in obair na dtrí ÚME agus FinCoNet maidir le cosaint tomhaltóirí agus nuálaíocht airgeadais d'fhonn tionchar a imirt ar chruth na cosanta tomhaltóirí amach anseo.

## PRISM - Creat Maoirseachta Riosca-Bhunaithe an Bhainc Ceannais

Sa bhliain 2017, lean an Banc Ceannais d'fhorbairt agus d'fheabhas a chur ar a chreat maoirseachta riosca-bhunaithe (PRISM) agus ar uirlisí gaolmhara TF a úsáidtear le haghaidh maoirseachta ar ghnólachtaí.  I dtaca leis sin de, rinne sé múnla nua rannpháirtíochta laistigh de PRISM a chur ar fáil do Chlárlann na gComhar Creidmheasa i mí na Nollag 2017.

Faoi chreat PRISM, áirítear athbhreithnithe rialta um dheimhniú cáilíochta a dhéanamh chun measúnacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht maoirseachta an Bhainc Ceannais le gnólachtaí rialáilte. Tríd an obair um dheimhniú cáilíochta féachtar lena chinntiú go ndéantar rioscaí i ngnólachtaí a shainaithint, a thuiscint agus a mhaolú i gceart ar mhodh tráthúil agus go ndéantar comhréireacht agus cáilíocht na gcinntí agus na mbreithiúnas maoirseachta a choimeád ar bun.

Chríochnaigh an Banc Ceannais sraith Measúnachtaí sonracha Rioscaí Timpeallachta (ERAanna).  Cabhraíonn ERAanna le bainisteoirí sinsearacha agus le maoirseoirí agus iad i mbun a measúnachtaí réamhbhreathnaitheacha ar ghnólachtaí rialáilte. Ba phríomhspreagthóirí i leith ERAanna sa bhliain 2017 iad tionchar Brexit, forbairtí rialála, luacháil an mhargaidh airgeadais, éagobhsaíocht pholaitiúil, agus an geilleagar intíre agus geilleagair idirnáisiúnta.

## Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra

I gcomhar le BCE agus leis na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta eile (NCAanna), tá an Banc Ceannais freagrach as a áirithiú go bhfuil córais íocaíochta, socraíochta agus airgeadra sábháilte, athléimneach agus éifeachtúil agus nach bhfuil rochtain ar na córais sin srianta. Cinntíonn an Banc Ceannais freisin go soláthraítear nótaí bainc agus monaí agus seirbhísí gaolmhara airgeadra eile don phobal, rud atá mar phríomhghné de na córais íocaíochta.

### Beartas agus Formhaoirseacht maidir leis na Córais Íocaíochta agus Socraíochta Urrús

I measc oibleagáidí reachtúla an Bhainc Ceannais, áirithítear go bhfuil bonneagar náisiúnta sábháilte, éifeachtúiln íocaíochta agus socraíochta ag Éirinn. Tá gnéithe intíre agus gnéithe Eurochórais i gceist leis an ról sin. Is iad na córais íocaíochta atá in úsáid in Éirinn faoi láthair córas ollsocraíochtaí fíorama (RTGS) Target2 le haghaidh íocaíochtaí ardluacha, córas uile-Eorpach STEP2 le haghaidh ríomhíocaíochtaí miondíola agus Cuideachta Imréitigh Íocpháipéir na hÉireann (IPCC) le haghaidh ionstraimí íocaíochta páipéarbhunaithe.

I rith na bliana 2017, cuireadh measúnacht fhormhaoirseachta i gcrích maidir le IPCC agus rinneadh bearta leantach a chomhaontú agus a chur i gcrích. Cumasóir tábhachtach don Bhanc Ceannais, i dtéarmaí a oibleagáid maidir leis na córais sin a chomhlíonadh ab ea caidreamh maith oibre a chothú le príomhpháirtithe leasmhara amhail BCE, NCAanna Eurochórais eile, Cónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí Éireann (BPFI - an comhlacht ionadaíoch don tionscal íocaíochtaí in Éirinn) agus an Roinn Airgeadais. Lean an Banc Ceannais de na caidrimh sin go léir a chothabháil agus a fhorbairt tuilleadh le linn na bliana 2017.

Ar na saincheisteanna a tháinig chun cinn in 2017 i ndáil le córais íocaíochta, ba dhíol suntais é tabhairt isteach 'íocaíochtaí meandracha' arna n-ainmniú in euro. I mí na Samhna 2017, tháinig Aistriú Meandrach Creidmheasa SEPA na Comhairle Eorpaí um Íocaíochtaí (SCT Inst) i ngníomh lenar éascaíodh aistrithe creidmheasa san euro in airgead bainc tráchtála suas go méid uasta €15,000 in aghaidh an idirbhirt, agus an t-airgead a bheith ar fáil i gcuntas an fhaighteora laistigh de dheich soicind. Murab ionann agus aistriú creidmheasa SEPA (SCT) agus scéimeanna dochair dhírigh (SDD) SEPA, níl rannpháirtíocht soláthraithe seirbhísí íocaíochta sa SCT Inst éigeantach agus chinn pobal baincéireacht na hÉireann gan dul isteach sa scéim i láthair na huaire. Dá ainneoin sin, lean an Banc Ceannais forbairt SCT Inst le linn 2017 ar leibhéal an Eurochórais chun go mbeadh sé cothrom le dáta leis an bhforbairt thábhachtach seo. Go háirithe, d'éascaigh an Banc Ceannais cur i láthair ó BCE do mhargadh na hÉireann maidir lena Sheirbhís nua Socraíochta Meandraí Íocaíochtaí TARGET lena gcuirfear ar fáil socraíocht dho-chúlghairthe le haghaidh íocaíochtaí meandracha in airgeada bainc ceannais ar bhonn 24/7/365 agus bhí rannpháirtíocht rialta aige le pobal baincéireachta na hÉireann ar an ábhar seo i gcoitinne.

Maidir le córais socraíochta urrús, soláthraíonn Euroclear UK and Ireland (EUI) an bonneagar a úsáidtear chun trádálacha i gcothromais Éireannacha a shocrú agus socraíonn Euroclear Bank trádálacha i mbannaí Rialtas na hÉireann. Is iad Banc Shasana agus Banc Náisiúnta na Beilge na príomh-fhormhaoirseoirí ar na bonneagair sin faoi seach agus bhí teagmháil leanúnach rialta ag an mBanc Ceannais leis an dá údarás sin le linn na bliana 2017 maidir le formhaoirseacht ar EUI agus ar Euroclear Bank. Ina theannta sin, lean an Banc Ceannais de pháirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm beartas agus caighdeán formhaoirseachta i ndáil le córais íocaíochta agus socraíochta urrús i gcoitinne le linn na bliana 2017. Cuirtear a chuid oibre sa réimse seo i gcrích trí rannpháirtíocht ghníomhach chomhaltaí foirne an Bhainc Ceannais i ngrúpaí/i gcruinnithe iomchuí idirnáisiúnta, amhail grúpaí/cruinnithe de chuid Choiste CEBC um Bonneagar Margaidh agus Íocaíochtaí (MIPC) agus a chuid meithleacha gaolmhara, is é sin, BCE agus an Coimisiún Eorpach.

**BOSCA 9**

### Saincheisteanna a bhaineann le córais socraíochta urrús

Sa bhliain 2017, dhírigh an Banc Ceannais aird shuntasach ar dhá shaincheist a bhaineann le córais socraíochta urrús. Ba é a bhí sa chéad cheann díobh sin ná Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús nó CSDR) arb é is aidhm dó gnéithe áirithe de thimthriall socraíochta urrús/den disciplín socraíochta a chomhchuibhiú agus sraith ceanglas comónta a chur ar fáil do thaisclanna lárnacha urrús (CSDanna) atá ag feidhmiú in AE. Ba é a bhí sa dara ceann ná 'Brexit' a bhfuil impleachtaí aige maidir le córas EUI atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe a bheith á úsáid ag Éirinn chun trádálacha i gcothromais Éireannacha a shocrú. Níl aon chóras dúchasach socraíochta urrús ag Éirinn agus, dá bhrí sin, braitheann sí ar chóras CREST a oibríonn EUI chun trádálacha in urrúis chorparáideacha Éireannacha a réiteach ar Stocmhalartán na hÉireann (ISE); dá bhrí sin, in éagmais socruithe idirthréimhseacha, ní fhéadfaí socraíocht a dhéanamh trí EUI a thuilleadh tar éis dheireadh mhí an Mhárta 2019. Mar iarracht chun an margadh a spreagadh chun seasamh níos réamhghníomhaí a ghlacadh ó thaobh réiteach a mholadh/thairiscint, d'eisigh an tAire Airgeadais ráiteas ar an 27 Iúil 2017 á iarraidh go ndéanfar iarratas ar údarú chun taisclann lárnach urrús (CSD) a bhunú in Éirinn.

Measann an Banc Ceannais go bhfuil soláthar leanúnach seirbhísí éifeachtacha socraíochta urrús thar a bheith tábhachtach do mhargadh na hÉireann. Ina cháil mar údarás inniúil faoi Rialachán CSD, déanann an Banc Ceannais teagmháil leis na páirtithe leasmhara go léir agus tá sé réidh chun measúnacht a dhéanamh ar aon iarratais ar údarú.

## Córas Íocaíochtaí TARGET2

Is é atá in TARGET2 ná córas íocaíochta i leith próiseáil fíorama lena ndéantar próiseáil fíor-ama ar aistriú íocaíochtaí ar fud an Aontais Eorpaigh. Sa bhliain 2017, phróiseáil córas TARGET2 os cionn 181 idirbheart inar cuimsíodh 89.5, idirbheart RTGS agus 91.6m idirbheart ar Shainchuntais Airgid Thirim (DCAanna) - agus baineann an ceann is deireanaí atá luaite le hUrrúis TARGET2[19] (T2S).

B'ionann agus 348.534 meántoirt laethúil na n-idirbheart RTGS agus, i gcás DCAanna, b'ionann í agus 356.261. Tá an méadú ar RTGS 1.7% níos airde anois i gcomparáid leis an mbliain 2016 agus tá méadú 209% tagtha ar idirbhearta T2S – tá an méadú ar fhigiúirí T2S inchurtha don aistriú atá déanta ag roinnt tíortha chuig an ardán i rith na bliana[20] agus, chomh maith leis sin, eolas níos fearr ar an gcóras sna tíortha sin a d'aistrigh chuige roimh an mbliain 2017[21].

Maidir le luach iomlán na n-idirbheart RTGS, tháinig laghdú beagnach 2.5% air i gcomparáid leis an mbliain 2016, is é sin, go dtí €435tn agus bionann an meánluach laethúil agus €1.69tn. I gcodarsnacht leis sin, tháinig méadú ar luach íocaíochtaí a bhaineann le T2S, is é sin, méadú os cionn 79% ó €78.06bn sa bhliain 2016 go dtí níos mó ná €140bn sa bhliain 2017.

Rinne comhchuid na hÉireann de TARGET2, is é sin, TARGET2-IRELAND, próiseáil ar chorradh beag le 839,000 idirbheart; b'ionann sin agus laghdú beagnach 2.8% i gcomparáid leis an mbliain 2016. Maidir le luach na n-idirbheart a próiseáladh trí chomhchuid na hÉireann, tháinig laghdú beagnach 1.82% air go dtí luach iomlán €3.289tn. Sa bhliain 2017, tháinig méadú ar an líon rannpháirtithe díreacha i modúl íocaíochtaí TARGET2-Ireland ó 1 go dtí 15.

Níl aistriú chuig T2S déanta ag Éirinn fós de bharr easpa éilimh ó mhargadh na hÉireann maidir le rochtain a fháil ar an ardán agus, dá bhrí sin, baineann na sonraí go léir a luaitear le gnáth-idirbhearta RGDS TARGET2. Tá tionscadal ar siúl faoi láthair sa Bhanc Ceannais chun rochtain ar an ardán a thabhairt do mhargadh na hÉireann.

Cheadaigh an Chomhairle Rialaithe dhá thionscadal thábhachtacha Eurochórais i réimse an bhonneagair íocaíochta sa bhliain 2017. Ba é a bhí sa chéad cheann díobh ná forbairt Shocraíocht Íocaíochta Láithrí TARGET (TIPS) - is é sin le rá, seirbhís a chumasóidh do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta aistrithe ciste a thairiscint i bhfíoram ar feadh 24 huaire an chloig sa lá agus ar feadh 365 lá sa bhliain, ar seirbhís í atá le cur i ngníomh i mí na Samhna 2018. Is é atá sa dara ceann ná tionscadal comhdhlúthúcháin T2/T2S. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal sin ardán RTGS a chur ar fáil amach anseo ar ardán é a chomhdhlúthóidh agus bharrfheabhsóidh soláthar sheirbhísí TARGET2 agus T2S. Tá sé le cur i ngníomh i R4 2021.

[19] Is é atá in T2S (TARGET2-Securities) inneall socraithe urrús Eorpach a thairgeann socraíocht lárnaithe seachadadh-versus-íocaíocht (DvP) in airgead bainc ceannais thar na margaí urrús Eorpacha go léir. Tharla athrú CSDanna chuig ardán T2S i gcúig chéim idir Meitheamh 2015 agus Meán Fómhair 2017.
[20] D'aistrigh an Ghearmáin, an Spáinn, an Ostair, an Ungáir, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus na náisiúin Bhaltacha le linn 2017.
[21] Go háirithe an Fhrainc, an Bheilg, Lucsamburg agus an Ísiltír a d'aistrigh chuige i Meán Fómhair 2016 .

## Seirbhísí Baincéireachta

Cuireann an Banc Ceannais raon seirbhísí baincéireachta ar fáil don Rialtas agus do chustaiméirí eile.  Ina measc siúd, áirítear cothabháil a dhéanamh ar Chuntas an Státchiste agus ar chuntais eile a thagann faoi shainchúram an Aire Airgeadais (amhail na Coimisinéirí Ioncaim, Oifig na nOibreacha Poiblí, an Pámháistir Ginearálta agus NTMA).  Tá freagracht air as cothabháil cuntas comhfhreagrach thar ceann BCNanna eile agus thar ceann institiúidí amhail an Coimisiún Eorpach agus Banc Forbartha na hÁise. Ina theannta sin, riarann an Banc Ceannais na hidirbhearta airgeadais go léir idir Éire agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta lena n-áirítear suibscríbhinní cuóta a íoc agus próiseáil a dhéanamh ar aon eisíocaíochtaí agus aisíocaíochtaí chuig an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, chuig an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF) agus chuig an Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM).

An 20 Nollaig 2017, tar éis treoir a fháil ó NTMA, rinne an Banc Ceannais an t-iarmhéid iomlán a bhí gan íoc i leith iasacht €4.5bn na hÉireann ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta a aisíoc go hiomlán.

## Clár na mBannaí

Ina ról mar Chláraitheoir, déanann an Banc Ceannais íocaíochtaí díbhinne agus fuascailte le sealbhóirí cuntais ar bhannaí arna n-eisiúint ag NTMA agus ag an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe (HFA).  Is é Euroclear Bank atá lonnaithe sa Bheilg a shocraíonn idirbhearta i leith Bhannaí Rialtas na hÉireann.

Ag deireadh na bliana 2017, b'ionann luach ainmniúil na mbannaí sa Chlár agus €127bn, is é sin méadú €5.3bn i gcomparáid leis an luach a bhí amuigh ag deireadh na bliana 2016 (€121.7bn).  Tháinig banna amháin (5.50%) in aibíocht i rith na bliana 2017 agus, mar thoradh air sin, rinneadh íocaíochtaí fuascailte €6.2bn.  D'eisigh NTMA dhá bhanna nua le linn na bliana arbh ionann a luach agus €8.7bn (0% 2022 agus 1.7% 2027).  Bhí banna amháin de chuid na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe (HFA) ann atá ceaptha teacht in aibíocht sa bhliain 2018.

An 20 Nollaig 2017, tar éis treoir a fháil ó NTMA, rinne an Banc Ceannais an t-iarmhéid iomlán a bhí gan íoc i leith iasacht €4.5bn na hÉireann ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta a aisíoc go hiomlán.

## Eisiúint agus Táirgeadh Airgeadra

### Nótaí Bainc

Sa bhliain 2017, chuir an Banc Ceannais 269m nóta bainc ar fáil don mhargadh. B'ionann é sin agus méadú 18% ar an 328m nóta bainc a eisíodh sa bhliain 2016.

**TÁBLA 1**

Eisiúintí nótaí bainc

| Líon na Nótaí Bainc (m) | | | Luach €m | |
|---|---|---|---|---|
| Ainmníocht | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 |
| €5 | 49 | 54 | 245 | 272 |
| €10 | 44 | 61 | 437 | 608 |
| €20 | 47 | 77 | 934 | 1,537 |
| €50 | 129 | 135 | 6,466 | 6,749 |
| €100 | 1 | 1 | 55 | 67 |
| €200* | 0 | 0 | 3 | 8 |
| €500* | 0 | 0 | 21 | 41 |
| **Iomlán** | **269** | **328** | **8,162** | **9,282** |

Nóta: Seans nach suimeoidh na figiúirí toisc gur slánaíodh iad

*Líon beacht na nótaí bainc a eisíodh:

| 2017 | 2016 |
|---|---|
| €200: 17,000 | €200: 38,050 |
| €500: 42,000 | €500: 81,025 |

## Sraith Nótaí Bainc Europa

Rinneadh an ceathrú nóta bainc i Sraith Europa 2 (ES2), is é sin an nóta €50, a sheoladh an 4 Aibreán 2017, mar chuid de thabhairt isteach céimnithe shraith nótaí bainc Europa. Tá sraith ES2 i gcúrsaíocht i gcomhthráth leis an gcéad sraith (ES1) de nótaí bainc euro. Ós rud é go leanfaidh nótaí bainc ES1 de bheith ina ndlíthairiscint, coimeádfaidh siad a luach agus is féidir iad a mhalartú ar feadh tréimhse gan teorainn in BCNanna an Eurochórais. Is iad na nótaí bainc €100 agus €200 na hainmníochtaí deiridh a eiseofar i sraith Europa seo.

## Boinn

Agus é ag gníomhú mar ghníomhaire don Aire Airgeadais, d'eisigh an Banc Ceannais 58m bonn i gcúrsaíocht sa bhliain 2017. Is ionann é sin agus méadú 54% ar líon na mbonn (125m bonn) a eisíodh sa bhliain 2016.

**TÁBLA 2**

Eisiúintí Bonn

| Líon na mBonn (m) | | | Luach €m | |
|---|---|---|---|---|
| Ainmníocht | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 |
| 1c | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 2c | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 5c | 29 | 39 | 1 | 2 |
| 10c | 2 | 26 | 0 | 3 |
| 20c | 6 | 26 | 1 | 5 |
| 50c | 6 | 12 | 3 | 6 |
| €1 | 5 | 9 | 5 | 9 |
| €2 | 10 | 14 | 21 | 29 |
| **Iomlán** | **58** | **126** | **31** | **53** |

Nóta: Seans nach suimeoidh na figiúirí toisc gur slánaíodh iad

Leanadh de bheith ag obair leis an tionscal (mar shampla, bainc mhiondíola agus cuideachtaí CIT) chun spreagadh a dhéanamh i leith smacht níos déine maidir le bainistíocht stoc ag custaiméirí agus, ar an dóigh sin, íoslaghdú a dhéanamh ar eisiúint bonn gan ghá. Rinneadh leibhéil stoc tagarmharcála le haghaidh bhoinn 1c agus 2c a athailíniú chun freagairt d'éileamh níos ísle ar na boinn sin tar éis an córas slánaithe saorálach a thabhairt isteach. Rinneadh stoc farasbairr bhoinn 1c agus 2c a mhalartú le Ballstáit eile agus, mar thoradh air sin, tharla an mhalairt bonn is mó riamh san Eoraip. Mhol Uachtarán Chomhchoiste na mBonn Euro iarrachtaí an Bhainc Ceannais maidir leis an socrú seo ó thaobh an rannchuidiú atá déanta aige maidir le laghdú foriomlán ar stoic farasbairr bonn.

Déantar imeachtaí suntasacha a bhaineann le stair, oidhreacht agus cultúr na hÉireann a chomóradh trí bhoinn chomórtha Éireannacha a eisiúint thar ceann an Aire Airgeadais. Sa bhliain 2017, eisíodh cúig bhonn chomórtha ar gineadh 33,000 díolachán ina leith. Rinneadh cainéal díolacháin ar líne le haghaidh tairiscintí bonn, agus é ar fáil 24/7, a sheoladh i mí Lúnasa 2017. Tá an córas sin tar éis feabhas a chur ar idirghníomhú custaiméara agus ar bhainistíocht sonraí agus neartaíodh an chomhlíontacht i dtaca le Caighdeáin an Tionscail Cártaí Íocaíochta (PCI), i dtaca le caighdeáin Cosanta Sonraí agus le hAcht na dTeangacha Oifigiúla.

Foireann na Bliana 2017




## Foireann na Bliana

Le Foireann na Bliana 2017, arbh í an chuid deiridh den tsraith 'Náisiún Oileánda' í, tugadh ómós don obair fhíorthábhachtach a dhéanann Gardaí Cósta na hÉireann agus Tithe Solais na hÉireann. Bhí an tsraith le heisiúint i mí an Mhárta 2017 ach coinníodh siar í tar éis chailleadh tragóideach chriú Rescue 116 an 14 Márta 2017.

Tar éis na tragóide sin, mhol Coimisiún an Bhainc Ceannais gur ceart na fáltais ó dhíol Fhoireann na Bliana 2017 a dheonú do charthanas ainmnithe agus d'aontaigh an tAire leis an moladh sin. Roghnaíodh RNLI (Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála) mar phríomhthairbhí ina leith sin ós rud é go bhfuil a cuid oibre ailínithe go dlúth le hobair Ghardaí Cósta na hÉireann agus Choimisinéirí Soilse na hÉireann. Tá breis agus €82,000 ar fáil sna cistí lena ndeonú. Is é €74,000 an méid tosaigh a thabharfar do RNLI chun tionscadail a mhaoiniú. Tá 10% eile de na cistí iomlána á choimeád ag an mBanc Ceannais chun freastal ar thionscnamh cuimhneacháin pobail a thiocfadh chun cinn agus a d'fhéadfaí a mhaoiniú le díol na mbonn seo. Más rud é nach dtagann tionscnamh chun cinn laistigh de thréimhse dhá bhliain, tabharfar na cistí don RNLI le haghaidh tionscadail Éireannacha. Tá an Banc Ceannais ag obair go dlúth le RNLI chun tionscadail chuí a aimsiú ar mhaithe le cistí a dhíriú chucu. Baineann an príomhthionscadal le maoiniúchán do shoitheach tarrthála a bheidh lonnaithe sa Bhaile Glas, Co. Mhaigh Eo. Bainfear úsáid as iarmhéid an deonacháin chun íoc as trealamh báid tarrthála agus as oiliúint chriú.

## Timthriall Airgid na hÉireann

Trína chlár rannpháirtíochta leis na príomhpháirtithe leasmhara sa timthriall airgid, leanann an Banc Ceannais d'éifeachtúlachtaí i dtimthriall airgid na hÉireann a chur chun cinn. Tá Comhaontuithe Leibhéil Seirbhíse curtha ar bhonn foirmiúil leis na ceithre phríomhdháileoirí rud a sholáthraíonn bonn daingean ar dá réir a bheifear in ann tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chúrsaí straitéise agus formhaoirseachta i ndáil leis an Timthriall Airgid Náisiúnta. Leanann an Banc Ceannais de chabhair a thabhairt don Ghrúpa Teagmhasach um an Timthriall Airgid Náisiúnta d'fhonn athléimneacht fhoriomlán an timthrialla airgid a fheabhsú, agus d'fhonn faireachán a dhéanamh air sin.

## Comhairle Eacnamaíoch agus Staidreamh

**Tugann an Banc Ceannais faoi anailís eacnamaíoch, faoi thaighde, faoi bhailiú sonraí agus faoi anailís staidrimh, ar gníomhaíochtaí iad sin atá ceaptha chun eolas a chur ar fáil le linn beartas eacnamaíoch a fhoirmiú ar leibhéal intíre agus ar leibhéal an limistéir euro. Déantar torthaí na ngníomhaíochtaí sin a scaipeadh trí fhoilseacháin éagsúla, trí sheimineáir agus trí chaidreamh leanúnach le ranna rialtais, leis an saol acadúil agus le tráchtairí.**

### Anailís agus Tráchtaireacht Eacnamaíoch

Tá ról tábhachtach ag an mBanc Ceannais i bhfoirmiú beartas eacnamaíoch náisiúnta fianaise-bhunaithe trí chomhairle eacnamaíoch neamhspleách a chur ar fáil trí bhíthin tráchtaireachtaí rialta, réamhaisnéisí, taighde agus staidreamh airgeadais ardchaighdeáin. Cuireadh an t-ábhar lena mbaineann in iúl trí fhoilseacháin agus trí pháipéir thaighde, trí irisleabhair intíre agus idirnáisiúnta, trí ráitis agus trí óráidí arna dtabhairt ag an nGobharnóir agus ag daoine eile de chuid na hardbhainistíochta agus trí rannpháirtíocht i gcomhdhálacha agus i seimineáir.

Go hinmheánach, chuir an anailís agus taighde eacnamaíoch ionchur tábhachtach ar fáil i ndáil le measúnachtaí leanúnacha ar chobhsaíocht airgeadais agus le hathbhreithnithe macrastuamachta. Laistigh den Eurochóras, rannchuidigh an Banc Ceannais le cleachtaí um réamhaisnéisiú maicreacnamaíoch agus le soláthar comhairle beartais agus anailíse eacnamaíche comhtheagmhasaí.

Tugadh sé cinn de chleachtaí réamhaisnéise maicreacnamaíche chun críche le linn na bliana: seoladh dhá cheann díobh sin i gcomhthéacs Chleachtadh an Eurochórais um Réamh-Mheastachán Leathan Maicreacnamaíoch agus foilsíodh na ceithre cinn eile i bhFeasachán Ráithiúil an Bhainc Ceannais. De bhreis air sin, ghlac an Banc Ceannais páirt i bhfóraim eile réamhaisnéise agus beartais e.g. an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus AE; agus chuaigh sé i gcomhairle le misin leathbhliantúla chuartaíochta Páirtithe Seachtracha[22], le gníomhaireachtaí rátála agus le dreamanna eile nach iad.

Leanadh leis an obair chun sraith múnlaí maicreacnamaíocha nua-aimseartha a fhorbairt do gheilleagar na hÉireann, ar múnlaí iad a bheadh oiriúnach d'anailís beartais. Forbraíodh croímhúnla DSGE[23] ina raibh gnéithe mionsonraithe macra-airgeadais agus mhargadh an tsaothair agus feabhsaíodh é trí fhomhúnlaí aistrithe agus fioscacha a chur leis. Baineadh úsáid as an múnla chun tacú le hanailís mhaicreacnamaíoch agus mhacrastuamachta agus úsáideadh é chun measúnacht a dhéanamh ar bheartais mhacrastuamachta éagsúla, lena n-áirítear na rialacha morgáiste agus na cúlchistí fritimthriallacha. Rinneadh múnla struchtúrach eacnaiméadrach do gheilleagar na hÉireann, COSMO[24], a fheabhsú freisin. Baineadh úsáid as freisin chun anailís beartais macrastuamachta a dhéanamh, chun measúnú a dhéanamh ar thionchar ionchasach Brexit agus, i dtéarmaí níos ginearálta, chun cumas anailíse agus réamhaisnéise eacnamaíche an Bhainc Ceannais a fheabhsú.

[22] An Coimisiún Eorpach, CAI agus BCE
[23] Múnla dinimiciúil stocastach na cothromaíochta ginearálta
[24] Croímhúnla struchtúrach

D'fhonn tionchar tosca seachtracha ar gheilleagar beag oscailte a chur san áireamh, leantar d'úsáid a bhaint as COSMO i gcomhar le múnla eacnaiméadrach domhanda NiGEM , atá forbartha ag an Institiúid Náisiúnta Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (NIESR) sa Ríocht Aontaithe. Trí leas a bhaint as an gcur chuige sin, déantar na torthaí ó chásanna idirnáisiúnta a ghintear in NiGEM[25] a úsáid mar ionchur i COSMO chun a chinntiú go ndéanfar éifeachtaí domhanda agus idirnáisiúnta a ionchorprú ar mhodh comhréireach.

Foilsíodh dhá cheann déag de pháipéir theicniúla taighde sa bhliain 2017 agus tá na páipéir sin ar fáil lena n-íoslódáil ina n-iomláine ó shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais. I measc na dtéamaí a scrúdaíodh sna páipéir sin, áirítear na nithe seo a leanas: réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha; díghiaráil; riosca comhthaobhachta FBM; múnlú turraingí maicreacnamaíocha domhanda agus intíre; saincheisteanna i ndáil le traschur airgeadaíochta; agus spreagthóirí rioscaí sistéamacha i mbainc san Eoraip.

Eisíodh sé cinn déag de Litreacha Eacnamaíocha sa bhliain 2017 agus tá na Litreacha sin ar fáil lena n-íoslódáil ó shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais freisin. I measc na n-ábhar a chlúdaítear sa tsraith sin, áirítear na nithe seo a leanas: bearnaí sa mhargadh saothair; traschur ráta malairte chuig praghsanna; an tslí ina ndéileáiltear le gnólachtaí domhanda sna Cuntais Náisiúnta; leochaileacht airgeadais FBManna na hÉireann; scrúdú ar mhodhnuithe morgáiste; agus caidreamh iasachtaí-iasachtóra i leith riaráistí morgáiste. Bhain roinnt Litreacha leis an athbhreithniú ar na rialacháin macrastuamachta i margadh na morgáistí.

Ina theannta sin, rinne an Banc Ceannais roinnt alt sínithe a bhain le hábhar eacnamaíochta agus staidrimh a fhoilsiú san Fhaisnéis Ráithiúil atá ar fáil lena híoslódáil freisin. I measc na n-ábhar a scrúdaíodh sna hailt sin, áiríodh na nithe seo a leanas: an margadh saothair agus fás pá; bearta neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta agus cláir chomhardaithe bhainc ceannais an Eurochórais; agus an tionscal léasaithe aerárthaí in Éirinn.

Leanadh de pháirt ghníomhach a ghlacadh i gcreataí taighde éagsúla lena ndéantar scrúdú ar airgeadas teaghlaigh, ar bhaincéireacht idirnáisiúnta, ar shocrú pá agus ar mhúnlú eacnaiméadrach. Lean baill foirne de chuid an Bhainc Ceannais d'ábhar a fhoilsiú in irisí a ndéantar athbhreithniú piaraí orthu agus tá cur i láthair déanta acu os comhair cuid mhór comhdhálacha agus institiúidí intíre agus idirnáisiúnta.

[25] Múnla Eacnaiméadrach Domhanda na hInstitiúide Náisiúnta

**BOSCA 10**

## Ionchas Eacnamaíoch na hÉireann

Tá geilleagar na hÉireann ag feidhmiú go maith i gcónaí agus tá buacacht na gníomhaíochta eacnamaíche intíre mar aon le timpeallacht fheabhsaithe an fháis idirnáisiúnta ag tacú leis an bhfeidhmíocht sin. Ó thaobh cúrsaí intíre de, tugann fás láidir, leathan ar fhostaíocht, go háirithe ar fhostaíocht lánaimseartha, spreagadh d'ioncaim, agus tá an spreagadh sin á neartú tuilleadh le méadú ar fhás pá agus le borradh breise faoin bhfíorchumhacht ceannaigh de thoradh boilsciú maolaithe. I dteannta le tionchar dearfach na ngnóthachan seo, tá an bhunghníomhaíocht eacnamaíoch ag tairbhiú de dhálaí fabhracha leanúnacha airgeadais agus den fheabhsúchán leanúnach ar chláir chomhardaithe earnála.

De réir mar a bheidh an geilleagar ag druidim i dtreo na lánfhostaíochta, ba cheart go dtiocfaidh méadú níos tapúla ar phá. Cé go léiríonn na sonraí is déanaí méadú neamhthoirtéiseach ar an ráta fáis ar an meántuilleamh in aghaidh na huaire sa dara leath den bhliain seo caite, tá tuilleadh méaduithe réamh-mheasta don bhliain seo agus don bhliain seo chugainn inár gcuid réamhaisnéisí. I bhfianaise go meastar go mbeidh boilsciú neamhthoirtéiseach ann thar an dá bhliain atá romhainn, ciallaíonn pánna níos airde go mbeidh fíorioncaim níos airde agus fíorchumhacht ceannaigh níos airde ag teaghlaigh.

Agus sinn ag féachaint romhainn, tá an t-ionchas dearfach i gcónaí agus tuartar sa réamhaisnéis lárnach go leanfaidh an geilleagar ar chonair fhabhrach fáis. Ag an am céanna, tá sé tábhachtach go n-aithneofar luaineacht intreach gheilleagar na hÉireann ó tharla gur geilleagar ardoscailte é a bhfuil naisc fhorleathana thrádála, theicneolaíochta agus airgeadais aige le geilleagair eile. Mar sin, féadfaidh teagmhais gan choinne athbhreithnithe aníos nó anuas ar ár gcuid réamhaisnéisí a spreagadh, go háirithe i ndáil le conair fhadtéarmach an gheilleagair. Fágann sé sin gur cheart do chinnteoirí poiblí agus príobháideacha a chinntiú go mbeidh a gcuid roghanna stóinsithe i leith torthaí nach bhfuil coinne leo, agus nach mbeifear ag brath go rómhór nó go neamhréalaíoch ar ár gcuid réamhaisnéisí lárnacha.

I gcás na hÉireann, bíonn ionchais eacnamaíocha foriomlána á spreagadh ag cinntí gnólachtaí ilnáisiúnta maidir lena suíomh. Cé go mbeidh impleachtaí soiléire ag athchóiriú cánach na Stát Aontaithe ar oibríochtaí cisteáin ilnáisiúnaigh na Stát Aontaithe, níl an glantoradh ar dháileadh geografach ghníomhaíochtaí táirgthe na ngnólachtaí sin soiléir, i bhfianaise chineál casta, iltoiseach an dlí cánach nua. Ar bhonn níos leithne, tá sé tábhachtach go ndéanfar measúnú ar impleachtaí athruithe féideartha eile i gcórais idirnáisiúnta cánach, lena n-áirítear i ndáil le cánachas ar ghníomhaíochtaí digiteacha. Riosca idirnáisiúnta gaolmhar is ea an bhagairt don chóras trádála idirnáisiúnta má ghlactar go forleathan le bearta cosantaíocha (sainráite nó intuigthe).

AR LEAN

Bheadh athrú seasmhach ar ráta dhollar-euro ina thoisc thábhachtach freisin ó thaobh cinntí gnólachtaí ilnáisiúnta maidir lena suíomh. Cé gur cosúil go bhfuil ráta reatha dhollar-euro i gcomhréir tríd is tríd leis na buntosca, bheadh tionchar ábhartha ag dímheas substainteach, leanúnach an dollair ar chinntí maidir le suíomh amach anseo.

Agus an méid sin ar fad á chur san áireamh, ciallaíonn na hábhair imní seo maidir le trádáil, cánachas agus airgeadra gur gá faireachán leanúnach a dhéanamh ar na rioscaí ar an taobh thíos a bhaineann leis na Stáit Aontaithe agus leagann na hábhair imní sin béim ar an tábhacht a bhaineann le cinntí a ghlacadh a bheidh stóinsithe i leith torthaí díobhálacha den sórt sin.

Maidir le Brexit, ginfidh aon mhéadú ar theannas trádála idir an Ríocht Aontaithe agus AE27 laghdú ar chaighdeáin fhadtéarmacha mhaireachtála i gcomparáid leis an status quo frithfhíorasach. Go dtí seo, is trí dhímheas Steirling in aghaidh an euro atá iarmhairt mhaicreacnamaíoch Brexit le brath don chuid is mó ó thráth an reifrinn i leith. Rinne sé seo difear d'onnmhaireoirí chuig an Ríocht Aontaithe agus chuir sé le laghdú ar phraghsanna earraí in Éirinn, i bhfianaise an róil thábhachtaigh atá ag allmhairí ón Ríocht Aontaithe maidir le ciseán tomhaltais na hÉireann. Ar a shon sin, bhí geilleagar na hÉireann ábalta iarmhairt Brexit a sheasamh go dtí seo de thoradh an téarnaimh ar an éileamh intíre agus de thoradh dálaí dearfacha eacnamaíocha domhanda.

De réir mar a bheidh mí an Mhárta 2019 ag teannadh linn, tá seans ann go n-eascróidh luaineacht eacnamaíoch agus airgeadais bhreise as réiteach na héiginnteachta reatha maidir leis an gcineál caidrimh a bheidh i gceist idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach amach anseo, go háirithe más dóichí ná a mhalairt go mbeidh Brexit níos déine ann. Ar leibhéal maicreacnamaíoch, tá risíocht ar leith ann d'Éirinn i gcomparáid le tíortha eile AE27, go háirithe má bhíonn meathlú ar ionchais fáis eacnamaíoch don Ríocht Aontaithe nó má bhíonn dímheas marthanach ar luach Steirling.

De bhreis air sin, má bhíonn athrú substaintiúil ar an gcóras lena rialaítear trádáil na Ríochta Aontaithe-an Aontais Eorpaigh, beidh atreorú costasach acmhainní ann chun córais nua lóistíochta agus próiseála trádála a bhunú. Má théann na costais onnmhairithe agus allmhairithe in airde (lena n-áirítear am breise iompair agus ualaí breise riaracháin), tá seans ann go laghdóidh raon na n-earraí allmhairithe a bheidh ar fáil do thomhaltóirí na hÉireann, fad a bheidh sé níos deacra do ghnólachtaí intíre rochtain a fháil ar mhargaí onnmhairithe.

Ó thaobh an bheartais intíre, is gá gach rud a láimhseáil go cothrom. Ar thaobh amháin, éilíonn an dea-scéala maidir leis an gconair treochta do gheilleagar na hÉireann go nglacfar cinntí comhréireacha maidir le conair an chaiteachais

AR LEAN

phoiblí agus an chánachais, i bhfianaise go bhfuil acmhainn fhioscach bhreise ann chun freastal ar roghanna sóisialta maidir le soláthar seirbhísí poiblí, aistrithe méadaithe, infheistíocht leathnaithe phoiblí nó coigeartú ar an ualach cánach. Ar an taobh eile, éilíonn rioscaí ar an taobh thíos (mar aon le leibhéal an fhiachais phoiblí atá ard i gcónaí) go nglacfar cur chuige stuama lena n-aithnítear an tábhacht a bhaineann le maoláin fhioscacha a chruthú le linn tréimhsí maithe chun go bhféadfar idirghabháil fhioscach fhrith-imthriallach níos láidre a dhéanamh i gcás cor chun donais eacnamaíoch amach anseo.

Tá sé tábhachtach go dtuigfear gur féidir stuamacht fhioscach agus pleananna uaillmhianacha fioscacha a thabhairt le chéile. Ar a shon sin, is gá na fíor-chomhréitigh atá ann a aithint, go háirithe má fhilleann an margadh saothair ar lánfhostaíocht.

## Leathnú an Chreata Staidrimh

Lean an Banc Ceannais dá chreat staidrimh a leathnú i rith na bliana 2017 i gcomhréir le forbairtí laistigh den Eurochóras agus de CEBC. Tá leathnú tagtha ar chúram staidreamh CEBC le blianta beaga anuas chun tacú le feidhmeanna maoirseachta BCE agus tascanna BERS, de bhreis ar na ceanglais níos traidisiúnta maidir le beartas airgeadaíochta. Rud lárnach a bhaineann leis an leathnú seo is ea forbairt foinsí nua sonraí mionsonraithe lena n-éascaítear leathnú a dhéanamh ar aschur staidrimh ar bhealach atá éifeachtúil agus cost-éifeachtach. Gné thábhachtach den straitéis seo is ea forbairt Anacredit (bunachar sonraí mionsonraithe ina bhfuil faisnéis faoi chreidmheas agus faoi riosca creidmheasa) maidir le hiasachtaí leithleacha bainc le corparáidí agus le heintitis dhlíthiúla. Dá bharr sin, is féidir anailís dhomhain a dhéanamh ar risíochtaí agus ar leochaileachtaí banc, rud nach féidir a dhéanamh ar bhonn sonraí comhiomlánaithe. D'oibrigh an Banc Ceannais go forleathan le bainc tuairiscithe chun riachtanais agus sonraí a bheadh le tuairisciú den chéad uair san bhliain 2018 a shainiú. Eagraíodh sraith cruinnithe rialta le bainc tuairiscithe agus scaipeadh ábhar mionsonraithe eolais maidir le riachtanais tuairiscithe.

Gné thábhachtach den straitéis seo is ea forbairt Anacredit (bunachar sonraí mionsonraithe ina bhfuil faisnéis faoi chreidmheas agus faoi riosca creidmheasa) maidir le hiasachtaí leithleacha bainc le corparáidí agus le heintitis dhlíthiúla.

Leanadh den obair ar an tionscadal gaolmhar maidir le Clár na mBunachar Sonraí Cleamhnaithe (RIAD) arb é atá ann clár mionsonraithe d'institiúidí airgeadais atá á leathnú anois chun gach corparáid agus gach eintiteas dlíthiúil, ar contrapháirtithe i leith iasachtaí bainc iad, a chlúdach. Tá gá leis an leathnú sin chun tacú le tionscadal Anacredit. Cuirfear na chéad sonraí ar fáil i dtús na bliana 2018 agus tá bunachar sonraí BCE le bheith i ngníomh faoi mhí Aibreáin 2018.

Maidir le leathnú na bhfoinsí sonraí mionsonraithe, áireoidh sé grúpaí baincéireachta freisin sa chéad mhodúl eile den Staidreamh maidir le Sealúchas Urrús atá le cur i bhfeidhm sa bhliain 2019. Seoladh ceardlanna le ceithre bhanc Éireannacha sa bhliain 2017 agus, de bhreis air sin, scaipeadh ábhar treorach agus rinneadh tástáil tosaigh maidir le tarchur sonraí. Tá an obair sin á déanamh i gcomhthráth le bearta chun feabhas a chur ar chlúdach agus ar chruinneas an Bhunachair Sonraí Lárnaithe Urrús (CSDB).

Glacann baill foirne de chuid an Bhainc Ceannais páirt in obair na gcoistí agus na ngrúpaí staidrimh go léir a bhfuil freagracht orthu i ndáil leis an earnáil árachais agus, chomh maith leis sin, i ndáil le feabhas a chur ar chreataí staidrimh, ar leibhéal CEBC agus i bhfóraim idirnáisiúnta eile. Bhí roinnt forbairtí suntasacha ann i rith na bliana 2017 maidir le staidreamh CEBC. De réir Rialachán BCE/2014/50, foilsíodh an chéad sraith staidrimh maidir le corparáidí árachais. Chomh maith le sonraí faoi idirbhearta a chur ar fáil, chuir na sonraí sin miondealuithe mionsonraithe ar fáil, ar bhonn ráithiúil, faoi ionstraimí, faoi chúrsaí geografacha agus faoi chúrsaí earnála i leith chlár comhardaithe na hearnála árachais. Ina theannta sin, d'fhoilsigh BCE staidreamh faoin margadh airgid sa limistéar euro den chéad uair, rud a chlúdaigh rátaí láimhdeachais agus meánualaithe i leith dheighleog na margaí neamhurraithe. I mí Eanáir 2018, foilsíodh Rialachán chun tuairisciú staidrimh a leathnú chuig Cistí Pinsin agus táthar ag súil leis an gcéad tuairisciú ón tionscal i R3 2019.

Leanadh den obair ar chomhtháthú sonraí staidrimh agus sonraí maoirseachta chun léiriú níos iomláine a thabhairt ar an earnáil baincéireachta, go háirithe i dtéarmaí sainmhínithe agus coincheapa a chomhchuibhiú agus an t-ualach tuairiscithe a laghdú. Tá dhá phríomhthionscnamh ann maidir leis an réimse seo, is é sin le rá, Foclóir an Bhainc maidir le Tuairisciú Comhtháite (BIRD), ina ndéantar caighdeánú ar shainmhínithe agus ar rialacha trasfhoirmithe i leith tuairisciú staidrimh agus maoirseachta, agus an Creat Tuairiscithe Eorpach, ar tionscadal é atá dírithe ar cheanglais tuairiscithe a chomhtháthú le himeacht aimsire. Chomh maith leis sin, shínigh BCE Meabhrán Tuisceana le Eurostat maidir le deimhniú cáilíochta Nósanna Imeachta Macrastuamachta (MIP) i réimsí an chomhardaithe íocaíochtaí agus na gcuntas airgeadais.

Tiomsaítear comhiomláin staidrimh don limistéar euro ó na sonraí a chuireann an Banc Ceannais ar fáil agus is ionchur tábhachtach iad na sonraí sin i leith eolas a chur ar fáil ar mhaithe le beartas airgeadaíochta fhoirmiú agus ar mhaithe le cúraimí reachtúla eile de chuid CEBC, lena n-áirítear a shainchúram maoirseachta. I rith na bliana 2017, lean an Banc Ceannais dá chuid oibleagáidí go léir maidir le tuairiscí staidrimh do BCE a chomhlíonadh. I measc na sonraí a chuirtear ar fáil, áirítear faisnéis mhionsonraithe maidir le gníomhaíochtaí cistiúcháin agus iasachtaithe na n-institiúidí creidmheasa (na mbanc) agus na gcistí margaidh airgid. Cuirtear sonraí mionsonraithe ar fáil freisin ar bhonn míosúil maidir leis na rátaí úis a chuireann na bainc i bhfeidhm maidir le hiasachtaí agus taiscí i leith teaghlach agus corparáidí neamhairgeadais. Tugann an Banc Ceannais sonraí míosúla agus ráithiúla do BCE freisin maidir leis an earnáil airgeadais neamhbhainc, go príomha i leith cistí infheistíochta agus Corparáidí um Meáin Airgeadais (CMAanna) a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí urrúsaithe. Baineann tábhacht ar leith leis na sonraí Éireannacha maidir leis na heintitis sin ó tharla gur príomhshuíomh í Éire do chistí agus do CMAanna laistigh den limistéar euro agus gur mó go díréireach cion na hÉireann i gcomhiomláin staidrimh an limistéir euro i gcoibhneas le méid an gheilleagair. Déantar cuntais ráithiúla airgeadais, lena dtugtar forléargas ar idirbhearta agus staideanna airgeadais na n-earnálacha eacnamaíocha intíre i gcoibhneas lena chéile agus leis an gcuid eile den domhan, a thiomsú agus a chur ar fáil do BCE. Déantar sonraí faoi eisiúint agus faoi shealúchais urrús a bhailiú freisin ar bhonn 'urrús go hurrús' agus tá obair ar siúl chun na sonraí sin a nascadh le Anacredit chun faisnéis faoi risíochtaí, naisc agus leochaileachtaí sa gheilleagar a fheabhsú.

## Sonraí agus Staidreamh Airgeadais

Tá sonraí staidrimh ina ngné thábhachtach den mheasúnacht a dhéanann an Banc Ceannais ar chobhsaíocht airgeadais, rud a éascaíonn an faireachán ar fhorbairtí maoiniúcháin agus creidmheasa san earnáil airgeadais agus ar fud an gheilleagair intíre i gcoitinne. Déantar sonraí a bhailiú ó na bainc maidir lena ngníomhaíochtaí iasachtóireachta agus maoiniúcháin, agus iad miondealaithe de réir ionstraime, aibíochta agus cuspóra. Baintear úsáid as na sonraí sin chun staidreamh agus anailís a fhoilsiú i raon réimsí staidrimh, lena n-áirítear riaráistí agus athstruchtúrú morgáiste, maoiniú Fiontar Beaga agus Meánmhéide, agus iasachtaí agus taiscí ag teaghlaigh.

Tugann an foilseachán maidir le riaráistí morgáiste faisnéis mhionsonraithe ar fáil maidir le leibhéal agus cineál na réiteach athstruchtúraithe a cuireadh i bhfeidhm, mar aon le faisnéis i dtaobh an bhfuiltear ag cloí leis na téarmaí a comhaontaíodh ina leith sin. Bailítear sonraí ó bhainc agus ó eintitis neamhbhainc a shealbhaíonn sócmhainní morgáiste. Déantar staidreamh faoi rátaí úis i ndáil le morgáistí nua agus morgáistí atá á n-íoc fós, agus iad miondealaithe de réir rátaí seasta agus rátaí athraitheacha agus de réir thréimhse na rátaí seasta. Sa tsraith rialta d'eisiúintí staidrimh, cuirtear faisnéis mhionsonraithe ar fáil maidir le coigiltis agus iasachtaí ag teaghlaigh, rud a chabhraíonn leis an bhfaireachán ar chláir chomhardaithe teaghlach agus, go háirithe, leis an bhfaireachán ar fhorbairtí chun dul i ngleic le hardleibhéil an fhiachais agus na riaráistí.

Ina theannta sin, bailítear agus foilsítear sonraí maidir le cuid mhór den earnáil airgeadais, lena n-áirítear cistí infheistíochta agus meáin airgeadais, agus iad foroinnte de réir eintitis urrúsaithe agus neamhurrúsaithe. Déanfar na chéad sonraí faoi chlár comhardaithe agus idirbhearta na hearnála airgeadais a fhoilsiú sa bhliain 2018. I measc na dtionscnamh sonraí a bhí ann i rith na bliana 2017, áirítear leathnú an staidrimh chomhdhlúthaithe baincéireachta, táblaí feabhsaithe airgid agus baincéireachta, agus bailiú sonraí nua faoi PCPanna agus faoin margadh maoiniúcháin do ghluaisteáin. Go hidirnáisiúnta, cuireann an Banc Ceannais sonraí ar fáil d'eagraíochtaí idirnáisiúnta eile[26] agus glacann sé páirt i bhfóraim idirnáisiúnta maidir le staidreamh airgeadais, lena n-áirítear tionscnaimh chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sonraí a d'éirigh as an ngéarchéim airgeadais. Is suíomh suntasach í Éire d'eintitis neamhbhainc a dtagann a cuid mhór díobh faoin sainmhíniú ar scáthbhanc. Soláthraíonn an Banc Ceannais teimpléid mhionsonraithe sonraí agus méadrachtaí riosca anois mar chuid den fhaireachán a dhéanann FSB ar scáthbhaincéireacht agus, ina theannta sin, rannchuidíonn sé le tuarascáil BERS faoi fhaireachán ar scáthbhaincéireacht. Bhí ról mór aige i dTascfhórsa BERS maidir le Sócmhainní Sábháilte agus chabhraigh sé le dréachtú na tuarascála deiridh.

## Beartas CAI agus Saincheisteanna Toghlacha

Sealbhaíonn an Gobharnóir an post mar Ghobharnóir Malartach na hÉireann ar Bhord Gobharnóirí an CAI. Sa ról seo, d'fhreastail sé ar Chruinnithe Earraigh agus ar Chruinnithe Bliantúla an CAI/an Bhainc Dhomhanda arna dtionól i Washington i mí Aibreáin agus i mí Dheireadh Fómhair 2017.

Ag na Cruinnithe Earraigh, bhí an plé dírithe ar an téarnamh ar fhás domhanda a chothabháil agus ar na bearta is gá chun geilleagar domhanda níos cuimsithí a áirithiú. Ar an gcaoi chéanna, dhírigh clár oibre an chruinnithe i Mí Dheireadh Fómhair ar ionchais dhomhanda agus ar bheartais, lena n-áirítear ról an CAI mar lárphointe an líontáin sábhála airgeadais dhomhanda, mar aon le hathbhreithniú ar shraith straitéisí an CAI chun an CAI a neartú.

[26] CAI, OECD, an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (BIS) etc.

I mí na Nollag 2017, rinne an Banc Ceannais socruithe chun go bhféadfadh údaráis na hÉireann an tsaoráid iasachta a bhí fós amuigh ón CAI a aisíoc go luath. Leis an aisíocaíocht seo arbh ionann í agus €4.5bn, urscaoileadh a raibh fágtha de na hoibleagáidí i leith na príomhiasachta ón CAI, ar oibleagáidí iad a bhí ceaptha bheith dlite ó mhí Eanáir 2021 go dtí mí na Nollag 2023.

## Gníomhaíochtaí agus Caidreamh Idirnáisiúnta eile

Lean an Banc Ceannais de bheith ag rannchuidiú le hobair an Choiste um Chaidreamh Idirnáisiúnta (IRC). Is fóram ardleibhéil Eurochórais é seo ina malartaítear tuairimí maidir le nithe comhleasa i réimse an chaidrimh idirnáisiúnta e.g. saincheisteanna G20/CAI, feidhmiú an chórais airgeadaíochta idirnáisiúnta, an córas airgeadais domhanda agus rioscaí a bhaineann leis an margadh airgeadais domhanda.

Tá an Coiste freagrach freisin as seasamh CEBC a ullmhú i ndáil le comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidliú agus a thabhairt chun críche ar ábhair airgeadaíochta nó malairte eachtraí. Bunaíodh tascfhórsa nua IRC in 2017 maidir le himpleachtaí Brexit, agus thug an tascfhórsa sin faisnéis chun dáta ar bhonn rialta maidir le próiseas institiúideach Brexit ó thaobh na baincéireachta ceannais de, lena n-áirítear an comhaontú aistarraingthe agus saincheisteanna idirthréimhseacha mar aon le hionchur i measúnuithe ar na himpleachtaí eacnamaíocha, trádála agus airgeadais a bheidh ag Brexit, i gcomhar le Coistí eile an Eurochórais/CEBC.

Lean an rannpháirtíocht le hinstitiúidí idirnáisiúnta amhail an CAI, an Banc Domhanda agus an ECFE agus, i gcomhar leis an Roinn Airgeadais, chuidigh an Banc le seasamh náisiúnta na hÉireann a fhoirmliú maidir le beartas CAI agus le saincheisteanna toghlacha. Ina theannta sin, chomhlíon sé a chuid oibleagáidí Faireacháin agus Faireachais (PPS) Iar-Chláir i leith pháirtithe maoiniúcháin AE, lena n-áirítear dhá mhisean athbhreithnithe iarchláir.

Ar choinní seachtracha an Ghobharnóra le linn 2017, áirítear óráid a thug sé dar theideal “The European Monetary and Financial System: The Role of the Central Bank of Ireland” d’Ambasáid na hÉireann i dTóiceo, agus ráiteas ar “International Policy Trilemmas” ag Cumann Gnó Éireannach Londain. Chomh maith leis sin, thug an Gobharnóir aithisc ag comhdhálacha agus seimineáir idirnáisiúnta i Frankfurt, i bPáras agus i Washington. Ghlac an Gobharnóir páirt freisin sa phainéal ar Mhíchothromaíochtaí Barrachais Domhanda ag cruinnithe bliantúla an CAI/an Bhainc Dhomhanda.

## Téarnamh agus Réiteach

**Is é an Banc Ceannais Údarás Réitigh Náisiúnta (NRA) na hÉireann agus tá sé freagrach as creat réitigh an AE a leabú sna gnólachtaí lena mbaineann agus, i gcás inar iomchuí, gnólachtaí ar chlis orthu nó atá i mbéal cliseadh a réiteach ar mhodh ordúil.**

Ainmníodh an Banc Ceannais mar NRA na hÉireann in 2015, tar éis Treoir AE maidir le Téarnamh agus Réiteach Banc (BRRD) a thrasuíomh chuig dlí na hÉireann. In 2017, dhírigh an Banc Ceannais ar phleananna réitigh a chur chun cinn do na hinstitiúidí go léir lena mbaineann agus ar dhul i ngleic le haon chonstaicí ar inréititheacht, le linn dó a chuid oibleagáidí faoi chreat réitigh AE a chomhlíonadh. Tá feidhmeanna an Bhainc Ceannais, mar NRA, scartha ó thaobh struchtúir de ó na réimsí maoirseachta agus feidhmiúla eile. Leis an scaradh struchtúrach seo, áirithítear neamhspleáchas oibríochtúil agus seachnaítear coinbhleachtaí leasa.

Sa phróiseas pleanála réitigh don bhliain 2017, díríodh ar chonstaicí ar inréititheacht, ar shainaithint feidhmeanna criticiúla agus ar oibríochtú na huirlise tarrthála inmheánaí.

## Sásra Réitigh Aonair

Bhunaigh an Sársa Réitigh Aonair (SRA), atá ar an bhfód le dhá bhliain anois, comhlacht láraithe cinnteoireachta, an Bord Réitigh Aonair (BRA), mar aon le socrú maoiniúcháin réitigh, an Ciste Réitigh Aonair (CRA).

I mí na Samhna 2017, chuir an BRA an dlaoi mhullaigh ar a dhoiciméad ilbhliantúil clársceidealaithe, ina leagtar amach an treochlár don tréimhse trí bliana ar aghaidh. Tá sé beartaithe ag an BRA go mbeidh pleananna réitigh iomlána curtha i gcrích aige do na grúpaí baincéireachta go léir a thagann faoina shainordú. Díreoidh an obair ar oibríochtú na dtrí phríomhfheidhm de chuid CRA: ranníocaíochtaí, infheistíochtaí, agus maoiniúcháin. Ina ról mar NRA, oibreoidh an Banc Ceannais i gcomhar leis an BRA, an BCE agus le húdaráis náisiúnta eile chun an plean uaillmhianach seo a bhaint amach. Maidir le forbairt leanúnach chreat réitigh AE, rannchuidigh an Banc Ceannais go gníomhach le forbairt beartais réitigh de chuid an AE agus SRA le linn 2017 trí bhíthin a bhallraíochta de choistí ÚBE agus BRA agus de na meithleacha dá gcuid.

## Pleanáil Réitigh

Déanfar pleananna réitigh a athnuachan agus a chur chun cinn ar bhonn bliantúil ar a laghad chun a chinntiú go bhfuil siad cothrom le dáta. Mar chuid den phróiseas pleanála réitigh, ceanglaítear ar údaráis réitigh measúnú inréititheachta a dhéanamh chun a mheasúnú cibé acu an bhfuil aon chonstaicí ar fheidhmiú na straitéise roghnaithe réitigh. I gcás ina sainaithneofar constaicí, ceanglófar ar an institiúid dul i ngleic leis na constaicí sin nó iad a bhaint.

## Institiúidí Creidmheasa

In 2017, d'fhorbair an Banc Ceannais pleananna réitigh do na bainc cheadúnaithe Éireannacha i gcomhar leis an BRA. Bhunaigh an dá bhanc miondíola is mó sa tír cuideachtaí sealbhaíochta, rud a fheabhsóidh a n-inréititheacht, agus ina theannta sin, forbraíodh tuilleadh pleananna réitigh do na bainc Éireannacha go léir agus do na gnólachtaí infheistíochta go léir lena mbaineann. Sa phróiseas pleanála réitigh don bhliain 2017, díríodh ar chonstaicí ar inréititheacht, ar shainaithint feidhmeanna criticiúla agus ar oibríochtú na huirlise tarrthála inmheánaí.

I gcomhréir le BRRD, ceanglaítear ar institiúidí ceanglas íosta a bhaint amach maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL) chun leibhéal leordhóthanach chumas iniomparthachta caillteanas a áirithiú chun tacú leis an straitéis roghnaithe réitigh. Ina thimthriall pleanála do na blianta 2017/2018, shocraigh an BRA spriocanna agus idirthréimhsí MREL ar leibhéal comhdhlúthaithe do na mórghrúpaí baincéireachta faoina shainordú, lena n-áirítear na bainc mhiondíola in Éirinn.

Chun a áirithiú go bhféadfar gníomhaíochtaí réitigh a fhorghníomhú go héifeachtach, beidh gá le dlúthchomhar idir na húdaráis réitigh agus údaráis ábhartha eile. D'fhonn cinnteoireacht a éascú i ndáil le hinstitiúidí trasteorann, forálann BRRD go gcruthófar coláistí réitigh, áit ina bhféadfaidh údaráis ábhartha a gcuid tuairimí a roinnt maidir le hábhair réitigh don institiúid ábhartha. In 2017, ghlac an Banc Ceannais páirt i roinnt coláistí réitigh agus d'óstáil sé roinnt cinn freisin d'institiúidí Éireannacha agus neamh-Éireannacha.

## Gnólachtaí Infheistíochta

Ina cháil mar NRA, d'fhorbair an Banc Ceannais pleananna réitigh don 11 ghnólacht infheistíochta Éireannacha a thagann faoi raon feidhme BRRD. Mar a bhíonn i gcás na bpleananna réitigh do na bainc cheadúnaithe Éireannacha, forbraítear straitéis roghnaithe réitigh do gach ceann de na gnólachtaí infheistíochta lena mbaineann. Déantar dul chun cinn ar phleananna réitigh ar bhonn bliantúil ar a laghad chun a chinntiú go mbíonn siad cothrom le dáta. Mar chuid den phróiseas pleanála réitigh, ceanglaítear ar údaráis réitigh measúnú bliantúil inréititheachta a dhéanamh chun a mheasúnú cibé acu an bhfuil aon chonstaicí ar fheidhmiú na straitéise roghnaithe réitigh. I gcás ina sainaithneofar constaicí, ceanglófar ar an ngnólacht infheistíochta ábhartha na constaicí sin a bhaint nó dul i ngleic leo, más féidir, rud a thógfaidh roinnt blianta i gcásanna áirithe.

## Cistí Réitigh

Ón 1 Eanáir 2016 ar aghaidh, ceanglaíodh ar institiúidí creidmheasa Éireannacha ranníocaíochtaí a dhéanamh le CRA atá faoi bhainistiú ag an BRA. Ceanglaítear ar ghnólachtaí ceadúnaithe infheistíochta Éireannacha agus ar bhrainsí tríú tíortha a thagann faoi raon feidhme BRRD ranníocaíochtaí a dhéanamh leis an mBanc agus leis an gCiste Réitigh do Bhainc agus do Ghnólachtaí Infheistíochta (BIFR), ciste réitigh intíre a bunaíodh i gcomhréir le BRRD.

Do thréimhse ranníocaíochta 2017, ríomh an BRA na tobhaigh ab iníoctha ag bainc cheadúnaithe Éireannacha. D'eisigh an Banc Ceannais fógraí tobhaigh agus bhailigh sé na ranníocaíochtaí tobhaigh thar ceann CRA. I mí Aibreáin 2017, gearradh tobhach c. €105.5m ar bhainc cheadúnaithe Éireannacha agus aistríodh é chuig CRA i mí an Mheithimh 2017. Rinne an Banc Ceannais ranníocaíochtaí tobhaigh a ríomh agus a bhailiú i leith na n-institiúidí go léir a thagann faoi raon feidhme Chiste BIFR do thréimhse tobhaigh 2017. In 2017, bailíodh ranníocaíochtaí tobhaigh Chiste BIFR arbh ionann iad agus c. €2.3m ó ghnólachtaí infheistíochta lena mbaineann.

## Réiteach Comhar Creidmheasa

Le blianta beaga anuas, bhí roinnt cásanna ann nach raibh gnólachtaí in ann leas a bhaint as réiteach malartach chun dul i ngleic lena gcuid deacrachtaí agus b'éigean don Bhanc Ceannais gníomhaíocht réitigh a ghlacadh faoi Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011 d'fhonn coigilteas comhaltaí a chosaint. In 2017, thug an Banc Ceannais faoi ghníomhaíocht réitigh i ndáil le Comhar Creidmheasa an Rátha agus leachtaíodh an comhar creidmheasa dá thoradh. Ba ghá an ghníomhaíocht réitigh áirithe seo a ghlacadh toisc gur sháraigh an comhar creidmheasa orduithe rialála agus toisc nach raibh sé in ann leas a bhaint as réiteach malartach chun dul i ngleic lena chuid deacrachtaí.

**BOSCA 11**

### Leachtú Chomhar Creidmheasa an Rátha Teoranta

Bhí Comhar Creidmheasa an Rátha faoi réir grinnscrúdú rialála agus maoirseachta ar feadh tréimhse deich mbliana. Ó 2009 i leith, bhí rannpháirtíocht fhorleathan rialála ag Clárlann na gComhar Creidmheasa le Comhar Creidmheasa an Rátha i dtaca lena shuíomh cúlchiste, riosca creidmheasa, rialachas, agus inmharthanacht. Theip ar Chomhar Creidmheasa an Rátha dul i ngleic leis na nithe sin ar bhonn leanúnach agus theip air a oibleagáid a chomhlíonadh chun an cúlchiste íosta ceangailte, eadhon 10% de shócmhainní iomlána, a ardú agus a chothabháil. Eisíodh orduithe rialála chuig Comhar Creidmheasa an Rátha i mí an Mheithimh 2016 agus i mí Bealtaine 2017 inar ordaíodh don chomhar creidmheasa a chúlchistí rialála a ardú agus a chothabháil.

Lorg Comhar Creidmheasa an Rátha tacaíocht airgeadais ó Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa (ILCU) dhá uair agus fuair sé an tacaíocht sin i bhfoirm maoiniúcháin ón Scéim Cosanta Coigilteas. Cé go bhfuair sé maoiniúchán ón Scéim Cosanta Coigilteas, ní raibh sé ábalta a chúlchistí a ardú agus a chothabháil ag 10% mar a cheanglaítear faoin dlí chun coigiltis comhaltaí a chosaint. Le linn 2016 agus 2017, d'fhéach Comhar Creidmheasa an Rátha le dul i ngleic lena chuid deacrachtaí trí iarracht a dhéanamh aistriú saorálach ceangaltais (ToE) a shainaithint agus a chur i gcrích le comhar creidmheasa eile a bhí cleamhnaithe leis an ILCU. Bhí maoiniúchán breise ar fáil do Chomhar Creidmheasa an Rátha ón Scéim Cosanta Coigilteas d'fhonn tacú le ToE, ach ar thrí ócáid éagsúla, níor éirigh leis na hiarrachtaí chun ToE a chaibidliú agus a chur chun feidhme.

D'ainneoin an mhaoiniúcháin shuntasaigh airgeadais a fuair sé ón ILCU agus eisiúint ordachán ag an mBanc Ceannais, theip ar Chomhar Creidmheasa an Rátha a chuid cúlchistí a ardú go dtí an leibhéal a cheanglaítear de réir dlí. Rinne an Banc iarratas chuig an Ard-Chúirt an 13 Deireadh Fómhair 2017 chun Jim Hamilton agus David O'Connor ó BDO a cheapadh mar chomhleachtaitheoirí sealadacha ar Chomhar Creidmheasa an Rátha. Dheonaigh an Ard-Chúirt ordú foirceanta iomlán an 13 Samhain 2017. Measadh gurb é leachtú Chomhar Creidmheasa an Rátha an t-aon réiteach inmharthana a bhí ar fáil sna himthosca ó tharla go raibh na hordacháin rialála fós á sárú ag an gcomhar creidmheasa agus ó tharla nach raibh aon dóchúlacht ann go bhféadfadh sé a chás a réiteach. Thug an Banc Ceannais faoin ngníomhaíocht seo ar mhaithe le comhaltaí an chomhair creidmheasa agus a gcuid coigiltis a chosaint. Cosnaíodh coigilteas iomlán na gcomhaltaí i gComhar Creidmheasa an Rátha.

De thoradh cheapadh na gcomhleachtaitheoirí sealadacha chuig Comhar Creidmheasa an Rátha, tionscnaíodh an SRT. D'eisigh an SRT seiceanna chuig taisceoirí incháilithe Chomhar Creidmheasa an Rátha laistigh den amlíne reachtúil agus níor chaill aon chomhalta aon choigilteas dá gcuid. Rinneadh seirbhísí comhair creidmheasa a athbhunú i gceantar an Rátha ag dhá chomhar creidmheasa, Comhar Creidmheasa Mhala Teoranta agus Comhar Creidmheasa Chill Mocheallóg Teoranta.

## Daoine agus Eolas

**Is eagraíocht eolas-bhunaithe é an Banc Ceannais a fhéachann le daoine oilte a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil, ar daoine iad a chomhoibreoidh lena chéile chun sainordú an Bhainc a bhaint amach. Is é fís an Bhainc Ceannais áit oibre shásúil, fhorásach a chruthú don fhoireann, agus leantar den fhís sin a fhorbairt trí chultúr den fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus trí mholadh maidir le luach fostaithe.**

I mí Feabhra 2018, bhronn an Institiúid Chairte um Pearsanra agus Fhorbairt (CIPD Ireland) Duais Aitheantais Speisialta ar an mBanc Ceannais mar aitheantas ar an athrú eagraíochtúil suntasach atá déanta ag an mBanc Ceannais le blianta beaga anuas i dtimpeallacht dhúshlánach sheachtrach agus mar aitheantas ar an ról tábhachtach atá glactha ag feidhm AD chun cuidiú le ceannairí gnó na hathruithe sin a bhainistiú. Chun an clár uaillmhianach seo a chumasú, cuireadh le hacmhainneacht AD agus athdhearadh feidhm AD.

### Acmhainní a chur ar fáil in 2017

Formheasadh straitéis nua i mí Aibreáin 2017 maidir le hacmhainní a chur ar fáil ina ndírítear ar fheasacht níos fearr a chruthú maidir le branda an fhostóra, trí fheachtais spriocdhírithe earcaíochta agus trí na meáin shóisialta a úsáid chun iarratasóirí a mhealladh agus chun ár bhfoireann a fhorbairt agus a bhainistiú trí aistrithe inmheánacha a bhfuil cuspóir leo.

I margadh saothair fíoriomaíoch, is dúshlán i gcónaí é, ar fud réimsí éagsúla sa Bhanc Ceannais, an iomaíocht do ghairmithe a bhfuil neart taithí acu. Ba mhó an spéis a léiríodh i gClár nua do Chéimithe (ar cuireadh tús leis san Fhómhar 2018) ná mar a bhíothas ag súil leis agus fuarthas breis agus 1,500 iarratas. Líonadh 74 ról sna réimsí maoirseachta. Ba iad leathanaigh gairme de shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais na leathanaigh ar an suíomh ar tugadh cuairt ba mhinice orthu in 2017.

In 2017, baineadh amach glanmhéadú 139 comhalta foirne (ar bhonn coibhéis lánaimseartha (FTE)) agus bhí 1,738 FTE ar fostú amhail ar an 31 Nollaig 2017. Chonacthas méadú 83 FTE in 2016, rud a léiríonn méadú 8.7% ar an bhfoireann bliain ar bhliain. Rinneadh 620 ról a líonadh san iomlán le linn na bliana i gcomparáid le 520 in 2016 agus bhí cóimheas 53/47% i gceist idir daoine a fostaíodh go hinmheánach agus go seachtrach. Tá dúshláin níos suntasaí acmhainní i réimsí áirithe den Bhanc Ceannais. Mar shampla, chuaigh 168 duine i mbun oibre sa réimse Rialála sa Bhanc Ceannais. Is ionann é sin agus glanmhéadú 84 in 2017. Tá os cionn 100 folúntas fós le líonadh, tá siad seo ar leibhéal sinsearach agus ar leibhéal bunúsach araon de thoradh an mhéadaithe ar líon formheasta na bhfostaithe, chun aghaidh a thabhairt ar an ráta iomlaoide agus chun tacú le gníomhaíocht mhéadaithe amhail Brexit.

In 2017, baineadh amach glanmhéadú 139 comhalta foirne (ar bhonn coibhéis lánaimseartha (FTE)) agus bhí 1,738 FTE ar fostú amhail ar an 31 Nollaig 2017.

Tháinig méadú beag ar an meánráta iomlaoide don Bhanc Ceannais go dtí 6.4% le linn 2017 i gcomparáid le 6.2% in 2016, agus bhí leibhéil níos airde iomlaoide le feiceáil i réimsí áirithe de thoradh éileamh ard ar scileanna agus ar cháilíochtaí. Tá an meánráta iomlaoide fabhrach i gcomparáid leis na seirbhísí airgeadais i gcoitinne.

## Fostaithe a Fhorbairt agus a Choinneáil in 2017

Tugadh Straitéis nua Foghlama agus Forbartha isteach i mí Dheireadh Fómhair 2017 ina socraítear Forbairt Ceannaireachta agus Bainistíochta mar an phríomhthosaíocht do 2018. Rinneadh Clár Churaclam Teicniúil AonBhainc (Bonnchúrsa, Cúrsa Comhdhlúithe agus Cúrsa Eatramhach), a chur i láthair do bhreis agus 530 comhalta foirne le linn na bliana, agus eisíodh "cuireadh chun tairisceana" do na chéad chéimeanna eile den Churaclam i mí na Samhna. A luaithe a bheidh an clár seo curtha chun feidhme ina iomláine, féadfar dlús a chur le forbairt agus le hoiliúint comhaltaí foirne.

Tacaíodh le hos cionn 354 fostaí breisoideachas a chur i gcrích trí bhíthin Scéim an Bhainc Ceannais um Oiliúint Acadúil agus Ghairmiúil agus thairbhigh na fostaithe sin de dhá lá oiliúna, ar an meán, le linn na bliana.

Seoladh Central Life – One Bank, Many Horizons i mí Bealtaine ina dtugtar cur síos níos fearr ar mholadh an Bhainc Ceannais maidir le luach fostaithe. Déantar téamaí Central Life, eadhon eolas, éagsúlacht, deiseanna agus bród a áireamh i straitéis acmhainní an Bhainc Ceannais agus léiríodh gur áit oibre shásúil, fhorásach é an Banc Ceannais san fheachtas earcaíochta mar chuid den Chlár do Chéimithe.

Tá an Banc Ceannais faoi réir na reachtaíochta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI) agus na reachtaíochta um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí. Leanadh de chiorruithe pá roimhe seo a fhreaschur in 2017.

## Cód Eitice

Ceanglaítear ar na comhaltaí foirne go léir cloí leis na prionsabail agus caighdeáin atá leagtha amach i gCód Eitice an Bhainc Ceannais. Cuireadh an Cód Eitice reatha chun feidhme ar dtús in 2016 agus tá sé bunaithe ar theoirlínte a d'eisigh an BCE.

Le linn 2017, ullmhaíodh modúl nua ríomhfhoghlama agus iarradh ar na comhaltaí foirne go léir é a dhéanamh. Sa mhodúl ríomhfhoghlama, tugtar samplaí praiticiúla de chásanna ina dtagann saincheisteanna eiticiúla chun cinn agus leagtar amach na tacaíochtaí atá ar fáil do chomhaltaí foirne a bhíonn ag déileáil le saincheisteanna eiticiúla.

## I gCuimhne ár gComhghleacaithe

Le 12 mhí anuas, cailleadh triúr comhghleacaithe anseo sa Bhanc Ceannais. Déanann an Gobharnóir, an Coimisiún agus na comhaltaí foirne go léir comhbhrón ó chroí le teaghlaigh agus cairde Paul Hannon, Laura Massini agus Brian Carty.

**BOSCA 12**

## Dearadh Eagraíochta

Tugadh Clár an Bhainc Ceannais um Athbhreithniú Eagraíochta chun críche go foirmiúil i mí Bealtaine 2017. Cuireadh tús leis an gClár chun feabhsuithe ar struchtúr agus ar chleachtais oibre na heagraíochta a mheasúnú agus a chur chun feidhme agus, dá thoradh sin, rinneadh athruithe ar chur chuige agus ar mhodheolaíocht an Bhainc Ceannais maidir lena ról agus lena dhearadh eagraíochta. I dteannta le struchtúir eagraíochtúla nua, cruthaíodh próifílí ról, postfhinte agus creat soiléir leanúnach gairme chun athrú a éascú agus chun deiseanna a chur ar fáil trí fhorbairt agus trí chomhoibriú na foirne.

Baineadh úsáid as an modheolaíocht deartha nua chun feidhmeanna nua a chruthú sa Bhanc Ceannais agus chun leathnú réimsí reatha a athdhearadh i gcás inar ghá. De bhreis air sin, feabhsaíodh comhsheasmacht ó thaobh sainmhíniú ról agus feabhsaíodh naisc idir róil i réimsí díchosúla san eagraíocht.

Tá feabhsuithe ar chleachtais oibre nasctha le sainiú chultúr inmhianaithe agus mhodhanna oibre an Bhainc Ceannais agus tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leis an obair seo a leanfaidh ar aghaidh in 2018. Tá an cultúr inmhianaithe nasctha le béim leanúnach an Bhainc Ceannais ar chur chuige AonBhainc, ar an éagsúlacht agus ar an ionchuimsiú, ar chumas ceannaireachta agus ar iompar tosaíochta. I mí na Samhna, ghlac an Banc páirt sa Great places to Work Survey d'fhonn deiseanna a shainaithint chun ár gcultúr a fhorbairt tuilleadh. Tuigeann ceannaireacht an Bhainc Ceannais an éifeacht a bhíonn ag cultúr ar éifeachtacht agus ar fheidhmíocht eagraíochta ón obair a bhíonn ar siúl aige féin le heintitis rialáilte sa tionscal seirbhísí airgeadais.

## Punann Infheistíochta a Bhainistiú

**Trí bhíthin straitéis infheistíochta an Bhainc Ceannais i ndáil lena shócmhainní infheistíochta agus lena chion de phunanna dílse cúlchistí eachtracha BCE a bhainistítear ar bhonn gníomhaireachta, féachtar leis an toradh fadtéarmach riosca-choigeartaithe orthu sin a uasmhéadú.**

Déantar punann infheistíochta an Bhainc a bhainistiú i gcomhréir le paraiméadair fhormheasta, ar paraiméadair iad a choimeádtar faoi athbhreithniú i gcónaí. Cuimsítear sa phunann urrúis arna sealbhú ar bhonn Marcáil ón Margadh (MÓM) agus ar bhonn Coinnithe go dtí Aibíocht (CGA). Tá an tuilleamh agus na torthaí bunaithe ar an ioncam iomlán arna ghiniúint ag na sócmhainní agus tá na luachanna thíos bunaithe ar mhargadhluach na sócmhainní ag deireadh na bliana.

Ag deireadh 2017, cuimsíodh sócmhainní €19bn sa phunann infheistíochta, lena n-áirítear leithdháileadh chóibheas €450m i bpunann MÓM dhollar SA chun críocha éagsúlaithe. Léiríonn an luach seo méadú €0.3bn ar luach na punainne ag deireadh 2016 (€18.7bn). Tá méid na punainne infheistíochta faoi réir oibleagáidí an Bhainc Ceannais faoi Chomhaontú an Eurochórais maidir le Glansócmhainní Airgeadais (ANFA), ach níor eascair aon athruithe as na hoibleagáidí sin in 2017. ANFA is ea comhaontú idir BCNanna an limistéir euro agus an BCE lena leagtar síos rialacha agus teorainneacha maidir le sealúchais sócmhainní airgeadais a bhaineann le tascanna náisiúnta BCNanna. Ag deireadh 2017, b'ionann glansócmhainní airgeadais (NFA) an Bhainc Ceannais agus €17.0bn faoi ANFA. I dTábla 3 thíos, leagtar amach gnéithe shuíomh NFA[27] an Bhainc Ceannais. De bhreis air sin, foilsíonn an BCE sonraí bliantúla NFA, ar an meán, do gach BCN ar a shuíomh gréasáin le linn na chéad ráithe de gach bliain.

B'ionann tuilleamh iomlan ó phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais in 2017 agus €272.5m i gcomparáid le €336.4m in 2016. B'ionann torthaí ar an bpunann infheistíochta, arna ríomh ar bhonn luachála, agus 1.42% in 2017 i gcomparáid le 1.68% in 2016.

Ag deireadh 2017, cuimsíodh sócmhainní €19bn sa phunann infheistíochta, lena n-áirítear leithdháileadh chóibheas €450m i bpunann MÓM dhollar SA chun críocha éagsúlaithe. Léiríonn an luach seo méadú €0.3bn ar luach na punainne ag deireadh 2016 (€18.7bn).

[27] Le haghaidh tuilleadh sonraí i dtaca le Comhaontú an Eurochórais maidir le Glansócmhainní Airgeadais, féach suíomh gréasáin an Bhainc ar www.centralbank.ie/mpolbo/assetman/Pages/introduction.aspx

**TÁBLA 3**

## Clár Comhardaithe Bhanc Ceannais na hÉireann amhail ar an 31 Nollaig 2017

(Na figiúirí go léir in EUR '000)

### SÓCMHAINNÍ

| MÍR | CUR SÍOS | MÉID |
|---|---|---|
| **A1** | **Ór agus infhaighteachtaí óir** | **209,381** |
| **A2** | **Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro** | **3,467,534** |
| **A3** | **Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí sa limistéar euro** | **5,031** |
| **A4** | **Éilimh in euro ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro** | **4,503,427** |
| **A5** | **Iasachtú chuig institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro** | **7,478,000** |
| A5.1 | Príomhoibríochtaí athmhaoinithe | 0 |
| A5.2 | Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha | 7,478,000 |
| A5.3 | Oibríochtaí mionchoigeartaithe droim ar ais | 0 |
| A5.4 | Oibríochtaí struchtúracha droim ar ais | 0 |
| A5.5 | Saoráid Iasachta Imeallaí | 0 |
| A5.6 | Creidmheasanna a bhaineann le glaonna ar éarlais | 0 |
| **A6** | **Éilimh eile in euro ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro** | **535,111** |
| **A7** | **Urrúis de chuid cónaitheoirí sa limistéar euro** | **70,219,087** |
| A7.1 | Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta | 32,102,027 |
| A7.1.1 | Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach | 0 |
| A7.1.2 | Clár na Margaí Urrús | 1,660,572 |
| A7.1.3 | Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach 2 | 0 |
| A7.1.4 | Idirbhearta Airgeadaíochta Glan Amach | 0 |
| A7.1.5 | Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach 3 | 3,554,257 |
| A7.1.6 | Clár Ceannaigh ABS | 0 |
| A7.1.7 | Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí - Úrrúis Rialtais | 21,456,727 |
| A7.1.8 | Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí - Úrrúis Fornáisiúnta | 5,430,471 |
| A7.1.9 | Ionstraim chúntach 9 | 0 |
| A7.2 | Urrúis eile de chuid cónaitheoirí sa limistéar euro | 38,117,060 |
| **A8** | **Fiachas rialtais ghinearálta in euro** | **0** |
| **A9** | **Éilimh laistigh den Eurochóras** | **2,801,349** |
| A9.1 | Leas rannpháirteachais sa BCE | 199,021 |
| A9.2 | Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha | 672,638 |
| A9.3 | Eisiúint a bhaineann le heisiúint deimhnithe fiachais BCE | 0 |
| A9.4 | Éilimh a bhaineann le TARGET agus cuntais chomhfhreagracha (glan) | 1,888,412 |
| A9.5 | Éilimh eile laistigh den Eurochóras | 41,278 |
| **A10** | **Míreanna atá á socrú** | **0** |
| **A11** | **Sócmhainní eile** | **1,098,993** |
| **A999** | **SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | **90,317,913** |

### DLITEANAIS

| MÍR | CUR SÍOS | MÉID |
|---|---|---|
| **L1** | **Nótaí bainc i gcúrsaíocht** | **17,759,762** |
| L1.1 | Nótaí bainc euro | 17,759,762 |
| L1.2 | Nótaí bainc in airgeadraí náisiúnta an limistéir euro | 0 |
| **L2** | **Dliteanais d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro** | **23,192,124** |
| L2.1 | Taiscí Cúlchiste Íosta | 15,937,532 |
| L2.2 | Taiscí thar oíche | 7,254,592 |
| L2.3 | Taiscí ar théarma seasta | 0 |
| L2.4 | Oibríochtaí mionchoigeartaithe droim ar ais | 0 |
| L2.5 | Taiscí a bhaineann le glaonna ar éarlais | 0 |
| **L3** | **Dliteanais eile in euro ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro** | **0** |
| **L4** | **Deimhnithe fiachais arna n-eisiúint** | **0** |
| **L5** | **Dliteanais do chónaitheoirí eile sa limistéar euro** | **12,846,289** |
| **L6** | **Dliteanais in euro do chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro** | **1,430,995** |
| **L7** | **Dliteanais in airgeadra eachtrach do chónaitheoirí sa limistéar euro** | **0** |
| **L8** | **Dliteanais in airgeadra eachtrach do chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro** | **0** |
| **L9** | **Contrapháirtí ceart speisialta tarraingthe arna leithdháileadh ag an CAI** | **920,896** |
| **L10** | **Dliteanais laistigh den Eurochóras (glan)** | **17,645,540** |
| L10.1 | Dliteanais atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha | 0 |
| L10.2 | Dliteanais a bhaineann le heisiúint deimhnithe fiachais BCE | 0 |
| L10.3 | Dliteanais eile laistigh den Eurochóras (glan) | 0 |
| L10.4 | Dliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras | 17,645,540 |
| **L11** | **Míreanna atá á socrú** | **0** |
| **L12** | **Dliteanais eile** | **2,673,673** |
| **L13** | **Soláthairtí** | **627,840** |
| **L14** | **Cuntais athluachála** | **9,033,978** |
| **L15** | **Caipiteal agus cúlchistí** | **4,186,816** |
| **L999** | **DLITEANAIS IOMLÁNA** | **90,317,913** |

NOTES:
1. Déantar Glansócmhainní Airgeadais (NFAanna) a ríomh mar A1+A2+A3+A4+A5.6+A6+A7.2+A8+A9.1+A9.2+A9.3+A10+A11-L1.2-L2.5-L3-L5-L6-L7-L8-L9-L10.1-L10.2-L11-L12-L13-L14-L15 a coigeartaíodh d'oibríochtaí chun leachtacht a sholáthar arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach (a bhí comhionann le nialas amhail ar an 31 Nollaig 2017). Aibhsítear na míreanna seo i liath sa tábla.
2. Freagraíonn na figiúirí go léir do na cinn sin a thuairiscítear sa Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017.
3. Is ionann "Dliteanais eile" agus suim "Dliteanais Eile" (€2,367,792) & "Dliteanais Aoisliúntais" (€305,881) arna dtuairisciú ar an gClár Comhardaithe sa Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017.
4. Ní thaispeántar "Dliteanais eile in euro de chuid cónaitheoirí sa limistéar euro" ar leithligh ar an gClár Comhardaithe sa Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 agus taispeántar an figiúr comhfhreagrach i Nóta 17 den Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 mar "Urrúis Eile".
5. Gnéithe de ríomh NFA a bhí comhionann le nialas amhail ar an 31 Nollaig 2017, ní thuairiscítear iad sa Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017.

**BOSCA 13**

### Íogaireacht neamhréir ionchasach ráta úis an Bhainc Ceannais do ghluaiseachtaí cláir chomhardaithe

D'eascair athruithe ar chláir chomhardaithe banc ceannais as bearta leanúnacha neamhchaighdeánacha beartais de chuid an Eurochórais. Cé go bhfuil na bearta sin riachtanach chun a chumasú don limistéar euro a chuspóirí beartais airgeadaíochta a bhaint amach, eascraíonn rioscaí méadaithe astu don Bhanc Ceannais. Go háirithe, tá neamhréir ionchasach ráta úis ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais de thoradh APP.

Tagann neamhréir den sórt sin chun cinn de réir mar a ghineann torthaí ísle (nó diúltacha) ar bhannaí faoin gclár seo ioncam measartha seasta, fad a bhíonn na dliteanais mhéadaithe arna n-eascairt as an gclár nasctha le rátaí úis gearrthéarmacha beartais de chuid BCE. De réir mar a mhéadaíonn ionchais an mhargaidh go mbeidh coigeartú marthanach ar chonair an bhoilscithe i dtreo sprioc BCE don bhoilsciú sa limistéar euro, is é sin gar do 2% ach faoina bhun thar an meántéarma, meastar go dtiocfaidh méadú ar rátaí beartais.

A luaithe a ardóidh rátaí, méadóidh costas cistí ar dhliteanais an Bhainc Ceannais freisin; is dócha, áfach, go mbeidh an toradh iomlán arna ghiniúint ag sócmhainní APP íseal. D'fhéadfadh go n-eascródh glanchaillteanais don Bhanc Ceannais dá dtiocfadh méadú mear ar rátaí beartais, toisc go bhfuil seans ann nach mbeadh foinsí traidisiúnta ioncaim banc ceannais leordhóthanach chun costas méadaithe an dliteanais a fhritháireamh. Cé go leanann an Banc Ceannais de shócmhainní a mbíonn torthaí ísle orthu a cheannach faoin APP, bheadh méadú (nó laghdú) ar neamhréir ionchasach ráta úis i gcás ina mbeadh méadú (nó laghdú) ar dhliteanais an Bhainc Ceannais a bhíonn nasctha le rátaí beartais BCE.[28]

Beidh tionchar ag an taobh sócmhainní de chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais ar an gcinneadh i dtaobh cibé acu an bhfuil ioncam leordhóthanach ann chun aon chaillteanais ó neamhréir ráta úis a fhritháireamh. Tá punann de Nótaí Ráta Chomhlúthaigh (NRCanna) ag an mBanc Ceannais, ar nótaí iad a fuarthas in 2013 i ndiaidh leachtú IBRC. Tá an Banc Ceannais tiomanta do na sócmhainní sin a dhiúscairt a luaithe is féidir, ar choinníoll gur féidir déanamh amhlaidh sna dálaí cobhsaíochta airgeadais. Le blianta beaga anuas, tá gnóthachain réadaithe shuntasacha ginte ag na diúscairtí sin, rud ba chúis, i dteannta leis an ioncam úis arna thuilleamh ar na sócmhainní, le brabúis shubstaintiúla an Bhainc Ceannais. Amach anseo, agus faoi réir dálaí margaidh agus cumas leanúnach chun na NRCanna a dhiúscairt, thabharfadh bainistíocht stuama riosca le tuiscint go mbeadh sé iomchuí cion de na brabúis sin a úsáid chun na caillteanais sin a fhritháireamh dá dtiocfaidís chun cinn. A luaithe a bheidh punann NRC diúscartha ina hiomláine, áfach, meastar go normalóidh brabúis an Bhainc Ceannais go dtí leibhéil níos measartha. D'fhéadfadh sé nach bhféadfaí

[28] Mar shampla, taiscí arna sealbhú ag institiúidí creidmheasa, taiscí rialtais agus dliteanais laistigh den Eurchóras, bíonn siad nasctha le rátaí beartais a shocraíonn an BCE.

AR LEAN

ansin aon chaillteanais, arna nginiúint trí neamhréir ráta úis, a fhritháireamh le hioncam ó fhoinsí traidisiúnta eile de bhrabúis an Bhainc Ceannais. Dá bhrí sin, féadfaidh go méadóidh diúscairtí NRC ar luas níos tapúla an fhéidearthacht go mbeidh glanchaillteanais ann de thoradh neamhréir ráta úis, toisc go raibh brabúis ó phunann NRC tús-ualaithe agus ní bheidh siad ar fáil chun caillteanais ionchasacha a fhritháireamh sna blianta níos deireanaí.

Ar a shon sin, déanann diúscairtí ó phunann NRC difear do phróifíl riosca an Bhainc Ceannais ar bhealaí éagsúla. Bíonn NRCanna a sealbhú ar bhonn Marcáil ón Margadh (MÓM) agus faoi láthair tá siad faoi réir gnóthachain athluachála, rud a chiallaíonn go ndéanfar gnóthachain chaipitiúla réadaithe astu toisc go ndearnadh iad a dhiúscairt tráth ní ba luaithe. Mar aon le gach banna, tá an Banc Ceannais neamhchosanta freisin ar leibhéal áirithe riosca creidmheasa ó na NRCanna, ar riosca é a laghdóidh de réir mar a dhíoltar iad.

Ina theannta sin, féadfar maoláin airgeadais an Bhainc Ceannais a mhéadú de thoradh na mbrabús suntasach arna nginiúint ó dhiúscairtí NRCanna, toisc gur féidir leis an mBanc 20% ar a mhéad dá bhrabús foriomlán in aon bhliain ar leith a aistriú chuig a chúlchiste ginearálta.

Go hachomair, tá neamhchosaint an Bhainc Ceannais ar neamhréir ionchasach ráta úis ag dul i méid de réir mar a leanann an APP. Féadfaidh go gcuirfidh diúscairtí níos tapúla ó phunann NRC an Bhainc Ceannais leis an bhféidearthacht go mbeidh glanchaillteanais ann, a eascróidh as neamhréir ráta úis de thoradh éifeacht an tús-ualaithe ar bhrabús a eascraíonn faoi láthair as na NRCanna. Ar a shon sin, is dócha go laghdófar an riosca margaidh agus riosca creidmheasa don Bhanc Ceannais dá bharr agus go mbeidh méadú ionchasach ar a chúlchistí ginearálta. Dá ainneoin sin, tá soláthar curtha ar leataobh ag an mBanc Ceannais ó 2016 i leith chun caillteanais a thiocfaidh chun cinn i gcás neamhréire den sórt sin a chlúdach.

## Sócmhainní a Fuarthas mar chuid de Leachtú IBRC

Le linn 2017, tháinig laghdú ar shealúchais an Bhainc Ceannais de shócmhainní a fuarthas mar chuid de leachtú IBRC, dá ngairtear an Phunann Speisialta, go dtí €15.5bn (ainmniúil) faoi dheireadh na bliana. Freagraíonn an laghdú sin do cheannach bhannaí NRC 2043, bhannaí NRC 2045 agus bhannaí NRC 2047 ag an GBCN arbh ionann a luach agus €0.5bn, €3bn agus €0.5m faoi seach agus d'fhuascailt bannaí ag GNBS arbh ionann a luach agus €80m (méideanna ainmniúla go léir).

## Cúlchistí BCE

Ag deireadh 2017, b'ionann cúlchistí BCE agus coibhéis €65.7bn (margadhluach). Déanann gach BCN bainistíocht ar chion de chúlchistí malairte eachtraí BCE i gcomhréir lena scair scála caipitil. Ón 1 Eanáir 2008 i leith, tá cion Mhálta de chúlchistí dhollar SAM á bhainistiú ag an mBanc Ceannais, mar aon lena chion féin, tar éis dó iarratas a fháil chuige sin ó Bhanc Ceannais Mhálta. Ag deireadh na bliana 2017, b'ionann cúlchistí BCE a bhí á mbainistiú ag an mBanc Ceannais agus coibhéis €816.3m (margadhluach), méid atá i gcomhréir le suim scairsheilbhe an dá thír sa BCE.

## Faisnéis agus Acmhainní

**Is inniúlacht phríomha don Bhanc Ceannais é anailís a dhéanamh ar shonraí agus ar fhaisnéis agus a shainordú á bhaint amach aige. Le linn dó a chuid freagrachtaí a comhlíonadh, ní mór don Bhanc Ceannais aghaidh a thabhairt ar rioscaí éagsúla a choinnítear laistigh de lamháltais shainithe trí chreataí agus trí mhodheolaíochtaí bainistíochta riosca. Éascaítear bealaí feabhsaithe oibre, comhair agus éifeachtúlachta don fhoireann.**

Leantar d'fheabhsuithe a dhéanamh ar shlándáil faisnéise na heagraíochta chun rialachas feabhsaithe a bhaint amach agus chun béim a leagan ar thírdhreach riosca chórais agus shonraí an Bhainc Ceannais.

### Straitéis Sonraí

An Bonneagar Bainistíochta Sonraí is ea fís do réiteach éifeachtach bainistíochta sonraí lena gcomhlíonfar riachtanais reatha an Bhainc Ceannais agus a chuid riachtanas amach anseo agus is príomhchuspóir eagraíochta é. Bunaíodh an Clár Straitéise Sonraí (ar a dtugtar an Clár Aontachta) chun an fhís seo a bhaint amach agus bhí torthaí sonracha le feiceáil in 2017 lena n-áirítear:

- Roghnaíodh na réitigh teicneolaíochta a bhuntacódh le dhá phríomhghné den bhonneagar, i.e. tairseach chun caidreamh le heintitis rialáilte agus chun bainistíocht máistirshonraí a éascú. Tiocfaidh na teicneolaíochtaí seo ar an bhfód in 2018.
- Roghnaíodh Réiteach do Bhainistíocht Doiciméad agus comhpháirtí cur chun feidhme. Cuirfear i gcrích an obair ar chur chun feidhme an réitigh seo sna rannáin tosaigh in 2018 agus cuirfear tús leis an bpleanáil d'fheidhmiú céimneach na fiontraíochta.
- Cuireadh Ardán Mórshonraí ar fáil lena mbainfear amach an sprioc chun éilimh reatha anailísíochta sonraí agus chun éilimh anailísíochta sonraí amach anseo a bhaint amach, lena n-áirítear ceanglas MiFIR maidir le Tuairisciú Idirbheart.
- Rinneadh Feidhm na nOibríochtaí Sonraí a leabú chun leanúint de rochtain shlán, dhíreach a sholáthar ar shonraí, uirlisí, agus ar shaineolas i dtimpeallacht chomhoibríoch. Cumasaíonn sé seo don Bhanc Ceannais cinntí níos fearr, níos tapúla agus níos eolasaí a ghlacadh, trí dheaiseanna anailísíochta a chur ar fáil a bheidh sainiúil dá riachtanais ghnó. Tá os cionn 350 úsáideoir gnó ann a bhfuil rochtain acu ar 4bn taifead nach mór.

### Forbairtí maidir le Slándáil Faisnéise

Leantar d'fheabhsuithe a dhéanamh ar shlándáil faisnéise na heagraíochta chun rialachas feabhsaithe a bhaint amach agus chun béim a leagan ar thírdhreach riosca chórais agus shonraí an Bhainc Ceannais.

Seoladh clár dearbhaithe SWIFT in 2017 chun ár gcórais agus ár mbonneagar SWIFT a uasghrádú i gcomhréir le caighdeáin nua SWIFT.

**BOSCA 14**

## Mórthionscadail TF a cuireadh i gcrích in 2017

Cuireadh líon suntasach thioscadail TF i gcrích le linn 2017 chun tacú le cur chun feidhme treoracha rialála agus chun freastal níos fearr ar riachtanais an Bhainc Ceannais chun teicneolaíocht a úsáid d'fhonn sainordú an Bhainc Ceannais a bhaint amach ar mhodh éifeachtach, éifeachtúil.

Ar na tionscadail a cuireadh chun feidhme, áirítear na cinn seo a leanas:

- Ó thaobh na teicneolaíochta de, b'fhurasta an t-aistriú chuig Cé an Phoirt Thuaidh, agus ní raibh aon chur isteach ar sheirbhísí le linn an aistrithe sin. Tapaíodh an deis chun an teicneolaíocht a bhí ag fostaithe an Bhainc Ceannais a uasghrádú go dtí teicneolaíocht mhóibíleach. Ar an gcaoi seo, feabhsaítear comhoibriú ar champas an Bhainc Ceannais agus bíonn an cumas ag comhaltaí foirne oibriú go héifeachtach nuair a bhíonn siad ag obair ar an láthair le gnólachtaí.
- Dearadh suíomh gréasáin nua don Bhanc Ceannais chun éifeachtacht an chainéil seo mar phríomhuirlis chumarsáide na heagraíochta a fheabhsú.
- De thoradh cheanglais na Treorach nua maidir le Ceanglais Chaipitil (CRD IV), ba ghá nuashonruithe córas a dhéanamh agus cuireadh iad sin chun feidhme in 2017.
- Ceanglaítear ar eintitis rialáilte tuarascálacha éigeantacha a tharchur chuig an mBanc Ceannais agus ba ghá uasghrádú a dhéanamh ar ardán Chóras Tuairiscithe ar líne (ONR) an Bhainc Ceannais.
- Soláthraíodh Páipéir Boird ar líne do Chomhaltaí an Choimisiúin chun go bhféadfaidís rochtain a fháil ar na páipéir boird ba dhéanaí i bhfoirm leictreonach seachas i bhfoirm páipéir.
- Cuireadh córas nua um Chartlannú Faisnéise chun feidhme in 2017.
- Cuireadh córas um Aicmiú Faisnéise chun feidhme chun doiciméid agus ríomhphoist laistigh den Bhanc Ceannais a aicmiú go héifeachtúil, ar córas é atá ailínithe le treoirlínte BCE.
- Cuireadh athruithe ar thuairisciú Idirbhearta MiFIR chun feidhme i gcomhréir leis an spriocdháta i mí Eanáir 2018.
- Cuireadh córas Tuairiscithe MiFID II chun feidhme freisin chun tacú leis an gceanglas go bhfaigheadh Banc Ceannais tuarascálacha ó ghnólachtaí ó mhí Eanáir 2018 ar aghaidh.

Leanann an Banc Ceannais de na leibhéil Slándála is airde maidir le TF a athbhreithniú agus a chothabháil agus cuireadh uasghrádú suntasach i bhfeidhm ar Leasúcháin Slándála.

## Bainistíocht Riosca Oibríochtúil

Cothabhálann an Banc Ceannais Creat Bainistíochta Riosca Oibríochtúil (ORMF) chun rioscaí a shainaithint, a mheasúnú, a rialú, a thuairisciú agus a bhainistiú ó lá go lá, ar rioscaí iad a bhféadfadh iarmhairt dhíobhálach a bheith acu ar dhaoine, ar phróisis, ar chórais, ar shócmhainní fisiceacha agus ar fhaisnéis i gcomhlíonadh ghníomhaíochtaí leathana an Bhainc Ceannais.

Faoin ORMF, cothabháiltear samhail na dtrí líne cosanta chun freagrachtaí a leithdháileadh i ndáil le bainistíocht a dhéanamh ar riosca oibríochtúil. I gcomhréir leis an tsamhail seo, ceanglaítear ar rannáin sa chéad líne cosanta cláir rioscaí agus rialuithe faoina sainordú a chothabháil agus neamhchosaintí ar na rioscaí sin a bhainistiú le linn dóibh a gcuid cuspóirí gnó a shaothrú. Is é an Rannán um Riosca Eagraíochtúil a chuireann an dara líne cosanta ar fáil. Tá an Rannán um Riosca Eagraíochtúil freagrach as beartais agus creataí a shainiú agus a chur chun feidhme chun a áirithiú go gcuirtear caighdeáin fhormheasta bainistíochta riosca i bhfeidhm go comhsheasmhach mar chuid den chéad líne cosanta. Feidhmíonn an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach mar an tríú líne cosanta trí dhearbhú neamhspleách, réasúnta, rioscabhunaithe a chur ar fáil maidir le héifeachtacht an rialachais, na bainistíochta riosca, agus na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear an chaoi ina mbaineann an chéad agus an dara líne cosanta a gcuid cuspóirí bainistíochta riosca agus rialaithe amach.

Le cois chothabháil leanúnach na gclár riosca agus rialaithe in 2017, rinne an Fhoireann um Riosca Oibríochtúil dearbhú cáilíochta ar mheasúnuithe riosca agus rialaithe rannán. Déantar rioscaí oibríochtúla a mheasúnú agus a chur in ord tosaíochta ó thaobh leasúcháin bunaithe ar an iarmhairt ionchasach a bheadh acu agus ar an bhféidearthacht go dtarlóidís. Tá lamháltais shonracha sainithe ag an mBanc Ceannais i ndáil leis an gcur chuige measúnaithe seo chun a áirithiú go ndéantar neamhchosaintí riosca oibríochtúil a bhainistiú agus a rialú go gníomhach i gcomhréir le fonn riosca formheasta an Choimisiúin.

Baineann gné bhreise den ORMF le beartas sainithe do bhainistiú, do thuairisciú agus do leasúchán iarmhairtí teagmhas riosca oibríochtúil. Comhlíonadh na ceanglais faoin mbeartas seo le linn 2017.

De bhreis ar na gníomhaíochtaí agus forbairtí faoin ORMF, cothabhálann an Banc Ceannais Creat tiomanta Bainistíochta Leanúnachais Gnó (BCMF) chun na hiarmhairtí ionchasacha a bheadh ag teagmhais shuaiteacha ar ghnáthoibríochtaí a mhaolú agus a bhainistiú. Mar chuid den BCMF a chothabháil le linn 2017, d'éascaigh an fhoireann bainistíochta leanúnachais gnó anailísí iarmharta gnó i rannáin éagsúla chun criticiúlacht agus athléimneacht a gcuid próiseas, cuspóirí téarnaimh agus socruithe teagmhais a fhíorú i gcás ina dtarlódh cásanna sainithe suaiteacha. Tá na measúnuithe iarmharta seo ina mbun le forbairt pleananna leanúnachais do na rannáin éagsúla. Ina theannta sin, seoladh tástálacha leanúnachais agus téarnaimh chun measúnú a dhéanamh ar fhéidearthacht agus ar éifeachtacht na bpleananna sin, lena n-áirítear tástálacha ar limistéir mhalartacha oibre an Bhainc chun leanúnachas oibríochtaí a áirithiú i gcásanna suaiteacha nach mbeadh gnáth-áitribh an Bhainc Ceannais ar fáil.

Glaodh foireann bainistíochta teagmhas leanúnachais gnó de chuid an Bhainc Ceannais chun iarmhairtí Stoirm Ophelia i mí Dheireadh Fómhair a bhainistiú, tráth a cuireadh isteach ar ghnáthoibríochtaí gnó ar feadh aon lá amháin, ach athchromadh ar na gnáthoibríochtaí sin an lá dar gcionn gan aon chur isteach sonraíoch ar sheirbhísí riachtanacha.

Le linn na bliana, rinne an Banc Ceannais dul chun cinn maidir le Clár Bainistíochta Riosca Neamhairgeadais (NFRP) a dhíríonn ar chonair aibíochta iomchuí a dhearadh chun a áirithiú go gclúdaítear na rioscaí neamhairgeadais go léir agus chun tuiscint na bainistíochta ar an ngaol idir rioscaí, rialuithe, teagmhais agus gníomhaíochtaí leasúcháin a chumasú. Faoin NFRP, saineofar freagrachtaí go soiléir, áiritheofar go bhfuil ionramháil rioscaí i gcomhréir le sainordú agus fonn riosca an Bhainc Ceannais; cuirfear sásraí ar fáil chun feidhmíocht agus éifeachtacht bainistíochta riosca a mheasúnú agus chun éifeachtúlacht cleachtais agus próisis bainistíochta riosca a áirithiú.

## Bainistíocht Tionscadal agus Clár

In 2017, chuir an Banc Ceannais 31 tionscadal i gcrích faoina phróiseas caighdeánaithe um bainistíocht tionscadal. B'ionann an méid sin agus méadú 19% ar líon na dtionscadal a cuireadh i gcrích in 2016. Ina theannta sin, bhí líon agus castacht na dtionscadal a bhí á mbainistiú ach nach raibh le críochnú in 2017, ní b'airde ná blianta roimhe sin rud a léiríonn go bhfuil an-éileamh leanúnach ar thionscadail.

I dteannta leis an aistriú chuig Cé an Phoirt Thuaidh agus leis an gClár um Fhorbairt Eagraíochta, leagadh béim shuntasach ar thionscadail ina bhfeabhsaítear rialuithe rialála agus ar thionscadail atá ceaptha an bonneagar inmheánach do Bhainistíocht Riosca Oibríochtúil a fheabhsú. Ar na mórthionscadail a cuireadh i gcrích in 2017, áirítear: An Clár um Idirbhearta Rialála; an Clár um Fhorbairt Eagraíochta; Cur chun feidhme Shócmhainneacht II; Slándáil Bunachar Sonraí agus Feabhsuithe ar Shlándáil Straitéise; Tacaíocht do Mhórthacair Sonraí; Uasghrádú Windows 10 agus Athnuachan Gléasanna TF; Clár Fiontraíochta Soghluaisteachta.

Tá an Banc Ceannais tiomanta do chaighdeáin dea-chleachtais agus d'fheabhsú leanúnach maidir le rialachas, bainistíocht agus seachadadh a phunann tionscadal agus clár agus chuige sin comhlíonann sé caighdeán ISO 21500 maidir leis an dea-chleachtas i mBainistíocht Tionscadal. In 2017, neartaigh an Banc Ceannais a bhuíon bainisteoirí gairmiúla tionscadal agus clár agus shann sé iad do na tionscadail ba chasta sa Bhanc Ceannais. Ina theannta sin, lean an Banc Ceannais d'infheistíocht a dhéanamh in oiliúint intí bainistíochta tionscadal agus lean roinnt de na rannpháirtithe sin ar aghaidh chun creidiúnú sa bhainistíocht tionscadal a fháil ón Institiúid Bainistíochta Tionscadal (PMI). Le linn na bliana, d'óstáil an Banc Ceannais seisiúin éagsúla comhroinnte faisnéise le heagraíochtaí in earnáil phoiblí na hÉireann agus le BCNanna agus leanfaidh sé dá thaithí a chomhroinnt le páirtithe leasmhara.

## Na Creataí um Fhormheas Beartas Caiteachais agus Soláthair

I gCreat an Bhainc Ceannais um Fhormheas Caiteachais, leagtar amach an struchtúr rialachais ina bhfuil na húdaráis ceadúcháin do chaiteachas oibríochtúil agus infheistíochta (caipitiúil agus neamhchaipitiúil) na heagraíochta. Déantar faireachán ar chaiteachas (caipitiúil agus neamhchaipitiúil) oibríochtúil agus infheistíochta an Bhainc Ceannais agus tuairiscítear air don ardbhainistíocht ar bhonn míosúil agus ráithiúil i gcomhréir leis an gcreat sin.

Is iad príomhphrionsabail Bheartas Soláthair an Bhainc Ceannais an luach is fearr ar airgead a bhaint amach, fad a bheidh Treoracha uile AE agus dlíthe náisiúnta uile á gcomhlíonadh agus na rioscaí gaolmhara go léir á mbainistiú. Ag tacú leis an mbeartas seo, bainistíonn an Banc Ceannais an próiseas soláthair ó cheann ceann lena n-áirítear bainistíocht aicme, córas tairiscintí iomaíocha, roghnú soláthróirí, conraitheoireacht, bainistíocht caidreamh soláthróirí agus bainistíocht ordaithe ceannaigh.

Is iad príomhphrionsabail Bheartas Soláthair an Bhainc Ceannais an luach is fearr ar airgead a bhaint amach, fad a bheidh Treoracha uile AE agus dlíthe náisiúnta uile á gcomhlíonadh agus na rioscaí gaolmhara go léir á mbainistiú.

## Seirbhísí Dlí

Ullmhaíodh Rialacháin éagsúla le linn 2017, lena n-áirítear na cinn sin a bhain le hiasachtú morgáiste chónaithe, le comhair chreidmheasa agus le gnólachtaí infheistíochta. Cuireadh cúnamh dlí ar fáil maidir le trasuíomh threoracha AE áirithe, lena n-áirítear MiFID II. Bhí acmhainní dlí an Bhainc Ceannais ag cuidiú le SMA freisin agus tugadh cúnamh do na rannáin maoirseachta maidir le húdaruithe, maoirseacht leanúnach agus gníomhaíochtaí rialála. Ina theannta sin, rinne acmhainní dlí na heagraíochta bainistiú ar imeachtaí éagsúla dlí arna nglacadh ag an mBanc Ceannais nó ina choinne le linn na bliana, lena n-áirítear leachtú Chomhar Creidmheasa an Rátha Teoranta. Cuireadh comhairle dlí ar fáil maidir le mórthionscadail éagsúla, lena n-áirítear forbairt oifig nua an Bhainc Ceannais ag Cé an Phoirt Thuaidh agus díol na n-áitreabh ar Shráid an Dáma. Thacaigh acmhainní dlí intí le gníomhaíochtaí CEBC de chuid an Bhainc Ceannais freisin. Mar shampla, leasaíodh doiciméadacht maidir le hionstraimí agus nósanna imeachta beartais airgeadaíochta agus na téarmaí agus coinníollacha a bhain le rannpháirtíocht i TARGET2-Ireland chun freagairt d'athruithe ar threoirlínte ábhartha BCE; rinneadh athbhreithnithe dlíthiúla ar chomhthiomsú morgáistí cónaitheacha atá mar thaca le Nótaí Gealltanais Speisialta le taca Morgáistí; agus rinneadh measúnuithe dlíthiúla ar chomhlíonadh chritéir incháilitheachta an Eurochórais ag Urrúis Sócmhainn-Bhunaithe. De bhreis air sin, bhí ionadaíocht ag an mBanc ar Choiste Dlí CEBC.

Lean an tAonad um Chinntí Rialála de thacaíocht a thabhairt d'fheidhmeanna cinnteoireachta an Bhainc Ceannais i dtaca le húdaruithe a dhiúltú nó a tharmligean, i dtaca le cinntí faoin gcóras oiriúnachta agus ionracais (amhail fógraí fionraí agus toirmisc), agus i dtaca leis an Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin (ASP) faoi Chuid IIIC d'Acht 1942. In 2017, bhí Fiosrúcháin éagsúla ASP ar siúl i ndáil le Quinn Insurance Limited (faoi riaradh) agus Irish Nationwide Building Society (INBS) agus i ndáil le daoine áirithe a raibh baint acu lena mbainistíocht. Seoladh na chéad éisteachtaí poiblí i bhFiosrúchán INBS. Tá ionad seachtrach ar léas ag an mBanc Ceannais in Ionad Gnó DMG, Plás Blackhall, Baile Átha Cliath 7, chun go mbeidh áiseanna iomchuí ar fáil d'Fhiosrúcháin ASP.

## Cinntí Rialála

Lean an tAonad um Chinntí Rialála de thacaíocht a thabhairt d'fheidhmeanna cinnteoireachta an Bhainc Ceannais i dtaca le húdaruithe a dhiúltú nó a tharmligean, i dtaca le cinntí faoin gcóras oiriúnachta agus ionracais (amhail fógraí fionraí agus toirmisc), agus i dtaca leis an Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin (ASP) faoi Chuid IIIC d'Acht 1942. In 2017, bhí Fiosrúcháin éagsúla ASP ar siúl i ndáil le Quinn Insurance Limited (faoi riaradh) agus Irish Nationwide Building Society (INBS) agus i ndáil le daoine áirithe a raibh baint acu lena mbainistíocht. Seoladh na chéad éisteachtaí poiblí i bhFiosrúchán INBS. Tá ionad seachtrach ar léas ag an mBanc Ceannais in Ionad Gnó DMG, Plás Blackhall, Baile Átha Cliath 7, chun go mbeidh áiseanna iomchuí ar fáil d'Fhiosrúcháin ASP.

## Nochtadh Cosanta Faisnéise

Is uirlis thábhachtach maoirseachta é tuarascálacha um nochtadh cosanta faisnéise a fháil toisc go gcumasaíonn sé do dhaoine den phobal nó do chomhaltaí foirne entiteas rialáilte tuarascálacha den sórt sin a thabhairt i bhfoirm rúnda don Bhanc Ceannais. Thionscain an Banc Ceannais gníomhaíochtaí maoirseachta tar éis dó tuarascálacha um nochtadh faisnéise a fháil lena n-áirítear gníomhaíocht forfheidhmiúcháin, cigireachtaí ar an láthair, eisiúint CMRanna agus gnólachtaí áirithe a chur ar liosta faire.

Faigheann an Banc Ceannais nochtadh cosanta faisnéise faoi chórais éagsúla ar leith ar leibhéal Eorpach agus ar leibhéal intíre araon. Le bliain anuas, táthar ag áirithiú go ndéanfar próisis a oiriúnú chun na córais éagsúla sin atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh (e.g. Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Drochúsáid Margaidh) 2016 agus Treoir (AE) 2015/2366 (An Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta II).

In 2017, tháinig méadú substainteach ar líon na nochtuithe a tarchuireadh chuig an Deasc um Nochtadh Cosanta Faisnéise; fuarthas 93 nochtadh cosanta faisnéise in 2017 i gcomparáid le 50 in 2016.

Tá ríomhphost, teileafón agus seoladh poist tiomnaithe ag an mBanc Ceannais do dhaoine ar mian leo tuarascálacha um nochtadh cosanta faisnéise a dhéanamh. Tá na sonraí go léir ar fáil ar leathanach tiomnaithe ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

## Bainistíocht Saoráidí

**BOSCA 15**

### Campas na nDugthailte

Chuir an Banc Ceannais tús le comhaltaí foirne a athlonnú chuig an bhfoirgneamh nua ar Ché an Phoirt Thuaidh (NWQ) go déanach in 2016 agus bhí an fhoireann go léir athlonnaithe chuig Campas na nDugthailte[29] ó na háitribh i lár na cathrach faoi thús mhí Aibreáin 2017. Ba iad seo a leanas na cuspóirí a bhí ag an mBanc Ceannais nuair a bhí an foirgneamh nua á dhearadh aige:

- Go mbeadh sé éifeachtúil, solúbtha, agus cost-éifeachtach
- Go léireodh sé an uaillmhian agus an t-éiteas seirbhíse poiblí atá ag an eagraíocht
- Go n-éascódh sé feabhsuithe ar chumas an Bhainc Ceannais a shainordú a bhaint amach
- Go spreagfadh sé cumarsáid inmheánach, oscailteacht agus trédhearcacht
- Go gcuirfeadh sé spás oibre idirghníomhach, forásach, inmharthana ar fáil a thacódh le forbairt na heagraíochta
- Go gcuirfear an foirngeamh nua ar fáil i gcomhréir le caighdeáin chomhaontaithe cáilíochta, leis an mbuiséad comhaontaithe agus leis an am líne comhaontaithe.

B'éigean athruithe a dhéanamh ar chroíleacáin an fhoirgnimh chun na cuspóirí sin a bhaint amach, mar shampla athdhearadh an t-aitriam chun go mbeadh sé oscailte, cuireadh droichid trasna an aitriam a bhfuil spásanna sóisialta agus cruinnithe thart timpeall air, agus bunaíodh comharchroí in aitriam an fhoirgnimh. Bhí ionchur tábhachtach ag an bhfoireann maidir leis an dearadh, lena n-áirítear suirbhé ar thuairimí comhaltaí foirne chun 'cluas éisteachta' a thabhairt dóibh, ceardlanna le comhaltaí foirne a bhain le raon leathan "taithí custaiméara" (e.g. cruinnithe, seomraí bia, taisteal, EH&S, stáisiúin oibre, cuairteoirí, saoráidí cinn scríbe etc.) san fhoirngeamh sa chaoi go mbeadh tionchar ag tuairimí na foirne ar an gcaoi ina mbímid ag oibriú san fhoirgneamh.

Baineadh cuspóirí an Bhainc Ceannais amach le dearadh fisiceach an fhoirgnimh, lena chórais um éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainne[30], i dteannta le feabhas suntasach teicneolaíochta chun go bhféadfar comhshaol úrnua, tacúil a chruthú don fhoireann.

AR LEAN

Campas na nDugthailte



*Grianghraf le: Hufton & Crow*

[29] Cuimsíonn Campas na nDugthailte na háitribh ag Cé an Phoirt Thuaidh agus ag Duga Spencer
[30] Tá Rátáil Fuinnimh "A2" faighte ag foirgneamh NWQ.

Baineadh cuspóirí an Bhainc Ceannais amach le dearadh fisiceach an fhoirgnimh, lena chórais um éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainne , i dteannta le feabhas suntasach teicneolaíochta chun go bhféadfar comhshaol úrnua, tacúil a chruthú don fhoireann.

Cuireadh san áireamh sa dearadh acmhainneacht an struchtúir reatha a uasmhéadú, na radhairc ar an abhainn, treoshuíomh agus caidreamh leis an gcathair a bhunú. Ina theannta sin, d'éirigh leis spás oibre solúbtha a bhunú, agus aitheantas cathartha a chruthú, ina léirítear neamhspleáchas an Bhainc Ceannais. Trí chóras bainistíochta deimhnithe fuinnimh (ISO 50001) agus trí chóras bainistíochta timpeallachta (ISO 14001) a chur chun feidhme, leagtar béim ar fheabhsúchán leanúnach chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach agus feidhmíocht fheabhsaithe fuinnimh an fhoirgnimh a áirithiú.

D'fháiltigh an fhoireann agus an pobal roimh an bhfoirgneamh nua. Tá neart gradam bainte amach ag an gclár foirgnimh, lena n-áirítear Gradam 2017 i nDearadh Uilíoch ó Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann. San aiseolas atá faighte ón bhfoireann, deirtear go measann siad gur áit oibre é inar féidir leo a ndícheall a dhéanamh, a bhfuil siad bródúil as, agus a fhreastalaíonn ar a gcuid riachtanas. I mí Lúnasa 2017, sheol an Banc Ceannais Seirbhís nua Cartlann, lena n-áirítear seomra tiomnaithe léitheoireachta agus catalóg ar líne, sa chaoi go bhfuil taifid stairiúla na heagraíochta ar fáil don phobal den chéad uair, ar taifid iad atá níos sine ná 30 bliain.

I mí Eanáir 2017, tar éis dó bheith lonnaithe ar Shráid an Dáma ar feadh 40 bliain, dhíol an Banc Ceannais a chuid áitreabh ar Shráid an Dáma (an Túrfhoirgneamh agus na Foirgnimh Thráchtála, 9 Faiche an Choláiste agus 6-8 Faiche an Choláiste). Ina theannta sin, thug sé léas ar áitreabh ag Cúirt Uíbh Eachach, Sráid Fhearchair, chun críche i mí Bealtaine 2017. Bhí pleanáil mhionsonraithe ag teastáil i ndáil leis an dúshlán chun an fhoireann a bhí lonnaithe i lár na cathrach a athlónnú chuig Campas na nDugthailte agus chun na háitribh sin i lár na cathrach a dhíchoimisiúnú. Cuireadh an plean i gcrích faoin sprioc agus laistigh den bhuiséad.

Chuir an Banc Ceannais samhail nua oibriúcháin i bhfeidhm maidir le Bainistíocht Saoráidí nuair a aistríodh chuig Campas na nDugthailte in 2017, sa mhéid gur leagadh níos mó béime ar sholáthraithe comhpháirtíochta do sholáthar raon seirbhísí a bhain le saoráidí.

## Comhshaol, Sláinte agus Sábháilteacht

Bíonn formhór na gcomhaltaí foirne (tuairim is 91%) ag gabháil do ghníomhaíochtaí oifige sna suíomhanna i lár na cathrach agus bíonn an chuid eile den fhoireann ag gabháil do ghníomhaíochtaí déantúsaíochta sa Lárionad Airgeadra. Tá beartas comhtháite sláinte agus sábháilteachta, dóiteáin, comhshaoil agus fuinnimh i bhfeidhm a bhfuil córais bainistíochta cothrom le dáta mar bhuntaca leis.

Trí bhíthin athbhreithnithe ráithiúla sláinte agus sábháilteachta, leantar d'fheasacht chomhshaoil, sláinte agus sábháilteachta a fhorbairt agus de chomhlíontacht sna réimsí sin a bhaint amach agus chuathas thar an meánsprioc chomhlíontachta do na rannáin arbh ionann í agus 90% (bhí 94.4% bainte amach faoi dheireadh na bliana). Ba phríomhchuspóir feidhmíochta in 2017 é córas comhtháite bainistíochta a chur chun feidhme san fhoirgneamh ag Cé an Phoirt Thuaidh agus deimhniúchán a bhaint amach ina leith chuig caighdeáin OHSAS 18001:2007 (Sábháilteacht), ISO 14001:2004 (Comhshaol) agus ISO 50001:2011 (Fuinneamh). Baineadh é seo amach roimh an spriocdháta agus cuireann sé teimpléad ar fáil chun córas lánchomhtháite, deimhnithe bainistíochta a fhorbairt don Lárionad Airgeadra in 2018.

Le glacadh prionsabal comhshaoil, sláinte, sábháilteachta agus inrochtaineachta i ndearadh fisiciúil na ceanncheathrún nua, cuidítear le cruth a chur ar an gcaoi ina n-oibríonn an Banc Ceannais. Le cúnamh na rannpháirtíochta suntasaí ó pháirtithe leasmhara, cuireadh nósanna imeachta oibríochtúla nua chun feidhme ar fud na seirbhísí go léir ag Campas na nDugthailte. Tá na nósanna imeachta seo ceaptha feidhmíocht na saoráidí agus úsáid acmhainní a bharrfheabhsú trí rannpháirtíocht agus rannpháirteachas na foirne. Trí chleachtais níos inmharthana a chur chun cinn, tá bearta glactha chun an éifeacht a bhíonn aige ar an gcomhshaol áitiúil agus domhanda a laghdú a mhéid is féidir, fad a chuirtear comhshaol níos sábháilte agus níos cuimsithí ar fáil don fhoireann agus do chuairteoirí. Bhronn Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann gradam 2017 i nDearadh Uilíoch ar an mBanc Ceannais. Thug an gradam aitheantas do na prionsabail deartha arna nglacadh, ar prionsabail iad a bhí dírithe ar inrochtaineacht, sa chaoi gur cruthaíodh comhshaol cuimsitheach san fhoirgneamh ag Cé an Phoirt Thuaidh.

Bronnadh an phríomhdhuais san aicme 'Seirbhísí Airgeadais agus Árachais' ar an mBanc Ceannais don cheathrú bliain i ndiaidh a chéile, ag Dámhachtainí Bliantúla Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann (NISO) maidir leis an tSábháilteacht Cheirde i mí Dheireadh Fómhair 2017. B'fhormhuiniú seachtrach é an duais seo ar neart a chóras bainistíochta (beartais, nósanna imeachta, foirmeacha agus taifid) arna thomhas le hais a aicme gnó. Bhí an Banc Ceannais ar an ngearrliosta sa bhabhta ceannais do Ghradaim Bhliantúla Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann mar gheall ar a chuid oibre ar dhearadh an fhoirgnimh nua ag Cé an Phoirt Thuaidh.

BOSCA 16

## Feidhmíocht ó thaobh Fuinnimh, Sábháilteachta agus Comhshaoil - Tionscnaimh an Bhainc Ceannais

### Bearta a Rinneadh in 2017

Thug an Banc Ceannais faoi raon tionscnamh chun a fheidhmíocht fuinnimh, sábháilteachta agus comhshaoil a fheabhsú, lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

- Cuireadh clár iomlán i gcrích maidir le hoiliúint ionduchtúcháin ar shabháilteacht dóiteáin agus rinneadh measúnuithe ar stáisiúin oibre 1,500 comhalta foirne a athlonnaíodh i gCampas na nDugthailte.
- Tacaíodh le hathlonnú 1,500 comhalta foirne agus níor cailleadh aon am de thoradh aon teagmhas.
- Leathnaíodh raon an deimhniúcháin ag Duga Spencer do chóras comhtháithe bainistíochta i gcaighdeáin OHSAS 18001:2007 (Sábháilteacht), ISO 14001:2004 (Comhshaol) agus ISO 50001:2011 (Fuinneamh) chun go n-áireofar oibríochtaí ag Cé an Phoirt Thuaidh.
- Baineadh athdheimhniúchán amach i gcaighdeán córais bainistíochta ISO14001:2004 (Comhshaol) sa Lárionad Airgeadra.
- Tugadh isteach teicneolaíochtaí móibíleacha agus priontáil bhainistithe chun úsáid páipéir agus stáiseanóireachta a laghdú.
- Cuireadh an straitéis Inrochtaineachta chun cinn trí chlár oiliúna maidir le feasacht ar mhíchumas a chur ar fáil don fhoireann agus trí BankAbility a bhunú, líonra do chomhaltaí foirne a ndéanann míchumas difear dóibh go díreach nó go hindíreach.
- Glacadh páirt i scéim OPW Power@Work sa Lárionad Airgeadra agus laghdaíodh an tomhaltas fuinnimh ann faoi 11% nó 832,262kWh, 443,595 kgCO2 nó sábháil airgid €59,731.
- Cuireadh tuarascáil réamh-mheasúnaithe BREEAM i gcrích i ndáil lenár gcuid oibríochtaí ag Cé an Phoirt Thuaidh.
- Cuireadh feasacht ar choigilt fuinnimh agus ar bhithéagsúlacht chun cinn trí sheisiúin don fhoireann arna dtabhairt ag saineolaithe.
- Óstáladh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus Comhairle Foirgneamh Glas na hÉireann ag ár suíomh ag Cé an Phoirt Thuaidh chun an dea-chleachtas maidir le hinbhuanaitheacht a chur i láthair.
- Rinneadh nósanna imeachta córais bainistíochta a thabhairt cothrom le dáta agus a shruthlíniú sa Lárionad Airgeadra i gcomhréir le Campas na nDugthailte chun comhsheasmhacht, éifeachtúlacht, agus rannpháirtíocht úsáideoirí a fheabhsú.
- Seoladh rannpháirtíocht le Líonra Comhshaoil Bhainc Cheannais na hEorpa maidir le feidhmíocht inbhuanaitheachta (comhroinnt tuairimí agus dea-chleachtais maidir le hinbhuanaitheacht).

AR LEAN

**Gníomhartha atá beartaithe do 2018**

Tá sé beartaithe ag an mBanc Ceannais a fheidhmíocht fuinnimh, sábháilteachta agus comhshaoil a fheabhsú tuilleadh in 2018 trí na tionscnaimh seo a leanas a ghlacadh de láimh:

- Feasacht ar inbhuanaitheacht a spreagadh i measc na foirne trí ócáid Sheachtain Ghlas a eagrú d'fhonn úsáid fuinnimh, uisce agus páipéir sa bhaile agus ag an obair a laghdú.
- Módúl ionduchtúcháin ríomhfhoghlama EHS a sheoladh don fhoireann go léir.
- Clár OPW-urraithe power@work a leathnú agus méadrú fuinnimh a thabhairt isteach inár suíomh ag Duga Spencer chun úsáid fuinnimh a laghdú.
- Inbhuanaitheacht a leabú sa timthriall soláthair.
- Breathnú ar thionscnaimh chun úsáid uisce a laghdú sa Lárionad Airgeadra.
- Úsáid cupán inmhúirínithe agus indiúscartha a laghdú trí roghanna inbhuanaithe eile.
- An córas bainistíoctha comhshaoil sa Lárionad Airgeadra a nuashonrú chun ceanglais chaighdeán nua ISO 14001:2015 a chomhlíonadh.
- Deimhniúchán bainistíochta fuinnimh ISO 50001:2011 a bhaint amach don Lárionad Aireadra faoi dheireadh 2018.

**TÁBLA 4**

## Úsáid Fuinnimh

| | An Lárionad Airgeadra | | Suíomhanna i Lár na Cathrach | | An tIomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2017 kWh | athrú % i gcomparáid le 2016 iarbhír | 2017kWh | athrú % i gcomparáid le 2016 iarbhír | 2017 kWh | athrú % i gcomparáid le 2016 iarbhír |
| Leictreachas | 3,392,137 | -4% | 6,540,668 | 15% | 9,932,805 | 8% |
| Gás* | 2,681,185 | -11% | 7,654,590 | 43% | 10,335,775 | 40% |
| Ola | 438,558 | -41% | 38,324 | 82% | 476,882 | -36% |
| **Fuinneamh Iomlán** | **6,511,880** | **-11%** | **14,233,582** | **25%*** | **20,745,462** | **25.1%** |

*Bhí tosca éagsúla ina mbun le méadú ar thomhaltas gáis, leictreachais agus agus ola ag ár suíomhanna i lár na cathrach in 2017:
(1) An foirgneamh nua, seirbhísí agus gineadóirí a choimisiúnú ag Cé an Phoirt Thuaidh; agus
(2) Na hoifigí ar Shráid an Dáma agus ag Cúirt Uíbh Eachach a oibriú i gcomhthráth le háitiú an fhoirgnimh nua ag Cé an Phoirt Thuaidh

## Cumarsáid agus Trédhearcacht

**Tá a bhealaí cumarsáide á bhforbairt agus á leathnú ag an mBanc Ceannais d'fhonn a ról a chur chun cinn ar mhodh gníomhach dá pháirtithe leasmhara inmheánacha, intíre agus idirnáisiúnta.**

### Cumarsáid

Is é aidhm an Bhainc Ceannais a bheith ina eagraíocht oscailte, inchreidte, fhreagrach agus teastaíonn uaidh go dtuigfidh a chuid páirtithe leasmhara gach a ndéanann sé - agus cén fáth. Tá cumarsáid thráthúil, éifeachtach, inrochtana riachtanach chun an sprioc sin a bhaint amach lena pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an pobal, gnólachtaí rialáilte, na meáin, an tOireachtas agus an fhoireann.

### Caidreamh leis an bPobal

Buaileann an Banc Ceannais leis an bpobal go minic chun feasacht ar a chuid gníomhaíochtaí a mhéadú. In 2017, seoladh tionscnamh for-rochtana nua inar thug an Gobharnóir agus comhaltaí foirne sinsearacha cuairteanna ar scoileanna i gcontaetha ar fud na tíre. Glacann an Banc Ceannais páirt i nGlúin an €uro-Duais na nDaltaí ina dtugtar dúshlán do scoileanna aithris a dhéanamh ar ról Chomhairle Rialaithe an BCE. Chuir breis agus 350 dalta ó 83 foireann ar fud na tíre isteach ar an gcomórtas i mbliana - bealach eile chun tuiscint ar obair an Bhainc Ceannais a fheabhsú.

Osclaíodh Ionad nua Cuairteoirí an Bhainc Ceannais don phobal i mí an Mhárta agus léiríodh dhá thaispeántas ar stair na n-airgeadraí – "Taispeántas an Euro" agus "Puint, Scillingí agus an Neamhspleáchas". Thug breis agus 3,700 duine cuairt ar na taispeántais sin in 2017 agus cuireadh na taispeántais i láthair freisin ag seastán an Bhainc Ceannais ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta arna thionól sa Screagán, Co. Uíbh Fhailí, i mí Mheán Fómhair.

In 2017, thug an Banc Ceannais freagra ar 14,036 teagmháil dhíreach ó dhaoine den phobal a bhain le raon leathan ábhar baincéireachta agus seirbhísí airgeadais. Tá an t-inneachar ar Mhol na dTomhaltóirí ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais bunaithe ar an ceisteanna sin ó thomhaltóirí.

### Caidreamh leis na meáin agus le páirtithe leasmhara eile

Leathnaigh an Banc Ceannais a chaidreamh réamhghníomhach leis na meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta in 2017 trí inneachar iomchuí ar chainéil dhigiteacha a mhéadú agus trí agallaimh leis na meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta a éascú.

D'eisigh an Banc Ceannais 179 preaseisiúint agus thacaigh sé le plé comhchéime do pháirtithe leasmhara. Bíonn rannpháirtíocht shuntasach ann i gcónaí leis an Oireachtas agus tugadh freagraí ar 384 ceist pharlaiminteach in 2017.

**BOSCA 17**

## Tionscnaimh Trédhearcachta an Bhainc Ceannais

Tá cuntasacht agus trédhearcacht riachtanach chun tuiscint a chothú agus chun leibhéil muiníne an phobail sa Bhanc Ceannais a mhéadú agus chun obair agus cinntí an Bhainc a mhíniú. Ní hamháin go gcinntíonn sé go gcomhlíonann sé a chuid ceanglas reachtúil maidir le cuntasacht, ach ina theannta sin, tá eolas curtha ar fáil ag an mBanc Ceannais don phobal ar bhonn gníomhach ar ábhair éagsúla chun a áirithiú go bhfuil sé chomh trédhearcach agus is féidir.

**Forbairtí maidir le Tionscnaimh Trédhearcachta**

- Ba é an Banc Ceannais an chéad BCN san Eurochóras le miontuairiscí chruinnithe a bhoird, an Coimisiún, a fhoilsiú. Cothaíonn an foilseachán seo tuiscint ar obair an Bhainc Ceannais.
- Cinntíonn tras-scríbhinní ó phríomhagallaimh leis na meáin go bhfuil teachtaireachtaí casta inrochtana ag na páirtithe leasmhara go léir.
- Cé go bhfuil sé faoi réir na Saorála Faisnéise, tá an Banc Ceannais tar éis an oibleagáid sin a leathnú agus tá tionscnaimh eile glactha de láimh aige amhail foilsiú an méid seo a leanas:
    - o Dialanna oibre na bhfeidhmeannach sinsearach agus caiteachais taistil chorparáidigh
    - o Costais tuarastail na foirne
    - o Íocaíochtaí le haghaidh earraí agus seirbhísí
    - o Taifid ón gCoiste um Bearta Macrastuamachta
    - o Comhfhreagras idir an Banc Ceannais agus Coistí Oireachtais
- Bunaíodh suíomh gréasáin nua i mí an Mhárta 2017 a tógadh ar bhonn an phrionsabail 'tús áite don úsáideoir' agus ar a gcuimsítear inneachar ar leith atá dírithe ar an bpobal. www.centralbank.ie
- D'fhoilsigh an Banc Ceannais sonraí maidir lena chuid rannpháirtíochtaí le grúpaí páirtithe leasmhara freisin.
- Cuireadh tús le clár d'ailt míniúcháin in 2017 ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais a fhéachann le hábhair chasta airgeadais a chur in iúl ar bhealach soiléir, intuigthe.

AR LEAN

**Campas na nDugthailte**

I ndearadh fhoirgneamh nua an Bhainc Ceannais, léirítear an chaoi inar mian leis an eagraíocht a chuid oibre a dhéanamh agus rannpháirtíocht a bheith aige leis an bpobal:

- Osclaíodh Ionad Cuairteoirí don phobal in 2017. Tá an taispeántas agus na háiseanna ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.
- Seoladh Cartlann Phoiblí i mí Lúnasa 2017 agus beidh taifid de chuid an Bhainc Ceannais á gcur ar fáil ag an gCartlann gach bliain ar bhonn nochtadh faisnéise 30 bliain.
- Tá an dá sheirbhís seo ar oscailt saor in aisce don phobal.
- Tá sé beartaithe ag an mBanc Ceannais a láithreacht sna réigiúin ar fud na hÉireann a mhéadú mar chuid dá straitéis for-rochtana. Le tionscnaimh amhail páirt a ghlacadh san ócáid talmhaíochta is mó san Eoraip - an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

Trí thrédhearcacht agus trí chuntasacht a neartú, tacaítear le fís an Bhainc Ceannais, is é sin 'muinín ag an bpobal asainn, meas ag ár bpiaraí orainn, ionad oibre sásúil don fhoireann'.

## Plé Comhchéime

D'óstáil an Banc Ceannais trí Phlé Comhchéime chun cumarsáid agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a fheabhsú agus chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna eacnamaíocha agus ar dhúshláin a bhaineann le hábhair roghnaithe a thagann faoi shainordú beartais an Bhainc Ceannais. Dhírigh an Plé Comhchéime Eacnamaíochta ar an margadh saothair; ar réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha; agus ar bheartas neamhchaighdeánach airgeadaíochta sa limistéar euro. Dhírigh Plé Comhchéime Brexit ar shaincheisteanna a bhaineann leis an slabhra soláthair, an cainéal allmhairíochta agus na fórsaí gaolmhara a spreagann boilsciú i gcomhthéacs Brexit. Ag Plé Comhchéime le hionadaithe ón tsochaí shibhialta, pléadh saincheisteanna a bhaineann leis an téarnamh eacnamaíoch agus leis an ionchas eacnamaíoch, forbairtí ar chreidmheas teaghlaigh, cosaint tomhaltóirí agus rialáil stuamachta.

## Inneachar Digiteach a Fheabhsú

In 2017, sheol an Banc Ceannais suíomh gréasáin athdheartha a cruthaíodh trí chur chuige a bhí dírithe ar úsáideoirí, agus lena gcuirtear inneachar ar fáil atá ceaptha do thomhaltóirí, d'acadóirí agus do thaighdeoirí, do lucht faire banc ceannais agus d'eintitis rialáilte.

Tá nuálaíochtaí ann lena n-áirítear Mol na dTomhaltóirí arb é atá ann cartlann d'ailt míniúcháin atá dírithe ar thomhaltóirí. Fuair sé breis agus 62,000 amharc uathúil agus orgánach sna cúig mhí tar éis a sheolta.

Ina theannta sin, tá réimse leathnaithe ar an suíomh nua maidir le gairmeacha, ar réimse é a bhí mar chroílár feachtas earcaíochta éagsúil le linn 2017 agus a bhainistítear go hinmheánach.

In 2017, rinne an Banc Ceannais athnuachan ar a bhrandáil chorparáideach lena n-áirítear a lógó, agus cruthaíodh dearadh nua a bhí oiriúnach d'fhoilsiú digiteach.

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Déanann an Banc Ceannais a dhícheall chun a bheith in shaoránach corparáideach maith. In 2017, rinneadh dul chun cinn maith maidir leis na piléir um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach, eadhon an Comhshaol, an Pobal agus Áit Oibre, faoi threoir a chomhpháirtí gnó, Gnó sa Phobal in Éirinn (BITC).

Faoi philéar an Chomhshaoil, oibríonn an Banc Ceannais ar bhealach atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil agus atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh. Tugtar cur síos ar an gcaoi ina mbaintear é sin amach i dtuarascáil bhliantúil um Chomhshaol, Sláinte agus Sábháilteacht de chuid an Bhainc Ceannais, arna cur i láthair don Choiste Oibríochtaí agus ag cruinnithe den Choimisiún in 2017.

Ar na tionscnaimh faoi philéar an Chomhshaoil, áirítear foirgneamh an Bhainc Ceannais ag Cé an Phoirt Thuaidh a bheith mar ionad don Lá Oscailte agus don Oíche Chultúir den chéad uair riamh. Bhí ró-éileamh ar an dá ócáid agus b'éigean cuairteoirí a roghnú de réir crannchuir.

Leanann an Banc Ceannais de bheith ag obair le scoileanna áitiúla chun tacú le tuiscint airgeadais tríd an Tionscnamh Luathfhoghlama (ELI) agus trí Mhórghníomh Sóisir na hÉireann (Junior Achievement Award-JAI). Rinne comhaltaí foirne obair dheonach in dhá scoil áitiúla chun tacú le ELI i gCeantar na nDugthailte, agus díríodh ar uimhearthacht agus ar infhostaitheacht amach anseo. Mar chuid de chomhar an Bhainc Ceannais leis an JAI, rinne os cionn 30 comhalta foirne obair dheonach in os coinn 20 scoil, áit ina raibh tuiscint ar airgead agus scileanna saoil á dteagasc acu.

D'óstáil an Banc Ceannais dhá ócáid "Ó Scoileanna go dtí an Obair" san fhoirgneamh ag Cé an Phoirt Thuaidh i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag 2017, agus baineadh leas as cluichí idirghníomhacha chun cuidiú le daltaí feasacht a shealbhú ar an tábhacht a bhaineann le bainistiú airgeadais.

Seoladh an Líonra Bogha Báistí chun tacú le comhghleachaithe agus comhghuaillithe LADT: ó chlé go deas, Tom Lowth, Nuala Crimmins, Ed Sibley, Fergal Quill, Lisa Carroll agus Grainne McEvoy.



## Grúpaí Stiúrtha agus Líonraí

Aithníonn an Banc Ceannais an luach a bhainean le héagsúlacht taithí agus cúlra i measc a chuid fostaithe agus tá sé mar aidhm aige áit oibre shásúil, chuimsitheach a chur ar fáil dá chomhaltaí foirne go léir, beag beann ar a gcuid éagsúlachtaí. Tháinig an Grúpa Stiúrtha ar Éagsúlacht agus Iomchuimsiú le chéile cúpla uair le linn 2017 chun an clár oibre don Éagsúlacht agus Iomchuimsiú a shocrú agus tá sé dírithe ar an méid seo a leanas: tuiscint a shealbhú ar dhéimeagrafaic agus ar staidreamh na heagraíochta, tacú leis na ceithre líonra um éagsúlacht agus iomchuimsiú atá sa Bhanc Ceannais agus an tábhacht a bhaineann le héagsúlacht sna heagraíochtaí a bhíonn á rialáil ag an mBanc Ceannais a chur chun cinn.

Seoladh dhá líonra um Éagsúlacht agus Iomchuimsiú in 2017 atá faoi stiúir na bhfostaithe. I mí Bealtaine, sheol an Gobharnóir an Gréasán nua Bogha Báistí chun tacú le comhghleacaithe agus comhghuaillithe LADT. Is mian leis an mBanc Ceannais cultúr a spreagadh ina mbeidh comhghleacaithe LADT ábalta bheith ag maireachtáil agus ag obair go hoscailte. Labhair Margot Slattery, bean ghnó LADT na bliana, ag an seoladh. Le linn 2017, chuir Líonra LADT roinnt imeachtaí ar siúl lena n-áirítear seisiún am lóin i gcomhar le BelongTo, ceann de Chatharnais Chomhpháirtíochta an Bhainc Ceannais, do thuismitheoirí, do chúramóirí agus do dhaoine eile maidir leis an gcaoi inar féidir tacaíocht a thabhairt do dhaoine muinteartha ag tráthanna íogair ina a saol; agus ócáid in urraim do Sheachtain an Bhróid.

I mí Mheán Fómhair, seoladh an Líonra BankAbility chun tacaíocht a thabhairt do chomhaltaí foirne a ndéanann míchumas difear dóibh, chun feasacht ar mhíchumas a spreagadh i measc na foirne go léir agus chun a áirithiú go mbeidh comhdheiseanna ag daoine faoi mhíchumas dul chun cinn agus forbairt a dhéanamh. Thug Sinéad Kane (atá ina haturnae agus arb í an chéad lúthchleasaí lagamhairc í chun Dúshlán Maratóin Domhanda a chríochnú) aitheasc don líonra agus bhronn Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann gradam náisiúnta i nDearadh Uilíoch ar an mBanc Ceannais mar aitheantas ar inrochtaineacht an fhoirgnimh ag Cé an Phoirt Thuaidh.

Tá Líonra na dTuismitheoirí agus na gCúraimeoirí agus Líonra na mBan an-ghníomhach i gcónaí, agus d'óstáladar cainteoirí agus imeachtaí inmheánacha agus seachtracha éagsúla le linn 2017. In 2017, d'óstáil Líonra na mBan cainteoirí inmheánacha agus seachtracha lena n-áirítear: Sharon Donnery, Leas-Ghobharnóir na Baincéireachta Ceannais; Derval McDonagh, an Ceannasaí ar HR; Nuala Crimmins Ceannasaí ar an Rannán um Maoirseacht ar Árachas; agus Deirdre Walsh, Ceannasaí an Phríomh-Chláir Creidmheasa.

Ó thaobh cúrsaí seachtracha, molann an Banc Ceannais an tábhacht a bhaineann le héagsúlacht sna heagraíochtaí a bhíonn a rialáil aige, agus aithníonn sé na rioscaí a bhaineann le heaspa éagsúlachta, go háirithe i dtaca leis an gcinnteoireacht agus le saincheisteanna cultúir i ngnólachtaí. Leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le héagsúlacht i roinnt óráidí a thug ceannasaithe sinsearacha ón mBanc Ceannais le bliain anuas.

D'fhoilsigh an Banc Ceannais taighde i mí an Mhárta 2017 inar léiríodh gur ceapadh fir chuig tuairim is 80% de na poist is sinsearaí agus is tábhachtaí i ngnólachtaí rialáilte in Éirinn idir 2012 agus 2016. Tá an Banc Ceannais tiomanta do thaighde comhchosúil a dhéanamh ar bhonn bliantúil. Ina theannta sin, rinne sé anailís ar bheartais institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí árachais maidir leis an éagsúlacht agus thug sé easpa uaillmhéine faoi deara i bhformhór na mbeartas sin. Féadfaidh an Banc Ceannais a bheith ag súil leis go réasúnta go dtabharfaidh gnólachtaí rialáilte aghaidh go fóinteach ar an éagsúlacht agus iomchuimsiú sa seomra boird, ar leibhéal feidhmeannaigh agus sa phíblíne tallainne atá ag teastáil chun an eagraíocht a reáchtáil san fhadtéarma.

## Feidhmíocht Eagraíochtúil a Thomhas agus a Thuairisciú

*Próiseas an Scórchárta Ualaithe*

Baintear úsáid as modheolaíocht an Scórchárta Ualaithe (BSC) sa Bhanc Ceannais chun feidhmíocht na heagraíochta a thomhas agus chun a chinntiú go bhfuil na spriocanna agus na cuspóirí atá leagtha amach ina Phlean Straitéiseach á gcur chun feidhme. Úsáidtear é freisin ar leibhéal Rannáin mar mhodh pleanála oibríochtúla chun tascanna agus gníomhaíochtaí a chur in ord tosaíochta, chun dul chun cinn a rianú agus chun tuairisciú go tréimhsiúil do na Stiúrthóirí.

Déanann Coiste Buiséid agus Luacha Saothair Choimisiún an Bhainc Ceannais faireachán ar BSC eagraíochtúil thar ceann an Choimisiúin. Ullmhaítear tuarascálacha leathbhliantúla agus tuarascáil dheireadh na bliana don Choiste, agus cuirtear an measúnú ar an bhfeidhmíocht fhoriomlán faoi bhráid an Choimisiúin ar bhonn bliantúil lena fhormheas. Tá toradh foriomlán BSC nasctha le Próiseas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDP). Más ionann an toradh foriomlán ar BSC na heagraíochta agus 85% ar a laghad, bronntar saoire tuillteanais ar na comhaltaí foirne sin a bhfuil feidhmíocht éifeachtach curtha isteach acu.  Bronnadh saoire tuillteanais an 1 Aibreán 2017 i leith PMDP 2016. B'ionann agus 2,401 líon iomlán na laethanta saoire tuillteanais a bronnadh, ar chostas foriomlán €649,229 (tuairim is 0.51% de chostas iomlán tuarastail an Bhainc).

## Saoráil Faisnéise

Bíonn feidhm ag forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise (FOI) 2014 leis an mBanc Ceannais.  Mar chomhlacht FOI, foilsíonn sé faisnéis airgeadais agus chorparáideach éagsúil ar a shuíomh gréasáin. Ar mhaithe le cuntasacht agus oscailteacht, foilsíonn an Banc Ceannais, ar bhonn saorálach, miontuairiscí an Choimisiúin sé seachtaine tar éis gach cruinniú, cuntais ar chruinnithe ráithiúla an Choiste um Bhearta Macrastuamachta, agus comhfhreagras idir an Gobharnóir agus comhaltaí den Oireachtas.

Le linn 2017, fuarthas 98 iarratas FOI, astu sin glacadh nó glacadh go páirteach le 35 agus diúltaíodh do 39 faoi fhorálacha éagsúla díolúine Acht FOI.  Tarraingíodh siar seacht n-iarratas déag, nó dhéileáil an tAonad um Chaidreamh leis na Meáin leo lasmuigh de FOI; agus ag deireadh na bliana, bhí seacht n-iarratas á bpróiseáil.

Fuarthas formhór na n-iarratas (os cionn 55%) ó na meáin, agus fuarthas tuairim is 30% ó dhaoine den phobal.  Fuarthas an chuid eile de na hiarratais ó Chomhaltaí den Oireachtas agus ó ghnólachtaí dlíthiúla/tráchtála.  Bhain formhór na n-iarratas le taifid a ghabhann le soláthraithe aonair seirbhísí airgeadais, le taifid rialála agus le caiteachas an Bhainc Ceannais, go háirithe i dtaca lena áitreabh nua ag Cé an Phoirt Thuaidh agus le díol na n-áitreabh ar Shráid an Dáma.

Sa bhliain 2017, chuir an Banc Ceannais pleananna straitéiseacha cumarsáide chun feidhme i ndáil le tionscadail lena n-áirítear an t-aistriú chuig Campas na nDugthailte agus oscailt oifigiúil an fhoirgnimh ag Cé an Phoirt Thuaidh, an tAtbhreithniú ar Bhearta Morgáiste, cuairt Uachtarán BCE, Mario Draghi, an tImscrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin, an Príomh-Chlár Creidmheasa agus aon tionscadail maoirseachta agus réitigh eile.

Tugtar é seo faoi shéala an Bhainc Ceannais.

**Philip R. Lane**
An Gobharnóir

24 Aibreán 2018

**Neil Whoriskey**
Rúnaí

24 Aibreán 201



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

# Caibidil 3: Rialachas

# Caibidil 3: Rialachas

**Sa Chaibidil seo, leagtar amach na nósanna imeachta agus na próisis is infheidhme maidir le rialachas an Bhainc Ceannais le linn 2017, lena n-áirítear Iniúchóireacht Inmheánach.**

Déanann an Coimisiún, lena n-áirítear trí bhíthin a thrí choiste (Iniúchóireacht, Buiséad agus Luach Saothair, agus Riosca), faireachán agus athbhreithniú ar fheidhmíocht comhaltaí bainistíochta le linn dóibh na feidhmeanna agus cumhachtaí sin a fheidhmiú agus déanann sé scrúdú ar rialuithe inmheánacha an Bhainc Ceannais freisin.

## Creat Dlíthiúil agus Cuspóirí Reachtúla

Bunaíodh Banc Ceannais na hÉireann le hAcht an Bhainc Cheannais 1942 (an tAcht). Tá dhá phríomhaidhm ag an mBanc Ceannais. Ar an gcéad dul síos, is banc ceannais na hÉireann é agus is comhalta den CEBC é. Ar an dara dul síos, tá sé freagrach as rialáil a dhéanamh ar earnáil seirbhísí airgeadais na hÉireann. Tá feidhmeanna an Bhainc Ceannais leagtha amach san Acht (arna leasú). Príomhchuspóir an Bhainc Ceannais is ea cobhsaíocht praghsanna; tá na cuspóirí seo a leanas aige chomh maith:

- Cobhsaíocht an chórais airgeadais
- Rialáil chuí, éifeachtach a dhéanamh ar institiúidí agus ar mhargaí airgeadais, agus é á chinntiú ag an am céanna go gcosnaítear tomhaltóirí seirbhísí airgeadais
- Oibriú éifeachtach, éifeachtúil na gcóras íocaíochta agus socraíochta a áirithiú
- Deacrachtaí airgeadais in institiúidí creidmheasa a réiteach
- Anailís agus trácht a chur ar fáil d'fhonn tacú le forbairt beartais náisiúnta eacnamaíoch.

## Coimisiún an Bhainc Ceannais

Foráiltear san Acht go ndéanfaidh Coimisiún an Bhainc Ceannais (an Coimisiún) gníomhaíochtaí agus gnóthaí an Bhainc Ceannais (seachas feidhmeanna CEBC) a bhainistiú agus a rialú. Tá na feidhmeanna reachtúla seo a leanas ag an gCoimisiún: gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc a bhainistiú agus a rialú; a áirithiú go ndéanfar feidhmeanna rialála airgeadais agus baincéireachta ceannais de chuid an Bhainc a chomhordú agus a chomhtháthú; agus a áirithiú go bhfeidhmeofar agus go gcomhlíonfar go cuí na cumhachtaí agus na feidhmeanna reachtúla a thugtar don Bhanc. Tá a théarmaí tagartha féin glactha ag an gCoimisiún agus leagtar amach iontu an chaoi is fearr inar féidir leis na freagrachtaí sin a bhaint amach. Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar a Théarmaí Tagartha le linn 2017 agus ghlac sé Téarmaí Tagartha athbhreithnithe ag a chruinniú an 18 Deireadh Fómhair 2017.

## Cumhachtaí agus Feidhmeanna a Tharmligean

Foráiltear san Acht go bhféadfaidh an Coimisiún aon cheann de na feidhmeanna reachtúla a tharmligean chuig an nGobharnóir, chuig Leas-Ghobharnóir nó chuig fostaí de chuid an Bhainc Ceannais.

Ar mhaithe le bainistiú éifeachtach, éifeachtúil an Bhainc Ceannais agus ar mhaithe le feidhmiú a chumhachtaí agus a fheidhmeanna, déantar feidhmiú fhormhór fheidhmeanna agus chumhachtaí reachtúla an Bhainc Ceannais a tharmligean do chomhaltaí bainistíochta an Choimisiúin. Déanann an Coimisiún, lena n-áirítear trí bhíthin a thrí choiste (Iniúchóireacht, Buiséad agus Luach Saothair, agus Riosca), faireachán agus athbhreithniú ar fheidhmíocht comhaltaí bainistíochta le linn dóibh na feidhmeanna agus cumhachtaí sin a fheidhmiú agus déanann sé scrúdú ar rialuithe inmheánacha an Bhainc Ceannais freisin. Ina theannta sin, i gcás ina ndéanfar nithe oibríochtúla a thabhairt os comhair an Choimisiúin lena gcinneadh, cinnteoidh an Coimisiún go ngníomhóidh an Banc Ceannais ar shlí iomchuí i gcomhréir lena chuid feidhmeanna agus cumhachtaí reachtúla.

Bíonn cumarsáid idir an Coimisiún agus na comhaltaí bainistíochta maidir le saincheisteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach leo i dtaca leis an mBanc Ceannais (ar leith ó fheidhmeanna CEBC) agus tugann an Coimisiún comhairle, tacaíocht agus dúshlán cuiditheach dóibh de réir mar is cuí. Ina theannta sin, rannchuidíonn sé le ceapadh straitéise chun go mbeidh an Banc Ceannais in ann a fheidhmeanna reachtúla a bhaint amach agus déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht an Bhainc i ndáil leis an straitéis sin.

Tá sonraí breise maidir le freagrachtaí chomhaltaí an Choimisiúin agus, inter alia, maidir le ról agus struchtúr an Choimisiúin lena n-áirítear freastal ar chruinnithe den Choimisiún agus ar chruinnithe d'fhochoistí an Choimisiúin, leagtha amach sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil Chomhaltaí an Choimisiúin sa Tuarascáil Bhliantúil seo (Ráitis Airgeadais, Cuid 2). Tuairiscítear luach saothair chomhaltaí an Choimisiúin sa Ráiteas Cuntas.

## Comhaltaí an Choimisiúin

Tá an Gobharnóir ina Chathaoirleach ar an gCoimisiún. Ar na comhaltaí ex-officio eile, áirítear an Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais), an Leas-Ghobharnóir (Rialáil Stuamachta) agus Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais. Leanfaidh comhaltaí ex-officio an Choimisiúin de bheith ina gcomhaltaí fad a bheidh siad i seilbh na hoifige lena mbaineann. Féadfaidh an tAire Airgeadais seisear comhaltaí eile ar a laghad, ach líon nach mó ná ochtar comhaltaí den Choimisiún, a cheapadh. Bíonn na comhaltaí sin i seilbh oifige go ceann téarma cúig bliana de ghnáth agus féadfar an téarma sin a fhadú go ceann téarma amháin breise. In 2017, bhí seisear comhaltaí arna gceapadh amhlaidh ag fónamh ar an gCoimisiún.

Amhail ar an 31 Nollaig 2017, ba iad seo a leanas na comhaltaí de Choimisiún an Bhainc Ceannais.

## Comhaltaí ex-officio

*An Gobharnóir*

Is é an tUachtarán a cheapann an Gobharnóir, ar chomhairle ón Rialtas, ar feadh téarma seacht mbliana a bhféadfar síneadh seacht mbliana a chur leis.

Is é Philip R. Lane an 11ú Gobharnóir ar an mBanc Ceannais agus chuaigh sé i mbun poist an 26 Samhain 2015. Tá sé ina chomhalta de Chomhairle Rialaithe BCE freisin agus tá sé ina cahthaoirleach ar Choiste Comhairleach Teicniúil (ATC) BERS.

Ní mór don Ghobharnóir, nó dá Mhalartach, freastal ar gach cruinniú den Chomhairle Rialaithe. Tá róil agus freagrachtaí an Ghobharnóra sa cháil seo leagtha amach i gConarthaí AE, i Reacht CEBC agus san Acht.

Comhallann an Gobharnóir a fheidhmeanna CEBC gan spleáchas don Choimisiún agus is é an Gobharnóir amháin atá freagrach as comhlíonadh na bhfeidhmeanna a fhorchuirtear air agus as feidhmiú na gcumhachtaí a thugtar don Bhanc le Conarthaí AE nó le Reacht CEBC. Tá neamhspleáchas a róil cumhdaithe i gConarthaí AE agus tá tosaíocht ag an ról sin ar dhlí na hÉireann.

Sular ceapadh ina Ghobharnóir é, bhí sé ina chomhalta den fhoireann acadúil i gColáiste na Tríonóide agus tá sé fós cleamhnaithe leis an Ollscoil mar Ollamh Whately le hEacnamaíocht Pholaitiúil (ar saoire).

Tar éis dó a oideachas bunchéime a chríochnú i gColáiste na Tríonóide, bhain sé PhD san Eacnamaíocht amach in Ollscoil Harvard i 1995. Bhí sé ina Ollamh Cúnta le hEacnamaíocht agus Gnóthaí Idirnáisiúnta in Ollscoil Columbia le linn 1995-1997 sular fhill sé ar Bhaile Átha Cliath.

Ar na réimsí taighde a bhfuil spéis aige iontu, áirítear domhandú airgeadais, maicreacnamaíocht rátaí malairte agus sreafaí caipitil, ceapadh beartas maicreacnamaíoch agus comhtháthú airgeadaíochta san Eoraip. Foilsíodh a chuid saothar san *American Economic Review*, *Review of Economics and Statistics*, *Journal of Economic Perspectives*, *Journal of International Economics*, *NBER Macroeconomics Annual*, mar aon le go leor irisleabhar eile.

In 2001, bhuaigh sé Duais Germán Bernácer san Eacnamaíocht Airgeadaíochta mar aitheantas ar a raibh bainte amach aige i réimse eacnamaíocht airgeadaíochta na hEorpa; in 2010, bhí sé ina chomhbhuaiteoir ar Dhuais Bhagwati ón *Journal of International Economics*. Bhí sé ina eagarthóir bainistíochta ar Economic Policy freisin.

Sula ndeachaigh sé i mbun poist sa Bhanc Ceannais, bhí sé ina chathaoirleach ar Choiste Comhairleach Eolaíoch BERS agus bhí sé ina Stiúrthóir ar an gClár Maicreacnamaíochta agus Airgeadais Idirnáisiúnta de chuid an Ionaid Taighde ar Bheartais Eacnamaíocha (CEPR). Ina theannta sin, ghníomhaigh sé mar chomhairleoir acadúil don BCE, don Choimisiún Eorpach, don CAI, don Bhanc Domhanda, don Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, do Bhanc Forbartha na hÁise agus do bhainc cheannais náisiúnta éagsúla. I Meán Fómhair 2016, ceapadh ina chathaoirleach ar Thascfhórsa Ardleibhéil BERS é maidir le Sócmhainní Sábháilte. I mí an Mhárta 2017, ceapadh ina Chathaoirleach ar Choiste Comhairleach Teicniúil BERS é go ceann téarma trí bliana.

*An Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais)*

Ceapadh Sharon Donnery ina Leas-Ghobharnóir, Baincéireacht Cheannais, le héifeacht ón 1 Márta 2016. Is comhalta ex-officio de Choimisiún an Bhainc Ceannais í agus tá sí ina Malartach don Ghobharnóir ar Chomhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE). Déanann sí ionadaíocht don Bhanc Ceannais freisin ar BERS.

Tá sí ina cathaoirleach ar Ghrúpa Ardleibhéil SMA um Iasachtaí Neamhthuillmheacha agus ceapadh í ina Cathaoirleach ar Choiste Buiséid (BuCom) an BCE i mí na Nollag 2016. Roimhe seo, bhí sí ag fónamh mar Chomhalta Malartach don Bhanc Ceannais ar Bhord Maoirseachta SMA.

Thosaigh an Leas-Ghobharnóir Donnery mar Eacnamaí sa Bhanc Ceannais i 1996 agus shealbhaigh sí poist shinsearacha éagsúla lena n-áirítear mar cheannasaí rannáin. Ó mhí Feabhra 2013 go dtí mí Lúnasa 2014, shealbhaigh sí an post reachtúil mar Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa agus, ó mhí Aibreáin 2014 go dtí mí Bealtaine 2016, bhí sí ina Stiúrthóir ar Institiúidí Creidmheasa. Bhí sí ina leas-Chathaoirleach freisin ar Bhuanchoiste ÚBE um Chosaint Tomhaltóirí agus Nuálaíocht Airgeadais.

Tá BA san Eacnamaíocht agus sa Pholaitíocht aici mar aon le MA san Eacnamaíocht ó Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath.

*An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Stuamachta)*[31]

Ceapadh Ed Sibley ina Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta, an 1 Meán Fómhair 2017. Is comhalta ex-officio de Choimisiún an Bhainc Ceannais é agus is comhalta de Bhord Maoirseachta SMA é. Mar Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta, tá sé i gceannas ar an maoirseacht ar institiúidí creidmheasa, ar ghnólachtaí árachais agus ar an tionscal bainistíochta sócmhainní.

Sular ceapadh ina Leas-Ghobharnóir é, bhí sé ina Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa, agus sa cháil sin, bhí sé freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar obair mhaoirseachta an Bhainc Ceannais i leith na mbanc agus na gcomhar creidmheasa go léir in Éirinn. Thosaigh sé ag obair sa Bhanc Ceannais in 2012 i réimse na Maoirseachta ar Bhaincéireacht. Tá breis agus 20 bliain de thaithí oibre aige san earnáil seirbhísí airgeadais. D'oibrigh sé in Údarás Seirbhísí Airgeadais na Ríochta Aontaithe (FSA), áit a raibh sé i gceannas ar an maoirseacht ar bhainc Eorpacha a bhí ag feidhmiú sa Ríocht Aontaithe; bhí poist éagsúla um bainistíocht riosca ar seilbh aige i mBanc na hÉireann agus i PwC freisin. Tá MBA aige ó Scoil Ghnó Smurfit agus tá céim chéadonóracha aige san Eacnamaíocht.

[31] Tháinig an Leas-Ghobharnóir Sibley i gcomharbas ar an Leas-Ghobharnóir Cyril Roux a d'éirigh as a phost an 31 Lúnasa 2017; i mí Aibreáin, d'fhógair sé go raibh sé ar intinn aige éirí as a phost, agus ag an bpointe sin, faoi shocruithe eatramhacha maidir le tuairisciú agus cuntasacht, ceapadh Bernard Sheridan atá ina Stiúrthóir ar Ghnóthaí Corparáideacha faoi láthair, ina Leas-Ghobharnóir Gníomhach ón 8 Aibreán 2017 go dtí an 31 Lúnasa 2017.

*Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais*

Is Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais é Derek Moran agus tá sé freagrach as cúrsaí eacnamaíocha, cúrsaí buiséadacha agus fioscacha, as cúrsaí beartais baincéireachta agus seirbhísí airgeadais agus as maoirsiú a dhéanamh ar infheistíochtaí na hÉireann sna bainc chumhdaithe agus as tacaíocht do na bainc chumhdaithe. Roimhe seo, bhí sé ina Leas-Ardrúnaí agus bhí sé freagrach as an Rannán Beartais Fhioscaigh agus an Rannán Buiséid agus Eacnamaíochta agus threoraigh sé saincheisteanna beartais cánach idir 2006 agus 2014. Faoi láthair, tá sé ina chomhalta de Bhord Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, de Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse, agus de Chomhairle an Fhorais um Staidéir Fhioscacha. Bhí sé ag fónamh roimhe seo ar an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta, ar an mBord Náisiúnta Staidrimh agus ar choistí AE um Beartas Eacnamaíoch agus um Beartas Cánach.

## Comhaltaí Ceaptha

Cheap an tAire Airgeadais na comhaltaí seo a leanas. Bhí téarmaí oifige idir trí bliana agus cúig bliana ag comhaltaí tosaigh an Choimisiúin; téarmaí cúig bliana a bhíonn ag comhaltaí nua nó ag comhaltaí athcheaptha:

### Alan Ahearne
### (ceaptha an 8 Márta 2011 go ceann 4 bliana agus athcheaptha an 8 Márta 2015 go ceann 5 bliana)

Tá an tOllamh Alan Ahearne ina Stiúrthóir ar Institiúid Whitaker um Nuálaíocht agus um Athrú Struchtúrtha in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (NUIG). Is léachtóir le heacnamaíocht é freisin i Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta J.E. Cairnes. Tá sé ina Chathaoirleach ar Chlár Comhpháirteach Taighde an ESRI agus na Roinne Airgeadais maidir leis an Maicreacnamaíocht agus leis an gCánachas. Bhí sé ina chomhairleoir don CAI, ina Ánra Taighde i Bruegel, agus bhí sé ina chomhairleoir eacnamaíoch d'iar-Aire Airgeadais na hÉireann, Brian Lenihan. Sula ndeachaigh sé i mbun poist in OÉ, Gaillimh, bhí sé ina Eacnamaí Sinsearach sa Federal Reserve Board i Washington, DC. Theagasc sé an eacnamaíocht in Ollscoil Carnegie Mellon, in Ollscoil Virginia, i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus in Ollscoil Luimnigh. Thosaigh sé amach ar a ghairmréim i Cooper & Lybrand agus d'oibrigh sé sa Bank of Ireland Group Treasury chomh maith. Ar a chuid réimsí saineolais, áirítear an mhaicreacnamaíocht agus an t-airgeadas idirnáisiúnta agus foilsíodh taighde dá chuid i bpríomhirisí idirnáisiúnta. Tá PhD san Eacnamaíocht aige ó Ollscoil Carnegie Mellon.

### Patricia Byron
### (ceaptha an 1 Eanáir 2014 go ceann 5 bliana)

D'oibrigh Patricia Byron ar feadh roinnt mhaith blianta mar fheidhmeannach sinsearach san earnáil árachais agus seirbhísí airgeadais gaolmhara. Bhí sí ina Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB), comhlacht neamhspleách Stáit a bunaíodh in 2004 chun athchóiriú a dhéanamh ar thimpeallacht chostasach na ndíobhálacha pearsanta, Mar Chathaoirleach ar Bhiúró Árachóirí Mótar na hÉireann (MIBI), threoraigh sí clár um athchóiriú, ag díriú ar chlaochlú agus ar éifeachtacht gnó. Mar Chathaoirleach ar Chomhlachas Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin Gnólachtaí Stáit, bhí páirt ghníomhach aici i dtionscnaimh éagsúla um athchóiriú na hearnála poiblí. Ó d'fhag sí an PIAB in 2015, threoraigh sí athbhreithniú straitéiseach i gCumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann. I dteannta lena ról ar Choimisiún an Bhainc Ceannais, tá sí ag fónamh faoi láthair mar Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách sa Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha agus i ComReg.

Is céimí í de Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, is Árachóir Cairte í, agus ba í an chéad uachtarán baineann ar an Institiúid Árachais í.

### Blanaid Clarke
### (ceaptha an 1 Deireadh Fómhair 2010 go ceann 3 bliana agus athcheaptha an 1 Deireadh Fómhair 2013 go ceann 5 bliana)

Tá Ollúnacht McCann FitzGerald sa Dlí Corparáideach aici i gColáiste na Tríonóide. Ar na réimsí taighde a bhfuil spéis aici iontu, áirítear rialachas corparáideach, seirbhísí airgeadais agus margaí caipitil agus tá neart téacsanna foilsithe aici ar na hábhair sin. Tá iarchéimeanna aici sa Dlí agus Staidéar Gnó (Baincéireacht & Airgeadas) agus tá dochtúireacht sa Dlí aici. Bíonn sí ag obair le Painéal Táthcheangail na hÉireann freisin agus is comhalta í de Líonra Tairiscintí Táthcheangail ESMA. Tá sí ina hionadaí d'Éirinn ar Choiste ECFE um Rialachas Corparáideach agus tá sí ina comhalta de Shainghrúpa neamhfhoirmiúil an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Dlí Cuideachtaí. Roimhe seo, ba chomhalta-bhunaitheoir í de Lárionad COBÁC um Rialachas Corparáideach sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus bhí sí ina comhalta de Mheitheal Mhachnaimh an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Todhchaí Dhlí Cuideachtaí an AE.

### John FitzGerald
### (ceaptha an 1 Deireadh Fómhair 2010 go ceann 5 bliana agus athcheaptha an 1 Deireadh Fómhair 2015 go ceann 5 bliana)

Tá John FitzGerald ina Chathaoirleach ar Chomhairle Chomhairleach an Rialtais maidir leis an Athrú Aeráide agus is Ollamh Taca é i gColáiste na Tríonóide agus sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Le linn a ghairmréime, bhí sé ag obair ar bheartas maicreacnamaíoch agus fuinnimh agus tá neart foilsithe aige ar na réimsí sin. Is iar-Uachtarán é ar Chumann Eacnamaíochta na hÉireann agus ar ghrúpa EUROFRAME d'institiúidí Eorpacha um thaighde eacnamaíoch. Is iar-chomhalta é den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta agus den Northern Ireland Authority for Energy Regulation. Rinne sé a chuid staidéir i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus tá céimeanna Máistir aige sa stair agus san eacnamaíocht. Thosaigh sé amach ar a shlí bheatha sa Roinn Airgeadais i 1972 agus ina dhiaidh sin bhí sé ag obair san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta go dtí Deireadh Fómhair 2014.

**Des Geraghty**
**(ceaptha an 1 Deireadh Fómhair 2010 go ceann 4 bliana agus athcheaptha an 1 Deireadh Fómhair 2014 go ceann 5 bliana)**

Is iar-pholaiteoir agus iar-cheannaire ceardchumainn é Des Geraghty. Bhí sé ina uachtarán ar SIPTU ó 1999 go dtí 2004. Ceapadh chuig Parlaimint na hEorpa é i 1992 do thoghcheantair Bhaile Átha Cliath. Bhí sé ina chomhalta den Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus um Beartas Tionsclaíoch i bParlaimint na hEorpa. Ta sé ina chomhalta de bhord ESB Networks agus de bhord TG4. Is iarchomhalta é d'Údarás RTÉ, de Bhord FÁS, den Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, den Chomhpháirtíocht um Thithe Incheannaithe agus den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta agus bhí sé ina chathaoirleach ar Éigse Éireann freisin.

**Michael Soden**
**(ceaptha an 1 Deireadh Fómhair 2010 go ceann 4 bliana agus athcheaptha an 1 Deireadh Fómhair 2014 go ceann 5 bliana)**

Bhí Michael Soden ina POF ar Bhanc na hÉireann ó 2001 go dtí 2004. Sular fhill sé ar Éirinn chun glacadh leis an bpost sin, chaith sé breis is 30 bliain i mórinstitiúidí éagsúla airgeadais ina raibh baint aige le gach gné de na margaí caipitil. Le linn na tréimhse sin, bhí sé ar Choiste Feidhmiúcháin an National Australian Bank, áit a raibh sé freagrach as Baincéireacht Mhórdhíola Dhomhanda agus, ina dhiaidh sin, as Baincéireacht Mhiondíola Dhomhanda. Ina theannta sin, bhí sé freagrach as gníomhaíochtaí mhargaí caipitil idirnáisiúnta Security Pacific Bank a fhorbairt. Chaith sé blianta tosaigh a ghairmréime i Citibank/Citicorp Investment Bank, Ceanada. Scríobh sé an leabhar, Open Dissent – An Uncompromising View of the Crisis, arna fhoilsiú in 2010.

## Rúnaí an Bhainc

Ceapadh Neil Whoriskey mar Rúnaí an Bhainc an 1 Eanáir 2011. Tá sé ina Cheannasaí ar an Rannán Ardrúnaíochta atá freagrach as Rialachas, Straitéis, Saoráil Faisnéise, Faisnéisiú agus Tacaíocht do chomhaltaí Choiste an Ghobharnóra.

## Nósanna Imeachta an Choimisiúin

Déantar cruinnithe den Choimisiún a sceidealú ar bhonn míosúil (seachas mí Lúnasa) agus is é an Gobharnóir a dhéanann cathaoirleacht orthu. Déanfar tuilleadh cruinnithe a sceidealú de réir mar is gá d'fheidhmiú cuí fheidhmeanna an Choimisiúin. Foilsítear miontuairiscí chruinnithe an Choimisiúin ar shuíomh gréasáin an Bhainc.

## Coistí an Choimisiúin

Tá an chumhacht ag an gCoimisiún coistí a bhunú ar a mbeidh comhalta amháin nó níos mó den Choimisiún, cibé acu ina n-aonar nó i dteannta le hoifigeach amháin nó níos mó de chuid an Bhainc, agus féadfaidh sé nós imeachta na gcoistí sin a chinneadh agus feidhmeanna agus cumhachtaí na gcoistí sin a shainiú.

Bhunaigh an Coimisiún na coistí seo a leanas:

- An Coiste Iniúchóireachta
- An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair
- An Coiste Riosca.

I R4 2017, chuir gach ceann de na fochoistí tús le hathbhreithnithe ar a n-éifeachtacht féin don bhliain 2017.

## An Coiste Iniúchóireachta

Is é an Coimisiún a cheapann an Coiste Iniúchóireachta agus bíonn trí chomhalta neamhfheidhmiúcháin air.  Amhail ar an 31 Nollaig 2017, ba iad Patricia Byron (an Cathaoirleach), Blanaid Clarke agus John FitzGerald na comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta.

Tionóltar cruinnithe den Choiste Iniúchóireachta ceithre huaire ar a laghad gach bliain. In 2017, tionóladh sé chruinniú den Choiste Iniúchóireachta.  Tionóladh cruinniú amháin breise i gcomhpháirt leis an gCoiste Riosca.

Tá an ceart ag gach comhalta den Choimisiún freastal ar chruinnithe den Choiste Iniúchóireachta mar bhreathnadóirí.  Féadfaidh Cathaoirleach an Choiste cruinniú a thionól freisin má iarrann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó iniúchóirí seachtracha air amhlaidh.  De bhreis air sin, bualann an Coiste Iniúchóireachta leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus leis na hiniúchóirí seachtracha uair amháin sa bhliain ar a laghad in éagmais na bhfeidhmeannach.  Ina theannta sin, bíonn cruinnithe rialta ag an gCathaoirleach leis an gCeannasaí ar Iniúchóireacht Inmheánach.  Tagann an Coiste le chéile ina chomhdhéanamh neamhfheidhmiúcháin ag tús gach cruinnithe. Déantar miontuairiscí chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta a scaipeadh ar an gCoimisiún agus cuirtear iad ar chlár oibre na gcruinnithe den Choimisiún ina dhiaidh sin.

Is iad seo a leanas príomhfhreagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta, de réir a Théarmaí Tagartha:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar shláine ráitis airgeadais an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear na breitheanna suntasacha cuntasaíochta a dhéantar in ullmhú na ráiteas sin, agus moltaí a dhéanamh don Choimisiún ina leith.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an ráiteas a áireofar sa Tuarascáil Bhliantúil maidir le rialuithe inmheánacha agus an ráiteas sin a fhormheas.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna iniúchóireachta bliantúla an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an iniúchóra sheachtraigh agus a áirithiú go mbeidh siad i gcomhréir le raon feidhme na rannpháirtíochta iniúchóireachta. Athbhreithniú a dhéanamh ar litreacha bainistíochta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ón iniúchóir seachtrach sula n-eiseofar an freagra ón mbainistíocht.
- Athbhreithniú agus feabhas a dhéanamh ar Chairt agus ar phlean oibre bliantúil an Rannáin um Iniúchóireacht Inmheánach, agus é a chinntiú go leagtar béim leordhóthanach ar iniúchóireacht luach ar airgead.
- Faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht agus neamhspleáchas an Rannáin um Iniúchóireacht Inmheánach i gcomhthéacs iomlán chórais bainistíochta riosca an Bhainc Ceannais, agus más iomchuí, athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha an rannáin agus a áirithiú go nglacfar bearta leantacha i gcomhréir leis na tuarascálacha sin.
- Comhairle a thabhairt maidir le ceapadh agus le hathcheapadh iniúchóirí seachtracha, maidir lena luach saothair agus maidir le ceisteanna faoi éirí as agus faoi dhífhostú.
- Faireachán a dhéanamh ar an mbeartas maidir le fruiliú na n-iniúchóirí seachtracha chun seirbhísí neamhiniúchóireachta a chur ar fáil. A áirithiú go gcuirfear nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm chun a áirithiú go gcloífear le rialacha CEBC maidir leis an iniúchóir seachtrach a cheapadh le haghaidh seirbhísí neamhiniúchóireachta.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na fionnachtana a eascraíonn as iniúchóireachtaí arna ndéanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ag na hiniúchóirí seachtracha.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar a théarmaí tagartha féin agus ar a éifeachtacht féin;
- Breithniú a dhéanamh ar aon ábhair eile de réir mar a iarrfaidh an Coimisiún.
- A áirithiú go mbeidh forálacha Bheartas an Bhainc Ceannais um Nochtadh Faisnéise Faoi Rún iomchuí chun a áirithiú go nglacfar cur chuige cuí chun déileáil le tuarascálacha ó chomhaltaí foirne maidir le 'héagóir'.
- Cúnamh a thabhairt don Choimisiún i gcomhlíonadh a chuid freagrachtaí agus oiriúnacht agus iomláine na gcóras rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca a áirithiú. Folaíonn an méid sin athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat faoina ndéanann an lucht bainistíochta leordhóthanacht chineál agus mhéid na gcóras rialaithe inmheánaigh agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a áirithiú agus a mhonatóiriú.
- Breithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (an Cód) ag an mBanc Ceannais.

- Tuairisciú don Choimisiún maidir lena mheasúnú bliantúil ar oibriú an chórais rialaithe inmheánaigh, chun moltaí a dhéanamh don Choimisiún ina leith agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar ráitis bhliantúla an Bhainc Ceannais maidir le rialú inmheánach agus bainistíocht riosca sula gceadóidh an Coimisiún iad.
- A áirithiú go bhfuil forálacha Bheartas agus Nós Imeachta an Bhainc um Bainistiú Calaoise leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar calaois, nó calaois amhrasta sa Bhanc Ceannais a thuairisciú.
- Dearbhú a thabhairt don Choimisiún maidir le bainistíocht riosca agus le ceanglais rialachais chorparáidigh don Bhanc Ceannais.

## An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair

Is é an Coimisiún a cheapann an Coiste Buiséid agus Luacha Saothair agus bíonn beirt chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin nó triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar an gCoiste sin i dteannta leis an mbeirt Leas-Ghobharnóirí (ní bhíonn na Leas-Ghobharnóirí i láthair nuair a bhíonn nithe a bhaineann le luach saothair chomhaltaí bainistíochta an Choimisiúin á bplé).  Ba iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste Buiséid agus Luacha Saothair amhail ar an 31 Nollaig 2017: Alan Ahearne (Cathaoirleach), Blanaid Clarke, Sharon Donnery agus Ed Sibley.

Tionóltar cruinnithe den Choiste Buiséid agus Luacha Saothair ceithre huaire ar a laghad in aghaidh na bliana.  In 2017, tionóladh ceithre chruinniú den Choiste Buiséid agus Luacha Saothair.  Tá an ceart ag gach comhalta den Choimisiún freastal ar chruinnithe an Choiste mar bhreathnadóirí.  Déantar miontuairiscí na gcruinnithe a scaipeadh ar chomhaltaí uile an Choimisiúin.

is iad seo a leanas príomhfhreagrachtaí an Choiste Buiséid agus Luacha Saothair, de réir a Théarmaí Tagartha:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar luach saothair chomhaltaí bainistíochta an Choimisiúin, lena n-áirítear an Gobharnóir agus an tArd-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais, agus moltaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina leith;
- Athbhreithniú a dhéanamh, ar bhonn bliantúil ar a laghad, ar bheartas agus nósanna imeachta an Bhainc Ceannais maidir le luach saothair agus moltaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcás inar cuí sin;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí buiséid agus caiteachais agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith;
- Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar phróiseas Scórchárta Ualaithe an Bhainc Ceannais agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar a théarmaí tagartha féin agus ar a éifeachtacht; agus
- Breithniú a dhéanamh ar aon ábhair eile de réir mar a iarrfaidh an Coimisiún.

## An Coiste Riosca

Is é an Coimisiún a cheapann an Coiste Riosca agus bíonn triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar an gCoiste sin i dteannta leis an mbeirt Leas-Ghobharnóirí. Ba iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste Riosca amhail ar an 31 Nollaig 2017: Michael Soden (Cathaoirleach), Alan Ahearne, Sharon Donnery, Des Geraghty agus Ed Sibley.

Tionóltar cruinnithe den Choiste Riosca ceithre huaire ar a laghad gach bliain. In 2017, tionóladh sé chruinniú den Choiste Riosca. Tionóladh cruinniú amháin breise freisin i gcomhpháirt leis an gCoiste Iniúchóireachta. Bhí córam ag na cruinnithe sin go léir. Tá an ceart ag gach comhalta den Choimisiún freastal ar chruinnithe an Choiste mar bhreathnadóirí. Déantar miontuairiscí na gcruinnithe a scaipeadh ar chomhaltaí uile an Choimisiúin.

Is iad seo a leanas príomhfhreagrachtaí an Choiste Riosca de réir a Théarmaí Tagartha:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha tréimhsiúla don Choimisiún maidir le hinfheistiú sócmhainní infheistíochta ag an mBanc Ceannais agus comhairle agus moltaí a thabhairt don Choimisiún ina leith, ag díriú go háirithe ar an méid seo a leanas:
    - comhdhéanamh airgeadra agus paraiméadar riosca na sócmhainní infheistíochta;
    - na critéir shlándála maidir le sócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais a bhainistiú;
    - an ráta toraidh arna thuilleamh ar shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais lena n-áirítear measúnú ar na tagarmhairc feidhmíochta a úsáidtear; agus
- Measúnú a dhéanamh ar aon nithe a bhaineann le beartais agus cleachtais infheistíochta an Bhainc Ceannais agus a chuirtear faoi bhráid an Choiste ó am go ham, agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith.
- Neamhchosaintí reatha riosca agus an straitéis fhoriomlán bainistíochta riosca don Bhanc a athbhreithniú agus a thuar;
- Staid reatha airgeadais an Bhainc Ceannais a athbhreithniú, ag féachaint do shuíomh an Bhainc maidir le sócmhainní agus dliteanais agus ag féachaint do na réamhaisnéisí;
- An timpeallacht rialaithe agus éifeachtacht na gclár bainistíochta riosca sa Bhanc Ceannais a chur san áireamh, ag baint úsáid as tuarascálacha ón gCoiste Iniúchóireachta freisin.
- Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcreataí um bainistíocht riosca oibriúchtúil agus leanúnachais gnó, athbhreithniú a dhéanamh ar theagmhais suntasacha agus a mheasúnú cibé acu an fiú rioscaí nó teagmhais áirithe a phlé sa Choimisiún.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar a théarmaí tagartha féin agus ar a éifeachtacht féin;
- Breithniú a dhéanamh ar aon ábhair eile de réir mar a iarrfaidh an Coimisiún.

## Cód Eitice do Chomhaltaí Choimisiún an Bhainc Ceannais

Tá Cód Iompair agus Eitice glactha ag an gCoimisiún.  Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an gCód ag a chruinniú an 18 Deireadh Fómhair 2017 agus ghlac sé Cód athbhreithnithe i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).  Tá an Cód foilsithe ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

## Struchtúir Rialachais Inmheánaigh

Cé go bhfuil freagracht fhoriomlán ar an gCoimisún as bainistiú agus rialú an Bhainc Ceannais, tá coistí inmheánacha éagsúla ann atá freagrach as forbairt agus cur chun feidhme beartas a chomhordú agus as comhairle agus eolas a thabhairt maidir le saincheisteanna móra.

## Rialachas Inmheánach an Bhainc Ceannais



Sa tsamhail rialachais inmheánaigh, cuimsítear na coistí seo a leanas atá faoi chathaoirleacht an Ghobharnóra:

- Is ionann Coiste an Ghobharnóra agus príomhchoiste cinnteoireachta feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais maidir le nithe riaracháin nó bainistíochta a mbaineann tábhacht straitéiseach, eagraíochta nó sheachtrach leo. Aithnítear an Gobharnóir mar an príomhchinnteoir. Is é ról an choiste cúnamh agus tacaíocht a thabhairt don Ghobharnóir i gcomhlíonadh a chuid freagrachtaí, arna dtarmligean ag an gCoimisiún, chun an Banc Ceannais a bhainistiú.
- Cinntíonn an Coiste um Fhormhaoirsiú Rialála Airgeadais go ndéanfar comhordú éifeachtach ar obair rialála agus ar thionscnaimh ghaolmhara beartais ar fud an Bhainc Ceannais. Ní bhreithníonn an Coiste cúraimí CEBC nó ábhair oibríochtúla.
- Tríd an gCoiste Ardcheannaireachta, bíonn na Stiúrthóirí rannpháirteach i gcur chun feidhme chlár straitéiseach an Bhainc. Cinntíonn comhaltaí an Choiste seo go ndéanfar na gníomhaíochtaí go léir a ailíniú agus go ndéanfar straitéis an Bhainc Ceannais a chur i ngníomh trí Scórchárta Ualaithe (BSC) na heagraíochta a fhorbairt agus a athbhreithniú.
- Tugann an Coiste um Chobhsaíocht Airgeadais comhairle don Ghobharnóir maidir le saincheisteanna a bhaineann le gnóthú shainordú an Bhainc Ceannais d'fhonn rannchuidiú le cobhsaíocht airgeadais in Éirinn agus sa limistéar euro. Déanann comhaltaí an Choiste faireachán agus measúnú ar fhorbairtí eacnamaíocha agus airgeadais intíre agus idirnáisiúnta, tarraingíonn siad aird ar réimsí imní atá ábhartha do chóras airgeadais na hÉireann agus baineann siad tátail as an anailís. Díríonn sé go príomha ar shainaithint gníomhaíochtaí a fhéadfar a ghlacadh de láimh chun rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a mhaolú agus chun bearta leantacha a ghlacadh i ndáil le bearta roimhe seo. Féadfaidh an Gobharnóir a iarraidh go bhfoirmeofar gníomhartha sonracha a bheidh le cur i gcrích ag an lucht bainistíochta laistigh nó lasmuigh den FSC. Ar na gníomhartha sin, áirítear breithniú agus athbhreithniú ar ionstraimí beartais macrastuamachta mar aon le breithniú ar mholtaí ó Choiste an Bhainc Ceannais um Bearta Macrastuamachta agus chuig an gCoiste sin.
- Bunaíodh an Coiste um Bearta Macrastuamachta in 2016. Is é ról an Choiste comhairle a thabhairt maidir le hathbhreithnithe rialta ar bhearta macrastuamachta náisiúnta a bhaineann le bainc agus moltaí a dhéanamh i dtaobh na rialacha sin a choimeád nó a athchóiriú de réir mar is cuí. Is é an Banc Ceannais an t-údarás ainmnithe macrastuamachta náisiúnta in Éirinn. Le tamall anuas, gníomhachtaíodh bearta macrastuamachta éagsúla tríd an gcóras baincéireachta. Orthu sin, áirítear bearta a bhaineann le hiasachtaithe amhail na rialacha morgáiste; an cúlchiste fritimthriallach (CCyB); maolán d'institiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéamach leo (O-SII); agus freagairt do bhearta beartais macrastuamachta arna nglacadh i mBallstát eile. Foilsítear cuntais ar na cruinnithe Coistí go léir arna dtionól in 2017 ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

Ar na coistí inmheánacha ardleibhéil eile, áirítear:

- An Coiste Oibríochtaí: atá faoi chathaoirleacht an Phríomh-Oifigigh Oibríochtaí; is fochoiste den Choiste Ardcheannaireachta é a fhoirmíonn agus a ghnóthaíonn pleananna a bhaineann le feidhmiú éifeachtach an Bhainc. Cinntíonn sé go seolann an eagraíocht a gnó agus go mbaineann sí úsáid as a cuid acmhainní go léir, lena n-áirítear cumas teicneolaíochta agus acmhainní daonna, ar mhodh éifeachtúil, cost-éifeachtach.
- An Coiste Maoirseachta: atá faoi chomhchathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra, Rialáil Stuamachta, agus an Ard-Stiúrthóra, Iompar Airgeadais; tugann sé comhairle dóibh agus do na stiúrthóireachtaí agus na rannáin maoirseachta ábhartha maidir le saincheisteanna a bhaineann le bainistíocht rioscaí maoirseachta agus le forbairt agus feabhsú na maoirseachta rioscabhunaithe agus na rannpháirtíochta maoirseachta, lena n-áirítear ábhair PRISM.
- An Coiste Beartais: atá faoi chomhchathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra, Rialáil Stuamachta, agus an Ard-Stiúrthóra, Iompar Airgeadais; tugann sé comhairle dóibh maidir le saincheisteanna agus tionscnaimh beartas rialála lena n-áirítear páipéir comhairliúcháin, ráitis aiseolais, cóid, treoirlínte, agus rialacháin sula nglactar iad i gcomhréir le tarmligean ábhartha.
- An Coiste Feidhmiúcháin um Risocaí: atá faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra, Baincéireacht Cheannais, tugann sé tacaíocht don Ghobharnóir, don Choimisiún, agus do Choiste Riosca an Choimisiúin i ndáil le rioscaí airgeadais an Bhainc agus gníomhaíochtaí bainistíochta gaolmhara.

## Cuntasacht

I gcomhréir le hAlt 32K den Acht, ullmhaíonn an Banc tuarascáil maidir lena ghníomhaíochtaí le linn na bliana agus cuireann an tuarascáil sin faoi bhráid an Aire Airgeadais laistigh de thréimhse sé mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais. Le hAlt 32J (3) den Acht, ceanglaítear ar an mBanc Ráiteas Cuntas don bhliain airgeadais lena mbaineann a ullmhú agus a tharchur chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an Ráiteas Cuntas a iniúchadh agus a dheimhniú agus tuairiscíonn air agus cuireann sé nó sí a t(h)uarascáil maille leis an Ráiteas Cuntas ar ais chuig an Aire.

Cuirtear cóipeanna den dá cháipéis seo faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Chomh maith leis sin, déanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha iniúchadh ar chuntais airgeadais an Bhainc, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht CEBC/BCE.

I gcomhréir le hAlt 32K den Acht, ullmhaíonn an Banc tuarascáil maidir lena ghníomhaíochtaí le linn na bliana agus cuireann an tuarascáil sin faoi bhráid an Aire Airgeadais laistigh de thréimhse sé mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais.

Ceanglaítear ar an mBanc Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta a ullmhú maidir le rialáil seirbhísí airgeadais agus an Ráiteas sin a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais faoin 30 Aibreán gach bliain. I gcomhréir leis an Acht, beidh an Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta ina thrí chuid:

- Plean Feidhmíochta Rialála ina leagtar amach aidhmeanna agus cuspóirí na gníomhaíochta rialála atá beartaithe don bhliain reatha.
- Athbhreithniú ar fheidhmíocht rialála le linn na bliana roimhe sin ag féachaint don Phlean Feidhmíochta Rialála don bhliain sin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí agus ag Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa mar aon le haon chúrsaí ábhartha eile.
- Tuarascáil ó aon athbhreithniú piaraí idirnáisiúnta ar chomhlíonadh feidhmeanna rialála ag an mBanc, ar feidhmeanna iad a bheidh curtha i gcrích faoin reachtaíocht le linn na bliana.

Laistigh d'aon mhí tar éis dó Ráiteas Feidhmíochta Rialála a fháil, ní mór don Aire an Ráiteas seo a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Féadfaidh an tAire Airgeadais, ó am go ham, a iarraidh ar an nGobharnóir nó ar an gCoimisiún dul i gcomhairle leis an Aire i ndáil le comhlíonadh aon fheidhme dá chuid ag an mBanc. Ní fhéadfaidh an tAire, áfach, dul i gcomhairle leis an nGobharnóir i ndáil lena fheidhmeanna CEBC.

I mí na Samhna 2015, d'fhoilsigh an Banc Plean Straitéiseach trí bliana don tréimhse 2016-2018. Le linn 2017, thug an Coimisiún faoi athbhreithniú bliantúil ar oiriúnacht straitéis trí bliana an Bhainc (2016-2018) chun a áirithiú go raibh na cuspóirí agus na torthaí arna gcur in iúl fós bailí agus chun a chinneadh cibé acu ar ghá aon choigeartuithe a dhéanamh nó aon rud breise a chur léi agus an bhliain dheireanach den straitéis tagtha. Tuairiscítear air seo sa Tuarascáil Bhliantúil. Tá tús curtha leis an obair ullmhúcháin don chéad Phlean Straitéiseach trí bliana eile 2019-2021.

Faoi réir cheanglais Chonradh Maastricht agus faoi réir na bhforálacha rúndachta arna bhforchur le dlí, láithreoidh an Gobharnóir nó na Leas-Ghobharnóirí os comhair Comhchoistí den Oireachtas ar iarratas chuige sin. In 2017, láithrigh ionadaithe ón mBanc os comhair naoi gcruinniú de choistí Oireachtais.

**TÁBLA 5**

## Láithreas os comhair Coistí Oireachtais le linn 2017

| Dáta | Lucht freastail | Coiste Oireachtais |
|---|---|---|
| 28 Feabhra | An Coiste um Fhormhaoirsiú Buiséid<br>Tuarascáil ar na Táscairí Athbhreithnithe Maicreacnamaíocha | An Gobharnóir Lane,<br>John Flynn, an Ceannasaí ar an Rannán um Anailís Eacnamaíoch na hÉireann |
| 9 Márta | An Comhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach | Gerry Cross, an Stiúrthóir ar Bheartas agus Riosca<br>Patrick Casey, an Ceannasaí ar an Rannán Réitigh |
| 23 Márta | An Comhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach<br>Rannpháirtíocht le Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa | Anne Marie McKiernan, Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa<br>Elaine Byrne, Leas-Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa<br>Frank Brosnan, Leas-Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa. |
| 4 Aibreán | An Comhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach<br>Rannpháirtíocht ráithiúil leis an mBanc Ceannais | An Gobharnóir Lane<br>Derville Rowland, an Stiúrthóir ar Fhorfheidhmiú<br>Bernard Sheridan, Leas-Ghobharnóir Gníomhach (Rialáil Airgeadais) agus an Stiúrthóir ar Chosaint Tomhaltóirí |
| 4 Bealtaine | Roghchoiste Speisialta an tSeanaid um an Ríocht Aontaithe do Tharraingt Siar as an Aontas Eorpach 2017 | Gabriel Fagan, an Príomh-Eacnamaí<br>Mark Cassidy, an Ceannasaí ar an Rannán um Chobhsaíocht Airgeadais<br>Mary-Elizabeth McMunn, an Ceannasaí ar an Rannán um Riosca Maoirseachta |
| 30 Bealtaine | An Coiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach | Ed Sibley, an Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa agus Cláraitheoir Gníomhach na gComhar Creidmheasa<br>Gerry Cross, an Stiúrthóir ar Beartas agus Riosca<br>John Flynn, an Ceannasaí ar an Rannán um Anailís Eacnamaíoch na hÉireann. |
| 5 Iúil | An Comhchoiste Oireachtais um Thithíocht, Pleanáil, Pobal & Airgeadas Rialtais Áitiúil do Thithíocht Shóisialta: Conradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa (Atógáil) | Ed Sibley, an Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa agus Cláraitheoir Gníomhach na gComhar Creidmheas<br>Elaine Byrne, Leas-Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa<br>Anna Marie Finnegan, Clárlann na gComhar Creidmheasa |
| 19 Deireadh Fómhair | An Comhchoiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach | An Gobharnóir Lane<br>Sharon Donnery, an Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais)<br>Ed Sibley, an Leas-Ghobharnóir (Rialáil Stuamachta)<br>Derville Rowland, an tArd-Stiúrthóir - Iompar Airgeadais |
| 28 Samhain | An Coiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach | Gerry Cross, an Stiúrthóir ar Bheartas agus Riosca<br>Gráinne McEvoy, an Ceannasaí ar an Rannán um Údarú Urrús agus Margaí<br>Martina Kelly, an Ceannasaí ar an Rannán um Beartas Margaí. |

## Iniúchóireacht Inmheánach

Is é is cuspóir don Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach (IAD) gníomhú mar an "tríú líne cosanta" neamhspleách laistigh de chreat rialachais an Bhainc Ceannais. Tá sé de fhreagracht ar bhainistíocht oibríochtúil an Bhainc Ceannais córas iomchuí rialaithe inmheánaigh a bhunú. Ar an gcaoi sin, is í bainistíocht oibríochtúil an chéad líne cosanta. Is ionann an dara líne cosanta agus na feidhmeanna maidir le bainistíocht riosca, rialú, comhlíonadh agus maoirseacht arna mbunú agus arna bhfeidhmiú ag an lucht bainistíochta. Cuireann IAD dearbhú oibiachtúil, neamhspleách ar fáil, mar aon le gníomhaíochtaí comhairliúcháin atá ceaptha feidhmíocht chúraimí agus ghníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais a fheabhsú. Le linn déanamh amhlaidh, cuidíonn sé leis an mBanc Ceannais i ngnóthú a chuid cuspóirí trí chur chuige córasach, araíonach a chur i bhfeidhm chun éifeachtacht na bpróisis um bainistíocht riosca, rialú agus rialachas a mheasúnú agus a fheabhsú.

Le linn 2017, thug IAD faoi raon iniúchóireachtaí ar fud an Bhainc Ceannais. Ar na hábhair a clúdaíodh, áirítear Cultúr, Seirbhísí Dlí a Fháil, Bainistíocht Comhthaobhachta agus Córas Bainistíochta Comhthaobhachta Áitiúil (LCMS), Comhlíonadh Cosanta Sonraí, Samhail TF um Straitéis agus Seachadadh, Scrios Nótaí Bainc, agus Bainistíocht Stoic Airgeadra. Ghlac IAD páirt i roinnt iniúchóireachtaí CEBC freisin. Ar na hábhair a clúdaíodh sna hiniúchóireachtaí seo, áirítear: Bainistíocht Slándála TF (Cibearshlándáil); agus Líonra Breisluacha (VAN). Glacann IAD bearta leantacha maidir leis na saincheisteanna go léir a shainaithnítear chun a áirithiú go gcuirfear pleananna formheasta gníomhaíochta chun feidhme. Bhuail an Ceannasaí ar IAD leis an nGobharnóir go rialta freisin chun saincheisteanna a bhain le hiniúchóireacht a phlé.

Mar chuid dá próiseas um bailiú faisnéise agus chun a áirithiú go raibh IAD chun dáta maidir le forbairtí agus rioscaí san eagraíocht, d'fhreastail IAD go rialta ar chruinnithe inmheánacha feidhmiúcháin agus thionóil sé cruinnithe le líon mór rannán éagsúil ar fud na heagraíochta freisin.

Chuir IAD tuarascálacha rialta faoi bhráid Choiste Iniúchóireachta an Bhainc maidir le torthaí na n-iniúchóireachtaí go léir lena n-áirítear an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme aon mholtaí ó iniúchóireachtaí roimhe seo. Ullmhaítear plean trí bliana ar bhonn atrátha agus formheasann an Coiste Iniúchóireachta an plean sin gach bliain.

Tuairiscíonn IAD do Choiste na nIniúchóirí Inmheánacha (IAC) de chuid an BCE maidir le torthaí iniúchóireachtaí CEBC thuasluaite agus le saincheisteanna iniúchóireachta eile. Déantar tuarascálacha ó IAC a chur faoi bhráid Chomhairle Rialaithe an BCE agus Choistí ábhartha CEBC. Iarradh ar IAD cathaoirleacht a dhéanamh ar Thascfhórsa IAC um Iniúchóireacht Staidrimh (ATF), rud a léiríonn an méid atá déanta ag IAD ar leibhéal IAC mar aon lena chuid iarrachtaí chun cur leis an bpróifíl Éireannach. I mí Eanáir 2018, cuireadh tús leis an gcéad iniúchóireacht uile-Eorpach a dhíreoidh ar AnaCredit agus tabharfar chun críche í sa chéad leath de 2018.



# Aguisín 1:
# Ráitis agus Páipéir arna bhfoilsiú ag an mBanc in 2017

## Príomhfhoilseacháin 2017

Faisnéis Ráithiúil - Eanáir, Aibreán, Iúil agus Deireadh Fómhair 2017

An tAthbhreithniú Macra-Airgeadais - Meitheamh agus Nollaig 2017

Tuarascáil Bhliantúil 2016 - Bealtaine 2017

Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta (Rialáil Airgeadais) 2016-2017 - Bealtaine 2017

## Óráidí agus Cur i Láthair in 2017

### Eanáir

| Aitheasc/Óráid/Cur i Láthair | Láithreoir |
|---|---|
| Aitheasc do Bhricfeásta Faisnéise Chistí na hÉireann agus do Chruinniú Faisnéise ón mBanc Ceannais do Stiúrthóirí Cistí Neamhspleácha | Gráinne McEvoy<br>An Stiúrthóir Gníomhach ar Mhaoirseacht ar Urrúis & ar Mhargaí |
| Aitheasc do Chomhlachas na nOifigeach um Chomhlíonadh in Éirinn (ACOI). | Sylvia Cronin<br>An Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Árachas |
| Aitheasc ag imeacht dar theideal Brexit agus an Áis: Impleachtaí do Sheirbhísí Airgeadais in Éirinn | Gerry Cross<br>An Stiúrthóir ar Bheartas agus Riosca |
| "Globalisation and Innovation in Finance: Policy Challenges" ag an bhFóram Eorpach Airgeadais | An Gobharnóir Philip R. Lane |
| "IT and cybersecurity risks facing the financial service sector" ag Imeacht Bricfeásta don Tionscal | Gerry Cross<br>An Stiúrthóir ar Bheartas agus Riosca |
| Aitheasc do Chumann Forbartha Comhar Creidmheasa (CUDA) CGB | Elaine Byrne<br>Leas-Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa |
| "International Policy Trilemmas" ag Cumann Gnó Éireannach Londain | An Gobharnóir Philip R. Lane |

# **AGUISÍN 1** RÁITIS AGUS PÁIPÉIR ARNA BHFOILSIÚ AG AN MBANC IN 2017

## Feabhra

| Aitheasc/Óráid/Cur i Láthair | Láithreoir |
|---|---|
| Aitheasc do Sheimineár PwC maidir le Cistí Infheistíochta Malartaí | Michael Hodson<br>An Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Bhainistíocht Sócmhainní |
| "Setting the standard: Non-Performing Loans workout in the Euro area" - Bruegel | Sharon Donnery<br>An Leas-Ghobharnóir, Baincéireacht Cheannais |
| Aitheasc do Sheimineár KPMG | Michael Hodson<br>An Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Bhainistíocht Sócmhainní |
| "Globalisation and Innovation in Finance: Policy Challenges" ag an bhFóram Eorpach Airgeadais, Caisleán Bhaile Átha Cliath | An Gobharnóir Philip R. Lane |
| "Some perspectives on Brexit" ag Ionad na hÉireann maidir leis an Dlí Eorpach, Acadamh Ríoga na hÉireann | Sharon Donnery<br>An Leas-Ghobharnóir, Baincéireacht Cheannais |
| "The Role of Financial Regulation in Protecting Consumers" at University College Cork | An Gobharnóir Philip R. Lane |
| "Prospects for the Irish Economy" ag Comhlachas Corcaigh | An Gobharnóir Philip R. Lane |
| Ráiteas Tosaigh ag an gCoiste um Fhormhaoirsiú Buiséid | An Gobharnóir Philip R. Lane |

## **AGUISÍN 1** RÁITIS AGUS PÁIPÉIR ARNA BHFOILSIÚ AG AN MBANC IN 2017

### Márta

| Aitheasc/Óráid/Cur i Láthair | Láithreoir |
|---|---|
| Opening Statement at the Oireachtas Committee on Finance, Public Expenditure and Reform, and Taoiseach | Gerry Cross<br>Director of Policy and Risk |
| "Mind the Gap" at the Credit Union Managers Association (CUMA) Spring Conference 2017 | Anne Marie McKiernan<br>Registrar of Credit Unions |
| "Towards certainty in uncertain times" ag imeacht KPMG | Sylvia Cronin<br>An Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Árachas |
| "The Banking Landscape" ag Comhdháil ACOI | Ed Sibley<br>An Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa |
| "Brexit and Global Capital Markets" ag Teach Chatham | Sharon Donnery<br>An Leas-Ghobharnóir, Baincéireacht Cheannais |
| Ráiteas Tosaigh ag an gCoiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach dar theideal "Credit Unions: Challenges and the need for Transformation" | Anne Marie McKiernan<br>Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa |
| "European Financial Integration: Implications of Brexit" ag Cruinniú Mullaigh Barclays um Chaipiteal Airgeadais Eorpach | An Gobharnóir Philip R. Lane |

### Aibreán

| Aitheasc/Óráid/Cur i Láthair | Láithreoir |
|---|---|
| "MiFID II: Challenges Ahead" ag Bloomberg | Michael Hodson<br>An Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Bhainistíocht Sócmhainní |
| "The long-term well-being of Irish Credit Unions: turning aspirations into reality" ag Chomhdháil Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa | Ed Sibley<br>An Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa |
| Aitheasc ag Oscailt Champas na nDugthailte | An Gobharnóir Philip R. Lane |
| "Financial Regulation in a Time of Uncertainty" in Ollscoil Luimnigh | Gerry Cross<br>An Stiúrthóir ar Bheartas agus Riosca |

# **AGUISÍN 1** RÁITIS AGUS PÁIPÉIR ARNA BHFOILSIÚ AG AN MBANC IN 2017

## Bealtaine

| Aitheasc/Óráid/Cur i Láthair | Láithreoir |
|---|---|
| Ráiteas Tosaigh tráth Fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2016 Bhanc Ceannais na hÉireann | An Gobharnóir, Philip R. Lane |
| Aitheasc do Sheimineár Duff & Phelps | Michael Hodson<br>An Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Bhainistíocht Sócmhainní |
| Ráiteas Tosaigh ag Coiste an tSeanaid maidir le Brexit | Gabriel Fagan<br>An Príomh-Eacnamaí |
| "The European Monetary and Financial System: The Role of the Central Bank of Ireland", ag Ambasáid na hÉireann, Tóiceo | An Gobharnóir Philip R. Lane |
| Ráiteas maidir le Saincheisteanna Brexit ag Seimineár Brexit i Nua Eabhrac | Gerry Cross<br>An Stiúrthóir ar Bheartas agus Riosca |
| "External and Internal Spillovers" ag an 56ú Comhdháil Dhomhanda ACI FMA | An Gobharnóir Philip R. Lane |
| "Communication, Collaboration and Coordination: Challenges Implementing Macro-Prudential Policy in the Euro Area" ag an dara Comhdháil bhliantúil um Beartas agus Taighde Macrastuamachta de chuid BCE | Sharon Donnery<br>An Leas-Ghobharnóir Baincéireacht Cheannais |
| "Drivers of Change in the Banking Sector" ag Cónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí Éireann (BPFI) | An Gobharnóir Philip R. Lane |
| "Protecting and enhancing the Single Market for financial services: a regulatory perspective" ag an bhFóram Eorpach Árachais | Gerry Cross<br>An Stiúrthóir ar Bheartas agus Riosca |
| Ráiteas Tosaigh ag an gCoiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach | Ed Sibley<br>An Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa |

## **AGUISÍN 1** RÁITIS AGUS PÁIPÉIR ARNA BHFOILSIÚ AG AN MBANC IN 2017

### Meitheamh

| Aitheasc/Óráid/Cur i Láthair | Láithreoir |
|---|---|
| "Anti-Money Laundering Supervision" ag Comhdháil Chónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí Éireann (BPFI) | Derville Rowland<br>An Stiúrthóir ar Fhorfheidhmiú |
| Ráiteas tosaigh "The macro-financial outlook for Ireland" ag seoladh an Athbhreithnithe Macra-Airgeadais | Sharon Donnery<br>An Leas-Ghobharnóir Baincéireacht Cheannais |
| "Financial Markets and Institutions: Collaboration and Knowledge Dissemination" ag Cruinniú Taighde Beartais de chuid an Bhainc Ceannais maidir le hInstitiúidí agus Margaí Airgeadais | Sharon Donnery<br>An Leas-Ghobharnóir Baincéireacht Cheannais |
| Aitheasc ar "Regulatory Challenges in the 'New Normal'" ag Comhdháil Baincéireachta Idirnáisiúnta FIBI | Gerry Cross<br>An Stiúrthóir ar Bheartas agus Riosca |
| "Enforcement insights: attitudes and behaviours" ag seimineár Milliman | Derville Rowland<br>An Stiúrthóir ar Fhorfheidhmiú |
| "Asset and Liability Management: A Supervisory Perspective" ag Comhdháil Idirnáisiúnta Samhraidh an Chumainn um Bainistíocht Sócmhainní agus Dliteanas | Ed Sibley<br>An Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa |

### Iúil

| Aitheasc/Óráid/Cur i Láthair | Láithreoir |
|---|---|
| Ráiteas Tosaigh ag an gComhchoiste Oireachtais um Thithíocht, Pleanáil, Pobal agus Rialtas Áitiúil | Ed Sibley<br>An Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa & Cláraitheoir Gníomhach na gComhar Creidmheas |
| "An update on industry preparedness for MiFID II and regulatory implications stemming from Brexit" | Michael Hodson<br>An Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Bhainistíocht Sócmhainní |

### Lúnasa

| Aitheasc/Óráid/Cur i Láthair | Láithreoir |
|---|---|
| Aitheasc ag Seoladh Chartlanna an Bhainc Ceannais | An Gobharnóir Philip R. Lane |

**AGUISÍN 1** RÁITIS AGUS PÁIPÉIR ARNA BHFOILSIÚ AG AN MBANC IN 2017

## Meán Fómhair

| Aitheasc/Óráid/Cur i Láthair | Láithreoir |
|---|---|
| "Macro-Financial Risk Management" ag Plé Comhchéime Eacnamaíochta de chuid an Bhainc Ceannais | An Gobharnóir Philip R. Lane |
| "Transparency and the Drive for Supervisory Convergence" ag Bricfeásta Faisnéise PFO de chuid PwC/Árachas Éireann | Sylvia Cronin<br>An Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Árachas |
| "Non-Performing Loans: The Irish perspective on a European problem" ag Comhdháil BERS | Ed Sibley<br>An Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta |
| "Central bank risk management in a changing institutional and regulatory environment" ag Comhdháil chomhpháirteach Banco de Portugal – an Bhainc Cheannais Eorpaigh maidir le Bainistíocht Riosca | Sharon Donnery<br>An Leas-Ghobharnóir, Baincéireacht Cheannais |
| "Financial Regulation today and an insight on Asset Management Supervision" ag Fóram Faisnéise Seirbhísí Airgeadais Corcaigh | Michael Hodson<br>An Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Bhainistíocht Sócmhainní |
| "Innovation and the use of digital technology, cyber risk as a core disrupter and the importance of culture" ag Cruinniú Mullaigh OSG Vericlaim/Sedgwick maidir le Nuálaíocht Árachais | Sylvia Cronin<br>An Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Árachas |

# **AGUISÍN 1** RÁITIS AGUS PÁIPÉIR ARNA BHFOILSIÚ AG AN MBANC IN 2017

## Deireadh Fómhair

| Aitheasc/Óráid/Cur i Láthair | Láithreoir |
|---|---|
| "Brexit and other current issues in financial services regulation" ag Fóram Réigiúnach Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta (Thoir Theas) | Gerry Cross<br>An Stiúrthóir ar Bheartas agus Riosca |
| "Regulation in a changing Environment: some regulatory issues relevant to the Irish funds sector" ag Cumann Stiúrthóirí Cistí na hÉireann | Gerry Cross<br>An Stiúrthóir ar Bheartas agus Riosca |
| "Brexit: The drive for supervisory convergence" ag IDA Éireann | Sylvia Cronin<br>An Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Árachas |
| "The Irish Financial Services Sector: A Prudential Regulation Perspective" ag Cruinniú Mullaigh na Lárionad Airgeadais 2017 | Ed Sibley<br>An Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta |
| Ráiteas Tosaigh ag an gCoiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach | An Gobharnóir Philip R. Lane |
| "The board's role of achieving compliance with CP86, Fund Management Companies Guidance" ag Comhdháil Mazars | Michael Hodson<br>An Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Bhainistíocht Sócmhainní |
| "Transforming banking for customers: A regulatory perspective" ag Comhdháil BPFI | Ed Sibley<br>An Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta |
| Aitheasc Tosaigh ag Cruinniú Faisnéise ag Cruinniú Faisnéise Bliantúil Árachais | Sylvia Cronin<br>An Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Árachas |
| "Asset Management Supervision: The Landscape today and 2018 supervision priorities", ag Seimineár A&L Goodbody | Michael Hodson<br>An Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Bhainistíocht Sócmhainní |

# **AGUISÍN 1** RÁITIS AGUS PÁIPÉIR ARNA BHFOILSIÚ AG AN MBANC IN 2017

## Samhain

| Aitheasc/Óráid/Cur i Láthair | Láithreoir |
|---|---|
| Address to the National Supervisors Forum | Frank Brosnan<br>Deputy Registrar of Credit Unions |
| Aitheasc do Chomhlachas na nOifigeach um Chomhlíonadh in Éirinn | Ed Sibley<br>An Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta |
| "Investment funds, securities lending, and European Capital markets" ag Plé Comhchéime Chumann Idirnáisiúnta um Iasachtú Urrús maidir le hIasachtú Urrús | Gerry Cross<br>An Stiúrthóir ar Bheartas agus Riosca |
| "The Central Bank and Sustainability" ag Fóram Bricfeásta PFO, Gnó sa Phobal in Éirinn | An Gobharnóir, Philip R. Lane |
| "High Priests and Politics: building public understanding through changing Central Bank communications" ag Comhdháil Chumarsáide an Bhainc Cheannais Eorpaigh | Sharon Donnery<br>An Leas-Ghobharnóir Baincéireacht Cheannais |
| The Importance of Diversity" ag Sraith BCE maidir le Ceannasaithe a Spreagadh | Ed Sibley<br>An Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta |
| "Macro-prudential policy making: where's the evidence?" ag Comhdháil chomhpháirteach Banco de Portugal – an Bhainc Cheannais Eorpaigh maidir le ceapadh beartais macrastuamachta | Sharon Donnery<br>An Leas-Ghobharnóir Baincéireacht Cheannais |
| "The Evolving Regulatory Architecture: A Supervisory Perspective" ag Comhdháil Chónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí Éireann - Samhain | Gerry Cross<br>An Stiúrthóir ar Bheartas agus Riosca |
| Ráiteas maidir leis an Atbhreithniú ar Bhearta Morgáiste 2017 | An Gobharnóir Philip R. Lane |
| Ráiteas tosaigh ag an gCoiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach | Gerry Cross<br>An Stiúrthóir ar Bheartas agus Riosca |
| "Exchange Traded Funds: stability and growth", ag Comhdháil an Bhainc Ceannais maidir le Cistí trádáilte ar an Malartán | Derville Rowland<br>An tArd-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais |
| "Innovation and insurance in Ireland: a supervisory perspective" ag Comhdháil Bhliantúil an Uachtaráin de chuid Árachas Éireann | Ed Sibley<br>An Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta |
| "Some Regulatory Priorities for 2018" ag Seimineár Bliantúil Institiúid na mBaincéirí in Éirinn maidir le Stiúrthóirí Deimhnithe Bainc | Gerry Cross<br>An Stiúrthóir ar Bheartas agus Riosca |
| "Is it legal? A Question of Culture"<br>at the Eversheds Sutherland Conference | Ed Sibley<br>Deputy Governor Prudential Regulation |

# **AGUISÍN 1** RÁITIS AGUS PÁIPÉIR ARNA BHFOILSIÚ AG AN MBANC IN 2017

## Nollaig

| Aitheasc/Óráid/Cur i Láthair | Láithreoir |
|---|---|
| Ráiteas ag Fóram Seribhísí Airgeadais FSI | Ed Sibley<br>An Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta |

**AGUISÍN 1** RÁITIS AGUS PÁIPÉIR ARNA BHFOILSIÚ AG AN MBANC IN 2017

## Ailt i bhFeasacháin Ráithiúla an Bhainc Ceannais

| Alt | Údar |
|---|---|
| The Aircraft Leasing Industry in Ireland: Cross Border Flows and Statistical Treatment<br>*Uimh. 1 de 2017* | Jenny Osbourne Kinch<br>Dermot Coates<br>Luke Nolan |
| Securities Holdings Statistics in Ireland: introducing the Enhanced Quarterly Statistics<br>*Uimh. 1 de 2017* | Dermot Coates<br>Jenny Osbourne Kinch<br>Brian Power |
| The Policy Framework of the International Monetary Fund (IMF): An overview of Recent Developments<br>*Uimh. 1 de 2017* | Mary J. Keeney |
| The Balancing Act: Household Indebtedness Over the Lifecycle<br>*Uimh. 2 de 2017* | Apostolos Fasianos<br>Reamonn Lydon<br>Tara McIndoe-Calder |
| The Role of Macro-Prudential Indicators Monitoring Systemic Risk and Settling Policy<br>*Uimh. 2 de 2017* | Ellen Ryan |
| Monitoring Ireland's Payments using TARGET2<br>*Uimh. 2 de 2017* | Claire Downey<br>Paul Lyons<br>Terry O'Malley |
| Liquidity and Risk Management: Results of a Survey of Large Irish-Domiciled Funds<br>*Uimh. 3 de 2017* | Pierce Daly<br>Kitty Moloney |
| Consolidating Banking Data: Introducing Enhanced Statistics for Ireland<br>*Uimh. 3 de 2017* | Kenneth Devine<br>Jennifer Dooley<br>Ciaran Meehan<br>Aisling Menton |
| Non-standard Monetary Policy Measures and the Balance Sheets of Euro-system Central Banks<br>*Uimh. 3 de 2017* | Sharon Donnery<br>David Doran<br>Ruth Gleeson<br>Konstantina Carroll |
| Strategic Stimulus: Analysis of Euro-system Monetary Operations<br>*Uimh. 4 de 2017* | John Graham<br>Anthony Nolan<br>Paul Kane |
| The Labour Market and Wage Growth after a Crisis<br>*Uimh. 4 de 2017* | Suzanne Linehan<br>Reamonn Lydon<br>Tara McIndoe-Calder<br>Paul Reddan<br>Diarmaid Smyth |

**AGUISÍN 1** RÁITIS AGUS PÁIPÉIR ARNA BHFOILSIÚ AG AN MBANC IN 2017

## Boscaí i bhFeasacháin Ráithiúla an Bhainc Ceannais

| Bosca: | Údar |
|---|---|
| Recent Trends in Personal Consumption Expenditure<br>*Uimh. 1 de 2017* | Paul Reddan<br>Diarmaid Smyth<br>Graeme Walsh |
| Labour Force Participation of the under-25 Age group: An Analysis of Recent Developments<br>*Uimh. 1 de 2017* | Suzanne Linehan<br>Tara McIndoe-Calder |
| Exchange Rate Pass through to Consumer Prices<br>*Uimh. 1 de 2017* | Jonathan Rice<br>Paul Reddan |
| Developments in Data Collection on Credit and Debit Cards<br>*Uimh. 1 de 2017* | Stephen Byrne<br>Colman McGann |
| Exchange Traded Funds – Insights on statistical reporting<br>*Uimh. 1 de 2017* | Siobhan O'Connell |
| Do all oil price shocks have the same impact? Evidence from the Euro Area<br>*Uimh. 1 de 2017* | Anastasios Evgenidis |
| Is there a 'new normal' relationship between trade and global growth<br>*Uimh. 1 de 2017* | Mary Keeney |
| Custodian (indirect) Reporting and Estimates of the holdings of the Insurance Corporations Sector<br>*Uimh. 1 de 2017* | Dermot Coates<br>Jenny Osborne-Kinch<br>Brian Power |
| Securities Holding Statistics – Securities Holdings Statistics Database (SHSDB) and Third-Party Holdings (TPH)<br>*Uimh. 1 de 2017* | Dermot Coates<br>Jenny Osborne-Kinch<br>Brian Power |
| The International Economic Outlook<br>*Uimh. 2 de 2017* | Monetary Policy Division |
| GNI* A better measure of Domestic Economic activity<br>*Uimh. 2 de 2017* | John Flynn |
| Exploring recent drivers of personal consumption expenditure<br>*Uimh. 2 de 2017* | Jonathon Rice<br>Stephen Byrne |
| Sectoral Specialisation of Irish Exports<br>*Uimh. 2 de 2017* | Suzanne Linehan<br>Paul Reddan<br>Diarmaid Smyth |
| Recent Trends in long-term unemployment and inactivity in the Irish Labour market<br>*Uimh. 2 de 2017* | Thomas Conefrey |
| The Irish Funds sector – Flows as an Investor Sentiment Indicator<br>*Uimh. 2 de 2017* | Eduardo Maqui |

## **AGUISÍN 1** RÁITIS AGUS PÁIPÉIR ARNA BHFOILSIÚ AG AN MBANC IN 2017

| | |
|---|---|
| The International Economic Outlook<br>*Uimh. 3 de 2017* | International Relations Division |
| The 2016 National Income and Expenditure accounts (NIE) and GNI*<br>*Uimh. 3 de 2017* | Paul Reddan<br>Diarmaid Smyth |
| A modified measure of Ireland's Current Account<br>*Uimh. 3 de 2017* | Stephen Byrne<br>Suzanne Linehan |
| Job vacancy Rate and the Irish Labour Market<br>*Uimh. 3 de 2017* | Suzanne Linehan<br>Tara McIndoe<br>Diarmaid Smyth |
| Assessing the Irish Real Rate from the recently issued inflation linked bond<br>*Uimh. 3 de 2017* | Thomas Brophy |
| Competition in the Irish Mortgage market<br>*Uimh. 3 de 2017* | Martina Sherman |
| Recent Developments in Irish Resident real estate funds<br>*Uimh. 3 de 2017* | Bara McCarthy |
| The International Economy Outlook<br>*Uimh. 4 de 2017* | Monetary Policy Division |
| Ireland's Current account balance with the UK<br>*Uimh. 4 de 2017* | Stephen Byrne<br>Thomas Conefrey |
| Ireland's Non-Employment Index<br>*Uimh. 4 de 2017* | Stephen Byrne<br>Thomas Conefrey |
| Irish Government Revenue Developments in 2016<br>*Uimh. 4 de 2017* | Linda Kane<br>Ronan Hickey |
| Revisiting the Impact of Redomiciling Entities on the Market Capitalisation<br>*Uimh. 4 de 2017* | Conor Kelly<br>Dermot Coates<br>Breda McLoughlin |

## Páipéir Theicniúla Taighde 2017

| Páipéar | Údar |
|---|---|
| Investment Fund Risk: The Tale in the Tails<br>*Eanáir* | Frances Shaw<br>Peter G. Dunne |
| Observables and residuals: exploring cross-border differences in Small and Medium Enterprise borrowing costs<br>*Feabhra* | James Carroll<br>Fergal McCann |
| Countercyclical Capital Regulation in a Small Open Economy DSGE Model<br>*Feabhra* | Matija Losej<br>Luca Onorante<br>Ansgar Rannenberg |
| How does monetary policy pass-through affect mortgage default?<br>*Márta* | David Byrne<br>Robert Kelly<br>Conor O'Toole |
| The Great Irish Deleveraging<br>*Aibreán* | Reamonn Lydon<br>Tara McIndoe-Calder |
| SME Collateral risk borrowers or risky behaviour<br>*Bealtaine* | James Carroll<br>Fergal McCann |
| The Portfolio Rebalancing Effects of the ECB Asset Purchase Programme<br>*Meitheamh* | Giovanna Bua<br>Peter G. Dunne |
| What Drives Systemic Bank Risk in Europe: The Balance Sheet Effect<br>*Deireadh Fómhair* | Michael Wosser |
| Global and Domestic Modelling of Macroeconomic Shocks: A GVAR analysis of Ireland<br>*Samhain* | Michael O'Grady<br>Jonathan Rice<br>Graeme Walsh |
| Resolving a Non-Performing Loan Crisis. The Ongoing Case of the Irish Mortgage Market<br>*Nollaig* | Fergal McCann |
| Bank Asset Quality and Monetary Policy Pass Through<br>*Nollaig* | David Byrne<br>Robert Kelly |
| News, noise and oil price swings<br>*Nollaig* | Laura Moretti<br>Luca Gambetti |

**AGUISÍN 1** RÁITIS AGUS PÁIPÉIR ARNA BHFOILSIÚ AG AN MBANC IN 2017

## Litreacha Eacnamaíocha 2017

| Litir Eacnamaíoch | Údar |
|---|---|
| The Treatment of Global Firms in National Accounts<br>*Feabhra* | An Gobharnóir Philip R. Lane |
| Home purchases, down payments, and Savings<br>*Feabhra* | Jane Kelly<br>Reamonn Lydon |
| Identifying Inter-Sectoral Exposures in Ireland using Network Analysis<br>*Feabhra* | Mary Cussen |
| The macroeconomic effects of the regulatory LTV and LTI ratios in the Central Bank of Ireland's DSGE model<br>*Márta* | Matija Losej<br>Ansgar Rannenberg |
| The income distribution and the Irish mortgage market<br>*Aibreán* | Reamonn Lydon<br>Fergal McCann |
| Macro-prudential and Irish Mortgage Lending: An Overview of Lending in 2016<br>*Bealtaine* | Christina Kinghan<br>Paul Lyons<br>Yvonne McCarthy<br>Conor O'Toole |
| Quantitative Easing and Portfolio Rebalancing: Micro evidence from Irish resident banks<br>*Meitheamh* | Katharina Bergant |
| Exchange rate pass-through to domestic prices<br>*Iúil* | Paul Reddan<br>Jonathon Rice |
| A non-employment index for Ireland<br>*Lúnasa* | Stephen Byrne<br>Thomas Conefrey |
| Liquidity analysis on Bond and Money Market Funds<br>*Meán Fómhair* | Naoise Metadjer<br>Kitty Moloney |
| Debt giveth and debt taketh away - mortgage debt burden in Ireland<br>*Deireadh Fómhair* | Tara McIndoe-Calder |
| Impact of Financial Sector Support on Public Finances in Ireland and the EU<br>*Deireadh Fómhair* | Ronan Hickey<br>Linda Kane<br>Diarmuid Smyth |
| Macro-Prudential Measures and Irish Mortgage Lending: Insights from H1 2017<br>*Deireadh Fómhair* | Christina Kinghan<br>Paul Lyons<br>Yvonne McCarthy |
| The Financial Vulnerability of Irish Small and Medium Enterprises, 2013 to 2017<br>*Samhain* | John McQuinn<br>Fergal McCann |
| Motivating the Use of Different Macro-Prudential Instruments. The Countercyclical Capital Buffer vs. Borrowed-Based Measures<br>*Samhain* | Eoin O'Brien<br>Ellen Ryan |
| Mortgage Modification in Ireland. A Recent History<br>*Nollaig* | Fergal McCann |
| Borrower-Lender Engagement during the Irish Mortgage Arrears Crisis<br>*Nollaig* | Fergal McCann |

**AGUISÍN 1** RÁITIS AGUS PÁIPÉIR ARNA BHFOILSIÚ AG AN MBANC IN 2017

## Ailt Phiarmheasúnaithe

### Ailt Irisleabhar

| Alt | Údar |
|---|---|
| "Understanding Irish Labour Force Participation," Economic and Social Review, 2017, 48 (1), 27–60 | Stephen Byrne<br>Martin D. O Brien |
| "Indirect Convertibility, Equity-Based Banking and Financial Stability," Economic Affairs, 2017, 37 (3), 357–364 | David Cronin |
| "Fortune or fortitude? Determinants of successful adjustment with IMF programs," OECD Journal: Economic Studies, 2017 (1), 37–69 | Martin Larch<br>Kristin Magnusson Bernard<br>Peter McQuade |
| "Hyperinflation in Zimbabwe: Money demand, seigniorage and aid shocks," Applied Economics, 2017, pp. 1–17. | Tara McIndoe-Calder |
| "The great moderation in international capital flows: A global phenomenon?" Journal of International Money and Finance, 2017, 73, 188–212 | Peter McQuade<br>Martin Schmitz |
| "Co-movements in stock market returns, Ireland and London, 1869-1929," Financial History Review, 2017, 24 (2), 167–184 | Rebecca Stuart |
| "Return Migration, Self-Selection and Entrepreneurship," Oxford Bulletin of Economics and Statistics | Catia Batista<br>Tara McIndoe-Calder Pedro C. Vicente |

## Páipéir Chomhairliúcháin 2017

| Uimh. | Páipéar | Mí |
|---|---|---|
| CP107 | Consultation on the Protection of Retail Investors in relation to the Distribution of CFDS | Márta |
| CP108 | New Methodology to Calculate Funding Levies, Credit Institutions, Investment Firms, Fund Service Providers and EEA Insurers | Márta |
| CP109 | Consultation on Potential Changes to the Investment Framework for Credit Unions | Bealtaine |
| CP110 | Consultation on the Implementation of Competent Authority Options and Discretions in the European Union (Capital Requirements) Regulations 2014 and Regulation (EU) No 575/2013 | Meitheamh |
| CP111 | Consultation Paper on the Second Edition of the Central Bank Investment Firms Regulations including changes related to MiFID II | Iúil |
| CP112 | Enhanced Mortgage Measures: Transparency and Switching | Lúnasa |
| CP113 | Consultation on Potential Amendments to Fitness and Probity Regime for Credit Unions | Meán Fómhair |
| CP114 | Consultation Paper on Non-Life Insurance Amendments to the Non-Life Insurance (Provision of Information) (Renewal of Policy of Insurance) Regulations 2007 | Samhain |
| CP115 | Consultation on the Authorisation and Supervision of Branches of Third-Country Insurance Undertakings by the Central Bank of Ireland | Samhain |
| CP116 | Intermediary Inducements - Enhanced Consumer Protection Measures | Samhain |

## Foilseacháin Staidrimh

| |
|---|
| Financial Statistics Summary Chart Pack |
| Money and Banking Statistics |
| Retail Interest Rates |
| Money Market Fund Statistics |
| Trends in Private Household Credit and Deposits |
| Trends in Business Credit and Deposits |
| Consolidated Banking Statistics |
| Locational Banking Statistics |
| Residential Mortgage Arrears and Repossessions |
| Investment Funds Statistics |
| Financial Vehicle Corporation Statistics |
| Quarterly Financial Accounts |
| Securities Issues Statistics |
| Securities Holdings Statistics |
| Official External Reserves |
| Template on International Reserves |
| Mortgage Arrears Statistics |
| Credit and Debit Card Statistics |



# Gluais

**ABSPP – Clár Ceannaigh d'Urrúis Sócmhainn-bhunaithe** - Leis an ABSPP, fe-abhsaítear tarchur beartas airgeadaíochta, éascaítear soláthar creidmheasa do gheilleagar an limistéir euro agus gintear iarmhairtí dearfacha ar mhargaí eile.

**AML - Frithsciúradh Airgid** - Sraith nósanna imeachta, dlíthe nó rialachán atá ceaptha cosc a chur ar ghiniúint ioncaim ó ghníomhartha mídhleathacha.

**APP - Clár Ceannaigh do Shócmhainní** - An clár ceannaigh faoina gceannaítear urrúis de chuid na hearnála príobháidí agus poiblí chun dul i ngleic leis na rioscaí a bhaineann le tréimhse fhadaithe de bhoilsciú íseal.

**ASP - Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin** - I gcás ina mbeidh imní ann go bhfuil sárú forordaithe déanta nó á dhéanamh, féadfaidh an Banc Ceannais imscrúdú a dhéanamh air. Foráiltear leis an Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin go bhféadfar an ní a réiteach, tráth ar bith sula dtabharfar Fiosrúchán chun críche, trí chomhaontú socraíochta a dhéanamh.

**BCN - Banc Ceannais Náisiúnta** - Go hiondúil, tugann BCN seirbhísí airgeadais agus baincéireachta do rialtas a thíre agus don chóras baincéireachta tráchtála, mar aon le beartas airgeadaíochta an rialtais a chur chun feidhme agus airgeadra a eisiúint.

**BERS - An Bord Eorpach um Riosca Sistéamach** - Déanann BERS maoirseacht ar chóras airgeadais AE chun riosca sistéamach a sheachaint agus a mhaolú.

**BIFR - Ciste Réitigh do Bhainc agus do Ghnólachtaí Infheistíochta** - Is cuspóir an BIFR feidhmiú éifeachtach na n-uirlisí agus na gcumhachtaí réitigh atá sna rialacháin a áirithiú. Baineann an BIFR, agus an ceanglas chun ranníocaíochtaí a dhéanamh leis an BIFR, leis na bainc go léir atá údaraithe sa Stát agus le gnólachtaí infheistíochta a thagann faoi raon feidhme Rialacháin 2015.

## GLUAIS

**BRA - An Bord Réitigh Aonair** - Is comhlacht cinnteoireachta é an BRA a bhfuil de chúram air a chinntiú go nglactar cinntí réitigh sna Ballstáit rannpháirteacha ar mhodh éifeachtach, comhordaithe.

**BRRD - An Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach Banc** - Bunaíonn sí cur chuge comónta laistigh den Aontas Eorpach (AE) maidir le téarnamh agus réiteacht banc agus gnólachtaí infheistíochta.

**BSC - Scórchárta Ualaithe** - Baintear úsáid as modheolaíocht BSC sa Bhanc Ceannais chun feidhmíocht na heagraíochta a thomhas agus chun a chinntiú go ndéantar na spriocanna agus na cuspóirí a leagtar amach i bPlean(anna) Straitéiseach(a) an Bhainc Ceannais á gcur chun feidhme.

**CAI - An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta** - Is eagraíocht é CAI atá déanta suas de 189 tír, agus a bhíonn ag oibriú chun comhar airgeadaíochta domhanda a chothú, cobhsaíocht airgeadais a áirithiú, trádáil idirnáisiúnta a éascú, ardfhostaíocht agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn, agus an bhochtaineacht a laghdú ar fud an domhain.

**CBPP3 - An Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach** - Ceannaíonn an tEurochóras bannaí faoi chumhdach faoin tríú clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach. Leis an mbeart seo, cuidítear le feidhmiú an tsásra tarchuir don bheartas airgeadaíochta a fheabhsú, tacaítear le dálaí maoiniúcháin sa limistéar euro, éascaítear soláthar creidmheasa don fhíorgheilleagar agus spreagtar iarmhairtí dearfacha ar gheilleagair eile.

**CCyB - An Cúlchiste Fritimthriallach** - Is ceanglas caipitil athraithe ama é CCyB a mbíonn feidhm aige le bainc agus gnólachtaí infheistíochta lena mbaineann. Tá sé ceaptha an córas baincéireachta a dhéanamh níos athléimní agus a chinntiú nach mbeidh sé ró-comhthimriallach. Go bunúsadh, méadóidh CCyB ceanglas caipitil na mbanc nuair a bheidh an fás ar chreidmheas "iomarcach".

**CCR - An Príomh-Chlár Creidmheasa** - Is bunachar sonraí náisiúnta éigeantach d'fhaisnéis chreidmheasa é an Príomh-Chlár Creidmheasa a bheidh á chothabháil agus á oibriú ag an mBanc Ceannais, i gcomhréir le forálacha an Achta um Thuairisciú Creidmheasa 2013.

**CEBC - Córas Eorpach Banc Ceannais** - Cuimsíonn CEBC an BCE agus bainc cheannais náisiúnta (BCNanna) Bhallstáit uile AE, is cuma an bhfuil an euro glactha acu nó nach bhfuil.

**CFT - Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac** - Leagtar amach na bearta atá le glacadh chun maoiniú sceimhlitheoireachta a sheachaint san Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú don Sceimhlitheoireacht) 2010, arna leasú leis an Acht um Cheartas Coiriúil 2013. Tá oibleagáid ar insitiúidí creidmheasa agus airgeadais bearta a ghlacadh chun maoiniú sceimhlitheoireachta a sheachaint amhail dícheall cuí do chustaiméirí a dhéanamh, faireachán leaúnach a dhéanamh, idirbhearta amhrasacha a thuairisciú agus bearta agus nósanna imeachta éifeachtacha bheith i bhfeidhm.

## GLUAIS

**CII - Iasacht le hioncam** - Is ionann an cóimheas iasachta le hioncam agus ceann de na bealaí a bhíonn ag iasachtóirí (lena n-áirítear iasachtóiri morgáiste) tomhas a dhéanamh ar chumas duine aonair chun íocaíochtaí míosúla a bhainistiú agus fiacha a aisíoc.

**CIL - Iasacht le Luach** - Is ionann an cóimheas CIL agus téarma airgeadais a úsaideann iasachtóirí chun an cóimheas iasachta le luach sócmhainne arna ceannach a chur in iúl.

**CMA - Corparáid um Meáin Airgeadais** - Is eintiteas dlíthiúil é (cuideachta theoranta go hiondúil, nó uaireanta, comhpháirtíocht theoranta) a chruthaítear chun cuspóirí caola, sonracha nó sealadacha a chomhlíonadh. Go hiondúil, baineann cuideachtaí úsáid as CMAanna chun an gnólacht a scoitheadh ó riosca airgeadais.

**CMR - Clár um Maolú Riosca** - Doiciméad arna ullmhú ag an institiúid chun rioscaí a thuar, iarmhairtí a mheas, agus freagairtí do shaincheisteanna a shainiú.

**COSMO - Samhail Struchtúrach Lárnach** - Is ionann COSMO agus samhail mhacraieacnaiméadrach atá ceaptha réamhaisnéisiú agus anailís beartais a dhéanamh ar gheilleagar na hÉireann.

**CPRA - Measúnú Riosca maidir le Cosaint Tomhaltóirí** - Is samhail maoirseachta é seo a tugadh isteach in 2016 chun tástáil agus faireachán níos fearr a dhéanamh ar dhul chun cinn gnólachtaí maidir le creataí bainistíochta riosca a bheidh oiriúnach don fheidhm a leabú maidir le cosaint tomhaltóirí.

**CRA - Ciste Réitigh Aonair** - Féadfar úsáid a bhaint as CRA chun cur i bhfeidhm éifeachtach uirlisí réitigh agus feidhmiú na gcumhachtaí réitigh arna dtarmligean don CRA faoi Rialachán SRA a áirithiú.

**CSSP - Clár Ceannaigh na hEarnála Corparáidí** - Gné bhreise den APP. Cuidíonn an CSPP le tarchur cheannacháin sócmhainní an Eurochórais chuig dálaí maoiniúcháin an fhíorgheilleagair a neartú tuilleadh, agus i gcomhar leis na bearta neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta eile atá i bhfeidhm, cuireann sé in-chomhfhoirmeacht bhreise beartais airgeadaíochta ar fáil.

**ECFE - An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta** - Is fóram é ECFE ina mbíonn rialtais 34 stát daonlathach a bhfuil geilleagar margaidh acu ag obair lena chéile, mar aon le 70 geilleagar de chuid stát nach ballstáit iad, chun fás eacnamaíoch, rathúnas agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

**ESMA - An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí** - Is údaráis neamhspleách AE é ESMA a rannchuidíonn le cobhsaíocht chóras airgeadais an AE trí chosaint infheisteoirí a fheabhsú agus trí mhargaí cobhsaí, rianúla a chur chun cinn.

**F&P - Oiriúnacht agus Ionracas** - Is é príomhfheidhm an Chórais Oiriúnachta agus Ionracais a áirithiú go mbeidh daoine a bhfuil róil shinsearacha acu i soláthraithe rialáilte seirbhísí airgeadais inniúil, cumasach, ionraic, eiticiúil, macánta agus fónta ó thaobh airgeadais de.

## GLUAIS

**FSB - An Bord um Chobhsaíocht Airgeadais** - Tá FSB freagrach as gníomhaíochtaí macrastuamachta a fhéachann le rioscaí sistéamacha don chobhsaíocht airgeadais a sheachaint agus a mhaolú.

**GBCN - Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta** - Soláthraíonn GBCN réimse seirbhísí bainistíochta sócmhainne agus dliteanas don Rialtas.

**HFA - An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe** - Soláthraíonn an HFA maoiniú iasachta d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí deonacha tithíochta chun críche tithíochta.

**IBRC - Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc** - IBRC is ea an t-ainm a tugadh don eintiteas arna fhoirmiú in 2011 nuair a cumascaíodh na hinstitiúidí baincéireachta Anglo Irish Bank agus Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann (INBS) a bhí ar úinéireacht ag an Stát.

**MiFID - An Treoir um Margaí in Ionstraimí Airgeadais** - Is reachtaíocht AE é MiFID lena rialaítear gnólachtaí a sholáthraíonn seirbhísí do chliaint atá nasctha le hionstraimí airgeadais (scaireanna, bannaí, aonaid i ngnóthais comhinfheistíochta agus díorthaigh), agus na hionaid ina mbíonn na hionstraimí sin á dtrádáil.

**MiFIR - An Rialachán um Margaí in Ionstraimí Airgeadais** - Cuimsítear i MiFIR na rialacha agus na treoirlínte a bhaineann le hionaid forghníomhaithe, forghníomhú idirbheart mar aon le trédhearcacht réamhthrádála agus iarthrádála.

**NCA - Údarás Inniúil Náisiúnta** - Is ionann NCA agus an t-údarás a dtarmligtear an chumhacht dó go dlíthiúil chun feidhm ainmnithe a chomhlíonadh.

**NPL - Iasachtaí Neamhthuillmheacha** - Iasacht neamhthuillmheach is ea iasacht a rinne mainneachtain nó atá ar tí mainneachtain a dhéanamh.

**OAFanna - Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha** - Seolann an tEurochóras oibríochtaí athmhaoinithe fadtéarmacha ar bhonn míosúil a mbíonn aibíocht trí mhí acu d'fhonn soláthar leachtachta a shocrú agus chun cuidiú le bainc a bhíonn gníomhach sa mhargadh airgid i dtaca le slándáil a gcuid oibríochtaí.

**OASF - Oibríochtaí Athmhaoinithe Spriocdhírithe Fadtéarmacha** - Is ionann na hoibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírithe fadtéarmacha agus oibríochtaí an Eurochórais a sholáthraíonn maoiniúchán d'institiúidí creidmheasa ar feadh tréimhsí suas go ceithre bliana.

**OSI - Cigireachtaí ar an Láthair** - Is grinn-imscrúduithe iad seo ar rioscaí, rialuithe rioscaí agus rialachas. Bíonn raon feidhme réamhshainithe agus achar ama ag baint leo agus tugtar fúthu in áitreabh institiúide creidmheasa. Is cigireachtaí comhréireacha, riosca-bhunaithe iad.

**O-SII - Institiúidí Eile a bhfuil Tábhacht Shistéamach leo** - Meastar go mnbainean tábhacht shistéamach le O-SII don chóras airgeadais intíre nó do chóras airgeadais AE.

## GLUAIS

**PRISM - Córas Dóchúlachta Riosca agus Tionchair** - Is é seo creat riosca-bhunaithe an Bhainc Ceannais lena ndéantar maoirseacht ar ghnólachtaí rialáilte.

**PSPP - Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí** - Ceannaíonn an BCE urrúis na hearnála chun dul i ngleic le rioscaí a bhaineann le tréimhse fhadaithe de bhoilsciú íseal.

**SMA - An Sásra Maoirseachta Aonair** - Tagraíonn an SMA don chóras maoirseachta ar bhaincéireacht san Eoraip. Tá sé déanta suas den BCE agus d'údaráis mhaoirseachta náisiúnta na dtíortha rannpháirteacha.

**SRA - An Sásra Réitigh Aonair** - Cinntíonn SRA go ndéantar bainc atá i mbéal cliseadh a réiteach go rianúil.

**ÚBE - An tÚdarás Baincéireachta Eorpach** - Is Údarás neamhspleách AE é an tÚdarás Baincéireachta Eorpach a áirithíonn go ndéantar rialáil agus maoirseacht éifeachtúil, chomhsheasmhach stuamachta ar an earnáil baincéireachta Eorpach.

**ÚEÁPC- An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde** - Bunaíodh ÚEÁPC chun tacú le cobhsaíocht an chórais airgeadais, le trédhearcacht na margaí agus táirgí airgeadais mar aon le cosaint sealbhóirí polasaí, baill scéime pinsin agus tairbhithe.

**ÚME - Na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha** - Bíonn na hÚdaráis seo ag obair lena chéile i líonra, agus bíonn caidreamh acu leis na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta reatha chun fóntacht airgeadais na n-institiúidí airgeadais a áirithiú agus chun úsáideoirí seirbhísí airgeadais a chosaint.

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem



# Cuid 2:
# Oibríochtaí Airgeadais



# Torthaí Airgeadais don bhliain 2017

## An Comhthéacs

I gclár comhardaithe an Bhainc, léirítear na bearta fadréimseacha atá glactha aige mar fhreagairt ar an ngéarchéim airgeadais dhomhanda, i gcomhlíonadh a shainordaithe chun cur le cobhsaíocht an chórais airgeadais agus le cobhsaíocht praghsanna.

Le linn 2017, bhí an méid seo a leanas i measc na bpríomhfhorbairtí:

- Leanadh de bhearta neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta a chur chun feidhme tríd an gClár Ceannaigh Leathnaithe do Shócmhainní (EAPP), lena gcuimsítear ceannach bannaí faoi chumhdach, ceannach urrús sócmhainn-bhunaithe, ceannach urrús de chuid na hearnála corparáidí agus na hearnála poiblí arna n-eisiúint ag rialtais láir, bardais, gníomhaireachtaí agus ag institiúidí fornáisiúnta. Táthar ag súil go leanfaidh an EAPP seo go dtí mí Mheán Fómhair 2018 nó go dtí go mbeidh coigeartú marthanach ar threo an bhoilscithe i gcomhréir leis an gcuspóir chun rátaí boilscithe san Eurochóras a choinneáil gar do 2 faoin gcéad ach faoina bhun thar an meántéarma;
- Tuilleadh diúscairtí ar shealúchais an Bhainc sa Phunann Speisialta de Nótaí Ráta Chomhlúthaigh (FRNanna), ar sealúchais iad a d'éirigh as leachtú Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC). Chuir an t-ioncam úis agus na gnóthachain ó na diúscairtí sin[1] go mór le brabúis an Bhainc in 2017. Le linn 2017, d'fhuascail GBCN sealúchais ainmniúla FRNanna arbh ionann san iomlán iad agus €4.0 billiún;

1. Níl aon athrú ar an mbeartas diúscartha don phunann seo agus tá sé beartaithe sealúchais a dhiúscairt a luaithe is féidir ar choinníoll gur féidir déanamh amhlaidh sna dálaí cobhsaíochta airgeadais. Tá sé curtha in iúl ag an mBanc go ndíolfaidh sé íosmhéid de na hurrúis sin i gcomhréir leis an sceideal seo a leanas: 2018 (€0.5 billiún in aghaidh na bliana), 2019-2023 (€1.0 billiún in aghaidh na bliana) agus ó 2024 ar aghaidh (€2.0 billiún in aghaidh na bliana go dtí go mbeidh na bannaí go léir díolta).

- An chionroinnt dheireanach sa dara sraith d'Oibríochtaí Athmhaoinithe Spriocdhírithe Fadtéarmacha (OASF II) arb é is aidhm di seasamh in-chomhfhoirmeach an BCE maidir le beartas airgeadaíochta a threisiú agus iasachtú nua a chothú. I gcomhthráth leis seo, leanadh leis an gcur chuige de 'lán-chionroinnt ar ráta socraithe' ar leibhéal an Eurochórais d'fhonn tacú le soláthar leachtachta agus le hiasachtú bainc sa limistéar euro; agus
- An tEurochóras do choinneáil urrús arna gceannach faoi Chlár na Margaí Urrús (CMU) agus aibíocht na n-urrús arna gceannach faoin gcéad Chlár Ceannaigh agus faoin dara Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CBPP). Ba é aidhm na gclár sin doimhneacht agus leachtacht a áirithiú i ndeighleoga mífheidhmiúla de mhargaí fiachurrús an limistéir euro agus sásra tarchuir iomchuí don bheartas airgeadaíochta a athbhunú.

Ag féachaint romhainn, is dócha go méadóidh neamhchosaintí riosca airgeadais an Bhainc de réir mar a leanfaidh sé de Chlár Ceannaigh Leathnaithe an Eurochórais do Shócmhainní a chur chun feidhme le linn 2018 agus de réir mar a bheidh dálaí margaidh i mbun coigeartaithe. Faoi Threoirlíne BCE, féadfaidh Bainc Cheannais Náisiúnta soláthairtí a dhéanamh do rioscaí lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le ráta malairte eachtraí, ráta úis, creidmheas agus praghsanna óir. I gcomhréir leis an Treoirlíne seo, mhéadaigh an Banc an soláthar go dtí €500.0 milliún i gcuntais na bliana 2017 i leith neamhchosaintí ar rioscaí a bhain le ráta malairte eachtraí, ráta úis, creidmheas agus praghsanna óir.

## Torthaí Airgeadais

B'ionann an brabús don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2017 agus €2,628.6 milliún, méadú 15 faoin gcéad (€333.6 milliún) i gcomparáid le méid comhréireach €2,295.0 milliún sa bhliain 2016.

Tháinig méadú €594.4 milliún ar ghnóthachain réadaithe ar dhíolacháin urrús arna sealbhú sa Phunann Speisialta in 2017. Fritháiríodh é seo le muirear soláthair €296.5 milliún (2016: €145.6 milliún), go príomha i leith rioscaí a bhain le ráta malairte eachtraí, ráta úis, creidmheas agus praghsanna óir. Ina theannta sin, tháinig laghdú €103.7 milliún ar ghlanioncam úis, rud a bhí á spreagadh ag sealúchais ní b'ísle i dtimpeallacht rátaí úis ní b'ísle.

## Ioncam Úis

Tháinig laghdú €62.3 milliún ar ioncam úis, sa chaoi gurbh ionann é agus €1,123.5 milliún in 2017, i gcomparáid le méid comhréireach €1,185.8 milliún in 2016.

Bhí an laghdú seo inchurtha go príomha d'ús i bhfad ní b'ísle arna thuilleamh ar urrúis arna sealbhú i bPunann Speisialta an Bhainc (2017: €432.3 milliún, 2016: €552.2 milliún) de bharr meán-sealúchas ní b'ísle agus meánrátaí úis ní b'ísle. Tháinig laghdú €28.9 milliún freisin ar phunann Coinnithe go dtí Aibíocht (CGA) de chuid an Bhainc (2017: €305.0 milliún, 2016: €333.9 milliún) de bharr meánrátaí úis ní b'ísle.

Tháinig méadú €32.9 milliún ar ioncam arna thuilleamh ar urrúis a bhí á sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta in 2017 go dtí €237.8 milliún (2016: €204.9 milliún), rud a fhreagraíonn don mhéadú ar mheán-sealúchais de bharr ceannachán faoi Chlár Ceannaigh Leathnaithe an Eurochórais do Shócmhainní.

Thuill an Banc ioncam úis ar thaiscí Rialtais agus ar thaiscí Institiúidí Creidmheasa arbh ionann é agus €71.3 milliún (2016: €43.3 milliún) agus €67.5 milliún (2016: €47.8 milliún) faoi seach le linn 2017.

## Úschostas

B'ionann úschostas agus €68.2 milliún, méadú €41.4 milliún sa bhliain. Bhí príomhspreagadh an athraithe seo inchurtha d'úschostas €28.8 milliún (2016: €5.4 milliún) ar oibríochtaí OASF II don bhliain iomlán in 2017 agus d'úschostas €16.1 milliún ar urrúis arna n-aicmiú mar MÓM (2016: €9.5 milliún).

## Glantoradh Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha agus Soláthairtí

B'ionann glantoradh oibríochtaí airgeadais, díluachálacha agus soláthairtí in 2017 agus gnóthachan €1,649.3 milliún i gcomparáid le gnóthachan €1,253.9 milliún in 2016. B'ionann gnóthachain réadaithe praghais ar phunann infheistíochta an Bhainc agus €1,953.5 milliún (2016: €1,372.6 milliún), rud a léiríonn go príomha gnóthachain réadaithe €1,953.7 milliún ar dhíolacháin pháirteacha den Phunann Speisialta arna bhfritháireamh le caillteanas €0.2 milliún ar dhíolacháin urrús eile.

Bhí caillteanas neamhréadaithe ráta malairte ann in 2017 arbh ionann é agus €7.1 milliún, go háirithe ar phunann Dhollar SA. Tháinig méadú €0.5 milliún ar chaillteanais neamhréadaithe praghais ag deireadh 2017.

Freagraíonn muirear soláthair €296.5 milliún in 2017 do sholáthar €335.0 milliún i leith rioscaí a bhaineann le ráta malairte eachtraí, ráta úis, creidmheas agus praghsanna óir (2016: €165.0 milliún) arna fhritháireamh le scaoileadh €40.0 milliún den soláthar i leith rioscaí a bhaineann le hurrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta agus infheistíochtaí (2016: Scaoileadh soláthair €20.0 milliún).

## Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

D'eascair glanfháltas €25.0 milliún in 2017 as glantoradh chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta an Eurochórais (2016: €2.5 milliún) tar éis ioncam airgeadaíochta iomlán an Eurochórais a dháileadh ar na BCNanna de réir a scaireanna scála caipitil faoi seach.

## Caiteachais Oibriúcháin

Tugtar anailís mhionsonraithe ar chostais oibriúcháin an Bhainc i Nóta 9 a ghabhann leis an Ráiteas Cuntas.

Le blianta beaga anuas, lean an Banc d'infheistíocht a dhéanamh chun a chuid acmhainní agus a chumas féin a neartú, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais na foirne agus infheistíocht a dhéanamh i gcórais nua, rud a léirítear sna caiteachais oibriúcháin iomlána don bhliain 2017 arbh ionann iad agus €276.4 milliún (2016: €233.4 milliún). Cuimsítear sna caiteachais sin, pá, neamhphá, amhábhair nótaí bainc agus costais dímheasa.

Tháinig méadú €25.7 milliún (18 faoin gcéad) ar chostais foirne, lena n-áirítear pá. Freagraíonn costais níos airde tuarastail don líon méadaithe foirne agus d'athbhunú páirteach tuarastal faoi Bhearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI).

Tháinig méadú €13.1 milliún (17 faoin gcéad) ar chaiteachais oibriúcháin eile agus ar amhábhair nótaí bainc. B'ionann muirir dhímheasa agus €14.9 milliún (2016: €10.8 milliún), rud a fhreagraíonn don dímheas breise a eascraíonn as críochnú an áitribh ag Cé an Phoirt Thuaidh.

Tar éis aistrithe a dhéanamh chuig cúlchistí agus coigeartuithe, ar aistrithe iad a bhain le glanghnóthachan achtúireach ar scéim pinsin an Bhainc a shainaithint, mar a cheanglaítear faoi *Financial Reporting Standard 102* (FRS 102), b'ionann Barrachas Ioncaim an Bhainc ab iníoctha don Státchiste agus €2,101.3 milliún (2016: €1,836.2 milliún).

## Forbairtí ar an gClár Comhardaithe

B'ionann agus €90.3 billiún sócmhainní/dliteanais iomlána an chláir chomhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2017, méadú €7.5 billiún (naoi faoin gcéad) ar an iarmhéid comhréireach ag deireadh 2016 (€82.8 billiún).

## Sócmhainní

Bhí glanmhéadú €9.7 billiún ar urrúis arna sealbhú chun críocha beartas airgeadaíochta, rud a léiríonn ceannacháin leanúnacha faoin gClár Ceannaigh Leathnaithe do Shócmhainní.

Fritháiríodh in aghaidh an mhéadaithe sin laghdú €5.9 billiún ar luach sócmhainní a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC (an Phunann Speisialta) de bharr díolacháin pháirteacha arbh ionann iad agus €4.0 billiún (ainmniúil).

De bhreis air sin, b'ionann iarmhéid sprice BCE agus sócmhainn €1.9 billiún ag deireadh 2017 i gcomparáid le dliteanas €1.0 billiún ag deireadh 2016.

## Dliteanais

Tháinig méadú €4.0 billiún agus €2.4 billiún faoi seach ar thaiscí Institiúidí Creidmheasa (bainc thráchtála) agus ar thaiscí Rialtais in 2017.

## Fuascailt nótaí puint Éireannacha

Nótaí puint Éireannacha arna n-eisiúint ag an mBanc, stad siad de bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Ó shin i leith, tá soláthar á chothabháil ag an mBanc i leith nótaí puint IEP atá fós amuigh agus fuasclaíodh €1.1 milliún as an soláthar sin in 2017 (2016: €1.3 milliún), rud a d'fhág go raibh €226.0 milliún nótaí bainc Éireannacha fós amuigh ag deireadh 2017 (2016: €227.1 milliún) agus iarmhéid €6.3 milliún sa soláthar ag deireadh na bliana (2016: €7.4 milliún).

## Fáltais Monaí

Le linn 2017, b'ionann glanluach na monaí euro a fuasclaíodh agus €2.2 milliún (2016: €6.0 milliún eisithe), rud a léiríonn laghdú ar éileamh ón bpobal. Tar éis caiteachais a bhain le táirgeadh monaí a asbhaint, aisíocadh glanfháltais €4.4 milliún leis an Státchiste (2016: €4.7 milliún íoctha ag an mBanc leis an Státchiste). Leanann an Banc de mhonaí Éireannacha arna n-eisiúint sular tugadh an euro isteach i mí Eanáir 2002 a fhuascailt. In 2017, b'ionann agus €0.4 milliún na monaí Éireannacha a fuasclaíodh (2016: €0.2 milliún). Tá na na sonraí iomlána le fáil i Nóta 25 den Ráiteas Cuntas.

## Íoc Pras Cuntas 2017

Tá oibleagáid ar an mBanc déanamh de réir fhorálacha *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012* (I.R. Uimh. 580 de 2002), lena bhforáiltear go mbeidh ús pionóis le híoc mura bhfreastalófar ar íocaíochtaí le haghaidh idirbhearta tráchtála laistigh de 30 lá, mura sonrófar a mhalairt i gconradh nó i gcomhaontú.

Is í seo a leanas achoimre ar íocaíochtaí úis arna ndéanamh le soláthraithe le linn 2017, mar aon leis na figiúirí comhréireacha don bhliain 2016.

| | 2017 | 2016 |
|---|---:|---:|
| Líon Iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha | 270 | 143 |
| Luach Iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha go léir | €1,809,988 | €2,366,113 |
| Luach Iomlán na nÍocaíochtaí go léir | €116,702,745 | €162,031,768 |
| A mar % de B | 1.55% | 1.46% |
| Méid Iomlán Úis arna íoc ar Íocaíochtaí Déanacha | €19,398 | €20,485 |

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

# Ráiteas Cuntas Bhanc Ceannais na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

Arna chur faoi bhráid Dháil Éireann de bhun alt 32J *d'Acht an Bhainc Cheannais*, 1942 (mar atá arna leasú).



# Tuarascáil Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Choimisiúin

## Réamhrá

Bunaíodh Banc Ceannais na hÉireann le h*Acht an Bhainc Cheannais, 1942* (an tAcht). Tá dhá bhunfheidhm ag an mBanc. Ar an gcéad dul síos, is banc ceannais na hÉireann é agus is comhalta den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) é. Ar an dara dul síos, tá an Banc freagrach as rialáil a dhéanamh ar earnáil seirbhísí airgeadais na hÉireann. Leagtar amach feidhmeanna an Bhainc in alt 18B d'*Acht an Bhainc Cheannais 1942* (arna leasú). Foráiltear faoin Acht go ndéanfaidh Coimisiún an Bhainc Ceannais (an Coimisiún) gníomhaíochtaí agus gnóthaí an Bhainc (seachas feidhmeanna CEBC) a bhainistiú agus a rialú.

## Ról an Choimisiúin

Tá na feidhmeanna reachtúla seo a leanas ag an gCoimisiún: gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc a bhainistiú agus a rialú; a áirithiú go ndéanfar na feidhmeanna rialála airgeadais agus baincéireachta ceannais de chuid an Bhainc a chomhordú agus a chomhtháthú; agus a áirithiú go bhfeidhmeofar agus go gcomhlíonfar go cuí na cumhachtaí agus na feidhmeanna reachtúla a thugtar don Bhanc. Tá a théarmaí tagartha féin glactha ag an gCoimisiún agus leagtar amach iontu an chaoi is fearr inar féidir leis na freagrachtaí sin a bhaint amach.

Foráiltear in alt 18F d'Acht 1942 go bhféadfar aon cheann de na feidhmeanna reachtúla arna ndílsiú don Choimisiún a tharmligean chuig an nGobharnóir, chuig Leas-Ghobharnóir nó chuig fostaí de chuid an Bhainc. Ar mhaithe le bainistiú éifeachtach, éifeachtúil an Bhainc agus le feidhmiú a chumhachtaí agus

a fheidhmeanna, déantar feidhmiú fhormhór fheidhmeanna agus chumhachtaí reachtúla an Bhainc a tharmligean. Coimeádfaidh an Coimisiún an chumhacht chun aon cheann d'fheidhmeanna nó de chumhachtaí an Bhainc, arna dtarmligean ó am go ham ag an gCoimisiún, a fheidhmiú i gcás ina measfaidh sé gur cuí déanamh amhlaidh. Ina theannta sin, d'fhormheas an Coimisiún Plean nuashonraithe um Shannadh Freagrachtaí (an Plean) i mí Iúil 2017 i ndáil le haon tarmligean a rinneadh.

Cé go bhfuil formhór fheidhmeanna agus chumhachtaí an Bhainc tarmligthe ag an gCoimisiún agus go bhfuil an Plean um Shannadh Freagrachtaí formheasta aige i leith shannadh na bhfreagrachtaí sin, coimeádann an Coimisiún freagracht as maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin agus as a chinntiú go bhfuil na cumhachtaí agus na feidhmeanna a thugtar don Bhanc (seachas na cinn sin a dtugtar freagreacht don Ghobharnóir amháin ina leith) á mbainistiú agus á rialú go héifeachtach. I gcás ina mbeidh cumhacht sannta i gcomhréir leis an bPlean um Shannadh Freagrachtaí, beidh an duine sin cuntasach don Ghobharnóir agus d'aon duine eile a bheidh sonraithe sa sannadh.

Bíonn cumarsáid idir an Coimisiún agus na comhaltaí bainistíochta maidir le saincheisteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach leo i dtaca leis an mBanc (ar leith ó fheidhmeanna CEBC eile) agus tugann an Coimisiún comhairle, tacaíocht agus dúshlán cuiditheach dóibh de réir mar is cuí. Ina theannta sin, formheasann sé an straitéis lena gcumasaítear don Bhanc a chuid feidhmeanna reachtúla a bhaint amach agus déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht an Bhainc i ndáil leis an straitéis sin.

## Freagrachtaí an Choimisiúin

Go hachomair, foráiltear in Acht 1942 gurb é an Coimisiún an bhainisteoidh agus a rialóidh gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc, ach amháin mar a fhoráiltear go sainráite san Acht sin agus, ar an gcaoi sin, dílsítear don Choimisiún na feidhmeanna agus na cumhachtaí reachtúla arna dtabhairt don Bhanc. Tá liosta de na cumhachtaí a choimeádann an Coimisiún leagtha amach sa Phlean um Shannadh Freagrachtaí.

Cuimsítear na príomhfhorálacha reachtúla maidir le ról agus dualgais Chomhaltaí an Choimisiúin i gCuid III d'*Acht an Bhainc Cheannais 1942* (arna leasú). Anuas air sin, faoi Alt 32J d'*Acht an Bhainc Cheannais 1942* (arna leasú), tá an Banc freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil. Cuimsíonn an fhreagracht seo Ráiteas Cuntas a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais mar aon le hiniúchóirí seachtracha a cheapadh mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (an CEBC) agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoimisiún as an gcóras rialaithe inmheánaigh sa Bhanc, arb é is aidhm dó sócmhainní an Bhainc a chosaint agus calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá struchtúr eagraíochtúil iomchuí bunaithe ag an gCoimisiún chun an fhreagracht seo a chomhall. Chuige seo, tagann an Coiste Iniúchóireachta agus

na hIniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha agus comhaltaí de Lucht Bainistíochta an Bhainc le chéile ar bhonn tréimhsiúil chun saincheisteanna maidir le rialú, tuairisciú airgeadais agus nithe gaolmhara a phlé. Bíonn rochtain iomlán ag na hIniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha ar an gCoiste Iniúchóireachta.

Tá an Coimisiún sásta gur cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach Treoirlínte Cuntasaíochta CEBC, agus i gcás ina raibh siad sin tostach, na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn - Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102), agus na forálacha reachtúla is infheidhme maidir leis an mBanc, agus tá an Coimisiún sásta go raibh siad seo bunaithe ar bhreithiúnais agus ar mheastacháin réasúnta, stuama.

De réir mar is eol don Choimisiún, ní hann d'aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta a bhfuil iniúchóirí an Bhainc aineolach uirthi. Tá gach beart glactha ag an gCoimisiún chun é féin a chur ar an eolas maidir le haon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus chun a shuíomh go raibh iniúchóirí reachtúla an Bhainc ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

## Struchtúr an Choimisiúin

Tá an Coimisiún déanta suas de na comhaltaí ex-officio seo a leanas:

- An Gobharnóir (Cathaoirleach)
- An Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais)
- An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Stuamachta)
- Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais

De bhreis air sin, ceapann an tAire Airgeadais seisear comhaltaí eile ar a laghad, ach líon nach mó na ochtar.

Sa tábla thíos, tá liosta de na comhaltaí mar aon lena gcuid dátaí ceaptha nó athcheaptha (féadfar comhaltaí den Choimisiún a athcheapadh go ceann téarma amháin breise de chúig bliana):

| Comhaltaí den Choimisiún | Dáta Ceaptha (nó Athcheaptha) |
|---|---|
| Philip R Lane* | 26 Samhain - 2015 Samhain |
| Alan Ahearne | 1 Márta 2015 |
| Patricia Byron | 1 Eanáir 2013 |
| Blanaid Clarke | 1 Deireadh Fómhair 2013 |
| Sharon Donnery* | 1 Márta 2016 |
| John FitzGerald | 1 Deireadh Fómhair 2015 |
| Des Geraghty | 1 Deireadh Fómhair 2014 |
| Derek Moran* | 15 Iúil 2014 |
| Ed Sibley* | 1 Meán Fómhair 2017 |
| Michael Soden | 1 Deireadh Fómhair 2014 |

*Comhaltaí ex-officio**

Eagraíonn an Coimisiún athbhreithnithe ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a thrí fhochoiste - Iniúchóireacht, Buiséad agus Luach Saothair agus Riosca - ar bhonn rialta, agus chuir sé tús le hathbhreithniú féinmheastóireachta ag deireadh 2017. Cuirfear an t-athbhreithniú sin i gcríoch ag an gcruinniú i mí an Mhárta 2018. Déantar measúnú seachtrach ar éifeachtacht an Choimisiúin gach trí bliana ar a laghad. Rinneadh an measúnú seachtrach deireanach den sórt sin ag deireadh 2015 agus seolfar an chéad cheann eile ag deireadh 2018.

## Sceideal Freastail

Leagtar amach thíos an sceideal freastail do chruinnithe Boird agus Coistí don bhliain 2017.

| Comhalta den Choimisiún | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu le linn 2017 | An Coiste Iniúchóireachta | An Coiste Riosca | An Coiste Buiséid & Luacha Saothair |
|---|---|---|---|---|
| Philip R Lane | 11/11 | - | - | - |
| Alan Ahearne | 11/11 | - | 6/6 | 4/4 |
| Patricia Byron | 9/11 | 5/6 | - | - |
| Blanaid Clarke | 11/11 | 6/6 | - | 4/4 |
| Sharon Donnery | 11/11 | - | 6/6 | 4/4 |
| John FitzGerald | 11/11 | 6/6 | - | - |
| Des Geraghty | 10/11 | - | 6/6 | - |
| Derek Moran | 10/11 | - | - | - |
| Cyril Roux** | 3/3 | - | 2/2 | 1/1 |
| Bernard Sheridan** | 3/4 | - | 2/2 | 2/2 |
| Ed Sibley | 4/4 | - | 1/2 | 1/1 |
| Michael Soden | 10/11 | - | 6/6 | - |

## Athruithe ar Chomhaltas

D'éirigh comhalta amháin den Choimisiún as le linn na bliana.

**D'éirigh Cyril Roux as a phost mar Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais, an 31 Lúnasa 2017. Faoi shocraíochtaí eatramhacha tuairiscithe agus cuntasachta, ceapadh Bernard Sheridan ina Leas-Ghobharnóir Gníomhach, Rialáil Airgeadais, don tréimhse ón 8 Aibreán 2017 go dtí an 31 Lúnasa 2017.

Ceapadh Ed Sibley ina Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta, an 1 Meán Fómhair 2017.

## Nochtadh Faisnéise arna cheangal faoin g*Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* 2016.

Áirítear an nochtadh faisnéise seo a leanas i Nóta 9 - Caiteachas

- Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe:
- Luach saothair agus Caiteachais arna n-íoc le Comhaltaí an Choimisiúin in 2017;
- Caiteachais Taistil agus Cothaithe;
- Costais agus Socraíochtaí Dlí;
- Costais Sainchomhairleoireachta; agus
- Caiteachas Fáilteachais.

## Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Coimisiún an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna oiriúnú in imthosca áirithe chun go gcuirfí creat rialachais an Bhainc san áireamh mar aon le ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC, lena n-áirítear an ceanglas maidir le neamhspleáchas an Bhainc. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun a áirithiú go gcuirfí forálacha ábhartha i bhfeidhm maidir leis an gCód. Sa chomhthéacs sin, rinneadh measúnú ar gach foráil agus, faoi láthair, tá an Banc i mbun foráil a chur i bhfeidhm, nó a ghlacadh, nó a oiriúnú chun ceanglais reachtúla an Bhainc a chur san áireamh. Measúnaíodh nach raibh forálacha áirithe infheidhme maidir leis an mBanc.

I gcás ina ndéanfar forálacha áirithe a oiriúnú nó i gcás nach mbeidh forálacha áirithe infheidhme, beidh an cás amhlaidh mar aitheantas ar chóras reachtúil an Bhainc. Foráiltear do chóras reachtúil an Bhainc in Acht 1942, lena n-áirítear an caidreamh a bheidh aige leis an Aire Airgeadais, agus ceanglais an Bhainc maidir lena neamhspleáchas á gcur san áireamh.

Tá cóip de phlean an Bhainc maidir le cur chun feidhme an Chóid Cleachtais le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc.

**Philip R. Lane**
An Gobharnóir

**Patricia Byron**
Comhalta den Choimisiún

20 Márta 2018



# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Ghlac an Coimisiún an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) ('Cód 2016'), arna oiriúnú in imthosca áirithe chun go gcuirfí creat rialachais an Bhainc san áireamh mar aon le ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC, lena n-áirítear an ceanglas maidir le neamhspleáchas an Bhainc. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun a áirithiú go gcuirfí forálacha ábhartha an Chóid i bhfeidhm. Sa chomhthéacs sin, rinneadh measúnú ar gach foráil agus, faoi láthair, tá an Banc i mbun an fhoráil a chur i bhfeidhm, nó a ghlacadh, nó a oiriúnú chun ceanglais reachtúla an Bhainc a chur san áireamh. Measúnaíodh nach raibh forálacha áirithe infheidhme maidir leis an mBanc. I gcomhréir leis an gCód, ceanglaítear ar an gCoimisiún ráiteas a ullmhú ar oibriú chóras rialaithe inmheánaigh an Bhainc don tréimhse tuairiscithe bhliantúil dar chríoch an 31 Nollaig 2017.

Thar ceann an Choimisiúin, deimhnímid ár bhfreagracht fhoriomlán as córas rialaithe inmheánaigh an Bhainc, as ailíniú ceaptha an chórais sin lenár bhfonn riosca formheasta agus leis na próisis dearbhaithe arna mbunú chun a leordhóthanacht agus a shláine a chothabháil agus a mheasúnú. Cuimsíonn córas rialaithe inmheánaigh an Bhainc sraith fhairsing beartas, nósanna imeachta, agus gníomhaíochtaí bainistíochta agus maoirseachta. Is é is aidhm dó a áirithiú go bhfuil bearta comhréireacha i bhfeidhm chun na rioscaí a eascraíonn as comhlíonadh shainordú fadréimseach reachtúil agus Phlean Straitéiseach an Bhainc a bhainistiú. Ní fhéachann na bearta rialaithe seo le rioscaí a dhíchur agus, dá bhrí sin, ní féidir leo ach dearbhú réasúnta seachas lándearbhú a thabhairt in aghaidh caillteanas ábhartha, earráid ábhartha nó mainneachtain ábhartha.

Chun a áirithiú go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh ar cóimhéid leis na rioscaí a bhfuil an Banc neamhchosanta orthu; tá próiseas comhsheasmhach um shainaithint agus measúnú riosca bunaithe ag an gCoimisiún lena mbreithnítear an dóchúlacht go dtiocfaidh rioscaí chun cinn agus na himpleachtaí ionchasacha oibríochtúla, airgeadais agus clú. Le linn 2017, fuair an Coimisiún agus a gcuid fochoistí tuarascálacha maidir le neamhchosaintí riosca oibríochtúil, airgeadais, agus straitéisigh agus maidir le gnéithe éagsúla den chóras rialaithe inmheánaigh, agus bhreithnigh sé éifeachtacht an chórais ina iomláine trí nós imeachta athbhreithnithe bhliantúil. D'ullmhaigh an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach (IAD) agus an Rannán um Riosca Eagraíochtúil (ORD) na tuarascálacha sin. Tar éis dó na tuarascálacha sin a athbhreithniú, tá an Coimisiún sásta go dtugann an forbhreathnú thíos léiriú cruinn ar stádas an chórais rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Anseo thíos, leagtar amach faisnéis a bhaineann le córas rialaithe inmheánaigh an Bhainc lena n-áirítear príomhghnéithe na nithe seo a leanas: an timpeallacht rialaithe, sainaithint agus measúnú riosca, príomhghníomhaíochtaí rialaithe, faireachán ar riosca agus ar rialuithe agus an t-athbhreithniú bliantúil ar an gcóras rialaithe inmheánaigh.

## Timpeallacht Rialaithe

Ar na príomhghnéithe den timpeallacht rialaithe arna bunú ag an gCoimisiún, áirítear: struchtúr cuimsitheach rialachais inmheánaigh, cód iompair eiticiúil leabaithe, róil shoiléire agus freagrachtaí don lucht bainistíochta agus don fhoireann, agus córas leanúnach bainistíochta feidhmíochta atá ailínithe le gnóthú na gcuspóirí arna leagan amach i bPlean Straitéiseach an Bhainc.

Tá gnéithe sonracha de Chód 2016 oiriúnaithe ag an mBanc chun ceanglais reachtúla an Achta a chomhlíonadh, rud atá mar bhun le míniúcháin éagsúla lena ngnóthaítear cuspóirí Chód 2016, i ngach cás, maidir le timpeallacht rialaithe láidir a chothabháil trí bhearta malartacha reachtúla nó rialachais. I gcomhréir leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, is struchtúr aonair, comhtháite é an Banc a bhfuil bord reachtúil aige, an Coimisiún, atá faoi chathaoirleacht an Ghobharnóra. Foráiltear san Acht gurb iad seo a leanas feidhmeanna an Choimisiúin:

- Gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc (seachas feidhmeanna an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC)) a bhainistiú agus a rialú;
- A áirithiú go mbeidh feidhmeanna baincéireachta ceannais agus feidhmeanna rialála airgeadais an Bhainc comhtháite agus comhordaithe; agus
- A áirithiú go ndéanfar na cumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla arna dtabhairt don Bhanc a fheidhmiú agus a chomhlíonadh go cuí.

Foráiltear san Acht go bhféadfar aon cheann d'fheidhmeanna reachtúla an Choimisiúin a tharmligean chuig an nGobharnóir, chuig Leas-Ghobharnóir nó chuig fostaí de chuid an Bhainc. D'fhonn bainistiú éifeachtach, éifeachtúil an Bhainc agus comhlíonadh a chumhachtaí agus a fheidhmeanna a áirithiú, déantar feidhmiú fhormhór fheidhmeanna agus chumhachtaí reachtúla an Bhainc a tharmligean do chomhaltaí bainistíochta an Choimisiúin, agus d'fhostaithe ardbhainistíochta eile.

I gcás ina dtarmligtear feidhmeanna amhlaidh, is é nó is í an comhalta bainistíochta sin a bheidh freagrach nó cuntasach as feidhmiú na bhfeidhmeanna sin. Ar a shon sin, déanann an Coimisiún, trí bhíthin a thrí fhochoiste (An Coiste Iniúchóireachta, an Coiste Buiséid agus Luacha Saothair agus an Coiste Riosca), faireachán agus athbhreithniú ar fheidhmíocht na dtarmligean sin lena n-áirítear oibriú chóras rialaithe inmheánaigh an Bhainc. Tá feidhmeanna an Choimisiúin agus a chuid fochoistí leagtha amach i dTéarmaí Tagartha ar leithligh.

Ar fhreagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta, áirítear maoirseacht agus athbhreithniú na ráiteas airgeadais, na hiniúchóirí seachtracha, iniúchóireacht inmheánach agus bainistíocht riosca airgeadais, comhlíontacht agus rialú inmheánach. Ar fhreagrachtaí an Choiste Riosca, áirítear an t-athbhreithniú ar neamhchosaintí riosca reatha agus straitéis bainistíochta riosca de chuid an Bhainc, agus faireachán a dhéanamh ar an timpeallacht rialaithe inmheánaigh.

Sa tréimhse tuairiscithe, rinne an Coimisiún maoirseacht ar chothabháil nósanna imeachta chun freagrachtaí bainistíochta agus cuspóirí bliantúla a shannadh go soiléir sa Bhanc.  Déantar freagrachtaí lucht bainistíochta agus foirne a shainiú trí chreat cuimsitheach próifíl ról agus trí chóras bainistíochta feidhmíochta. I gcomhar leis an gCoimisiún, sonraíonn an bhainistíocht feidhmiúcháin cuspóirí uileghabhálacha (‘leibhéal eintitis’) laistigh de Phlean Straitéiseach trí bliana. Cuireadh tús leis an timthriall reatha de phleanáil straitéiseach trí bliana an Bhainc in 2016 agus déantar athbhreithnithe dul chun cinn ar an bPlean Straitéiseach ar bhonn bliantúil. Formheasann an Coimisiún an Plean Straitéiseach agus cuirtear faoi bhráid an Aire Airgeadais é. Sainítear 11 chuspóir straitéiseacha ar leibhéal eintitis sa Phlean Straitéiseach reatha, ar cuspóirí iad a bhaineann le freagrachtaí straitéiseacha agus cumasóirí criticiúla an Bhainc. Tá na cuspóirí seo mar bhonn do Scórchárta Ualaithe ar fud an Bhainc lena n-éascaítear dí-chomhbhailiú fochuspóirí ina spriocanna Piléir, Stiúrthóireachta, Rannáin, Feidhme agus ina spriocanna aonair.

Anuas air sin, rinne an Coimisiún maoirseacht ar chur chun feidhme agus ar chomhlíonadh Chód Eitice an Bhainc a fhéachann leis na caighdeáin is airde iompair eitice i measc bhaill foirne agus oifigigh an Bhainc a áirithiú. Ina theannta sin, bhunaigh an Coimisiún Beartas um Nochtadh Faisnéise Rúnda (‘Sceithireacht’) agus déanann sé athbhreithniú air ar bhonn bliantúil. Leis an mbeartas seo, cuirtear sraith cainéal ar fáil d’fhostaithe chun faisnéis a nochtadh go rúnda maidir le héagóir fhéideartha sa Bhanc, gan faitíos go mbeidh drochthorthaí pearsanta air.

## Sainaithint agus Maolú Riosca

Is gné lárnach d’oibriú éifeachtach chóras rialaithe inmheánaigh an Bhainc iad nósanna imeachta chun rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú, ar rioscaí iad a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar ghnóthú chuspóirí an Bhainc ar leibhéal fiontair agus ar leibhéal rannáin araon. Le sainaithint agus measúnú rioscaí airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta, leagtar síos bonn ar a gcinnfear an chaoi inar ceart iad a bhainistiú i dtéarmaí acmhainní a chur in ord tosaíochta agus a leithdháileadh.

Cuimsítear go sonrach sna nósanna imeachta um measúnú riosca, breithniú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe ábhartha beartaithe agus neambheartaithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Tá an measúnú ar cheanglais maidir le rialuithe agus maolú breise bunaithe freisin ar Ráiteas Fonn Riosca (RAS) ina n-áirítear folamhháltais i leith phríomhrioscaí an Bhainc. Sonraítear sa RAS an leibhéal riosca agus na cineálacha riosca atá inghlactha don Bhanc le linn dó a chuid cuspóirí a shaothrú. Tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ar a mhéid a d'oibrigh an Banc laistigh de pharaiméadair RAS agus tá sé sásta go bhfuil na bearta riachtanacha glactha ag an lucht bainistíochta chun a áirithiú go bhfanfaidh rioscaí laistigh de lamháltais shainithe a mhéid is féidir.

Tugann an Coiste Ardcheannaireachta (SLC) faoi Mheasúnú Riosca Straitéisigh (SRA) ar bhonn bliantúil arb é is aidhm dó rioscaí ar leibheál fiontair a shainaithint, ar rioscaí iad a d'fhéadfadh bac a chur ar ghnóthú chuspóirí straitéiseacha an Bhainc. Ina dhiaidh sin, déanann an Coiste Riosca tátail SRA a athbhreithniú agus a cheistiú. Déantar na rioscaí a chur in ord tosaíochta agus sanntar cuntasacht do stiúrthóirí ar leith chun a áirithiú go gcuirtear gníomhartha maolaithe iomchuí chun cinn. Déantar tuarascáil ráithiúil ar an dul chun cinn maidir leis na gníomhartha maolaithe sin a phlé ag cruinnithe SLC, agus mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar Phlean Straitéiseach an Bhainc.

Sainordaítear do ORD cur chuige a cheapadh do rannáin uile an Bhainc maidir le sainaithint agus measúnú rioscaí agus rialuithe. Cuimsítear sa chur chuige arna fhormheas ag an gCoimisiún próiseas um measúnú riosca agus rialaithe do rannáin atá mar bhunchuid de chreat Bainistíochta Riosca Oibríochtúil (ORM) de chuid an Bhainc. Leis an measúnú riosca agus rialaithe, áirithítear go mbunaíonn agus go gcothabhálann gach rannán sa Bhanc clár de neamhchosaintí reatha riosca oibríochtúil mar aon le rialuithe agus frithbhearta gaolmhara. Déanann ORD sraith iomlán de chláir riosca na rannán a chothabháil, a athbhreithniú agus a anailísiú chun críocha tuairiscthe agus chun SRA an Bhainc a fhoirmiú.

Deimhníonn Ceannasaí gach rannáin agus an Stiúrthóir iomláine a gcuid clár mar chuid den nós imeachta seo um dhearbhú cáilíochta. Tá athbhreithniú ar thuarascálacha maidir le stádas na rioscaí rannán déanta ag an gCoiste Riosca agus tá breithniú déanta aige ar na gníomhartha atá glactha ag an mbainistíocht chun gníomhartha feabhais a chur chun feidhme agus chun rialuithe a fheabhsú le linn na tréimhse tuairiscithe.

Déanann an Coiste Riosca maoirsiú freisin ar chreat tiomanta um measúnú riosca airgeadais arna chothabháil ag ORD. Bíonn an creat um measúnú riosca airgeadais ag díriú go príomha ar rioscaí airgeadais reatha agus ar rioscaí airgeadais atá ag teacht chun cinn, ar rioscaí iad a mbeadh iarmhairt acu ar Chlár Comhardaithe an Bhainc de thoradh chur chun feidhme beartais airgeadaíochta agus gníomhaíochtaí lánroghnacha infheistíochta. Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne an Coimisiún atbhreithniú ar stádas na rioscaí airgeadais sin agus bhreithnigh sé moltaí maidir le rialú agus bainistiú éifeachtach na rioscaí sin i gcomhréir leis na lamháltais atá leagtha amach ina RAS formheasta.

## Príomhghníomhaíochtaí Rialaithe Inmheánaigh

Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne an Coimisiún maoirsiú ar chur chun feidhme raon leathan gníomhaíochtaí rialaithe chun a áirithiú go maolaítear go héifeachtach aon rioscaí do ghnóthú na gcuspóirí sin, a mhéid is indéanta sin ar bhonn oibríochtúil agus ar bhonn eacnamaíoch. Bíonn na gníomhaíochtaí rialaithe seo á bhfeidhmiú ar gach leibhéal den Bhanc lena gcuimsítear rialú a chuid sócmhainní airgeadais, fisiceacha agus faisnéise, a chuid próiseas gnó, agus a thimpeallacht teicneolaíochta, agus a chomhlíontacht i ndáil le hoibleagáidí dlíthiúla agus rialála. Cé go bhféadfaidh cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí rialaithe a bheith ann, féachann gach ceann díobh le dearbhú réasúnach a thabhairt gur bainneadh cuspóir rialaithe ar leith amach. Ar na príomhghníomhaíochtaí rialaithe, áirítear:

- **Róil shainithe agus Freagraíochtaí sainithe:** Struchtúr eagraíochta agus coiste a bheidh sainithe go soiléir agus ailínithe le feidhmeanna reachtúla an Bhainc, agus ina mbeidh línte deashainithe freagrachta agus leibhéil údaráis shoiléire, arna n-athbhreithniú agus arna bhformheas go tréimhsiúil ag an gCoimisiún;
- **Bainistíocht Acmhainní Daonna:** Creat rialachais acmhainní daonna ina n-áirítear plean arna fhormheas ag an gCoimisiún maidir le hacmhainní a chur ar fáil, beartas láidir earcaíochta, cláir fhoirmiúla oiliúna don fhoireann, breithmheas bliantúil feidhmíochta agus nósanna imeachta ábhartha eile a bheith i bhfeidhm chun a áirithiú go bhfuil an fhoireann inniúil agus oilte go leordhóthanach chun a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh;
- **Bainistíocht Airgeadais:** Pleanáil airgeadais agus próisis um buiséadú bliantúil arna bhformheas ag an gCoimisiún, le córas cuimsitheach faisnéise airgeadais agus bainistíochta buiséid, ina gcuimsítear rialuithe cuntas iníoctha, agus tuairisciú rialta ón mbainistíocht agus ón gCoimisiún ar ghnéithe áirithe de chreat caiteachais an Bhainc;
- **Leanúnachas Gnó:** Creat chun a áirithiú go mbeidh an Banc in ann teagmhais shuaiteacha a bhainistiú, áitribh theagmhasacha a chur ar fáil, teicneolaíochtaí a athshlánú, leanúnachas oibríochtaí criticiúla a chothabháil a mhéid is féidir sin, agus athchromadh ar ghnáthoibríochtaí gnó ar mhodh tráthúil.
- **Bainistíocht Clár agus Tionscadal:** Gníomhaíochtaí rialaithe lena n-áirítear creat sainithe rialachais chun athrú ábhartha sa Bhanc a bhainistiú ina gcuimsítear nósanna imeachta maidir le bainistiú athruithe, formheas agus tosaíocht infheistíochta;
- **Slándáil Fhisiciúil agus Faisnéise:** Gníomhaíochtaí rialaithe atá ceaptha an fhoireann, na háitribh agus sócmhainní fisiceacha agus rúndacht, sláine agus inrochtaineacht sócmhainní faisnéise a chosaint ar athrú neamhúdaraithe, ar chaillteanas nó ar chontúirt de bharr timpistí, faillí nó gníomhartha coiriúla;
- **Bainistíocht Calaoise:** Beartais agus nósanna imeachta um chosc calaoise a dhéileálann le sainaithint riosca calaoise agus le himscrúduithe calaoise, agus ina leagtar amach na freagrachtaí a bhíonn ar fhostaithe agus ar an lucht bainistíochta maidir le tuairisciú agus le himscrúdú calaoise nó calaoise amhrasta sa Bhanc;

- **Bainistíocht Riosca:** Creataí cuimsitheacha maidir le bainistíocht riosca lena n-áirítear riosca oibríochtúil agus bainistíocht teagmhas ar fud na heagraíochta, bainistíocht riosca airgeadais a bhaineann le sócmhainní infheistíochta an Bhainc agus oibríochtaí beartais airgeadaíochta agus bainistíocht fhoriomlán an chláir chomhardaithe;
- **Iniúchóireacht Inmheánach:** Feidhm neamhspleách, oibiachtúil Iniúchóireachta Inmheánaí a mbaineann úsáid as plean inmheánach riosca-bhunaithe iniúchóireachta, arna ullmhú ar bhonn bliantúil agus arna fhormheas ag an gCoiste Iniúchóireachta; agus
- **Soláthar:** Feidhm láraithe soláthair atá freagrach as nósanna imeachta éifeachtacha, comhlíontacha maidir le tairiscintí soláthraithe agus formheas soláthraithe i gcomhréir leis na ceanglais um Sholáthar Poiblí, agus ina gcuimsítear tuairisciú rialta do Choiste Iniúchóireachta an Choimisiúin.

Oibríonn an Banc Beartas Corparáideach Soláthair (an Beartas) atá formheasta ag an gCoimisiún. Comhlíontar ceanglais soláthair an Bhainc i gcomhréir leis an mbeartas seo agus leis an gcreat rialaithe inmheánaigh a bhunaíonn sé.

Tá an Beartas i gcomhréir le prionsabail na rialacha agus treoirlínte soláthair arna leagan amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais ach amháin i leith tairiscintí iomaíocha le haghaidh earraí agus seirbhísí faoi bhun Thairseach AE (€290,000) i gcás ina gcinnfidh an Banc pointe tosaigh €50,000 seachas €25,000 de thairseach Tairiscintí Náisiúnta a oibriú ar mhaithe le héifeachtúlacht agus éifeachtacht oibriúcháin. Bíonn trí mheastachán i scríbhinn de dhíth le haghaidh tairiscintí soláthar/seirbhíse idir €5,000 agus €50,000.

In imthosca áirithe, meastar go bhfuil sé iomchuí dír-dhámhachtain a dhéanamh (gan dul ar iontaoibh próiseas iomchuí tairiscintí). Sna cásanna sin, leantar próiseas rialachais iomchuí, i gcomhréir leis an mBeartas. Déantar aon dámhachtain den sórt sin a thuairisciú go tréimhsiúil don Choiste Oibríochtaí agus don Choiste Iniúchóireachta.

Le linn 2017, tabhaíodh caiteachas €1.0 milliún thar 23 conradh (2016: €1.6 milliún thar 23 conradh), mar a cuireadh seacht gcinn díobh i bhfeidhm in 2017. Is ionann é sin agus 1.2 faoin gcéad de chaiteachas geallta an Bhainc (2016: 2 faoin gcéad). As na 23 chonradh sin, rinneadh naoi gcinn díobh a rialtú[1] le linn na bliana agus tá pleananna gníomhaíochta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na 14 chonradh atá fágtha.

Tá miondealú ar na dír-dhámhachtainí sa tábla thíos. As na 23 chonradh atá liostaithe, sháraigh an caiteachas carnach tairseach AE i gcás deich gcinn de na conarthaí sin. Tháinig seacht gcinn díobh sin chun críche in 2017. Sháraigh an caiteachas carnach an tairseach oiriúnaithe náisiúnta (€50,000) i gcás cúig cinn de na conarthaí. Tháinig ceann amháin díobh sin chun críche in 2017. Bronnadh ocht gconradh ar lú a luach ná an tairseach oiriúnaithe náisiúnta (€50,000). Tháinig ceann amháin díobh chun críche in 2017.

1. Déantar amhlaidh trí phróiseas tairiscintí a chur i gcrích, i gcomhréir leis an mBeartas Corparáideach Soláthair; trí bhreithniú a dhéanamh ar dhíolúine incheadaithe don dír-dhámhachtain atá i bhfeidhm; nó i gcás inar gá ligean do théarma na dámhachtana dul in éag agus nach bhfuil aon cheanglas leanúnach gnó ann, scoirfí den dír-dhámhachtain.

**TÁBLA 1.1**

Dír-Dhámhachtainí arna mbronnadh i gcomhréir le Beartas Corparáideach Soláthair

| An fáth le dír-dhámhachtain | Líon na gconarthaí 2017 | Caiteachas 2017 | Líon na gconarthaí 2016 | Caiteachas 2016 |
|---|---|---|---|---|
| Cosc ar phróiseas tairiscintí iomaíocha de bharr chineál íogair nó rúnda na hoibre | 1 | 102,065 | 1 | - |
| Práinn ag baint leis an obair | 2 | - | 2 | 122,400 |
| Tar-rolladh conartha reatha go dtí go dtabharfar próiseas tairiscintí chun críche | 14 | 743,127 | 14 | 1,383,930 |
| Tar-rolladh conartha reatha go dtí go rachaidh a théarma in éag | 6 | 178,466 | 6 | 90,589 |
| **IOMLÁN** | **23** | **1,023,658** | **23** | **1,596,919** |

## Athbhreithniú agus Faireachán ar Rioscaí agus Rialuithe

Chun a áirithiú go bhfuil córas an rialaithe inmheánaigh ag oibriú i gcomhréir lena chuid ionchas, tá nósanna imeachta um dhearbhaithe neamhspleách bunaithe ag an gCoimisiún chun athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar éifeachtacht ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca an Bhainc. Is é IAD a thugann faoi na nósanna imeachta athbhreithnithe agus faireacháin don chuid is mó agus áirítear ar na nósanna imeachta sin easnaimh rialaithe inmheánaigh a mheasúnú agus a thuairisciú ar mhodh tráthúil do na daoine sin a bheidh freagrach as bearta ceartaitheacha a ghlacadh, lena n-áirítear an ardbhainistíocht agus an Coimisiún, nó a chuid fochoistí i gcás inar iomchuí.

Tuairiscíonn IAD go díreach don Ghobharnóir, agus bíonn rochtain neamhtheoranta aige ar an gCoise Iniúchóireachta agus ar an gCoiste Ardcheannaireachta. Bíonn gníomhaíochtaí IAD faoi stiúir ag Cairt na hIniúchóireachta Inmheánaí agus ag an bPlean Iniúchóireachta Bliantúil arna bhformheas ag an gCoiste Iniúchóireachta. Déanann IAD measúnú ar chomhlíonadh beartas agus nósanna imeachta an Bhainc agus ar chomhlíonadh dlíthe agus rialacháin infheidhme, agus cuireann sé dearbhú neamhspleách, oibiachtúil ar fáil maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na bainistíochta riosca, na gcóras rialaithe inmheánaigh agus na bpróiseas rialaithe trí iniúchóireachtaí rialta agus measúnú leanúnach a dhéanamh.

Déanann IAD a chuid fionnachtana a thuairisciú go díreach don Choiste Iniúchóireachta. Leagtar béim sna tuarascálacha sin ar easnaimh agus laigí, más ann dóibh, sna córais rialaithe inmheánaigh agus cláraítear na bearta comhaontaithe ceartaitheacha a ghlacfar i gcás ina meastar gur gá. Faigheann an Coiste Iniúchóireachta tuairiscí chun dáta ar bhonn rialta maidir le stádas saincheisteanna arna gcur in iúl ag iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus glacann sé bearta leantacha chun a áirithiú go nglacfar gníomhartha iomchuí, tráthúla i leith na saincheisteanna a chuirtear in iúl.

## Athbhreithniú bliantúil ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Deimhnímid go raibh córas oibríochtúil rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 agus nach raibh aon laigí sa rialú inmheánach a mbeadh de thoradh orthu caillteanais, teagmhais nó éiginnteachtaí ábhartha ar ghá a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Deimhnímid freisin go ndearna an Coimisiun athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh an Bhainc don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017. Rinne an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú mionsonraithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus thuairiscigh a chuid fionnachtana don Choimisiún i mí Feabhra 2018. San athbhreithniú seo ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, áiríodh an méid seo a leanas:

- Obair IAD agus a chuid tuarascálacha agus fionnachtana a bhreithniú;
- Forbhreathnú ar thuarascálacha rialta ó IAD maidir le stádas thimpeallacht rialaithe inmheánaigh an Bhainc agus stádas saincheisteanna arna gcur in iúl roimhe seo ina chuid tuarascálacha féin agus nithe arna gcur in iúl ag na hiniúchóirí seachtracha; agus
- Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais arna sainaithint ag na hiniúchóirí seachtracha a bhreithniú.

**Philip R. Lane**
An Gobharnóir

**Patricia Byron**
Comhalta den Choimisiún

20 Márta 2018

# Cuntas brabúis agus caillteanais agus leithghabhála don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam Úis | 2 | *1,123,491* | *1,185,756* |
| Úschostas | 3 | *(68,199)* | *(26,758)* |
| Glanioncam Úis | | **1,055,292** | **1,158,998** |
| Glan-ghnóthachain a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais | 4 | *1,953,494* | *1,399,646* |
| Díluacháil sócmhainní airgeadais agus staideanna airgeadais | 4 | *(7,637)* | *(70)* |
| Aistriú chuig soláthairtí | 4 | *(296,521)* | *(145,667)* |
| Glantoradh oibríochtaí airgeadais, díluachálacha agus soláthairtí | | **1,649,336** | **1,253,909** |
| Ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin | 5 | 2,562 | 2,184 |
| Ioncam ó ghnáthscaireanna & ó leasanna rannpháirteacha | 6 | 23,179 | 22,699 |
| Glantoradh chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta | 7 | 24,992 | 2,499 |
| Glanioncam eile | 8 | 149,629 | 88,110 |
| **GLANIONCAM IOMLÁN** | | **2,904,990** | **2,528,399** |
| Caiteachais foirne | 9 | (171,655) | (145,907) |
| Caiteachais oibríochtúla eile | 9 | (85,351) | (72,584) |
| Dímheas | 9 | (14,945) | (10,776) |
| Amhábhair nótaí bainc | 9 | (4,472) | (4,176) |
| **CAITEACHAIS IOMLÁNA** | | **(276,423)** | **(233,443)** |
| **BRABÚS DON BHLIAIN ROIMH GHLUAISEACHTAÍ AR GHNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE, GNÓTHACHAN/(CAILLTEANAS)** | | **2,628,567** | **2,294,956** |
| Glanghluaiseacht ar ghnóthachain neamhréadaithe | 34 | (1,853,152) | 68,102 |
| Aistrithe chuig na cuntais athluachála | 34 | 1,853,152 | (68,102) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar an scéim pinsin | 32 | 60,577 | (172,940) |
| Aistriú chuig an gcúlchiste ginearálta | 35 | (587,832) | (285,791) |
| **IONCAM BARRACHAIS IS INÍOCTHA LEIS AN STÁTCHISTE** | **10,31** | **2,101,312** | **1,836,225** |

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 44 mar chuid de na cuntais seo. Banc Ceannais na hÉireann

**Philip R. Lane**
An Gobharnóir

**Sharon Donnery**
An Leas-Ghobharnóir

20 Márta 2018

# Clár Comhardaithe Amhail ar an 31 Nollaig 2017

| **SÓCMHAINNÍ** | Nóta | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|---|
| Ór agus infhaighteachtaí óir | 11 | 209,381 | 212,471 |
| Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro | 12 | 3,467,534 | 3,191,361 |
| Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí sa limistéar euro | 13 | 5,031 | - |
| Éilimh in euro ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro | 14 | 4,503,427 | 2,653,307 |
| Iasachtú chuig institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro | 15 | 7,478,000 | 7,418,000 |
| Éilimh eile in euro ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro | 16 | 535,111 | 160,432 |
| Urrúis in euro de chuid cónaitheoirí sa limistéar euro | 17 | 70,219,087 | 67,254,966 |
| *Urrúis Eile* | | *38,117,060* | *44,820,787* |
| *Urrúis arna sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta* | | *32,102,027* | *22,434,179* |
| Éilimh laistigh den Eurochóras | | 2,801,349 | 890,090 |
| *Leas rannpháirteachais sa BCE* | *18* | *199,021* | *199,021* |
| *Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha* | *19* | *672,638* | *672,638* |
| *Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)* | *20* | *1,929,690* | *18,431* |
| Sócmhainní eile | 21 | 1,098,993 | 1,005,374 |
| **SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | **90,317,913** | **82,786,001** |

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 44 mar chuid de na cuntais seo. Banc Ceannais na hÉireann

**Philip R. Lane**
An Gobharnóir

**Sharon Donnery**
An Leas-Ghobharnóir

20 Márta 2018

# Clár comhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2017

| **DLITEANAIS** | Nóta | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|---|
| Nótaí bainc i gcúrsaíocht | 23 | 17,759,762 | 17,084,697 |
| Dliteanais d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro | 24 | 23,192,124 | 19,224,845 |
| Dliteanais do chónaitheoirí eile sa limistéar euro | 25 | 12,846,289 | 10,406,599 |
| Dliteanais in euro do chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro | 26 | 1,430,995 | 587 |
| Dliteanais in airgeadra eachtrach do chónaitheoirí sa limistéar euro | 27 | - | 224 |
| Contrapháirtí ceart speisialta tarraingthe arna leithdháileadh ag an CAI | 28 | 920,896 | 988,353 |
| Dliteanais laistigh den Eurochóras (glan) | | 17,645,540 | 17,831,709 |
| *Dliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras* | *29* | *17,645,540* | *16,879,982* |
| *Dliteanais eile laistigh den Eurochóras (glan)* | *30* | - | *951,727* |
| Dliteanais eile | 31 | 2,367,792 | 2,096,727 |
| Dliteanais aoisliúntais | 32 | 305,881 | 332,903 |
| Soláthairtí | 33 | 627,840 | 333,243 |
| Cuntais athluachála | 34 | 9,033,978 | 10,887,130 |
| Caipiteal agus cúlchistí | 35 | 4,186,816 | 3,598,984 |
| **DLITEANAIS IOMLÁNA** | | **90,317,913** | **82,786,001** |

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 44 mar chuid de na cuntais seo. Banc Ceannais na hÉireann

Philip R. Lane
An Gobharnóir

Sharon Donnery
An Leas-Ghobharnóir

20 Márta 2018

# Nótaí a ghabhann leis na Cuntais

## NÓTA 1: Beartais Chuntasaíochta agus Faisnéis Ghaolmhar

### (a) Creat Dlíthiúil

Sa Ráiteas Cuntas, tagraíonn an téarma 'an Banc', aon áit a n-úsáidtear é, do Bhanc Ceannais na hÉireann.

Ullmhaíodh na cuntais de bhun Alt 32J d'*Acht an Bhainc Cheannais 1942* (arna leasú) lena bhforáiltear go n-ullmhóidh an Banc ráiteas cuntas laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais, agus go gcuirfí é sin faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain airgeadais lena mbaineann. Tá an ráiteas i bhfoirm atá formheasta ag an Aire. Le foirm na gcuntas, léirítear cineál sonrach na gcúraimí a dhéanann an Banc laistigh de chreat CEBC[2] mar aon lena raon ilchineálach a chuid gníomhaíochtaí.

### (b) Prionsabail Chuntasaíochta

Mar bhall rannpháirteach den CEBC, comhlíonann an Banc na beartais chuntasaíochta arna leagan síos ag Comhairle Rialaithe an BCE ina Treoirlíne Chuntasaíochta (an Treoirlíne)[3]. Ullmhaíodh Ráiteas Cuntas an Bhainc don bhliain 2017 i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sa Treoirlíne, lena n-áirítear ullmhúchán ar bhonn gnóthas leantach. I gcásanna nach dtabharfaidh an Treoirlíne treoir shonrach, leanfar cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus forálacha iomchuí reachtúla[4] a bhfuil feidhm acu maidir leis an mBanc. Is ionann an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna fhógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Tá na prionsabail agus beartais a leagtar amach sa Treoirlíne i gcomhréir, a bheag nó a mhór, leis na prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn. Is iad seo a leanas na príomhéagsúlachtaí atá ábhartha don Bhanc idir an Treoirlíne (forálacha éigeantacha agus molta) agus FRS 102:

a. Gnóthachain neamhréadaithe ó shócmhainní agus ó dhliteanais arna dtomhas ar mhargadhluach, tabharfar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála agus déanfar iad a aistriú chuig an gcuntais athluachála ar an gClár Comhardaithe;

b. Ní bheidh gá le ráiteas ar shreafaí airgid; agus

c. Déanfar soláthar i leith rioscaí a bhaineann le ráta malairte eachtraí, ráta úis, creidmheas agus praghsanna óir a áireamh faoin mír dliteanais 'Soláthairtí'.

2. An téarma Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC), tagraíonn sé do na hocht mBanc Ceannais Náisiúnta is fiche (BCNanna) de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh amhail ar an 31 Nollaig 2017 i dteannta leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE). Tagraíonn an téarma 'an tEurochóras' do na naoi BCN déag de chuid na mBallstát atá rannpháirteach san Aontas Airgeadaíochta i dteannta leis an BCE amhail ar an dáta céanna.
3. Tagraíonn an Treoirlíne do Threoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais sa CEBC (BCE /2016/34).
4. Is iad seo a leanas na príomhreachtanna a rialaíonn an Banc: Achtanna an Bhainc Ceannais, an tAcht Monaíochta 1950, na hAchtanna um Airgead Reatha Deachúil 1969-1990 agus an tAcht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998. Sna *Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations* 1943, foráiltear do ríomh bharrachas ioncaim an Bhainc gach bliain agus íoctar an barrachas ioncaim sin leis an Státchiste i gcomhréir le halt 32H d'*Acht an Bhainc Cheannais 1942*. Tá an Banc faoi réir an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh freisin, lena gcuimsítear Reacht CEBC agus BCE, agus tá sé faoi réir aon dlíthe AE arna ndéanamh faoi na Conarthaí sin agus a bhaineann le bainc cheannais náisiúnta CEBC.

Ceanglaítear go mbainfear úsáid as meastacháin ríthábhachtacha chuntasaíochta áirithe chun Ráiteas Cuntas an Bhainc a ullmhú i gcomhréir leis an Treoirlíne agus le FRS 102. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnas a fheidhmiú le linn dóibh beartais chuntasaíochta an Bhainc a chur i bhfeidhm. I Nóta 1 (n) 'Meastacháin agus Breithiúnais Ríthábhachtacha Chuntasaíochta', cuirtear in iúl na réimsí a mbaineann leibhéal níos airde breithniúnais nó castachta leo.

### c) Treoirlíne Chuntasaíochta an Eurochórais

Mar chomhalta den CEBC/Eurochóras, tá Treoirlíne Chuntasaíochta an BCE glactha ag an mBanc. Is é seo a leanas achoimre ar phríomhfhorálacha na Treoirlíne.

*(i) Cuntasaíocht Dáta Trádála*[5]

Luaitear sa Treoirlíne go bhféadfar cuntasaíocht dáta trádála a chur chun feidhme agus úsáid á baint as an 'ngnáthchur chuige' nó as an 'gcur chuige malartach'. Baineann an Banc úsáid as an gcur chuige malartach agus, da bhrí sin, déantar idirbhearta i sócmhainní agus i ndliteannais a thaifeadadh ar an dáta socraíochta (go hiondúil an dáta trádála móide dhá lá oibre), seachas an gnáthchur chuige[6] trína ndéantar idirbhearta a thaifeadadh ar an dáta trádála.

*(ii) Iarmhéideanna laistigh den CEBC*

Eascraíonn iarmhéideanna laistigh den CEBC go príomha as íocaíochtaí trasteorann san AE a shocraítear in airgead bainc ceannais in euro. Tríd is tríd, is iad eintitis phríobháideacha a thionscnaíonn na hidirbhearta seo (i.e. institiúidí creidmheasa, corparáidí agus daoine aonair). Déantar iad shocrú i TARGET2 don chuid is mó - An tUathchóras Mear-aistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach, (Nóta 20, Nóta 30) agus éiríonn iarmhéideanna déthaobhacha i gcuntais TARGET2 de chuid bhainc cheannais AE astu.

Déantar na hiarmhéideanna déthaobhacha sin a ríomh i bhfoirm ghlan agus a shannadh ansin do BCE ar bhonn laethúil, sa chaoi nach mbíonn ach suíomh glan déthaobhach aonair ag gach BCN i leith an BCE. Iarmhéideanna laistigh den Eurochóras de chuid an Bhainc i leith BCE arna n-eascairt as TARGET2, mar aon le hiarmhéideanna eile laistigh den Eurochóras arna n-ainmniú in euro (e.g. dáiltí eatramhacha brabúis chuig BCNanna, torthaí ioncaim airgeadaíochta), cuirtear iad in iúl ar Chlár Comhardaithe an Bhainc mar shuíomh glan sócmhainne aonair nó mar shuíomh glan dliteanais aonair agus nochtar iad faoi 'Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)' (Nóta 20) nó faoi 'Dliteanais eile laistigh den Eurochóras (glan)' (Nóta 30). Iarmhéideanna laistigh den CEBC seachas BCNanna lasmuigh den limistéar euro a eascraíonn as TARGET2, déantar iad a nochtadh faoi 'Dliteanais in euro do chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro' (Nóta 26).

Iarmhéideanna laistigh den Eurochóras arna n-eascairt as dáileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras, déantar iad a áireamh mar ghlandliteanas aonair faoi dhliteanais laistigh den Eurochóras (glan) 'Dliteanais a bhaineann le dáileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras' (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1(c)(iv), Nóta 29).

5. Arna sainiú i dTreoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais sa CEBC (BCE /2016/34).
6. BCNanna a bhaineann úsáid as an ngnáthchur chuige, déanfaidh siad urrúis a thaifeadadh lasmuigh den chlár comhardaithe ar an dáta trádála. Ar an dáta socraíochta, déanfar na hiontrálacha lasmuigh den chlár comhardaithe a aisiompú agus taifeadfar iontrálacha laistigh den chlár comhardaithe.

Éilimh laistigh den Eurochóras arna n-eascairt as leas rannpháirteachais an Bhainc sa BCE, tuairiscítear faoi 'Leas Rannpháirteachas sa BCE' (Nóta 1 (c)(iii), Nóta 18) iad.

Iarmhéideanna laistigh den Eurochóras arna n-eascairt as aistriú cúlsóchmainní eachtracha chuig an BCE ó BCNanna a bheidh ag teacht isteach san Eurochóras, ainmnítear in euro iad agus tuairiscítear iad faoi 'Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha' (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1 (c)(vii), Nóta 19).

*(iii) Scála Caipitil*

Is ionann scála caipitil CEBC agus an céatadán de scairchaipiteal suibscríofa an BCE atá á shealbhú ag gach ceann de na BCNanna faoi seach sa CEBC. Is tomhas é ar mhéid choibhneasta náisiúnta Bhallstáit an AE agus is cumasc 50:50 é den OTI agus de mhéid an daonra. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad na BCNanna amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann suibscríbhinní ar scaireanna atá socraithe i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus nach mór a choigeartú gach cúig bliana. Tugadh faoin tuarascáil chúigbhliantúil is deireanaí in 2014. In 2017, d'fhan scair an Bhainc i gcaipiteal suibscríofa an BCE ag 1.1607 faoin gcéad.

An dara scála, 'Scála caipitil an Eurochórais', arna dhíorthú ó scála caipitil CEBC atá sonraithe thuas, úsáidtear é mar bhonn leithdháilte do shraith míreanna tábhachtacha lena n-áirítear ioncam airgeadaíochta, nótaí bainc i gcúrsaíocht agus brabúis/caillteanais BCE a roinnt i measc BCNanna an Eurochórais. D'fhan sciar an Bhainc i scála caipitil an Eurochórais ag 1.6489 faoin gcéad don bhliain 2017.

*(iv) Nótaí Bainc i gCúrsaíocht*

Is iad an BCE agus BCNanna an limistéir euro, a dhéanann suas an tEurochóras, a eisíonn nóta bainc euro[7]. Is ar an lá oibre deireanach de gach mí a dhéantar luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht a leithdháileadh ar bhainc cheannais an Eurochórais i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc gach BCN[8].

Tá scair arb ionann í agus ocht faoin gcéad de luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht leithdháilte ar an BCE fad atá 92 faoin gcéad leithdháilte ar na BCNanna i gcomhréir lena n-ualuithe i scála caipitil an BCE. An scair de na nótaí bainc arna leithdháileadh ar gach BCN, nochtar í faoin mír dliteanais ar an gClár Comhardaithe 'Nótaí bainc i gcúrsaíocht' (Nóta 23).

Eascraíonn iarmhéideanna íoctha laistigh den Eurochóras as an difríocht idir luach na nótaí bainc euro a leithdháiltear ar gach BCN i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc agus luach na nótaí bainc euro a chuireann sé i gcúrsaíocht iarbhír. I gcás easnaimh in eisiúint maidir le scála leithdháilte nótaí bainc, cuirtear na héilimh seo in iúl ar an gClár Comhardaithe faoi 'Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)' (Nóta 1(c)(ii), Nóta 20).

7. Cinneadh ón BCE an 13 Nollaig 2010 maidir le heisiúint nótaí bainc euro (athmhúnlú) (BCE/2010/29), IO L 35, 9.2.2011, lch. 26, arna leasú.
8. Tagraíonn scála leithdháilte nótaí bainc do na céatadáin a eascraíonn as scair BCE d'eisiúint iomlán nótaí bainc a chur san áireamh (ocht faoin gcéad) agus as scála caipitil an Eurochórais a chur i bhfeidhm maidir le scair na mbanc ceannais náisiúnta rannpháirteach (92 faoin gcéad).

I gcás ró-eisiúint maidir le scála caipitil na nótaí bainc, cuirtear na dliteanais seo in iúl ar an gClár Comhardaithe faoi 'Dliteanais laistigh den Eurochóras (glan): Dliteanais a bhaineann le Leithdháileadh Nótaí Bainc Euro laistigh den Eurochóras' (Nóta 1(c)(ii), Nóta 29). Faightear ús ar an easnamh agus íoctar é ar an ró-eisiúint ar bhonn ráithiúil[9]. Déantar é seo a ghlanadh trí chuntais BCE agus cuimsítear é faoi 'Ioncam úis' nó faoi 'Caiteachas úis' sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála.

*(v) Leithdháiltí ag an BCE*

Chinn Comhairle Rialaithe an BCE go mbeadh an méid seo a leanas dlite do BCNanna an limistéir euro sa bhliain chéanna airgeadais ina bhfabhróidis: ioncam seigniorage an BCE a eascraíonn as scair ocht faoin gcéad de nótaí bainc euro arna leithdháileadh ar an BCE agus an t-ioncam a eascraíonn as urrúis arna sealbhú faoi (a) Clár na Margaí Urrús (CMU), (b) an tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CCBC3), (c) an Clár Ceannaigh d'Urrúis Sócmhainn-Bhunaithe (ABSPP), agus (d) Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (PSPP). Mura gcinnfidh an Chomhairle Rialaithe a mhalairt, déanfaidh an BCE an t-ioncam seo a dháileadh i mí Eanáir na bliana dar gcionn trí dháileadh eatramhach brabúis[10]. Déantar é a dháileadh ina iomláine mura mó é ná glanbhrabús BCE don bhliain agus faoi réir aon chinntí ag an gComhairle Rialaithe chun aistrithe a dhéanamh chuig an soláthar i leith rioscaí a bhaineann le ráta malairte eachtraí, ráta úis, creidmheas agus praghsanna óir. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe a chinneadh go ndéanfar costais arna dtabhú ag an BCE i dtaca le heisiúint agus láimhseáil nótaí bainc euro a mhuirearú i gcoinne ioncaim arna thabhú ar nótaí bainc euro i gcursaíocht.

Déanfar an méid arna dháileadh ar na BCNanna a nochtadh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála faoi 'Ioncam ó ghnáthscaireanna agus leasa rannpháirteachais' (Nóta 6(i), Nóta 20(iii)).

*(vi) An Glantoradh ar Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta*

Ioncam airgeadaíochta gach BCN san Eurochóras i.e. an glanioncam ó oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais, déanfar é a chinneadh tríd an ioncam bliantúil iarbhír a thomhas, ar ioncam é a dhíorthóidh ó na sócmhainní inchomharthaithe arna sealbhú in aghaidh a bhoinn dliteanais.

Tá an bonn dliteanas comhdhéanta de na nithe seo a leanas: nótaí bainc i gcúrsaíocht; dliteanais d'institiúidí creidmheasa an limistéir euro a bhaineann le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro: glandliteanais laistigh den Eurochóras a thig as idirbhearta TARGET2; agus glandliteanais laistigh den Eurochóras a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Aon ús a íoctar ar dhliteanais arna áireamh sa bhonn dliteanas, déantar é a asbhaint as an ioncam airgeadaíochta atá le comhthiomsú.

9. Cinneadh ón BCE 3 Samhain 2016 maidir le leithdháileadh ioncam airgeadaíochta de chuid BCNanna Ballstát arb é an euro a n-airgeadra (athmhúnlú) (BCE/2016/36), IO L 347, 20.12.2016, lch.1.
10. Cinneadh (AE) 2015/1195 ón BCE an 2 Iúl 2015 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/298 maidir le dáileadh eatramhach ioncam an BCE (BCE/2015/25).

Tá na sócmhainní comharthaithe déanta suas de na nithe seo a leanas: iasachtaí le hinstitiúidí creidmheasa an limistéir euro a bhaineann le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro; urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta; éilimh laistigh den Eurochóras atá coibhéiseach le haistriú cúlsóchmainní eactracha chuig an BCE; glanéilimh laistigh den Eurochóras a thig as idirbhearta TARGET2; éilimh laistigh den Eurochóras a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras; agus méid teoranta de shealúchais óir gach BCN i gcomhréir le scála caipitil gach BCN.

Meastar nach ngintear aon ioncam ó ór. Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta faoi Chinneadh BCE/2009/16 an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an chéad chláir ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach[11] agus faoi Chinneadh BCE/2011/17 an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach[12] agus faoi Chinneadh BCE/2015/10 an 4 Márta 2015 maidir le clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha[13], meastar go ngineann siad ioncam de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí[14] arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh oibríochtaí athmhaoinithe.

I gcás inar mó nó inar lú luach shócmhainní comharthaithe BCN ná luach a bhoinn dliteanas, déanfar an difríocht a fhritháireamh tríd an ráta imeallach is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe an Eurochórais a fheidhmiú i leith luach na difríochta. Déantar an méid seo a shuimiú leis an ioncam airgeadaíochta atá le comhthiomsú, nó a asbhaint as, de réir mar is iomchuí.

Is i gcomhréir le scála caipitil suibscríofa an Eurochórais a dhéantar an glanioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an Eurochóras a leithdháileadh idir na BCNanna. Is é atá sa difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an mBanc agus an méid arna leithdháileadh arís ar an mBanc 'An glantoradh ar chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta' a thaifeadtar sa chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 7).

I gcás ina dtabhóidh an BCE caillteanas, féadfar an caillteanas a fhritháireamh in aghaidh chúlchiste ginearálta BCE, agus, más gá, le cinneadh ón gComhairle Rialaithe, in aghaidh ioncam airgeadaíochta na bliana airgeadais iomchuí i gcoibhneas leis an méid a leithdháilfear ar na BCNanna agus go feadh an méid sin.

11. Cinneadh (AE) 2009/522 ón BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an chláir ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009.
12. Cinneadh (AE) 2011/17 ón BCE an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011.
13. Cinneadh (AE) 2015/744 ón BCE an 4 Márta 2015 maidir le clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, lch. 20-24.
14. Déantar ráta na bPríomhoibríochtaí Athmhaoinithe (POA) a fheidhmiú maidir le hiarmhéideanna laethúla bannaí rialtais láir/gníomhaireachta/corparáide neamhairgeadais arna gceannach faoin gclár, fad gurb é an toradh iarbhír arna thuilleamh ar bhannaí institiúide idirnáisiúnta agus fornáisiúnta arna gceannach faoin gclár a chomhthiomsaítear.

### *(vii) Éilimh a bheidh Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha*

Sa *Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh*, 1992 agus in alt 5(a) d'*Acht an Bhainc Cheannais* 1942 (arna leasú), foráiltear go bhfuil an chumhacht ag an mBanc 'sócmhainní, ioncam nó dliteanais a aistriú chuig an mBanc Ceannais Eorpach i gcás ina gceanglaítear sin faoi Reacht CEBC'. Dá réir sin, d'aistrigh an Banc méid a bhí coibhéiseach le €424.8 milliúin chuig an BCE i mí Eanáir 1999, tráth a cuireadh tús leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, agus fuair sé ar a uain éileamh comhfhreagrach ar an BCE a bhí coibhéiseach leis an méid sin. Aistríodh €672.6 milliún san iomlán ón 1 Eanáir 1999 i leith. An t-éileamh arna eascairt as seo ar an BCE, déantar é a íoc de réir an ráta úis is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe arna choigeartú chun toradh nialasach ar an ngné óir a léiriú (Nóta 1(c)(ii), Nóta 1(c)(vi), Nóta 19).

### *(viii) Míreanna Lasmuigh den Chlár Comhardaithe*

Brabúis agus caillteanais a eascraíonn as ionstraimí lasmuigh den chlár comhardaithe, déantar iad a aithint agus a láimhseáil ar an gcaoi chéanna le hionstraimí laistigh den chlár comhardaithe (Nóta 1 (k)). Ní aithnítear gnóthachain (luachála) neamhréadaithe mar ioncam ach tabharfar cuntas iontu tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear iad chuig na cuntais athluachála. Déantar caillteanais (luachála) neamhréadaithe a aistriú chuig an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ag deireadh na bliana i gcás inar mó iad ná gnóthachain athluachála roimhe seo arna gclárú sa chuntas athluachála. Déantar gnóthachain/caillteanais neamhréadaithe dáta trádála ar réamhchonarthaí i malairt eachtrach a thaifeadadh faoi 'sócmhainní/dliteanais eile' i gcomhréir leis an Treoirlíne, tar éis cuntas a thabhairt ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála mar a thuairiscítear thuas. Baintear úsáid as an modh seo i gcás réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus na dteicnící a aithnítear lena n-úsáid ag an CEBC mar a leagtar amach sa Treoirlíne, ar teicnící iad a chlúdaíonn na hionstraimí airgeadais is suntasaí lasmuigh den chlár comhardaithe, i.e. réamhchonarthaí i malairt eachtrach, babhtálacha i malairt eachtrach, babhtálacha ar bhonn rátaí malairte, comhaontuithe ar réamhráta, réamh-idirbhearta in urrúis agus roghanna.

Déantar conarthaí todhchaíochta arna dtrádáil ar mhargaí eagraithe a thaifeadadh lasmuigh den chlár comhardaithe mar an méid barúlach, fad a dhéantar glaonna ar éarlais arna n-íoc nó arna bhfáil a aithint mar ghlanioncam úis agus mar chaiteachais úis.

*(ix) Urrúis arna gCoinneáil chun Críocha Beartais Airgeadaíochta*

Fuair an Banc na hurrúis sin faoi raon feidhme na gclár ceannaigh do Bhannaí Cumhdacha[15] (CCBC1, CCBC2 agus CCBC3) agus fuarthas fiachurrúis faoi raon feidhme Chlár na Margaí Urrús[16] (CMU) agus Chlár Ceannaigh na hEarnála Poiblí[17] (PSPP). Déantar na hurrúis a thomhas ag costas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagaithe (Nóta 2(iii), Nóta 17(ii), Nóta 33(ii)).  Chinn an Chomhairle Rialaithe an 15 Nollaig 2014 go dtabharfaí cuntas i leith urrús arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta ar costas amúchta (faoi réir lagaithe), is cuma cén rún atá leis an sealbhú.

## (d) Ioncam agus Caiteachas a Aithint

Aithnítear ioncam agus caiteachais ar bhonn fabhraithe.

## (e) Maoin, Gléasra agus Trealamh, Sócmhainní Doláimhsithe agus Sócmhainní Oidhreachta

### *Maoin, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe*

*(i) Tomhas*

Déantar Maoin, Gléasra agus Trealamh (MGT) agus Sócmhainní Doláimhsithe a lua ar costas lúide dímheas carntha agus ní dhéantar athluacháil orthu.

*(ii) Dímheas*

Déantar dímheas ar MGT agus ar na Sócmhainní Doláimhsithe go léir (seachas MGT atá á dtógáil) ar bhonn dronlíneach thar thréimhse a saoil úsáidigh ionchais. Baineann an Banc úsáid as meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta le linn dó na rátaí dímheasa a úsáidfear a chinneadh agus cuireann sé na rátaí sin i bhfeidhm ar an mbonn go ndéanfaidh siad measúnú cruinn ar shaol úsáideach ionchais.  Le linn déanamh amhlaidh, féadfaidh go n-imeoidh an saol úsáideach measta ó na rátaí dímheasa a mholtar sa Treoirlíne. Is iad seo a leanas na rátaí dímheasa:

| | | |
|---|---|---|
| **Maoin, Gléasra agus Trealamh** | | |
| Áitreabh | - | 20 - 50 bliain |
| Gléasra agus Innealra | - | 5 - 15 bliana |
| Trealamh Ríomhaireachta | - | 3 - 5 bliana |
| Trealamh Eile | - | 5 bliana |
| Troscán, Feistis agus Daingneáin | - | 5 bliana |
| **Sócmhainní Doláimhsithe** | | |
| Bogearraí Ríomhaireachta | - | 3 - 5 bliana |

*(iii) Lagú*

Déantar athbhreithniú ar MGT agus ar Shócmhainní Doláimhsithe i leith lagú i gcás ina dtabharfaidh teagmhais nó athruithe ar imthosca le fios nach mbeidh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe.

15. Cinneadh ón BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an Chláir Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009, lch. 18, Cinneadh ón BCE an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011, lch. 70 agus Cinneadh ón BCE an 15 Deireadh Fómhair 2014 maidir le cur chun feidhme an tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2014/40), IO L335 20.10.2014, lch. 22
16. Cinneadh ón BCE an 14 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Clár na Margaí Urrús (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, lch. 8.
17. Cinneadh ón BCE an 4 Márta 2015 lena mbunaítear clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, lch. 20.

*(iv) Dí-aithint*

Déantar MGT nó Sócmhainn Dholáimhsithe a dhí-aithint nuair a bheidh sé nó sí diúscartha nó tarraingthe siar go buan ó úsáid agus mura féidir aon sochar eacnamaíoch a bhaint as a dhiúscairt nó as a diúscairt amach anseo. D'eascródh gnóthachain nó caillteanais as an difríocht idir na glanfháltais diúscartha agus suim ghlanluacha na sócmhainne nuair a dhéanfaí é nó í a scor nó a dhiúscairt. Déantar aon ghnóthachain nó aon chaillteanais a aithint sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála sa bhliain scoir nó sa bhliain diúscartha. Déantar gnóthachain nó caillteanais ar dhiúscairt na sócmhainne a chinneadh mar an difríocht idir glanfháltais diúscartha agus luach tugtha anonn na sócmhainne.

Sócmhainní Oidhreachta

Tá Bailiúchán Ealaíne ar seilbh ag an mBanc nach n-aithnítear i gcuntais bhliantúla an Bhainc ar bhonn ábharthachta sa bhliain reatha airgeadais nó sna blianta airgeadais roimhe seo (Nóta 22(i)(d)).

## (f) Aoisliúntas

Faoi scéim aoisliúntais an Bhainc, faigheann comhaltaí foirne an Bhainc na sochair aoisliúntais chéanna a fhaigheann státseirbhísigh bhunaithe. Anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2008, d'íoc an Banc na sochair seo as ioncam reatha de réir mar a tháinig siad chun bheith dlite. An 1 Deireadh Fómhair 2008, bunaíodh scéim mhaoinithe pinsin faoi *Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003*. Ar chomhairle ó achtúirí an Bhainc an tráth sin (Willis), aistríodh €400 milliún ó acmhainní an Bhainc chuig an gciste chun sócmhainní ciste pinsin a cheannach. Is ar bhonn neamh-ranníocach a fheidhmítear an Scéim do na comhaltaí foirne a fostaíodh roimh an 6 Aibreán 1995, cé is moite de na ranníocaíochtaí a dhéantar le Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí agus de na híocaíochtaí a fhaightear ó chomhaltaí foirne incháilithe maidir le seirbhís bhreise bharúlach a cheannach agus a aistriú. I gcás comhaltaí foirne a fostaíodh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh, tá ranníocaíochtaí iníoctha freisin maidir leis an bpríomhscéim. Íocfar gach sochar pinsin as an gciste seo. I gcomhréir leis an Treoirlíne, tá an Banc tar éis filleadh ar GAAP áitiúil agus nochtann sé an costas a bhaineann le sochair a sholáthar i gcomhréir le FRS 102.

Déantar sócmhainní scéime pinsin a mheas ar luach cóir. Déantar dliteanais scéime a thomhas trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta lena gcuirtear i gcuntas méaduithe réamh-mheasta ar thuilleamh ag úsáid toimhdí achtúireacha lena dtugtar an meastachán is fearr ar shreafaí airgid a thiocfaidh as dliteanais na scéime sa todhchaí. Déantar na sreafaí airgid seo a lascainiú de réir rátaí úis a bhaineann le bannaí corparáideacha d'ardchaighdeán atá san airgeadra céanna agus a bhfuil an téarma céanna acu atá ag na dliteanais. An muirear a bhaineann le pinsean sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála, cuimsítear ann suim an chostais reatha seirbhíse agus an chostais seirbhíse roimhe seo (Nóta 9) agus an difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní na scéime agus an costas úis ar dhliteanais na scéime (Nóta 8). An costas seirbhíse reatha, aon chostais seirbhíse roimhe seo agus costas úis a bhaineann le dliteanais na scéime don fhoireann i gcoitinne, muirearófar iad ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus ar an gCúlchiste Airgeadra i ndáil le foireann an mhionta. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála.

Chun luach dhliteanais na scéime a chinneadh, déantar toimhdí maidir le boilsciú praghais, méaduithe pinsin, fás ar thuilleamh agus déimeagrafaic. I Nóta 32, leagtar amach na toimhdí ba bhonn leis na dliteanais agus costais pinsin do 2017.

### (g) Soláthar agus Eisiúint Monaí

Táirgeann agus eisíonn an Banc monaí thar ceann an Aire Airgeadais. Déantar fáltais agus caiteachais a bhaineann go díreach le soláthar agus eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig Cúlchiste an Airgid Reatha faoi fhorálacha an *Achta Monaíochta*, 1950, na nA*chtanna um Airgead Reatha Deachúil*, 1969-1990 agus an *Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta*, 1998. Déantar an costas a bhaineann le táirgeadh monaí a ghearradh ar Chúlchiste an Airgeadra sa bhliain ina dtabhaítear é. Déantar na fáltais ó eisiúint monaí a chur chun sochair an Chúlchiste Airgeadra sa bhliain ina bhfaightear iad (Nóta 25(ii)). In alt 14A den *Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta* 1998, (arna chur isteach le halt 137 den *Acht Airgeadais* 2002) a tháinig i bhfeidhm an 25 Márta 2002, foráiltear go ndéanfar, ón 1 Eanáir 2002, na glanfháltais ó eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig an Státchiste de réir mar a ordóidh an tAire Airgeadais. I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc de thoradh glanfháltas ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire an difríocht a chúiteamh leis an mBanc.

### (h) Airgeadra Feidhmiúil agus Cur i Láthair

Is é an euro airgeadra feidhmiúil agus an Bhainc. Idirbhearta cuntasaíochta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, déantar iad a chomhshó ina gcoibhéisí euro ag na rátaí malairte a bheidh ann ar an dáta socraíochta. Sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, déantar iad a chomhshó de réir spotráta ag dáta an chláir chomhardaithe (Nóta 1(c)(i), Nóta 34).

### (i) Ioncam Amúchta

Préimheanna agus/nó lascainí a thig as urrúis, déantar iad a amúchadh ar bhonn dronlíneach thar a dtréimhse aibíochta agus áirítear iad i nglanioncam úis (Nóta 2, Nóta 3).

### (j) Beartas Luachála

(i) Sócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, infheistíochtaí neamhaibithe, conarthaí airgeadra eachtraigh atá fós le híoc agus scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, déantar iad a luacháil ar na rátaí malairte scoir meánmhargaidh ag deireadh na bliana (Nóta 34). Is ar bhonn gach airgeadra ar leith a dhéantar an luacháil ráta malairte ar shócmhainní agus ar dhliteanais.

(ii) I gcomhréir leis an Treoirlíne, déantar urrúis a luacháil ar bhonn gach urrúis ar leith. Urrúis inmhargaidh nach sealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta agus a aicmítear mar urrúis marcáil ón margadh, déantar iad a luacháil ar phraghsanna meánmhargaidh scoir ag deireadh na bliana i gcás inarb ann do mhargadh gníomhach. I gcás nach mbeidh praghsanna margaidh ar fáil nó i gcás ina meastar nach bhfuil siad iontaofa, déantar luachanna córa a chinneadh trí úsáid a bhaint as teicnící luachála marcáilte de réir samhla lena n-áirítear samhlacha sreafa airgid lascainithe lena n-úsáidtear, a mheid is féidir, ionchur margaidh inbhraite i gcomhréir le FRS 102. I gcur chuige luachála marcáilte de

réir samhla, ionchorpraítear breithiúnas bainistíochta ardleibhéil in éagmais sonraí margaidh inbhraite nó nuair a mheasfar nach bhfuil sonraí margaidh inbhraite iontaofa. Folaíonn an breithiúnas sin na nithe seo a leanas ach níl sé teoranta dóibh: faisnéis margaidh a mheasúnú; na sreafaí airgid do na hionstraimí a chinneadh; ráta lascaine saor ó riosca a aithint agus raon difríochta creidmheasa iomchuí a aithint; an mhodheolaíocht a choigeartú nuair nach mbeidh ionchur margaidh inbhraite ar fáil nó nuair nach mbeidh siad iontaofa (Nóta 12(ii)(a), Nóta 13(i), Nóta 14(ii), Nóta 17(i)(a)).

(iii) Urrúis indíolta nach sealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta agus a aicmítear mar urrúis coinnithe go dtí aibíocht (CGA), déantar iad a thabhairt ar aghaidh ar chostas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagaithe. Déantar athbhreithniú lagaithe ar bhonn bliantúil (Nóta 14(ii), Nóta 17(i)(b)).

(iv) Déantar ór a luacháil ar phraghas scoir margaidh (Nóta 11, Nóta 34).

(v) Déantar sócmhainní airgeadais agus dliteanais an Bhainc a aicmiú de réir mar a fhoráiltear in FRS 102. Faoi ordlathas luacha chóir, bíonn feidhm ag Leibhéal 1 maidir le haicmiú sócmhainní agus dliteanas airgeadais i gcás ina mbeidh praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) ar fáil i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní comhionanna agus dliteanas comhionann; bíonn feidhm ag Leibhéal 2 i gcás ina mbeidh ionchar ar fáil seachas praghsanna luaite arna n-áireamh i Leibhéal 1 agus inbhraithe i leith na sócmhainní nó i leith an dliteanais, cibé acu go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. forbartha ag úsáid sonraí margaidh) agus; bíonn feidhm ag Leibhéal 3 i gcás ina n-úsáidtear ionchur i leith na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchur neamh-inbhraithe). Déantar infheistíochtaí uile marcáil ón margadh a aicmiú mar ionstraimí airgeadais Leibhéal 1 mura sonraítear a mhalairt (Nóta 12(ii)(a), Nóta 13(i), Nóta 14(ii), Nóta 17(i)(a)).

### (k) Gnóthachain agus Caillteanais a Aithint

Gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as díolacháin airgeadra eachtraigh, óir agus urrús, tugtar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála. Déantar na gnóthachain agus caillteanais réadaithe go léir (airgeadra eachtrach agus euro) a ríomh faoi threoir meánchostais.

An ghluaiseacht i ngnóthachain neamhréadaithe arna n-aithint ag deireadh gach bliana airgeadais i gcomhréir le beartas luachála an Bhainc (Nóta 1 (j)), tugtar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála agus déantar iad a aistriú chuig na cuntais athluachála.

Déantar cuntas i gcaillteanais neamhréadaithe ag deireadh na bliana tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála a mhéid a sháraíonn siad gnóthachain athluachála roimhe sin ar bhonn urrús-ar-urrús. I gcás na gcaillteanas neamhréadaithe a ndéantar cuntas iontu tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ar an gcaoi seo, ní fhéadfar iad aisiompú sna blianta ina dhiaidh sin i gcoinne gnóthachan neamhréadaithe sa todhchaí.

## (l) Idirbhearta Droim ar Ais

Is ionann oibríochtaí droim ar ais agus oibríochtaí trína ndéanann an Banc sócmhainní a cheannach nó a dhíol ar airgead tirim faoi chomhaontú athcheannaigh/athcheannaigh droim ar ais. Faoi chomhaontú athcheannaigh, díoltar urrúis ar airgead tirim le comhaontú comhuaineach chun iad a athcheannach ón gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe amach anseo. Déantar comhaontuithe athcheannaigh a thaifeadadh mar thaiscí comhthaobhaithe isteach ar thaobh dliteanais an Chláir Chomhardaithe (Nóta 26(i)). Fanfaidh aon urrúis arna ndíol faoi chomhaontú den sórt sin ar Chlár Comhardaithe an Bhainc, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht don Bhanc. Coinníonn an Banc na rioscaí agus luaíochtaí go léir nach mór a bhaineann le húinéireacht. Déileáltar leis an difríocht idir an praghas díola agus an praghas athcheannaigh mar ioncam úis nó mar chaiteachas úis a fhabhraítear thar shaolré an chomhaontaithe (Nóta 2).

Faoi chomhaontú athcheannaigh droim ar ais, ceannaítear urrúis ar airgead tirim le comhaontú comhuaineach chun iad a dhíol leis an gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe amach anseo. Déantar comhaontuithe athcheannaigh droim-ar-ais a thaifeadadh mar iasachtaí comhthaobhaithe ar thaobh na sócmhainní sa Chlár Comhardaithe (Nóta 14(i), Nóta 16(i)) ach ní chuimsítear iad i sealúchais urrús an Bhainc, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc. Eascraíonn ioncam úis nó caiteachas úis astu sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála. Déileáltar leis an difríocht idir an praghas ceannaigh agus an praghas athdhíola mar ioncam úis nó mar chaiteachas úis a fhabhraítear thar shaolré an chomhaontaithe (Nóta 2(vi), Nóta 3(iv)).

## (m) Soláthairtí

### *(i) Lagú*

Déantar na soláthairtí go léir a athbhreithniú ar bhonn bliantúil (Nóta 33). I gcás ina gcruthófar liúntais le haghaidh rioscaí creidmheasa i leith sócmhainní infheistíochta, déantar iad a thaifeadadh i gcuntais leithleacha dliteanas (i.e. ní dhéantar díluacháil dhíreach ar shuim ghlanluacha sócmhainní indibhidiúla).

I gcás soláthairtí i leith urrús, measfaidh an Banc, ar dháta an chláir chomhardaithe, cibé acu an raibh fianaise oibiachtúil ann gur lagaíodh urrús nó grúpa urrús. Ní bheidh lagú urrúis nó grúpa urrús i gceist ná ní thabhófar caillteanais lagaithe ach amháin más rud é go mbeidh fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú de thoradh teagmhas amháin nó níos mó a tharla i ndiaidh aitheantas tosaigh an urrúis ('teagmhas caillteanais') agus go mbeidh iarmhairt ag an teagmhas caillteanais (nó teagmhais) ar shreafaí measta airgid an urrúis nó an ghrúpa urrús amach anseo.

Folaíonn fianaise oibiachtúil maidir le lagú, sonraí inbhraite i ndáil leis na teagmhais caillteanais seo a leanas, ar teagmhais iad nach bhfuil uileghabhálach:

(i) mainneachtain in íocaíocht príomhshuime nó in íocaíocht úis;

(ii) deacrachtaí maidir le sreabhadh airgid an fhéichiúnaí;

(iii) tabhairt faoi shocrú um athstruchtúrú fiachais;

(iv) meathlú suntasach ar inbhuanaitheacht fiachais cheannasaigh;

(v) íosghrádú seachtrach rátála faoi bhun leibhéil inghlactha; agus

(vi) cúinsí eacnamaíocha díobhálacha náisiúnta nó áitiúla nó athruithe díobhálacha ar chúinsí tionscail.

Ar an gcéad dul síos, measfaidh an Banc cibé acu an bhfuil fianaise oibiachtúil ann gur tharla lagú go hindibhidiúil ar urrúis atá suntasach go hindibhidiúil, agus gur tharla lagú go hindibhidiúil nó le chéile ar urrúis nach bhfuil suntasach go hindibhidiúil. Má chinneann an Banc nach bhfuil fianaise oibiachtúil ann gur tharla lagú ar urrúis a mheastar go hindibhidiúil, cibé acu an urrúis suntasacha iad nó nach iad, folóidh sé na hurrúis i ngrúpa urrús a bhfuil tréithe comhchosúla riosca creidmheasa acu agus déanfaidh sé iad a mheas i ndáil le lagú.

Urrúis a mheastar go hindibhidiúil maidir le lagú agus ar ina leith a aithnítear caillteanas lagaithe nó a leantar de chaillteanas lagaithe a aithint, ní chuismítear iad i gcómheasúnú ar lagú.

Má tá fianaise oibiachtúil ann gur tabhaíodh caillteanas lagaithe ar urrús, déantar méid an chaillteanais a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha sreafaí measta sa todhchaí arna lascainiú de réir bunráta úis éifeachtaigh de chuid an urrúis. Mar áis phraiticiúil, féadfaidh an Banc lagú a thomhas ar bhonn luach cóir sócmhainne trí úsáid a bhaint as praghas margaidh inbhraite.

Sreafaí airgid sa todhchaí i ngrúpa urrús a mheastar le chéile maidir le lagú, déantar iad a mheas ar bhonn shreafaí conarthacha airgid na sócmhainní sa ghrúpa arna n-oiriúnú go cuí ar bhonn na sonraí reatha inbhraite. I gcás nach mbeidh sonraí inbhraite ar fáil, déanfar foirmlí sonracha a fheidhmiú maidir leis an ríomh agus úsáid á baint as breithiúnas saineolach an lucht bainistíochta.

Más rud é, tréimhse éigin ina dhiaidh sin, go laghdóidh méid an chaillteanais lagaithe agus go bhféadfar a chinneadh go hoibiachtúil gur bhain an laghdú sin le teagmhas a tharla tar éis an lagú a aithint, déanfar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a iompú droim ar ais (Nóta 4, Nóta 33(ii)).

*(ii) Soláthar i leith Rioscaí a bhaineann le Ráta Malairte Eachtraí, Ráta Úis, Creidmheas agus Praghsanna Óir*

I bhfianaise chineál oibríochtaí bainc ceannais, féadfaidh an Banc, i gcomhréir leis an Treoirlíne, soláthar a aithint ar an gClár Comhardaithe i leith rioscaí a bhaineann le ráta malairte eachtraí, ráta úis, creidmheas agus praghsanna óir.

Tá an soláthar bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach ar gach ceann de na rioscaí airgeadais thuas atá ag bagairt ar an mBanc, ag féachaint go cuí don iarmhairt ionchasach ar Chlár Comhardaithe an Bhainc. Déantar athbhreithniú bliantúil ar mhéid agus ar riachtanas leanúnach an tsoláthair seo, bunaithe ar mheasúnú an Bhainc ar a neamhchosaint ar na rioscaí sin, agus raon tosca á gcur san áireamh. I gcás ina n-aithnítear scaoileadh soláthair ón measúnú cuimsitheach, déanfar é a scaoileadh sa bhliain airgeadais a aithnítear (Nóta 4, Nóta 33(i)).

*(iii) Soláthar um Athstruchtúrú*

Athstruchtúrú is ea clár arna bheartú agus arna rialú ag an mbainistíocht, ar clár é a athraíonn go bunúsach réimse an ghnó a dhéanann eintiteas nó ar an gcaoi ina seoltar an gnó sin.

Aithnítear soláthar i leith costais athstruchtúraithe nuair a chomhlíontar na critéir aitheantais do sholáthairtí.

Déanann an Banc cuntas i leith costais athstruchtúraithe i gcomhréir le FRS 102 (Nóta 4, Nóta 33(v)).

*(iv) Soláthar i leith Chaillteanais BCE*

I gcomhréir le cinneadh na Comhairle Rialaithe arna ghlacadh faoi Airteagal 32.4 de Reacht CEBC, déantar an soláthar i leith rioscaí creidmheasa in oibríochtaí beartais airgeadaíochta a leithdháileadh idir na Bainc Cheannais Náisiúnta (BCNanna) de chuid na mBallstát rannpháirteach i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil suibscríofa sa BCE sa bhliain inar tharla an mhainneachtain (Nóta 33(iv)).

### (n) Meastacháin agus Breithniúnais Ríthábhachtacha Chuntasaíochta

Ceanglaítear go mbainfear úsáid as meastacháin ríthábhachtacha chuntasaíochta áirithe chun an Ráiteas Cuntas a ullmhú i gcomhréir leis an Treoirlíne agus le FRS 102. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnas a fheidhmiú le linn dóibh beartais chuntasaíochta an Bhainc a chur i bhfeidhm. Is iad seo a leanas na réimsí a mbaineann leibhéal níos airde breithniúnais nó castachta leo nó na réimsí ina mbíonn toimhdí agus meastacháin ríthábhachtach don Ráiteas Airgeadais:

- Lagú: (Nóta 1(j)(iii),(m)(i), Nóta 4, Nóta 33(ii), Nóta 33(iv))
- Soláthairtí: (Nóta 33)
- Rátaí Dímheasa (Nóta 1(e)(ii), Nóta 22)
- Luacháil na Scéime Pinsin le Sochar Sainithe (Nóta 32)
- Luacháil na Punainne Speisialta (Nóta 1(j), Nóta 17(i))

## (o) Ioncam Barrachais

Comhlíonann an Banc Ionstraim Reachtúil 93/1943 - *Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations, 1943*. Féadfaidh an Banc suas go dtí 20% ar a mhéid den bhrabús a choinneáil gach bliain. Déantar an méid arna choinneáil a chur chuig cúlchistí agus bíonn sé faoi réir fhormheas an Choimisiúin gach bliain (Nóta 10, Nóta 31(i)).

## (p) Réadmhaoin Infheistíochta

Réadmhaoin arna sealbhú le haghaidh torthaí cíosa fhadtéarmaigh agus luachmhéadú caipitil, déantar iad a aicmiú mar réadmhaoin infheistíochta.

### *Tomhas Tosaigh*

Déantar réadmhaoin infheistíochta a aithint ar costas ag an tosach, lena n-áirítear an costas ceannaigh agus aon chaiteachas inchurtha go díreach ina leith agus déantar í a thaifeadadh i Sócmhainní Eile (Nóta 21(iii)).

### *Tomhas ina dhiaidh sin*

Réadmhaoin infheistíochta a bhféadfar a luach cóir a thomhas go hiontaofa, deantar í a thomhas ar luach chóir. I gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Bhainc, tugann an lucht bainistíochta faoi athbhreithniú bliantúil chun luach cóir réadmhaoin infheistíochta an Bhainc a chinneadh.

I gcomhréir leis an Treoirlíne, déantar gnóthachain neamhréadaithe ar athluachálacha a bhreacadh sna Cuntais Athluachála agus déantar caillteanais neamhréadaithe a bhreacadh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais ag deireadh na bliana. Laghduithe ar luach cóir, féadfar iad a fhritháireamh in aghaidh cuntas athluachála, ach sin go feadh an méid go ndéanfaidh siad gnóthachain neamhréadaithe aitheanta roimhe sin a iompú droim ar ais.

### *Ioncam Cíosa*

Tugtar cuntas i leith ioncaim cíosa ar bhonn dronlíneach thar théarma an léasa agus déantar é a aithint in Ioncam Úis (nóta 2(vii)).

Déantar sochar comhiomlán na ndreasachtaí léasa a aithint mar laghdú ar an gcaiteachas arna aithint thar théarma an léasa ar bhonn dronlíneach.

## NÓTA 2: Ioncam Úis

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Urrúis – MÓM (i) | 432,318 | 552,208 |
| Urrúis – CGA (ii) | 305,022 | 333,964 |
| Urrúis arna gCoinneáil chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (iii) | 237,818 | 204,877 |
| Taiscí Rialtais (iv) | 71,286 | 43,298 |
| Taiscí Institiúidí Creidmheasa (iv) | 67,487 | 47,755 |
| CST (v) | 3,967 | 543 |
| Comhaontuithe Athcheannaigh (vi) | 2,268 | 37 |
| Ioncam Cíosa (vii) | 1,958 | 1,950 |
| Eile (viii) | 476 | (9) |
| Ioncam Taisce | 272 | 231 |
| Cosaint Taiscí/ Ioncam Ráthaíochta (ix) | 611 | 695 |
| Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (vi) | 8 | - |
| Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta | - | 136 |
| Ioncam Aistrithe ó Shócmhainní Cúlchistí Eachtracha chuig BCE | - | 60 |
| Ioncam TARGET | - | 11 |
| **IOMLÁN** | **1,123,491** | **1,185,756** |

(i) B'ionann agus €432.3 milliún an t-ioncam arna thuilleamh ar urrúis arna sealbhú i bPunann na Sócmhainní Speisialta (2016: €552.2 milliún). Fuarthas punann na n-urrús i ndiaidh leachtú Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC) i mí Feabhra 2013.

Freagraíonn an laghdú ar ús arna thuilleamh ar na punanna speisialta do mheán-iarmhéideanna níos ísle de thoradh díolachán agus fuascailtí le linn na tréimhse agus do mheán-rátaí úis níos ísle (Nóta 17(i)(a)).

| **Urrúis – MÓM** | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Punann Speisialta | 432,318 | 552,208 |
| *- Nótaí Ráta Chomhlúthaigh* | *432,318* | *551,649* |
| *- BANNA GNBS* | - | *559* |
| **IOMLÁN** | **432,318** | **552,208** |

(ii) Baineann sé seo le hioncam arna thuilleamh ar bhannaí arna n-aicmiú mar bhannaí coinnithe go dtí aibíocht (CGA) i bpunann infheistíochta an Bhainc. Tá laghdú tagtha ar an ús arna thuilleamh ar na hurrúis sin mar gheall ar thorthaí ní b'ísle (Nóta 14(ii), Nóta 17(i)(b)).

(iii) Folaíonn an mhír seo ioncam ar urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta agus déantar é a mhiondealú mar seo a leanas: (Nóta 1(c)(ix), Nóta 17(ii)).

| **Urrúis chun Críocha Beartais Airgeadaíochta** | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| PSPP | 128,456 | 83,844 |
| SMP | 93,907 | 102,122 |
| CBPP3 | 13,454 | 13,659 |
| CBPP1 | 1,547 | 3,141 |
| CBPP2 | 454 | 2,111 |
| **IOMLÁN** | **237,818** | **204,877** |

An t-athrú ar leibhéal an ioncaim arna thuilleamh in 2017, freagraíonn sé sin do leibhéil ghaolmhara na gníomhaíochta faoi gach clár (Nóta 17(ii)).

(iv) I mí an Mheithimh 2014, thug an BCE ráta diúltach isteach ar an tsaoráid taisce a bhain le taiscí áirithe arna sealbhú leis an mBanc. Thuill an Banc ioncam úis ar thaiscí Rialtais agus ar thaiscí Institiúidí Creidmheasa arbh ionann é agus €71.3 milliún (2016: €43.3 milliún) agus €67.5 milliún (2016: €47.8 milliún) faoi seach. Sular tugadh isteach an ráta diúltach úis, d'íoc an Banc ús ar na taiscí sin. Leanann an Banc d'ús a ghearradh ar na taiscí sin suas le tairseach chomhaontaithe de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe[18] (Nóta 24, Nóta 25).

| **Taiscí Institiúidí Creidmheasa** | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Cuntais reatha (lena gclúdaítear córas na gcúlchistí íosta) | 42,035 | 25,049 |
| Saoráid Taisce | 25,452 | 22,706 |
| **IOMLÁN** | **67,487** | **47,755** |

(v) Baineann sé seo le hús ar Chuóta na hÉireann sa CAI agus ar shealúchais CST na hÉireann. Freagraíonn an méadú ar an ús arna thuilleamh ar an sealúchas seo don mhéadú comhiomlán ar thorthaí foluiteacha ar chomhpháirteanna chiseán CST le linn 2017, agus d'áireamh renminbi na Síne a mbíonn torthaí sách ard air don chéad bhliain iomlán in 2017.

(vi) Baineann sé seo le hioncam arna thuilleamh ag an mBanc mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta. Baineann an Banc úsáid as idirbhearta athcheannaigh/athcheannaigh droim-ar-ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla an Mháistirchomhaontaithe Dhomhanda Athcheannaigh (GMRA). Seasann na t-ioncam arna ghineadh don difríocht idir praghsanna díola agus athcheannaigh/praghsanna ceannaigh agus díola ina dhiaidh sin (Nóta 1(l), Nóta 14(i), Nóta 26(i)).

(vii) Baineann ioncam cíosa le fáltais ó chíos a thig as an gcuid de Bhloc R, Duga Spencer a ligtear le tríú páirtithe ar bhonn tráchtála (Nóta 1(p), Nóta 21 (iii)).

18. Is é 0.00% an rata úis imeallaigh atá á úsaid faoi láthair ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe.

(viii) Faoi Eile, áirítear méid €0.3 milliún a bhaineann le hioncam ar bhabhtálacha airgeadra eachtraigh (2016: €0.3 milliún). Áirítear faoi Eile freisin méid €0.01 milliún a bhaineann leis an ioncam laethúil ar chonarthaí todhchaíochta. Ba chaiteachas é an mhír seo in 2016 (Nóta 38(ii)).

(ix) Baineann sé seo le hioncam ar Chiste Ranníocach na Scéime Ráthaíochta Taiscí agus le Ciste Leagáide SRT (Nóta 31(ii)).

## NÓTA 3: Úschostas

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta (i) | 28,752 | 5,355 |
| Urrúis – MÓM (ii) | 16,136 | 9,468 |
| Caiteachais Babhtála (iii) | 14,366 | 5,409 |
| Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (iv) | 7,472 | 3,297 |
| Eile (v) | 865 | 1,030 |
| Taiscí (vi) | 608 | 477 |
| Íocaíocht ar Dhliteanas i ndáil le leithdháileadh | | |
| Nótaí Bainc Euro i gCúrsaíocht (vii) | - | 1,667 |
| Iarmhéideanna laistigh den Eurochóras (glan) | - | 55 |
| **IOMLÁN** | **68,199** | **26,758** |

(i) Cuimsíonn an mhír seo an glanchaiteachas ar Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAFanna) arna sealbhú ag an mBanc le linn 2017. Roimhe seo, tuilleadh ioncam ar na oibríochtaí seo go léir, ach in 2016 agus 2017, tugadh isteach sraith d'Oibríochtaí Athmhaoinithe Spriocdhírithe Fadtéarmacha ar a bhfuil ús á ghearradh de réir ráta na saoráide taisce. Áirítear sna méideanna sin ioncam €0.1 milliún (2016: €4.2 milliún) (Nóta 15).

(ii) Baineann an mhír seo le caiteachas úis ar urrúis arna n-aicmiú mar MÓM i bpunann infheistíochta an Bhainc in 2017. Tá go leor de na hurrúis á dtrádáil ar thorthaí diúltacha faoi láthair. (Nóta 2(i), Nóta 12(ii)(a), Nóta 13(i), Nóta 14(ii), Nóta 17(i)(a)).

(iii) Baineann an caiteachas seo le babhtálacha airgeadra eachtraigh arna sealbhú ag an mBanc. Tá an méadú ar chaiteachais inchurtha d'áireamh renminbi na Síne i gciseán CST don chéad bhliain iomlán (arna áireamh ó mhí Dheireadh Fómhair 2016), agus do mhéadú ginearálta ar phointí tosaigh i gciseán foluiteach na n-airgeadraí a dhéanann suas an CST (Nóta 37, Nóta 38).

(iv) Seasann an mhír seo don ús arna thabhú ar Chomhaontuithe Athcheannaigh Droim Ar Ais. Baineann an Banc úsáid as idirbhearta athcheannaigh athcheannaigh droim-ar-ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Seasann caiteachais arna nginiúint don difríocht idir praghsanna ceannaigh agus praghsanna díola ina dhiaidh sin. (Nóta 1(l), Nóta 14(i), Nóta 16(i)).

(v) Baineann sé seo don chuid is mó le caiteachas úis is iníoctha ar iarmhéideanna cuntas reatha bainc (Nóta 12(ii), Nóta 14).

(vi) Baineann sé seo le caiteachas úis is iníoctha ar iarmhéideanna cuntas bainc taiscí (Nóta 16).

(vii) Tháinig laghdú ó €1.7 milliún in 2016 ar luach saothair an dliteanais i leith nótaí bainc i gcúrsaíocht go dtí nialas in 2017. Íocfar luach saothair i leith an dliteanais de réir ráta na bPríomhoibríochtaí Athmhaoinithe arbh ionann é agus 0.00% le linn 2017 (Nóta 23).

## NÓTA 4: Glantoradh Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha agus Soláthairtí

| **Glan-ghnóthachain a eascraíonn as Oibríochtaí Airgeadais** | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Gnóthachain/(Caillteanais) Praghais Réadaithe ar Urrúis | 1,953,484 | 1,372,598 |
| *- Punann Speisialta (i)* | *1,953,700* | *1,359,350* |
| *- Punann MÓM* | *(216)* | *13,248* |
| Gnóthachain Réadaithe ar Rátaí Malairte (ii) | 10 | 27,048 |
| **IOMLÁN** | **1,953,494** | **1,399,646** |

(i) Léiríonn sé seo na gnóthachain réadaithe ar dhíolacháin na Nótaí Rátaí Comhlúthacha (NRCanna) (Nóta 17(i)(a)).

(ii) Freagraíonn an laghdú ar ghnóthachain réadaithe rátaí malairte do ghnóthachan in 2016 a bhain go príomha le réamhdhíol neamhchosaint ghlan CST i ndiaidh an mhéadaithe ar Chuóta CAI (Nóta 12(i)(a), Nóta 37, Nóta 38).

| **Díluacháil Sócmhainní Airgeadais agus Staideanna Airgeadais** | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Caillteanais Praghais Neamhréadaithe ar Urrúis | (572) | (70) |
| Caillteanais Neamhréadaithe ar Rátaí Malairte (i) | (7,065) | - |
| **IOMLÁN** | **(7,637)** | **(70)** |

(i) Baineann caillteanais neamhréadaithe rátaí malairte go príomha le caillteanais neamhréadaithe ar phunann MÓM dhollar SA.

| **Aistriú chuig Soláthairtí** | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Soláthar i leith rioscaí a bhaineann le ráta malairte eachtraí, ráta úis, creidmheas agus praghsanna óir (Nóta 33(i)) | (335,000) | (165,000) |
| Scaoileadh Soláthair d'Urrúis (Nóta 33(ii)) | 40,000 | 20,000 |
| Scaoileadh Soláthair Trochlaithe (Nóta 33(vi)) | 75 | - |
| Soláthar um Athstruchtúrú (Nóta 33(v)) | (460) | (667) |
| Soláthar do Riosca Contrapháirtí in Oibríochtaí Bheartas Airgeadaíochta an Eurochórais (i) (Nóta 33(iv)) | (1,136) | - |
| **IOMLÁN** | **(296,521)** | **(145,667)** |

(i) Baineann an mhír seo le scair an Bhainc sa soláthar in aghaidh caillteanas in oibríochtaí beartais airgeadaíochta arna bhunú i ndáil le hurrús arna shealbhú ag an Eurochóras ina phunann CSPP (Nóta 33(iv)).

## NÓTA 5: Ioncam ó Tháillí agus ó Choimisiúin

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Iasachtú Urrús | 1,463 | 949 |
| Dáileadh Ioncam Comhthiomsaithe TARGET2 | 621 | 626 |
| Táillí agus Muirir Seirbhíse | 478 | 609 |
| **IOMLÁN** | **2,562** | **2,184** |

## NÓTA 6: Ioncam ó Ghnáthscaireanna agus ó Leasanna Rannpháirteacha

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Scair de bhrabús BCE (i) | 20,028 | 20,379 |
| Díbhinn BIS (ii) | 3,151 | 2,320 |
| **IOMLÁN** | **23,179** | **22,699** |

(i) Is ionann an mhír seo agus scair an Bhainc de bhrabús BCE (Nóta 1 (c)(v)).

In 2017, chinn Comhairle Rialaithe an BCE nach n-aistreofaí aon chuid de bhrabúis an BCE chuig soláthar riosca an BCE (2016: Nialas). Déantar soláthar riosca an BCE a chothabháil ag teorainn scairchaipiteal láníoctha BCNanna an limistéir euro.

Íocadh suim €987.7 milliún (2016: €966.2 milliún) le BCNanna an Eurochórais an 31 Eanáir 2018 i gcomhréir lena scála caipitil Eurochórais mar dháileadh eatramhach ar bhrabúis an BCE don bhliain. B'ionann scair an Bhainc agus €16.3 milliún (2016: €15.9 milliún) (Nóta 20 (iii)). Tá dáileadh deireanach an bhrabúis do 2016 arna íoc i mí Feabhra 2017, arbh ionann é agus €3.7 milliún, curtha i láthair i bhfigiúirí 2017 freisin (b'ionann agus €4.4 milliún an figiúr comhréireach do 2015, arna íoc in 2016).

(ii) Léiríonn an mhír seo díbhinn a fuarthas ar scaireanna a bhí ar seilbh sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (Nóta 21(iv) agus Nóta 36(i)).

## NÓTA 7: Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| *Ioncam airgeadaíochta comhthiomsaithe* | *(152,861)* | *(161,217)* |
| *Ioncam airgeadaíochta athleithdháilte* | *177,902* | *163,372* |
| Glan-Fhaighteoir Ioncaim Airgeadaíochta (Nóta 20, Nóta 30) | 25,041 | 2,155 |
| Coigeartuithe Eurochórais do na Blianta Roimhe seo (nóta 20) | (49) | 344 |
| **IOMLÁN** | **24,992** | **2,499** |

Léiríonn sé seo an difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an mBanc arbh ionann é agus €152.9 milliún (2016: €161.2 milliún) agus méid €177.9 milliún arna athdháileadh ar an mBanc (2016: €163.4 milliún) i ndiaidh dháileadh ioncam airgeadaíochta iomlán an Eurochórais ar na BCNanna de réir a scaireanna scála caipitil faoi seach, móide ús agus coigeartú arb ionann e agus €0.05 milliún ar ghlantorthaí don bhliain roimhe sin (2016: €0.3 milliún) (Nóta 1(c)(vi)).

## NÓTA 8: Glanioncam Eile

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Glanmhaoiniú Tionscail na Rialála Airgeadais (i) | 104,355 | 74,468 |
| Brabús ar Dhíol Maoine, Gléasra agus Trealaimh (Nóta 22(i) | 38,954 | - |
| Toradh Ionchais ar Shócmhainní an Chiste Pinsin (Nóta 32 (i)) | 12,100 | 16,400 |
| Pionóis Airgeadaíochta na Rialála Airgeadais (ii) | 7,240 | 12,076 |
| Ioncam Eile na Rialála Airgeadais (Nóta 41) | 3,570 | 3,296 |
| Eile | 1,818 | 2,055 |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin (Nóta 32 (i)) | (18,408) | (20,185) |
| **IOMLÁN** | **149,629** | **88,110** |

(i) I Nóta 41, tugtar comhdhéanamh Ghlanmhaoiniú Tionscail na Rialála Airgeadais.

(ii) Freagraíonn pionóis airgeadaíochta do na méideanna is iníoctha leis an mBanc ó sholáthraithe seirbhísí airgeadais tar éis chur i gcrích na gcomhaontuithe socraíochta leis na heintitis sin maidir le sárú ceanglas rialála. Áirítear méid iomlán na bpionós sin atá comhionann le €7.2 milliún in 2017 (2016: €12.1 milliún in 2013 faoin Ioncam Barrachais is iníoctha leis an Státchiste i ndiaidh fhaomhadh an Ráitis Cuntas (Nóta 10).

## NÓTA 9: Caiteachais

| | Iomlán na Ceannoifige & na Saoráidí Priontála* | | An Mionta** | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2017 €000 | 2016 €000 | 2017 €000 | 2016 €000 | 2017 €000 | 2016 €000 |
| Tuarastail/Liúntais (i) | 116,004 | 105,418 | 372 | 349 | 116,376 | 105,767 |
| ÁSPC | 10,599 | 9,652 | 29 | 25 | 10,628 | 9,677 |
| Pinsin (Nóta 32 (i)) | 45,052 | 30,837 | 48 | 63 | 45,100 | 30,900 |
| **Caiteachais Foirne** | **171,655** | **145,907** | **449** | **437** | **172,104** | **146,344** |
| Cumarsáid agus TF | 30,415 | 22,670 | 8 | (9) | 30,423 | 22,661 |
| Taisteal Gnó (ii) | 2,780 | 2,790 | 4 | 5 | 2,784 | 2,795 |
| Caiteachas Riaracháin Oifige | 929 | 1,436 | 2 | 2 | 931 | 1,438 |
| Táillí Gairmiúla (iii) | 18,099 | 14,668 | 3 | 2 | 18,102 | 14,670 |
| Taighde Seachtrach & Síntiús Chorparáideacha | 2,293 | 2,523 | 3 | 2 | 2,296 | 2,525 |
| Foilsitheoireacht & Caidreamh Poiblí | 1,037 | 419 | - | - | 1,037 | 419 |
| Íocaíochtaí & Táillí Bainistíochta Sócmhainní | 5,180 | 6,025 | 6 | 31 | 5,186 | 6,056 |
| Soláthairtí Airgeadra & Cothabháil Trealamh | 662 | 833 | 10 | 54 | 672 | 887 |
| Oiliúint, Oideachas & Comhdhálacha | 3,082 | 2,812 | 1 | 2 | 3,083 | 2,814 |
| Earcaíocht & Costais Eile Foirne (iv) | 5,715 | 3,637 | - | 1 | 5,715 | 3,638 |
| Bainistíocht & Cothabháil Saoráidí | 7,116 | 5,832 | 1 | 20 | 7,117 | 5,852 |
| Cíos & Fóntais | 6,115 | 7,290 | - | - | 6,115 | 7,290 |
| Ilghnéitheach (v) | 1,928 | 1,649 | - | - | 1,928 | 1,649 |
| **Caiteachais Oibríochtúla Eile** | **85,351** | **72,584** | **38** | **110** | **85,389** | **72,694** |
| **Dímheas** | **14,945** | **10,776** | **146** | **144** | **15,091** | **10,920** |
| **Amhábhair um Tháirgeadh Airgeadra (vi)** | **4,472** | **4,176** | **309** | **3,166** | **4,781** | **7,342** |
| **CAITEACHAIS IOMLÁNA** | **276,423** | **233,443** | **942** | **3,857** | **277,365** | **237,300** |

*I gcaiteachais na Ceannoifige agus na Saoráidí Priontála, cuimsítear gach caiteachas (lena n-áirítear caiteachais rialála airgid agus saoráidí priontála) seachas na cinn sin a bhaineann leis an Mionta.

**Caiteachais arna dtabhú ag an Mionta, ar caiteachais iad a bhaineann le soláthar agus le heisiúint monaí, déantar iad sin a mhuirearú go díreach ar an gCúlchiste Airgeadra (Nóta 1(g) agus Nóta 25 (ii)).

(i) I mí an Mheithimh 2015, formheasadh Beartas SAM maidir le Liúntas ar an Láthair agus rinneadh athbhreithniú air in 2016. Beidh feidhm ag an mBeartas sin le comhaltaí foirne a bhíonn ag obair ar an láthair in institiúidí creidmheasa, ar comhaltaí iad a chaitheann 65-85 faoin gcéad dá gcuid am oibre ar chigireachtaí (ullmhú, gníomhú agus tuairisciú) faoi SAM. B'ionann íocaíochtaí arna ndéanamh faoin mbeartas seo agus €94,264 (2016: €180,348), agus rinneadh iad le 44 (2016: 47) ball foirne le linn na bliana. Aon chomhaltaí a fhaigheann an liúntas seo, beidh siad faoi réir gnáth-chánach.

In 2017, rinneadh socraíocht arbh ionann í agus €8,289 le duine aonair i ndáil le híocaíocht foirceanta (2016: €6,961 i leith íocaíocht foirceanta amháin).

Ní dearnadh aon íocaíochtaí in 2017 i ndáil le dul in éag conarthaí ar théarma socraithe (2016: íocaíocht amháin de €32,919). Rinneadh íocaíochtaí in ionad fógra le beirt le linn na bliana, arbh ionann san iomlán iad agus €1,504 (2016: dhá íocaíocht arbh ionan san iomlán iad agus €19,964).

In 2017, ní dhearna an Banc aon íocaíochtaí coinneála (2016: €449,089 le 28 comhalta foirne). Rinneadh na híocaíochtaí sin in 2016 i gcomhréir leis an mBeartas Eatramhach um Choinneáil Comhaltaí Foirne Leithleacha a tugadh isteach i mí Iúil 2014. Forbraíodh an beartas seo mar fhreagairt ar an riosca go gcaillfeadh an Banc comhaltaí foirne ríthábhachtacha a raibh róil straitéiseacha áirithe á sealbhú acu maidir le tionscadail shuntasacha straitéiseacha i dtaca le feidhmeanna an Bhainc. Rinneadh na híocaíochtaí sin le 28 comhalta foirne a sainaithníodh in 2015 mar 'Chomhaltaí Foirne Leithleacha', mar a shainítear sa bheartas. Níor áiríodh aon chomhaltaí foirne breise sa bheartas ó 2015 i leith agus níl aon íocaíochtaí breise dlite.

Cuireadh comhalta amháin den Choimisiún Feidhmiúchain ar saoire gharraíodóireachta (2016: Nialas). Is cleachtas caighdeánach ar fud an BCE agus na BCNanna é saoire gharraíodóireachta mar théarma agus mar choinníoll fostaíochta. Tá na tréimhsí seo, ar a dtugtar 'tréimhse mharana' freisin, riachtanach chun a áirithiú go seachnófar nó go n-íoslaghdófar aon choinbhleachtaí leasa iarbhír nó braite, lena n-áirítear coinbhleachtaí leasa iarfhostaíochta, tar éis do chomhalta foirne éirí as a phost nó a post. Sa chás seo, foráladh i gconradh fostaíochta an duine aonair go mbeadh buntuarastal iníoctha le linn saoire gharraíodóireachta. B'ionann an méid sin agus €122,278 agus áirítear é sa tábla thíos mar chuid den tuarastal foriomlán i luach saothair le comhaltaí den Choimisiún Feidhmiúcháin.

Bhí suim €6.0 milliún (2016: €5.8 milliún) iníoctha leis an Roinn Airgeadais i leith an tobhaigh pinsin ó thuarastail comhaltaí foirne.

*Déantar anailís bhreise thíos ar Chaiteachais Foirne -*

| **Caiteachais Foirne (lena n-áirítear an Mionta)** | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha fostaithe | 116,366 | 105,707 |
| Sochair foirceanta | 10 | 60 |
| Pinsin | 45,100 | 30,900 |
| ÁSPC Fostóra | 10,628 | 9,677 |
| **IOMLÁN** | **172,104** | **146,344** |
| **Líon foirne (FTE) amhail ar an 31 Nollaig** | **1,816** | **1,697** |

FTE - Coibhéis Lánaimseartha lena n-áirítear clúdach máithreachais agus intéirnigh

*Déantar anailís ar thuarastail agus ar liúntais na foirne mar a leanas -*

| **Sochair Ghearrthéarmacha na Foirne (lena n-áirítear an Mionta)** | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Bunphá | 113,470 | 102,236 |
| Ragobair | 1,055 | 1,264 |
| Liúntais | 1,841 | 2,207 |
| **IOMLÁN** | **116,366** | **105,707** |

Áirítear faoi Bhunphá fabhrú €7.4 milliún i leith saoire bhliantúil nár glacadh (2016: €7.0 milliún) (Nóta 31(iv)).

*Luach saothair le comhaltaí Feidhmiúcháin an Choimisiúin in 2017[19]*

| Ainm | Tréimhse 2017 | Tuarastal | Tréimhse 2016 | Tuarastal |
|---|---|---|---|---|
| **Philip R Lane** An Gobharnóir (a) | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €259,619 | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €254,048 |
| **Sharon Donnery** An Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais)(a) | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €225,755 | 1 Márta - 31 Nollaig | €184,093 |
| **Ed Sibley** An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Stuamachta) (a) | 1 Meán Fómhair - 31 Nollaig | €75,790 | 1 Eanáir - 31 Nollaig | Nil |
| **Cyril Roux*** An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) | 1 Eanáir - 31 Lúnasa | €206,667 | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €310,000 |
| **Bernard Sheridan** Leas-Ghobharnóir Gníomhach (Rialáil Airgeadais) (a) | 8 Aibréan - 31 Lúnasa | €74,487 | 1 Eanáir - 31 Nollaig | Nil |

*Luach saothair le Comhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Choimisiúin*

| **Ainm** | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Blanaid Clarke | Nialas (b) (c) | Nialas (b) (c) |
| Alan Ahearne | Nialas (b) (c) | Nialas (b) (c) |
| Derek Moran | Nialas (b) | Nialas (b) |
| Des Geraghty | €14,936 | €14,936 |
| Michael Soden | €14,936 | €14,936 |
| John FitzGerald | €14,936 | €14,936 |
| Patricia Byron | €14,936 | €14,936 |

19. D'éirigh Cyril Roux as a phost mar Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais an 31 Lúnasa 2017. Faoi shocraíochtaí eatramhacha tuairiscithe agus cuntasachta, ceapadh Bernard Sheridan ina Leas-Ghobharnóir Gníomhach, Rialáil Airgeadais, don tréimhse ón 8 Aibreán 2017 go dtí an 31 Lúnasa 2017. Le linn na tréimhse seo, bhí an tUasal Roux ar saoire gharraíodóireachta.

*Caiteachais Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Choimisiúin*

| Ainm | Taisteal | Cóiríocht & Cothú | Iomlán do 2017 | Iomlán do 2016 |
|---|---|---|---|---|
| Blanaid Clarke | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |
| Alan Ahearne | Nialas | Nialas | Nialas | €546 |
| Derek Moran | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |
| Des Geraghty | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |
| Michael Soden | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |
| John FitzGerald | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |
| Patricia Byron | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |

*Luach Saothair Príomhphearsanra Bainistíochta*[20]

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Tuarastal | €9,018,026 | €8,114,637 |
| **IOMLÁN** | **€9,018,026** | **€8,114,637** |

*Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe de bhreis ar €60,000*[21]

| **Bandaí Pá** | 2017 Líon daoine | 2016 Líon daoine |
|---|---|---|
| 60,000 - 70,000 | 286 | 276 |
| 70,000 - 80,000 | 177 | 161 |
| 80,000 - 90,000 | 203 | 148 |
| 90,000 - 100,000 | 55 | 61 |
| 100,000 - 110,000 | 30 | 52 |
| 110,000 - 120,000 | 50 | 32 |
| 120,000 - 130,000 | 28 | 27 |
| 130,000 - 140,000 | 19 | 14 |
| 140,000 - 150,000 | 17 | 11 |
| 150,000 - 160,000 | 2 | 5 |
| 160,000 - 170,000 | 4 | 4 |
| 170,000+ | 12 | 10 |
| | **883** | **801** |

a) Ní théann teidlíochtaí pinsin an Ghobharnóra, Philip R. Lane, an Leas Ghobharnóra, Sharon Donnery, an Leas-Ghobharnóra, Ed Sibley, nó an Leas Ghobharnóra Ghníomhaigh, Bernard Sheridan, thar ghnáth-theidlíochtaí na scéime aoisliúntais le sochar sainithe de chuid an Bhainc (Nóta 32).

b) I gcomhréir leis an bprionsabal 'Duine amháin, Tuarastal amháin', níor íocadh táillí leis an triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Choimisiún.

20. Tagraíonn Príomhphearsanra Bainistíochta do chomhaltaí foirne ar leibhéal Cheannasaí Rannán agus níos airde agus áirítear ann Comhaltaí Feidhmiúcháin an Choimisiúin arna nochtadh ar leithligh i Nóta 9 mar a fhorordaítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016. Sa mhéid arna nochtadh i gCuntais Bhliantúla 2016, eisiadh Comhaltaí Feidhmiúcháin an Choimisiúin. Cé is moite de na cinn sin a nochtar sa nóta seo, ní bhfuair Príomhphearsanra Bainistíochta aon sochair bhreise.
21. Ar shocair ghearrthéarmacha, áirítear Bunphá, Liúntais agus Íocaíochtaí le comhaltaí foirne i leith Ragoibre.

c) Mar gheall ar an tiomantas ama a bhíonn ag teastáil chun feidhmeanna an Choimisiúin a chomhlíonadh, tá ceannach amach ama i bhfeidhm chun fostóirí de chuid beirt chomhaltaí ar fostaithe lánaimseartha den earnáil phoiblí iad (2016: beirt chomhaltaí) a chúiteamh i leith costas arna dtabhú de thoradh a gcuid asláithreachta ar ghnó an Choimisiúin. Le linn 2017, tabhaíodh caiteachas €14,936 (2016: €14,936) i ndáil le Coláiste na Tríonóide agus caiteachas €19,396 (2016: 14,936) i ndáil le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh (ina n-áirítear caiteachais taistil €4,460 arna dtabhú in 2017).

d) Oibríonn an Banc scéim iasachta saoire don fhoireann go léir, ar scéim í atá formheasta ag na Coimisinéirí Ioncaim. Rinneadh airleacain arbh ionann san iomlán iad agus €42,575 (2016: €33,250) le Comhalta Feidhmiúcháin amháin den Choimisiún agus le naonúr Príomhphearsanra Bainistíochta (2016: Comhalta Feidhmiúcháin amháin den Choimisiún agus seachtar Príomhphearsanra Bainistíochta). Amhail ar an 31 Nollaig 2017, rinneadh na hairleacain go léir faoin scéim seo a aisíoc ina n-iomláine (2016: go léir aisíoctha).

Bhíodh morgáistí á dtairiscint ag an mBanc don fhoireann ar rátaí fabhracha úis go dtí an bhliain 2008. Amhail ar an 31 Nollaig 2017, bhí iarmhéid morgáiste €491 fós amuigh ag Príomhphearsa Bainistíochta amháin (2016: Príomhphearsa Bainistíochta amháin, €4,728), Rinneadh cánachas sochar comhchineáil ar an ráta fabhrach úis a fheidhmiú maidir leis an morgáiste seo i gcomhréir le nósanna imeachta arna bhformheas ag na Coimisinéirí Ioncaim.

(ii) Déantar an caiteachas ar Thaisteal a anailísiú mar a leanas

| **Taisteal (lena n-áirítear an Mionta)** | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| **Intíre** | | |
| An Coimisiún | 15 | 7 |
| An Fhoireann | 473 | 415 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| An Coimisiún | 121 | 120 |
| An Fhoireann | 2,175 | 2,253 |
| **IOMLÁN** | **2,784** | **2,795** |

(iii) Ar na Táillí Gairmiúla, áirítear táillí Iniúchóirí ab iníoctha le Mazars agus leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus arbh ionann iad agus -

| **Táillí Iniúchóireachta** | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| **Iniúchadh na gCuntas Indibhidiúil** | **279** | **276** |
| Mazars | 151 | 151 |
| Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste | 128 | 125 |
| **Seirbhísí Ráthaíochta Eile** | **57** | **57** |
| Mazars | 57 | 57 |
| **Seirbhísí Neamhiniúchóireachta Eiles** | **231** | **19** |
| Mazars | 231 | - |
| Grant Thornton | - | 19 |
| **IOMLÁN** | **567** | **352** |

Ar na Táillí Gairmiúla i Nóta 9, áirítear costais chomhairleachta arbh ionann san iomlan iad agus €12.0 milliún (2016: €7.8 milliún). Ina theannta sin, déantar €0.2 million 2016: €0.9 milliún) a fhritháireamh i gcoinne an bhrabúis ar dhiúscairt MGT a áirítear i nGlanioncam Eile (Nóta 8). Áirítear iarmhéid €2.4 milliún (2016: €5.1 milliún) i MGT agus Sócmhainní Doláimhsithe (Nóta 22)

| **Sainchomhairleoireacht** | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Feabhsú Gnó | 1,106 | 1,487 |
| Airgeadas | 4,787 | 2,765 |
| TF | 4,982 | 3,028 |
| Comhairle Dlí | 1,643 | 1,063 |
| Eile | 695 | 468 |
| Pinsin & AD | 223 | 1,428 |
| Áitribh | 1,165 | 3,558 |
| **COSTAIS IOMLÁNA SAINCHOMHAIRLEOIREACHTA** | **14,601** | **13,797** |
| Costais Chaipitlithe Sainchomhairleoireachta | 2,404 | 5,092 |
| Costais Sainchomhairleoireachta muirearaithe ar Ioncam & Caiteachas/Brabús ar Dhiúscairt & agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe* | 12,197 | 8,705 |
| **IOMLÁN** | **14,601** | **13,797** |

* Déantar na costais sainchomhairleoireachta go léir a bhaineann le diúscairt Maoine, Gléasra & Trealaimh a fhritháireamh in aghaidh an bhrabúis ar dhiúscairt an áitribh ar Shráid an Dáma

Ar na Táillí Gairmiúla, áirítear costais dhlíthiúla i ndáil le himeachtaí dlí arbh ionann san iomlán iad agus €5.3 milliún (2016: €5.3 milliún).

| **Táillí Dlí** | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Táillí Dlí - Imeachtaí Dlí | 5,150 | 5,318 |
| Idir-réiteach, Idighabháil & Eadránú | 114 | - |
| Socraíochtaí | - | - |
| **IOMLÁN** | **5,264** | **5,318** |

Ar na himeachtaí dlí sin a luaitear thuas, áirítear na costais dhlíthiúla go léir arna dtabhú i ndáil le himeachtaí dlí arna dtionscnamh ag an mBanc nó i gcoinne an Bhainc. An costas sin thuas i ndáil le himeachtaí dlí, baineann sé le 10 gcás dlí ar leith (2016: 21). Íocadh amach €113,868 i leith socraíocht costas i ndáil le hidirghabháil amháin 2017 (2016: Nialas), as ar bhain €66,205 le costais dhlíthiúla an Bhainc, agus bhain an t-iarmhéid le socraíocht chostais dhlíthiúla an tríú páirtí. D'íoc cuideachta árachais an Bhainc costais dhlíthúla bhreise agus socraíochtaí breise ina n-iomláine i ndáil le cás amháin in 2017 (2016: Nialas).

(iv) In Earcaíocht & Costais Foirne Eile thuas, áirítear Caiteachas Fáilteachais €0.2 milliún don bhliain 2017, arna anailísiú mar a leanas-

| **Caiteachas Fáilteachais** | 2017<br>€000 |
|---|---|
| Fáilteachas foirne | 185 |
| Fáilteachas cliant | - |
| **IOMLÁN** | **185** |

Déantar an caiteachas fáilteachais arna nochtadh thuas a aicmiú i gcomhréir leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* (2016). Ní bhíonn an Banc ag gabháil d'Fháilteachas Cliant. Ní áirítear sna méideanna thuas caiteachas ar shólaistí/fháilteachas a bhaineann le hoibríochtaí gnó amháil óstáil comhdhálacha, imeachtaí agus cruinnithe.

Tar éis an *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* (2016) a ghlacadh, tá an caiteachas fáilteachais anailísithe againn mar atá leagtha amach thuas don bhliain 2017. Ar a shon sin, níl sonraí sách mionsonraithe céanna ar fáil don bhliain 2016 agus dá bhrí sin ní féidir figiúirí comhréireacha a sholáthar.

(v) Áirítear in Ilghnéitheach, caiteachais an Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais €0.1 milliún (2016: €0.1 milliún) a íocann an Banc i gcomhréir le forálacha alt 57AX(4) d'*Acht an Bhainc Cheannais 1942*, mar atá arna leasú.

(vi) Baineann Caiteachais Amhábhar um Tháirgeadh Airgeadra le táirgeadh Nótaí Bainc €4.4 milliún (2016: €4.2 milliún) agus Monaí €0.3 milliún (2016: €3.2 milliún). Tá an laghdú ar chostais bonn inchurtha don laghdú ar líon na dtáirgí bonn comórtha a eisíodh in 2017 agus toisc gur bhain cion mór den chaiteachas in 2016 le ceannach óir agus airgid do na táirgí boinn do chomóradh céad bliain Éirí Amach 1916 agus Fhorógra na Poblachta.

## NÓTA 10: Ioncam barrachais is iníoctha leis an Státchiste

Tá barrachas ioncaim €2,101.3 milliún iníoctha leis an Státchiste i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2017 (2016: €1,836.2 milliún) (Nóta 1(o), Nóta 31(i)). Tá an méid comhlán iníoctha leis an Státchiste toisc go bhfuil an Banc díolmhaithe ó Cháin Chorparáideach agus ó Cháin Ghnóchan Caipitiúil faoi alt 6J d'*Acht an Bhainc Cheannais 1942* (arna leasú).

## NÓTA 11: Ór agus Infhaighteachtaí Óir

| | 2017 €000 | 2017 Unsaí Fíneáilte Óir | 2016 €000 | 2016 Unsaí Fíneáilte Óir |
|---|---|---|---|---|
| Ór agus Infhaighteachtaí Óir | 209,381 | 193,535 | 212,471 | 193,499 |
| **IOMLÁN** | **209,381** | **193,535** | **212,471** | **193,499** |

Cuimsíonn ór agus infhaighteachtaí óir, stoic bonn arna gcoinneáil sa Bhanc, maille le barraí óir arna gcoinneáil i mBanc Shasana. Tá an laghdú ar an iarmhéid ag deireadh 2017 inchurtha, don chuid is mó, don athrú ar mhargadhluach shealúchais óir ó dheireadh na bliana 2016 go dtí deireadh na bliana 2017 (Nóta 1 j(iv), Nóta 34).

## NÓTA 12: Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí lasmuigh den Limistéar euro

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Infhaighteachtaí ón CAI (i) | 1,733,791 | 1,858,393 |
| Iarmhéideanna le Bainc agus Infheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha eile a bheidh dlite | 1,733,743 | 1,332,968 |
| **IOMLÁN** | **3,467,534** | **3,191,361** |

### (i) Infhaighteachtaí ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI)

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Cuóta | 4,096,765 | 4,451,425 |
| Lúide Sealbháin CAI arna gcothabháil ag an mBanc | (3,138,678) | (3,423,158) |
| (a) Suíomh Cúlchiste sa CAI | 958,087 | 1,028,267 |
| (b) Sealúchais CST | 775,704 | 830,126 |
| **IOMLÁN** | **1,733,791** | **1,858,393** |

*(a) Suíomh Cúlchiste sa CAI:*

Léiríonn an tsócmhainn seo an difríocht idir Cuóta na hÉireann sa Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) agus sealúchais euro an CAI arna gcothabháil ag an mBanc. Is ionann Cuóta na hÉireann agus a suibscríbhinn ballraíochta. An 15 Nollaig 2010, chuir Bord Gobharnóirí an CAI pacáiste d'athchóirithe cuimsitheacha i gcrích maidir le cuótaí agus rialachas an Chiste. An 26 Eanáir 2016, comhlíonadh na coinníollacha maidir le cur chun feidhme na méaduithe comhaontaithe ar chuótaí[22]. Ag an tús, b'ionann sealúchais euro an CAI arna gcoinneáil leis an mBanc agus 75 faoin gcéad den Chuóta, ach tá athrú tagtha orthu ó am go ham de thoradh treoracha a fuarthas ón CAI maidir lena iasachtaí le Ballstáit. Is ionann an sealúchas reatha céatadánach agus 77 faoin gcéad (2016:. 77 faoin gcéad).

*(b) Sealúchais Ceart Speisialta Tarraingthe (CST):*

Is cúlsócmhainn idirnáisiúnta í CST arna cruthú ag an CAI agus arna leithdháileadh ar bhallstáit sna 1970idí/80idí d'fhonn leachtacht idirnáisiúnta a mhéadú. Sainítear CST i dtéarmaí ciseáin d'airgeadraí. Socraítear a luach mar shuim ualaithe rátaí malairte na gcúig airgeadra (Dollar Mheiriceá, Steirling, Yen na Seapáine, Renminbi na Síne agus an Euro) (Nóta 28).

22. Mar thoradh air sin, méadóidh cuóta CAI na hÉireann faoi CST 2,192.3 milliún ó CST 1,257.6 milliún go dtí CST 3,449.9 milliún an 19 Feabhra 2016.

### (ii) Iarmhéideanna le Bainc agus Infheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha eile a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Infheistíochtaí Urrúis – MÓM (a) | 1,138,833 | 955,415 |
| Iarmhéideanna le Bainc | 594,910 | 377,553 |
| **IOMLÁN** | **1,733,743** | **1,332,968** |

*(a) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eisitheoirí lasmuigh den limistéar euro (Nóta 1 (j)).*

Léiríonn an méadú seo i gcomparáid le 2016 tosú na hinfheistíochta in urrúis dhollar Mheiriceá mar chuid de phunanna airgeadra eachtraigh an Bhainc le linn 2017.

Áirítear urrúis FixBis[23] dhollar Mheiriceá de €141.5 milliún. D'uireasa margadh gníomhach le haghaidh urrúis FixBis dhollar Mheiriceá, baineann an Banc úsáid as praghsanna arna gcur ar fáil ag an mBanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (BIS) chun na hurrúis sin a luacháil. Aicmítear iad seo mar urrúis Leibhéal 2 (Nóta 1(j)(v)).

| **Próifíl Aibíochta** | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| 0 - 3 mhí | 1,234,026 | 808,072 |
| 3 mhí - 1 bliain | 499,717 | 524,896 |
| **IOMLÁN** | **1,733,743** | **1,332,968** |

23. Is ionann Infheistíochtaí Ráta Shocraithe (FixBis) agus ionstraimí intrádála a bhfuil tréimhsí aibíochta idir 1 seachtain agus 1 bhliain acu.

## NÓTA 13: Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí sa Limistéar euro

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Infheistíochtaí Slándála - MÓM (i) | 5,030 | - |
| Iarmhéideanna le Bainc (ii) | 1 | - |
| **IOMLÁN** | **5,031** | **-** |

| **Próifíl Aibíochta** | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| 0 - 3 mhí | 5,031 | - |
| **IOMLÁN** | **5,031** | **-** |

(i) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eisitheoirí de chuid an limistéir euro in airgeadra eachtrach (Nóta 1 (j)).

Tagann siad seo chun cinn toisc gur cuireadh tús le hinfheistíocht in urrúis dhollar Mheiriceá mar chuid de phunanna airgeadra eachtraigh an Bhainc le linn 2017.

## NÓTA 14: Éilimh in euro ar neamhchónaitheoirí sa limistéar euro

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (i) | 2,490,419 | - |
| Infheistíochtaí Slándála (CGA) - (ii) | 1,325,919 | 1,197,079 |
| Infheistíochtaí Slándála (MÓM) - (ii) | 601,013 | 726,927 |
| Iarmhéideanna le Bainc | 86,076 | 729,301 |
| **IOMLÁN** | **4,503,427** | **2,653,307** |

| **Próifíl Aibíochta** | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---:|---:|
| 0 - 3 mhí | 2,677,733 | 5,052 |
| 3 mhí - 1 bliain | 310,450 | 1,064,631 |
| 1 - 5 bliain | 958,078 | 1,121,719 |
| 5 - 10 bliain | 557,166 | 461,905 |
| **IOMLÁN** | **4,503,427** | **2,653,307** |

(i) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc úsáid as idirbhearta athcheannaigh droim ar ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Seasann an tsócmhainn don chomaoin arna híoc i leith urrús arna gceannach faoi chomhaontuithe chun iad a athdhíol ar dháta sonraithe amach anseo, lena n-áirítear ús fabhraithe. Aithnítear é mar shócmhainn, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc ó tharla go bhfuil oibleagáid ar an díoltóir an chomaoin a thabhairt ar ais móide ús nuair a bhíonn na sócmhainní á n-athcheannach. Déantar an difríocht idir na praghsanna ceannaigh agus athdhíola a thaifeadadh sa ghlanioncam úis agus tabhaítear í thar shaolré an chomhaontaithe ag baint úsáid as an nglanráta úis.

(ii) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eisitheoirí lasmuigh den limistéar euro (Nóta 1 (j)).

## NÓTA 15: Iasachtaí le hInstitiúidí Creidmheasa sa Limistéar Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha mar atá | | |
| OASFanna | 7,478,000 | 6,268,000 |
| OAFanna | - | 1,150,000 |
| **IOMLÁN** | **7,478,000** | **7,418,000** |

| **Próifíl Aibíochta OASFanna agus OAFanna** | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| 0 - 3 mhí | - | 1,150,000 |
| 3 mhí - 1 bliain | 75,000 | - |
| 1 - 5 bliain | 7,403,000 | 6,268,000 |
| **IOMLÁN** | **7,478,000** | **7,418,000** |

Tá na hiarmhéideanna sin déanta suas d'airleacain chuig institiúidí creidmheasa agus léiríonn siad rannpháirtíocht an Bhainc in oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais. Tá na hairleacain go léir urraithe go hiomlán le comhthaobhacht arna formheas ag an Eurochóras[24]. Amhail ar an 31 Nollaig 2017, b'ionann na hairleacain iomlána a bhain le beartas airgeadaíochta an Eurochórais agus €764.3 billiún (2016: €595.9 billiún), agus bhí €7.5 billiún den mhéid sin ar seilbh ag an mBanc (2016: €7.4 billiún). De réir Airteagal 32.4 de Reacht CEBC, ba cheart go ndéanfaí aon chaillteanais ó iasachtú le hinstitiúidí creidmheasa sa limistéar euro a roinnt go hiomlán idir BCNanna an Eurochórais, i gcomhréir leis na scaireanna scála caipitil a bheadh i réim san Eurochóras. I gcás comhthaobhacht sonrach a bhféadfaidh BCNanna a ghlacadh, dá rogha féin, tá comhroinnt riosca eisiata ag Comhairle Rialaithe BCE (Nóta 37).

Leis na hOibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAFanna), féachtar le hathmhaoiniú breise fadtéarmach a sholáthar do chontrapháirithe. In 2017, seoladh oibríochtaí a raibh tréimhsí aibíochta idir 3 mhí agus 48 mí acu agus seoladh iad le cionroinnt iomlán de mhéid iomlán na tairisceana. Cé go ndearna an Banc OAFanna 3 mhí a sheoladh go rialta, ina raibh an ráta úis ab infheidhme comhionann le meánráta PA thar an tréimhse ábhartha ar bhonn míosúil le linn na bliana, ní raibh aon iarmhéid gan íoc orthu sin amhail ar an 31 Nollaig 2017.

An 5 Meitheamh 2014, chinn Comhairle Rialaithe an BCE go seolfaí sraith Oibríochtaí Athmhaoinithe Spriocdhírithe Fadtéarmacha (OASFanna) lena bhféachfaí le hiasachtú banc chuig earnáil phríobháideach neamhairgeadais an limistéir euro a fheabhsú, lena n-eisiatar iasachtaí chuig teaghlaigh chun tithe a cheannach thar thréimhse dhá bhliain. Tá an ráta úis ar na OASFanna socraithe thar shaolré gach oibríochta mar ráta POA an Eurochórais a bheidh i bhfeidhm tráth a nglactha, móide raon difríochta socraithe.

24. http://www.ecb.europa.eu/mopo/assets/html/index.en.html

De bhreis air sin, thug an Chomhairle Rialaithe sraith nua oibríochtaí OASF II isteach i mí an Mhárta 2016. Tá tréimhse aibíochta ceithre bliana ag na hoibríochtaí sin, agus féadfar iad a aisíoc tar éis dhá bhliain. Bíonn an ráta úis is infheidhme d'oibríochtaí OASF II ag brath ar thagarmharc iasachta aonair na gcontrapháirtithe faoi seach idir dáta na cionroinnte agus mí Eanáir 2018. Déanfar an ráta iarbhír a shocrú le linn 2018 agus beidh sé idir ráta POA agus ráta na saoráide taiscí tráth na cionroinnte. Baineadh úsáid as ráta na saoráide raiscí chun ús OASF II a ríomh don bhliain 2017, d'uireasa an ráta iarbhír, ó tharla go meastar gur cur chuige stuama é seo (Nóta 3(i)).

## NÓTA 16: Éilimh eile in euro ar Institiúidí Creidmheasa sa Limistéar euro

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| **Aibíochtaí níos lú ná aon bhliain amháin:** | | |
| Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (i) | 360,000 | - |
| Iarmhéideanna le Bainc | 175,111 | 160,432 |
| **IOMLÁN** | **535,111** | **160,432** |

(i) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc úsáid as idirbhearta athcheannaigh droim ar ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Seasann an tsócmhainn don chomaoin arna híoc i leith urrús arna gceannach faoi chomhaontuithe chun iad a athdhíol ar dháta sonraithe amach anseo, lena n-áirítear ús fabhraithe. Aithnítear é mar shócmhainn, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc ó tharla go bhfuil oibleagáid ar an díoltóir an chomaoin a thabhair ar ais móide ús nuair a bhíonn na sócmhainní á n-athcheannach. Déantar an difríocht idir na praghsanna ceannaigh agus athdhíola a thaifeadadh faoi ghlanioncam úis agus tabhaítear í thar shaolré an chomhaontaithe ag baint úsáid as an nglanráta úis.

## NÓTA 17: Urrúis in euro de chuid Cónaitheoirí sa Limistéar Euro

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Urrúis Eile (i) | 38,117,060 | 44,820,787 |
| Urrúis arna Sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (ii) | 32,102,027 | 22,434,179 |
| **IOMLÁN** | **70,219,087** | **67,254,966** |

Cuimsíonn an mhír seo dhá phunann:

(i) Urrúis Eile, lena n-áirítear urrúis inmhargaidh nach mbaineann le hoibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais; agus

(ii) (ii) Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta, a tugadh isteach chun punanna bannaí faoi chumhdach arna n-ainmniú in euro a chur in iúl (cuireadh tús le BCPP1 i mí Iúil 2009, le CBPP2 i mí na Samhna 2011 agus le CBPP3 i mí Dheireadh Fomhair 2014), mar aon le Clár na Margaí Urrús ar cuireadh tús leis i mí Bealtaine 2010, agus clár ceannaigh na hearnála poiblí ar cuireadh tús leis i mí an Mhárta 2015.

### (i) Urrúis Eile

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Infheistíochtaí Urrúis – MÓM (a) | 27,603,653 | 34,500,568 |
| Infheistíochtaí Slándála – CGA (b) | 10,513,407 | 10,320,219 |
| **IOMLÁN** | **38,117,060** | **44,820,787** |

| **Próifíl Aibíochta** | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| 0 - 3 mhí | 595,823 | 1,109,689 |
| 3 mhí - 1 bliain | 2,008,489 | 2,460,136 |
| 1 - 5 bliain | 8,170,196 | 6,480,428 |
| 5 - 10 bliain | 2,960,326 | 4,542,424 |
| 10 - 15 bliain | - | - |
| >15 bliain | 24,382,226 | 30,228,110 |
| **IOMLÁN** | **38,117,060** | **44,820,787** |

### *(a) Infheistíochtaí Urrúis – MÓM*

| | Margadhluach Deiridh 2017 €000 | Margadhluach Deiridh 2016 €000 |
|---|---|---|
| Punann Speisialta (i) | 24,382,226 | 30,311,163 |
| Bannaí Eisiúna Rialtais | 1,587,421 | 1,631,260 |
| Billí Státchiste | 1,120,505 | 1,849,346 |
| Bannaí Eisiúna Airgeadais | 513,501 | 708,799 |
| **IOMLÁN** | **27,603,653** | **34,500,568** |

Tá punann na n-urrús a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC mar chuid den aicme seo mar a leagtar amach sa tábla thíos:

*(i) Punann Speisialta - Sócmhainní a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC*

| | LUACHANNA LEABHAR | | | | GLUAISEACHTAÍ ATHLUACHÁLA | | | | ACHOIMRE | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| €000 | Iarmhéid Deiridh 2016 | Athcheannacháin | Díolacháin/ Fuascailtí | Iarmhéid Deiridh 2017 | Iarmhéid Deiridh 2016 | Athluacháil Tosaigh ar Dhiúscairt | Gluaiseacht ar Phunann Choinnithe | Iarmhéid Deiridh 2017 | Iarmhéid Deiridh 2016 | Iarmhéid Deiridh 2017 |
| Nótaí Ráta Chomhlúthaigh | 19,534,000 | - | (4,000,000) | 15,534,000 | 10,694,110 | (1,957,245) | 111,361 | 8,848,226 | 30,228,110 | 24,382,226 |
| Bannaí GNBS | 83,000 | - | (83,000) | - | 53 | (53) | - | - | 83,053 | - |
| **IOMLÁN** | **19,617,000** | **-** | **(4,083,000)** | **15,534,000** | **10,694,163** | **(1,957,298)** | **111,361** | **8,848,226** | **30,311,163** | **24,382,226** |

Sa Tábla thuas, léirítear an ghluaiseacht ar luachanna leabhar agus ar luacháil urrús a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC le linn 2013. Tá sé ar intinn ag an mBanc punann NRCanna a dhíol a luaithe is féidir ar choinníoll gur féidir déanamh amhlaidh sna dálaí cobhsaíochta airgeadais. Tá sé curtha in iúl ag an mBanc freisin go ndíolfaidh sé íosmhéid de na hurrúis sin i gcomhréir leis an sceideal seo a leanas: 2018 (€0.5 billiún in aghaidh na bliana), 2019-2023 (€1 billiún in aghaidh na bliana), agus ó 2024 ar aghaidh (€2 billiún in aghaidh na bliana go dtí go mbeidh na bannaí go léir díolta).

*Nótaí Ráta Chomhlúthaigh (NRCanna)*

In 2013, fuair an Banc ocht NRC arbh ionann iad agus €25.0 billiún mar chuid de mhalartú sócmhainní i ndiaidh leachtú IBRC. Tá raon aibíochta ó 2038 go dtí 2053 ag na hocht NRC. Aicmítear iad seo mar urrúis Leibhéal 3 (Nóta 1(j)(v)). Le linn 2017, dhíol an Banc NRCanna arbh ionann a luach ainmniúil agus €4.0 billiún (NRC 2043 €0.5 billiún, NRC 2045 €3.0 billiún agus NRC 2047 €0.5 billiún) sa chaoi gur réadaíodh gnóthachain €2.0 billiún (Nóta 4). Ar bhonn carnach, tá NRCanna arbh ionann a luach ainmniúil agus €9.5 billiún diúscartha ag an mBanc; tá sealúchais uile NRCanna 2038, 2043 agus 2045 diúscartha anois. Amhail ar an 31 Nollaig 2017, rinneadh na NRCanna a bhí fágtha a luacháil ar €24.4 billiún (2016: €30.2 billiún), rud ba chionsiocair le gnóthachan neamhréadaithe €8.8 billiún (2016: €10.7 billiún) (Nóta 34(i)).

Ó tharla nach bhfuil margadh gníomhach i NRCanna ann, déanann an Banc luacháil ar NRCanna trí shamhail inmheánach a úsáid lena bhfeidhmítear modhanna agus teicnící luachála arna sainaithint mar chinn atá caighdeánach sa tionscal. Rinneadh luach cóir na n-urrús sin a mheas trí úsáid a bhaint as teicníc luachála sreafa airgid lascainithe lena n-ionchorpraítear:

a) cuar Euribor measta "6 mhí ar aghaidh" a athraíonn le himeacht ama mar fhreagairt ar thosca éagsúla, lena n-áirítear soláthar agus éileamh i ndáil le leachtacht sna bainc mar aon le fás eacnamaíoch agus ionchais maidir le boilsciú, agus

b) cuar toraidh gan chúpón arna thiomsú ón gcuar toraidh Éireannach gan chúpón don tréimhse ar ina leith atá praghsanna margaidh inbhraite ar fáil, agus ina dhiaidh sin, trí úsáid a bhaint as torthaí inbhraite ar chuair toraidh Eorpacha ábhartha a bhíonn á dtrádáil ar mhargaí gníomhacha.

Is gá breithiúnas a fheidhmiú i leith tosca samhla chun a áirithiú go ndéantar iad a mheas mar is iomchuí le himeacht aimsire. Déanann an Banc measúnú go tráthrialta ar an tsamhail chun a áirithiú go bhfuil sí i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr. Chun críocha léiriúcháin, bheadh iarmhairt €1.2 billiún nó mar sin ar an luacháil dá mbeadh méadú 25 bonnphointe ar an gcuar lascaine Éireannach arna úsáid sa tsamhail praghsála (2016: €1.6 billiún). Bheadh iarmhairt €1.3 billiún nó mar sin ar an luacháil dá mbeadh laghdú 25 bonnphointe ar an gcuar lascaine Éireannach arna úsáid sa tsamhail praghsála (2016: €1.7 billiún).

*Bannaí GNBS*

In 2013, fuair an Banc Bannaí GNBS arbh ionann a luach ainmniúil agus €13.7 billiún i ndiaidh leachtú IBRC. Rinne GNBS méid €0.08 milliún a bhí fágtha (2016: €0.4 billiún) a fhuascailt nó a dhíol ar par in 2017, gan aon ghnóthachan nó aon chaillteanas a réadú.

D'uireasa margadh gníomhach, rinne an Banc luacháil ar na Bannaí seo in 2016 ag baint úsáid as praghsanna arna ndíorthú ó Mhol Comhphraghsála an Eurochórais. Baineadh úsáid as Mol Comhphraghsála an Eurochórais chun comhthaobhacht a phraghsáil i gcomhthéacs oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais. Aicmíodh iad mar urrúis Leibhéal 2 (Nóta 1(j)(v)).

*(b) Infheistíocht Urrúis – CGA*

Is ionann urrúis coinnithe go dtí aibíocht agus urrúis lena ngabhann íocaíochtaí socraithe nó inchinntithe agus tréimhse shocraithe aibíochta agus a bhfuil sé ar intinn ag an mBanc iad a choinneáil go dtí aibíocht (Nóta 1(j)(iii)).

### (ii) Urrúis arna sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

Amhail ar an 31 Nollaig 2017, baineann na haicmí urrús seo le héadálacha ag an mBanc laistigh de raon feidhme na gclár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach[25] (CBPP1, CBPP2, agus CBPP3), agus le hurrúis fiachais phoiblí arna bhfáil laistigh de raon feidhme CMU[26] agus le hurrúis fiachais arna bhfáil laistigh de raon feidhme PSPP[27]. Tháinig sealúchais uile an Bhainc faoi chláir CBPP1 agus CBPP2 in aibíocht le linn 2017.

Déantar urrúis arna gceannach faoi na cláir sin go léir a thomhas ar bhonn costais amúchta faoi réir lagaithe (Nóta 1(c)(ix)).

25. Cinneadh ón BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an Chláir Cheannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009, lch. 18, Cinneadh ón BCE an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011, lch. 70 agus Cinneadh ón BCE an 15 Deireadh Fómhair 2014 maidir le cur chun feidhme an tríú clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2014/40), IO L335 20.10.2014, lch. 22
26. Cinneadh ón BCE an 14 Bealtaine 2010 lena mbunaítear clár na margaí urrús (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, lch. 8.
27. Cinneadh ón BCE an 4 Márta 2015 lena mbunaítear clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, lch. 20.

Is iad seo a leanas costas amúchta na n-urrús arna sealbhú ag an mBanc, mar aon lena margadhluachanna[28] (nach dtaifeadtar ar an gClár Comhardaithe nó sa chuntas brabúis agus caillteanais ach a chuirtear in iúl chun críocha comparáideacha amháin):

| | 2017 €000 | 2017 €000 | 2016 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | Costas Amúchta | Margadhluach | Costas Amúchta | Margadhluach |
| Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach 1 (CCBC1) | - | - | 61,637 | 63,204 |
| Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach 2 (CCBC2) | - | - | 45,463 | 45,897 |
| Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach 3 (CCBC3) | 3,554,257 | 3,596,022 | 3,174,440 | 3,209,788 |
| Clár na Margaí Urrús (CMU) | 1,660,572 | 1,870,891 | 1,712,483 | 2,000,627 |
| Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (PSPP) *mar atá* | 26,887,198 | 27,232,524 | 17,440,156 | 17,713,039 |
| *Earnáil Rialtais (Riosca Dílse)* | *21,456,727* | *21,813,437* | *16,275,110* | *16,561,870* |
| *Fornáisiúnta (Riosca Dílse)* | *5,430,471* | *5,419,087* | *1,165,046* | *1,151,169* |
| **IOMLÁN** | **32,102,027** | **32,699,437** | **22,434,179** | **23,032,555** |

| **Próifíl Aibíochta** | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| | Costas Amúchta | Margadh-luach |
| 0 - 3 mhí | 160,646 | 42,498 |
| 3 mhí - 1 bliain | 221,503 | 2,199,074 |
| 1 - 5 bliain | 12,055,367 | 5,654,592 |
| 5 - 10 bliain | 12,377,084 | 10,177,865 |
| 10 - 15 bliain | 3,591,329 | 2,104,591 |
| >15 bliain | 3,696,098 | 2,255,559 |
| **IOMLÁN** | **32,102,027** | **22,434,179** |

Tugadh ceannacháin faoi CBPP1 chun críche an 30 Meitheamh 2010, fad a tháinig deireadh le CBPP2 an 31 Deireadh Fómhair 2012. Cuireadh deireadh le ceannacháin faoi CMU an 6 Meán Fómhair 2012.

In 2017, lean an tEurochóras dá cheannacháin urrús faoin gClár Ceannaigh Leathnaithe do Shócmhainní (EAPP)[29], arb é atá ann CBPP3, an Clár Ceannaigh d'Urrúis Sócmhainn-Bhunaithe (ABSPP)[30], Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (PSPP)[31], agus Clár Ceannaigh na hEarnála Corparáidí (CSPP)[32].

28. Níl sna margadhluachanna ach luachanna táscacha agus díorthaítear iad ar bhonn cuótaí margaidh. Nuair nach raibh cuótaí margaidh ar fáil, rinneadh praghsanna margaidh a mheas trí úsáid a bhaint as samhlacha inmheánacha an Eurochórais.
29. Féadfar tuilleadh sonraí a fháil maidir le EAPP ar shuíomh gréasáin BCE https://www.ecb.europa.eu/mopo/implement/omt/html/index.en.html
30. Cinneadh 2014/45 ón BCE an 19 Samhain 2014 maidir le cur chun feidhme an chlár ceannaigh d'urrúis sócmhainn-bhunaithe
31. Faoin gclár seo, féadfaidh an BCE agus na BCNanna urrúis arna n-ainmniú in euro agus arna n-eisiúint ag rialtais réigiúnacha agus áitiúla de chuid an limistéir euro, ag gníomhaireachtaí aitheanta atá lonnaithe sa limistéar euro agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus bainc forbartha iltaobhacha atá lonnaithe sa limistéar euro, a cheannach.
32. Faoin gclár seo, féadfaidh BCNanna bannaí de ghrád infheistíochta, arna n-ainmniú in euro agus arna n-eisiúint ag corparáidí neamhbhainc, a cheannach.

Ó mhí an Mhárta 2015 go dtí mí an Mhárta 2016, b'ionann agus €60.0 billiún, ar an meán, comhcheannacháin mhíosúla EAPP ag na BCNanna agus ag an BCE. Ó mhí Aibreáin 2016 go dtí mí an Mhárta 2017, mhéadaigh sé seo go dtí €80.0 billiún ar an meán. I mí na Nollag 2016, chinn an Chomhairle Rialaithe go leanfaí le glancheannacháin EAPP de €60.0 billiún in aghaidh na míosa i ndiaidh mhí an Mhárta 2017. I mí Dheireadh Fómhair 2017, chinn an Chomhairle Rialaithe go leanfaí leis na ceannacháin de réir luas míosúil nua €30.0 billiún ó mhí Eanáir 2018 go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair nó níos faide dá mba ghá agus, in aon chás, go dtí go bhfeicfeadh an Chomhairle Rialaithe coigeartú marthanach ar threo an bhoilscithe a bheadh i gcomhréir lena haidhm maidir le boilsciú. Idir an dá linn, má théann an t-ionchas in olcas, nó má thagann imthosca airgeadais chun bheith ar neamhréir le dul chun cinn breise i dtreo coigeartú marthanach ar chonair an bhoilscithe, tá sé ar intinn ag an gComhairle Rialaithe an clár a mhéadú i dtéarmaí a mhéide agus/nó a thréimhse. Déanfar na glancheannacháin i dteannta le hathinfheistíochtaí na bpríomhshuimeanna ó urrúis a thiocfaidh in aibíocht, ar urrúis iad a ceannaíodh faoin EAPP.

Déantar urrúis arna gceannach faoi na cláir sin go léir a thomhas ar bhonn costais amúchta faoi réir lagaithe. Déanann an Chomhairle Rialaithe measúnú ar bhonn rialta ar na rioscaí airgeadais a bhaineann leis na hurrúis arna sealbhú faoi na cláir sin. Déantar tástálacha lagaithe bliantúla ar bhonn na méideanna inghnóthaithe measta amhail ag deireadh na bliana agus formheasann an Chomhairle Rialaithe iad. Ní raibh aon lagú ar urrúis arna sealbhú faoi chláir CMU, ABSPP, CBPP3 agus PSPP amhail ar an 31 Nollaig 2017 (2016: Nialas).

I gcomhtéacs na tástála lagaithe arna déanamh ag deireadh 2017 ar urrúis arna gceannach ar fud an Eurochórais faoi chlár CSPP, d'aithin an Chomhairle Rialaithe táscaire lagaithe amháin a bhain le sealúchais urrúis, agus a tháinig chun cinn le linn 2017.

De réir Airteagal 32.4 den Reacht, ba cheart go ndéanfaí aon chaillteanais ó shealúchais urrús arna gceannach faoi chlár CSPP, dá dtiocfaidís chun cinn, a roinnt go hiomlán idir BCNanna an Eurochórais, i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil sa BCE ag an am. Mar thoradh ar an tástáil lagaithe arna déanamh ar an urrús thuasluaite, mheas an Chomhairle Rialaithe go raibh sé cuí maolán a bhunú in aghaidh rioscaí creidmheasa in oibríochtaí beartais airgeadaíochta le linn 2017 (Nóta 33 (iv)).

B'ionann sealúchais chomhiomlána an Eurochórais d'urrúis beartais airgeadaíochta ag deireadh mhí na Nollag 2017 agus €2,386.0 billiún, mar a bhí €32.1 billiún ar seilbh ag an mBanc (2016: €1,654.0 billiún mar a bhí €22.4 billiún ar seilbh ag an mBanc) (féach an tábla thíos) (Nóta 1(c)(ix)):

| Costas Amúchta €m | Bliain | CMU | CBPP1 | CBPP2 | CBPP3 | PSPP | ABSPP | CSPP | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An tEurochóras | 2017 | 89,134 | 6,065 | 4,754 | 240,687 | 1,888,764 | 25,015 | 131,593 | 2,386,012 |
| | 2016 | 102,274 | 12,789 | 6,913 | 203,516 | 1,254,635 | 22,830 | 51,069 | 1,654,026 |
| Banc | 2017 | 1,661 | - | - | 3,554 | 26,887 | - | - | 32,102 |
| | 2016 | 1,713 | 62 | 45 | 3,174 | 17,440 | - | - | 22,434 |

## NÓTA 18: Leas rannpháirteachais sa BCE

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Leas rannpháirteachais sa BCE | 199,021 | 199,021 |
| **IOMLÁN** | **199,021** | **199,021** |

Is ionann é seo agus ranníocaíocht an Bhainc le caipiteal BCE. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad na BCNanna amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann leibhéal na suibscríbhinní ar scaireanna a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus a choigeartaítear gach cúig bliana.

In 2017, d'fhan scair an Bhainc i scála caipitil an Eurochórais ag 1.1607 faoin gcéad do 2015 (2016: 1.1607) (Nóta 1(c)(ii), Nóta 1(c)(iii)).

## NÓTA 19: Éilimh atá Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha | 672,638 | 672,638 |
| **IOMLÁN** | **672,638** | **672,638** |

Léiríonn siad seo éilimh an Bhainc arna n-eascairt as sócmhainní cúlchistí eachtracha a aistriú chuig an BCE nuair a chuaigh an Banc isteach san Eurochóras. Is ionann éilimh an Bhainc i leith na sócmhainní sin agus €672.6 milliún (2016: €672.6 milliún), atá socraithe i gcoibhneas lena scair scála caipitil san Eurochóras (Nóta 1(c)(ii), Nóta 1(c)(iii), Nóta 1(c)(vii)).

B'ionann scála caipitil an Bhainc san Eurochóras amhail ar an 31 Nollaig 2017 agus 1.6489 faoin gcéad (2016: 1.6489 faoin gcéad).

Déantar na héilimh a ainmiú in euro de réir luacha arna shocrú tráth a n-aistrithe. Tabharfar luach saothair ina leith de réir an ráta úis is déanaí atá ar fáil do na príomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna choigeartú chun toradh nialasach ar an gcomhpháirt óir a léiriú.

## NÓTA 20: Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid (glan) TARGET2 (i) | 1,888,411 | - |
| Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta (ii) | 24,992 | 2,499 |
| Scair de bhrabús BCE (iii) | 16,287 | 15,932 |
| **IOMLÁN** | **1,929,690** | **18,431** |

(i) Léiríonn an mhír seo glansócmhainn an Bhainc don BCE mar thoradh ar íocaíochtaí trasteorann arna ndéanamh trí chóras TARGET2 ag na BCNanna go léir atá rannpháirteach sa CEBC arbh ionann iad agus €1,888.4 milliún ag deireadh 2017 (2016: Glandliteanas €951.7 milliún) (Nóta 1(c)(ii), Nóta 30). Ag deireadh 2017, bhí cúig thír neamh-rannpháirteacha (an Bhulgáir, an Chróit, an Danmhairg, an Pholainn agus an Rómáin) ina mbaill de TARGET2 agus, dá bhrí sin, áiríodh sa phróiseas iltaobhach glanluachála iad. Déantar an luach saothair i leith suíomhanna TARGET2, cé is moite d'iarmhéideanna arna eascairt as idirbhearta babhtála droim ar ais, a ríomh go laethúil de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe.

(ii) Léiríonn sé seo ioncam infhaighte airgeadaíochta an Bhainc (2016: €2.5 milliún) (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1(c)(vi)).

(iii) Léiríonn sé seo scair an Bhainc de dháileadh eatramhach brabúis an BCE don bhliain 2017 (Nóta 1(c)(v) agus Nóta 6 (i)).

## NÓTA 21: **Sócmhainní Eile**

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Ioncam Úis Fabhraithe (i) | 635,945 | 541,810 |
| Maoin, Gléasra, Trealamh & Sócmhainní Doláimhsithe (Nóta 22) | 220,434 | 237,293 |
| - *Inláimhsithe - Gléasra, Maoin, Trealamh (Nóta 22(i))* | *205,011* | *224,039* |
| - *Doláimhsithe - Bogearraí Ríomhaireachta (Nóta 22(ii))* | *15,423* | *13,254* |
| Eile (ii) | 158,695 | 143,535 |
| Réadmhaoin Infheistíochta (iii) | 55,170 | 55,000 |
| Scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (iv) | 19,953 | 21,604 |
| Stoic Ábhar le haghaidh Táirgeadh Nótaí Bainc | 4,580 | 3,301 |
| Airleacain | 4,215 | 2,815 |
| Costas In-aisghabhála an Phríomh-Chláir Creidmheasa (v) | 1 | 16 |
| **IOMLÁN** | **1,098,993** | **1,005,374** |

(i) Folaíonn an mhír seo an t-ioncam fabhraithe arna thuilleamh ar na hurrúis. Léiríonn an méadú ar ioncam fabhraithe sealúchais níos airde an Bhainc faoi chláir CBPP3 agus PSPP.

(ii) Áirítear sa mhír seo suim €45.3 milliún (2016: €67.8 milliún) a fhreagraíonn don ioncam úis a bhí dlite ar urrúis ar an dáta a cheannaigh an Banc an t-urrús sin.

Baineann €7.0 milliún eile (2016: €6.0 milliún) le heasnaimh a bhí dlite ó fho-aicmí áirithe de Mhaoiniú Tionscail ag deireadh 2017 (Nóta 41(i)).

Le linn 2017, fuair an Banc 3,325 scair (0.25 faoin gcéad de scairchaipiteal eisithe) in Europafi ar chostas €0.3 milliún. Is cuideachta táirgthe páipéir urrús é Europafi agus is fochuideachta de Banque de France é.

(iii) I mí na Samhna 2015, fuair an Banc Bloc R, Duga Spencer. Baineann an Banc úsáid pháirteach as an réadmhaoin seo, a bhfuil spás tráchtála agus miondíola inti, ina chuid oibríochtaí reatha. Tá an chuid eile di ar ligean nó ar fáil lena ligean ar an margadh oscailte agus, dá bhrí sin, aithnítear an chuid seo mar réadmhaoin chónaithe. I gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Bhainc, tugann an lucht bainistíochta faoi athbhreithniú bliantúil chun luach cóir réadmhaoin infheistíochta an Bhainc a chinneadh.

Le linn na bliana, rinneadh an réadmhaoin infheistíochta a ligean le tríú páirtithe éagsúla. An 21 Nollaig 2017, rinne ceann de na páirtithe sin a léas ar chuid den fhoirgneamh a thabhairt suas. Ina dhiaidh, chinn an Banc an chuid sin a choinneáil lena húsáid féin, agus i gcomhréir le FRS 102, aistríodh an tsócmhainn seo chuig Maoin, Gléasra agus Trealamh ar a luach tugtha anonn ar an dáta sin arbh ionann é agus €6.25 milliún. Aithníodh cúlchiste athluachála arbh ionann san iomlán é agus €0.25 milliún ag deireadh na bliana, rud a fhreagraíonn don difríocht idir an bunphraghas ceannaigh agus an luach tugtha anonn ar an aistriú (Nóta 34).

Déanfar an cúlchiste seo a dhíscríobh thar a mbeidh fágtha de shaol úsáideach na sócmhainne. Tá téarma 18 mbliana fágtha ar an léas ar an gcuid eile den fhoirgneamh atá ar ligean le tríú páirtí agus tá clásáil scoir 10 mbliana ann. Tá foráil d'athbhreithniú cíosa cúigbhliantúil sa léas seo i gcomhréir leis na dálaí margaidh a bheidh i réim.

Ba iad luachálaithe seachtracha, neamhspleácha réadmhaoine a raibh cáilíochtaí cuí, aitheanta, gairmiúla acu mar aon le taithí ar shuíomh agus aicme na réadmhaoine a bhí á luacháil, a chinn luach cóir na coda a bhí fágtha den réadmhaoin infheistíochta. De thoradh an tomhais cóirluacha a úsáideadh, rinneadh athluacháil aníos go dtí €6.2 milliún ar an réadmhaoin (2016: 3.5 milliún, réadmhaoin iomlán). I gcomhréir leis an Treoirlíne, rinneadh an gnóthachan neamhréadaithe i ndáil leis an athluacháil seo a bhreacadh sna cuntais athluachála (Nóta 1(p), Nóta2(vii), Nóta 34).

| **Íocaíochtaí Íosta Léasa amach anseo** | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Tráth nach déanaí ná aon bhliain | 1,583 | 1,882 |
| I ndiaidh aon bhliain amháin ach tráth nach déanaí ná cúig bliana | 6,332 | 7,528 |
| I ndiaidh cúig bliana | 19,564 | 24,699 |
| **IOMLÁN** | **27,479** | **34,109** |

(iv) (iv) Sealbhaíonn an Banc 8,564 scair (2016: 8,564 scair) sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, arb é €19.9 milliún a gcoibhéis euro (2016: €21.6 milliún) (Nóta 6(ii) agus 36(i)).

## NÓTA 22: Maoin, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe

*(i) Maoin, Gléasra agus Trealamh Inláimhsithe (MGT)*

| €000 | Áitribh | | Gléasra agus Innealra | | Trealamh Ríomhaireachta | | Trealamh Eile | | Troscán, Feistithe & Daingneáin | | Sócmhainní á dTógáil (c) | | Sócmhainní Dochta Iomlána | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 |
| Ar Costas-1 Eanáir | 125,952 | 125,969 | 49,368 | 49,241 | 3,620 | 1,147 | 13,327 | 13,174 | 10,599 | 10,609 | 119,658 | 33,102 | 322,524 | 233,242 |
| Aistriú (c) | 76,091 | - | 30,601 | - | 11,195 | - | - | - | 9,853 | - | (127,740) | - | - | - |
| Eadálacha (+) | 7,075 | 147 | 88 | 127 | 502 | 2,473 | 25 | 159 | - | (1) | 11,007 | 86,556 | 18,697 | 89,461 |
| Diúscairtí (a) | (45,410) | (164) | - | - | (928) | - | (5,246) | (6) | (4,831) | (9) | - | - | (56,415) | (179) |
| Ar Costas-31 Nollaig | 163,708 | 125,952 | 80,057 | 49,368 | 14,389 | 3,620 | 8,106 | 13,327 | 15,621 | 10,599 | 2,925 | 119,658 | 284,806 | 322,524 |
| Dímheas Carntha amhail ar an 1 Eanáir | 31,256 | 28,478 | 42,610 | 41,491 | 1,237 | 1,065 | 12,941 | 12,591 | 10,441 | 10,015 | - | - | 98,485 | 93,640 |
| Dímheas don Bhliain (b) | 3,296 | 2,834 | 2,740 | 1,119 | 2,194 | 172 | 207 | 355 | 1,511 | 436 | - | - | 9,948 | 4,916 |
| Diúscairtí | (17,741) | (56) | - | - | (928) | - | (5,246) | (5) | (4,723) | (10) | - | - | (28,638) | (71) |
| Dímheas Carntha amhail ar an 31 Nollaig | 16,811 | 31,256 | 45,350 | 42,610 | 2,503 | 1,237 | 7,902 | 12,941 | 7,229 | 10,441 | - | - | 79,795 | 98,485 |
| **Glanluach Leabhar amhail ar an 31 Nollaig** | **146,897** | **94,696** | **34,707** | **6,758** | **11,886** | **2,383** | **204** | **386** | **8,392** | **158** | **2,925** | **119,658** | **205,011** | **224,039** |

(a) Baineann diúscairtí go príomha le diúscairt áitribh an Bhainc ar Shráid an Dáma le linn na bliana. Áirítear brabús ar dhiúscairt na sócmhainní sin i nGlanioncam Eile (Nóta 8).

I ndiaidh athbhreithnithe ar Chlár na Sócmhainní Dochta le linn na bliana, díoscríobhadh MGT in 2017 a raibh costas stairiúil €0.9 milliún ag baint leo, arna dhímheas ina iomláine, agus níor eascair aon fháltais astu (2016: €0.1 milliún).

(b) (b) As an muirear iomlán dímheasa €9.9 milliún (2016: €4.9 milliún), rinneadh €0.1 milliún a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra i ndáil le hinnealra Mionta (2016: €0.2 milliún).

(c) Baineann Sócmhainní á dTógáil go príomha le caiteachas ar thionscadal Ché an Phoirt Thuaidh agus áirítear ann freisin caiteachais caipitil arna dtabhú ar shócmhainní nach raibh in úsáid fós faoi dheireadh na bliana. Le linn na bliana, tháinig €129.4 milliún de na sócmhainní sin chun bheith in úsáid (a bhain go príomha le ceanncheathrú nua an Bhainc ag Cé an Phoirt Thuaidh), agus dá réir sin, aistríodh é chuig an mírcheann dímheasa iomchuí don aicme sócmhainne. Aistríodh méid €1.7 milliún a bhí fágtha ó chuntas na Sócmhainní á dTógáil chuig an mírcheann dímheasa iomchuí faoi Shócmhainní Doláimhsithe.

(d) Tá Bailiúchán Ealaíne ar seilbh ag an mBanc, arna luacháil ar €2.0 milliún bunaithe ar luacháil 2016 (2016: €2.0 milliún), nach n-aithnítear i gcuntais bhliantúla an Bhainc ar bhonn ábharthachta sa bhliain reatha airgeadais nó sna blianta airgeadais roimhe seo (Nóta 1(e)).

*(ii) Bogearraí Ríomhaireachta Doláimhsithe*

| | Trealamh Ríomhaireachta | | Sócmhainní á dTógáil | | Sócmhainní Dochta Doláimhsithe Iomlána | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2017 €000 | 2016 €000 | 2017 €000 | 2016 €000 | 2017 €000 | 2016 €000 |
| Ar costas – 1 Eanáir | 39,447 | 36,278 | 255 | 27 | 39,702 | 36,305 |
| Transfer (c) | 1,705 | - | (1,705) | - | - | - |
| Éadálacha (+) | 581 | 3,169 | 6,776 | 228 | 7,357 | 3,397 |
| Diúscairtí (b) | (925) | - | - | - | (925) | - |
| Ar costas – 31 Nollaig | 40,808 | 39,447 | 5,326 | 255 | 46,134 | 39,702 |
| | | | | | | |
| Dímheas Carntha amhail ar an 1 Eanáir | 26,448 | 20,444 | - | - | 26,448 | 20,444 |
| Dímheas don Bhliain (a) | 5,143 | 6,004 | - | - | 5,143 | 6,004 |
| Disposals | (880) | - | - | - | (880) | - |
| Dímheas Carntha amhail ar an 31 Nollaig | 30,711 | 26,448 | - | - | 30,711 | 26,448 |
| **GLANLUACH LEABHAR AMHAIL AR AN 31 NOLLAIG** | **10,097** | **12,999** | **5,326** | **255** | **15,423** | **13,254** |

(a) B'ionann an muirear iomlán dímheasa in 2017 agus €5.1 milliún (2016: €6.0 milliún) (Nóta 1(e)(ii)).

(b) I ndiaidh athbhreithnithe ar Chlár na Sócmhainní Dochta le linn na bliana, díscíobhadh sócmhainní doláimhsithe arbh ionann a gcostas stairiúil agus €0.5 milliún (2016: Nialas), agus arna ndímheas ina n-iomláine, agus níor eascair aon fháltais astu. Ina theannta sin, rinneadh sócmhainní doláimhsithe a raibh luach\ tugtha anonn ní ba lú ná €0.1 milliún acu (2016: Nialas) a dhíscríobh chuig Caiteachais Oibríochtúla Eile (Nóta 9) agus níor eascair aon fháltais astu.

(c) Aistríodh méid €1.7 milliún ó chuntas na Sócmhainní á dTógáil chuig an mírcheann dímheasa iomchuí faoi Shócmhainní Doláimhsithe.

## NÓTA 23: Nótaí Bainc i gCúrsaíocht

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Líon iomlán na nótaí bainc euro arna n-eisiúint i gcúrsaíocht ag an mBanc | 35,405,302 | 33,964,679 |
| Dliteanas arna eascairt as scair BCE de nótaí bainc euro i gcúrsaíocht | (1,544,334) | (1,485,633) |
| Dliteanas de réir ualú an Bhainc i scála caipitil an BCE | (16,101,206) | (15,394,349) |
| **IOMLÁN** | **17,759,762** | **17,084,697** |

Folaíonn an mhír seo scair an Bhainc de na nótaí bainc iomlána arna n-eisiúint ag an Eurochóras. Leithdháiltear luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht ar gach BCN ar an lá deireanach oibre de gach mí de réir scála leithdháilte nóta bainc.

Tháinig méadú 4.2 faoin gcéad ar luach na nótaí bainc euro arna n-eisiúint go hiarbhír ag an mBanc in 2017 ó €33.9 billiún go dtí €35.4 billiún. Tháinig méadú 4.0 faoin gcéad ar luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht san Eurochóras (2016: 3.9 faoin gcéad). I gcomhréir leis an scála leithdháilte, bhí nótaí bainc euro arbh ionann a luach agus €17.8 billiún i gcúrsaíocht ag an mBanc ag deireadh na bliana, i gcomparáid le €17.1 billiún ag deireadh 2016. Ó tharla gur mó na nótaí bainc arna n-eisiúint go hiarbhír ag an mBanc ná an méid leithdháilte, taispeántar an difríocht de €17.6 billiún (i gcomparáid le €16.9 billiún in 2016) faoi 'Dliteanais a bhaineann le Leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras' (Nóta 1(c)(iv), Nóta 29).

## NÓTA 24: Dliteanais d'Institiúidí Creidmheasa sa Limistéar Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Cuntais reatha (lena gclúdaítear córas na gcúlchistí íosta) (i) | 15,937,532 | 13,508,518 |
| Saoráid Taisce (ii) | 7,254,592 | 5,716,327 |
| **IOMLÁN** | **23,192,124** | **19,224,845** |

(i) Ceanglaítear ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro meántaiscí cúlchiste íosta a shealbhú lena gcuid BCNanna faoi seach chun críocha bainistíochta leachtachta. In 2017, íocadh ús ar na taiscí sin de réir ráta POA an BCE. Ó mhí an Mheithimh 2014 i leith, déantar aon chúlchistí arna sealbhú de bhreis ar na ceanglais íosta a mhuirearú de réir nialais nó de réir ráta na saoráide taisce.

(ii) Tá an tsaoráid taisce seo ar fáil do chontrapháirtithe chun cistí a chur leis an mBanc ar bhonn thar oíche de réir ráta na saoráide taisce.

## NÓTA 25: Dliteanais do Chónaitheoirí eile sa Limistéar euro

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Taiscí Rialtais Ghinearálta (i) | 12,842,232 | 10,403,604 |
| Cúlchiste Airgeadra a bhaineann le Glanfháltais Monaí (ii) | 4,057 | 2,995 |
| **IOMLÁN** | **12,846,289** | **10,406,599** |

Tá tréimhse aibíochta níos giorra ná aon bhliain amháin ag na míreanna seo.

(i) Folaíonn na taiscí rialtais ghinearálta cuntais reatha agus taiscí is iníoctha ar éileamh agus arna sealbhú leis an mBanc.

(ii) Ceanglaítear go ndéanfar costais agus fáltais a bhaineann le heisiúint bonn a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra nó a chreidiúnú don Chúlchiste Airgeadra. Ní mór an t-iarmhéid ón ngníomhaíocht sin a íoc leis an Státchiste ar ordú ón Aire Airgeadais. I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc de thoradh glanfháltas ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire an difríocht a chúiteamh leis an mBanc. Déantar an t-iarmhéid ar an gCúlchiste Airgeadra a bhaineann le heisiúint monaí a thuairisciú mar shócmhainn nó mar dhliteanas de chuid an Bhainc (Nóta 1(g)). Nochtar na caiteachais go léir i ndáil le táirgeadh bonn i Nóta 9. Nochtar caiteachais aoisliúntais i Nóta 32. Sa tábla thíos, áirítear sonraí maidir leis na glanfháltais don bhliain:

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Boinn (fuascailte)/arna n-eisiúint i gcúrsaíocht | (2,209) | 6,035 |
| Foirne Bonn Samplacha | 377 | 3,167 |
| Boinn Éireannacha tarraingthe siar | (424) | (195) |
| | **(2,256)** | **9,007** |
| **Lúide Costais Oibríochtúla (Nóta 9)** | **(942)** | **(3,857)** |
| **Glanfháltais Eisiúintí Bonn** | **(3,198)** | **5,150** |
| Ús ar Dhliteanas Pinsin | (92) | (115) |
| Ranníocaíocht Aoisliúntais Fostóra | (54) | (55) |
| Aistriú ó/(chuig) an Státchiste | 4,406 | (4,660) |
| Iarmhéid Tosaigh | 2,995 | 2,675 |
| **IARMHÉID DEIRIDH** | **4,057** | **2,995** |

Mar thoradh ar an *Acht Airgeadais 2002*, agus mar a d'ordaigh an tAire Airgeadais, ceanglaítear ar an mBanc na glanfháltais ó eisiúint bonn a aistriú go díreach chuig an Státchiste. Mar a léirítear sa tábla thuas, b'ionann agus €2.2 milliún (2016: glaneisiúint €6.0 milliún) glanfhuascailt bonn ón mBanc chuig na bainc thráchtála in 2017. Dá bhrí sin, ghin an glaneasnamh aistriú €4.4 milliún a íocadh leis an mBanc ón Státchiste an 22 Nollaig 2017 (2016: €4.7 milliún íoctha ag an mBanc leis an Státchiste).

## NÓTA 26: Dliteanais in euro do Chónaitheoirí lasmuigh den Limistéar euro

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Comhaontuithe Athcheannaigh (i) | 1,430,419 | - |
| Gníomhaireachtaí AE | 505 | 521 |
| Institiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta | 71 | 66 |
| **IOMLÁN** | **1,430,995** | **587** |

Tá aibíocht níos lú ná aon bhliain amháin ag na hiarmhéideanna thuas.

(i) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Seasann an dliteanas don airgead tirim a fhaightear ó dhíol na n-urrús faoi chomhaontuithe chun iad a athcheannach ar dháta sonraithe amach anseo. Déantar an t-airgead tirim a aithint mar dhliteanas toisc go bhfuil oibleagáid chomhréireach ann chun é a thabhairt ar ais, lena n-áirítear ús fabhraithe mar dhliteanas, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc. Déileáltar leis an difríocht idir na praghsanna ceannaigh agus díola mar ghlanioncam úis a thabhaítear thar shaolré an chomhaontaithe ag baint úsáid as an nglanráta úis (Nóta 1(l)).

## NÓTA 27: Dliteanais in Airgeadra Eachtrach do Chónaitheoirí sa Limistéar euro

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Dliteanais in Airgeadra Eachtrach do Chónaitheoirí sa Limistéar euro | - | 224 |
| **IOMLÁN** | **-** | **224** |

Baineann an dliteanas seo go príomha le taisce a rinne Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun ceanglas maidir le hiarmhéid íosta i gCuntas leis an gCúlchiste Feidearálach a mhaoiniú, ar cuntas é a úsáidtear chun cistí CAI a bhaineann leis an gClár Maoiniúcháin d'Éirinn a aistriú. Rinneadh na hiasachtaí ón CAI a aisíoc ina n-iomláine an 20 Nollaig 2017 agus glanadh an t-iarmhéid ar an gcuntas an tráth sin (Nóta 42).

## NÓTA 28: Contrapháirtí Ceart Speisialta Tarraingthe arna Leithdháileadh ag an CAI

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Contrapháirtí CST arna leithdháileadh ag an CAI | 920,896 | 988,353 |
| **IOMLÁN** | **920,896** | **988,353** |

Is ionann é seo agus dliteanas an Bhainc don CAI i leith leithdháileadh Ceart Speisialta Tarraingthe (CSTanna) ar Éirinn. Féadfaidh go n-athróidh CSTanna an Bhainc de thoradh oibríochtaí iasachtaithe an CAI nó de thoradh malartuithe CSTanna ar airgeadra eachtrach leis an CAI féin, le comhaltaí eile den CAI agus le sealbhóirí oifigiúla eile CSTanna. Féadfar go dtiocfaidh athrú ar shealúchais CST freisin mar thoradh ar íocaíochtaí úis arna ndéanamh ag an CAI ar Shuíomh Cúlchiste an Bhainc sa CAI agus ar shealúchais CST an Bhainc glan ar leithdháileadh CST (Nóta 12(i)).

## NÓTA 29: Dliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Dliteanas de réir ualú an Bhainc i scála caipitil an BCE | 16,101,206 | 15,394,349 |
| Dliteanas arna eascairt as scair BCE de nótaí bainc euro i gcúrsaíocht | 1,544,334 | 1,485,633 |
| **IOMLÁN** | **17,645,540** | **16,879,982** |

Cuimsíonn an mhír seo dliteanas an Bhainc i leith an Eurochórais maidir le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Léiríonn sé an difríocht idir luach na nótaí bainc euro arna n-eisiúint go hiarbhír ag an mBanc agus a scair scála caipitil d'eisiúint iomlán an Eurochórais (Nóta 1(c)(ii) agus (c)(iv), Nóta 23). Déantar an luach saothair i leith an dliteanais sin a ríomh go laethúil de réir an ráta úis is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe.

## NÓTA 30: Dliteanais eile laistigh den Eurochóras (glan)

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid (glan) TARGET2 | - | 951,727 |
| **IOMLÁN** | **-** | **951,727** |

In 2016, léirigh an mhír seo glandliteanas an Bhainc don BCE de thoradh íocaíochtaí trasteorann arna ndéanamh trí chóras TARGET2 ag na BCNanna go léir a ghlacann páirt sa CEBC agus b'ionann é agus €951.7 billiún (Nóta 1(c)(ii)). Léiríonn an t-iarmhéid éilimh iomlána TARGET arna nglanluacháil i gcoinne dhliteanais iomlána TARGET, áit a bhfreagraíonn luachanna deimhneacha do ghlanéileamh BCN ar an BCE agus luachanna diúltacha do ghlandliteanas BCN. Ag deireadh 2017, léiríodh an mhír seo faoi éilimh a bhaineann le TARGET agus cuntais chomhréireacha (glan) (Nóta 20(i)) toisc go léiríonn an t-iarmhéid glansócmhainn an Bhainc don BCE de thoradh íocaíochtaí trasteorann arna ndéanamh trí chóras TARGET2 ag na BCNanna go léir a ghlacann páirt sa CEBC agus b'ionann é ag deireadh 2017 agus €1,888.4 milliún (2016: Glandliteannas €951.7 billiún) (Nóta 1(c)(ii)).

## NÓTA 31: Dliteanais Eile

| **Dliteanais Eile** | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Leithghabháil Brabúis & Caillteanais (i) | 2,101,312 | 1,836,225 |
| Scéim Cosanta Taiscí (ii) | 154,301 | 156,008 |
| Eile (iii) | 45,402 | 48,157 |
| Fabhruithe Úis (iv) | 40,083 | 9,566 |
| Fabhruithe Eile (v) | 26,152 | 31,813 |
| An Ciste Réitigh Foras Creidmheasa (vi) | 541 | 14,958 |
| BIRF | 1 | - |
| **IOMLÁN** | **2,367,792** | **2,096,727** |

(i) Léiríonn sé méid an ioncaim barrachais ab iníoctha leis an Státchiste (Nóta 1(o), Nóta 10).

(ii) Faoi *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí)*, 2015 (I.R. Uimh. 516 de 2015) (Rialacháin SRT), bhunaigh an Banc Ciste Ranníocach SRT in 2016. Ní mór don Scéim Ráthaíochta Taiscí acmhainní airgeadais arb ionann iad agus 0.8 faoin gcéad de thaiscí cumhdaithe a bhaint amach faoi 2024. Chun an spriocleibhéal seo a bhaint amach, ceanglaítear ar institiúidí creidmheasa ranníoc bliantúil a dhéanamh leis an gciste bunaithe ar a dtaiscí cumhdaithe agus ar a leibhéal riosca. Bhí ranníocaíochtaí 2017 iníoctha trí bhíthin asbhaintí ó iarmhéideanna a bhí fágtha sa Chiste Leagáide mar aon le híocaíochtaí díreacha ó Institiúidí Creidmheasa leis an gCiste Ranníocach i gcás aon easnamh idir an ranníoc riachtanach agus na hiarmhéideanna arna sealbhú i gCiste Leagáide SRT.

In 2017, rinneadh íocaíochtaí cúitimh arbh ionann iad agus €39.5 milliún le tuairim is 10,900 taisceoir i leith leachtú Chomhar Creidmheasa na Rátha, agus muirearaíodh iad ar Chiste Ranníocach SRT (Nóta 2(ix)).

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Ciste Ranníocach SRT | 154,276 | 93,421 |
| Ciste Leagáide SRT | 25 | 62,587 |
| | **154,301** | **156,008** |

| **Gluaiseacht ar Chiste Ranníocach SRT** | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir | 93,421 | - |
| Ranníocaíochtaí | 100,858 | 93,421 |
| Íocaíochtaí | (39,654) | - |
| Ús - íoc amach | (349) | - |
| **IARMHÉID AMHAIL AR AN 31 NOLLAIG** | **154,276** | **93,421** |

| **Gluaiseacht ar Chiste Leagáide SRT** | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir | 62,587 | 394,965 |
| Ranníocaíochtaí | - | - |
| Íocaíochtaí | (62,562) | (332,378) |
| Ús - íoc amach | - | - |
| **IARMHÉID AMHAIL AR AN 31 NOLLAIG** | **25** | **62,587** |

(iii) Áirítear in Eile suim is lú na €0.1 milliún (2016: €6.3 milliún) a fhreagraíonn d'easnaimh atá dlite d'fho-aicmí áirithe de Mhaoiniú Tionscail ag deireadh 2017 (Nóta 41(i)).

(iv) Baineann an figiúr seo go príomha le caiteachas fabhraithe úis ar oibríochtaí OASF II atá á fhabhrú de réir ráta na saoráide taisce (Nóta 15).

(v) Áirítear i bhFabhruithe Eile fabhrú €7.4 milliún (2016: €7.0 milliún) i leith saoire bliantúla nár glacadh (Nóta 9 (i)).

(vi) (vi) Bunaíodh Ciste Réitigh Foras Creidmheasa in 2011 faoi *Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach)*, 2011. Freagraíonn iarmhéid €0.5 milliún (2016: €15 milliún) do chistí arna dtaisceadh leis an mBanc thar ceann an Chiste. Baineann an laghdú le gluaiseacht cistí ón mBanc chuig GBCN. Tá an Banc freagrach as an gCiste a bhainistiú agus a riaradh agus ullmhaíonn an Banc ráitis airgeadais ar leith don Chiste.

## NÓTA 32: Dliteanais Aoisliúntais

Is faoi scéim pinsean le sochar sainithe a éiríonn teidlíochtaí pinsin iarchomhaltaí foirne agus comhaltaí foirne reatha de chuid an Bhainc. Faoin Scéim, faigheann comhaltaí foirne an Bhainc na teidlíochtaí céanna a fhaigheann státseirbhísigh bhunaithe. Is ar bhonn neamh-ranníocach a fheidhmítear an Scéim do na comhaltaí foirne a fostaíodh roimh an 6 Aibreán 1995, cé is moite de na ranníocaíochtaí a dhéantar do Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí agus de na híocaíochtaí a fhaightear ó chomhaltaí foirne incháilithe maidir le seirbhís bhreise bharúlach a cheannach agus a aistriú. I gcás comhaltaí foirne a fostaíodh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh, tá ranníocaíochtaí iníoctha freisin maidir leis an bpríomhscéim. Go dtí an 30 Meán Fómhair 2008, bhí córas 'íoctar mar a úsáidtear' i bhfeidhm ag an mBanc, is é sin nár sainaithníodh sócmhainní go leithleach d'fhonn freastal ar dhliteanais pinsin an Bhainc, agus íocadh sochair de réir mar a bhí siad dlite ó na cúlchistí reatha. An 1 Deireadh Fómhair 2008, bunaíodh scéim mhaoinithe pinsin (mar a socraíodh faoi *Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003*) agus aistríodh €400 milliún chun sócmhainní ciste a cheannach. Mionsonraítear luacháil sócmhainní ciste amhail ar an 31 Nollaig 2017 i gcuid (v) den nóta seo (Nóta 1(f)).

Nochtann an Banc an costas a bhaineann le soláthar sochar i gcomhréir le FRS 102.

The Bank discloses the cost of providing benefits in accordance with FRS 102.

Déantar luacháil iomlán achtúireach ar an Scéim ar bhonn tríbhliantúil. Cuireadh an luacháil iomlán achtúireach dheireanach i gcrích amhail ar an 31 Nollaig 2016 ag Lane Clark Peacock (LCP), achtúirí an Bhainc, d'fhonn alt 56 d'Acht na bPinsean a chomhlíonadh. Thug LCP tuarascáil achtúireach chun críche amhail ar an 31 Nollaig 2017 d'fhonn ceanglais maidir le nochtadh faoi FRS 102 a chomhlíonadh.

### (i) Méid arna mhuirearú ar an gCuntas Brabúis, Caillteanais agus Leithghabhála/ar an gCúlchiste Airgeadra

| | Brabús agus Caillteanas 2017 €000 | Cúchiste Airgeadra 2017 €000 | Iomlán 2017 €000 | Iomlán 2016 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Toradh Ionchais ar Shócmhainní | 12,100 | - | 12,100 | 16,400 |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin | (18,408) | (92) | (18,500) | (20,300) |
| Costas Seirbhíse Reatha | (45,052) | (48) | (45,100) | (30,900) |
| **COSTAS IOMLÁN PINSIN NA SCÉIME LE SOCHAR SAINITHE** | **(51,360)** | **(140)** | **(51,500)** | **(34,800)** |

B'ionann agus €45.1 milliún costais Seirbhíse Reatha arna muirearú ar na cuntais Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála in 2017 (2016: €30.9 milliún) agus tá sé bunaithe ar thoimhdí achtúireacha arna socrú ag tús gach bliana. Bhí an méadú ar an muirear i gcomparáid le 2016 inchurtha go príomha do laghdú 1.9 faoin gcéad ar an ráta lascaine a úsáideadh ag deireadh 2016 (2015: 2.7 faoin gcéad) chun an muirear don bhliain dar gcionn a ríomh (Nóta 32(vii)).

Amhail ar an 31 Nollaig 2017, ní raibh aon bharrachas nár aithníodh roimhe sin asbhainte ó shocraíochtaí nó ó chiorrúcháin ná ní raibh gnóchain nó caillteanais ar shocraíochtaí nó ar chiorrúcháin.

### (ii) Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar an Scéim Pinsean

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar an dliteanas pinsin | 35,345 | (177,207) | 160,058 | (198,670) | (11,410) |
| Gnóthachan achtúireach ar shócmhainní plean | 25,232 | 4,267 | 21,001 | 11,828 | 32,624 |
| **IOMLÁN** | **60,577** | **(172,940)** | **181,059** | **(186,842)** | **21,214** |

### (iii) Aithint sa Chlár Comhardaithe

Is iad seo a leanas na méideanna a aithnítear sa chlár comhardaithe:

| **An Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig** | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Luach láithreach Oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó go páirteach (iv) | (993,442) | (971,598) | (750,095) | (853,883) | (615,766) |
| Luach cóir shócmhainní an phlean (v) | 687,561 | 638,695 | 608,714 | 567,945 | 531,198 |
| **(DLITEANAS)/SÓCMHAINN GLANPHINSIN** | **(305,881)** | **(332,903)** | **(141,381)** | **(285,938)** | **(84,568)** |

Déantar sócmhainní Scéime Pinsin a mheas ar luach cóir.  Déantar dliteanais na Scéime Pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh 'an aonaid réamh-mheasta'.  Barrachas de dhliteanais na Scéime thar shócmhainní na Scéime, léirítear é ar an gClár Comhardaithe mar dhliteanas..

### (iv) Gluaiseacht in Oibleagáidí na Scéime

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Luach Láithreach Tosaigh Oibleagáidí na Scéime | (971,598) | (750,095) | (853,883) | (615,766) | (571,218) |
| Costas Seirbhíse Reatha | (45,100) | (30,900) | (44,299) | (25,356) | (20,255) |
| Costas/(Creidmheas) Iarseirbhíse | - | - | - | (27) | 3,957 |
| Pinsin Íoctha | 12,314 | 11,908 | 13,109 | 13,325 | 10,468 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | (5,631) | (4,979) | (4,379) | (4,173) | (4,121) |
| Aistrithe Faighte | (272) | (25) | (635) | (433) | (909) |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin | (18,500) | (20,300) | (20,066) | (22,783) | (22,278) |
| Gnóthachan/(caillteanas) Achtúireach | 35,345 | (177,207) | 160,058 | (198,670) | (11,410) |
| **LUACH LÁITHREACH DEIRIDH OIBLEAGÁIDÍ NA SCÉIME** | **(993,442)** | **(971,598)** | **(750,095)** | **(853,883)** | **(615,766)** |

## (v) Gluaiseacht i Luach Cóir Shócmhainní an Phlean

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Luach Cóir Tosaigh Shócmhainní an Phlean (Luach Tairisceana) | 638,695 | 608,714 | 567,945 | 531,198 | 473,793 |
| Toradh Ionchais | 12,100 | 16,400 | 13,280 | 17,423 | 16,276 |
| Gnóthachan Achtúireach | 25,232 | 4,267 | 21,002 | 14,241 | 32,624 |
| Ranníocaíochtaí Fostóra | 17,945 | 16,218 | 14,582 | 13,802 | 13,943 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | 5,631 | 4,979 | 4,379 | 4,173 | 4,121 |
| Pinsin Íoctha | (12,314) | (11,908) | (13,109) | (13,325) | (10,468) |
| Aistrithe Faighte | 272 | 25 | 635 | 433 | 909 |
| **LUACH CÓIR DEIRIDH SHÓCMHAINNÍ AN PHLEAN (LUACH TAIRISCEANA)*** | **687,561** | **638,695** | **608,714** | **567,945** | **531,198** |

*Ar áireamh i luach cóir shócmhainní an phlean, cuimsítear dhá chuntas bainc - Cuntas Caipitil Aoisliúntais agus Cuntas Oibre Aoisliúntais atá ar seilbh leis an mBanc. B'ionann an t-iarmhéid ar an gCuntas Caipitil Aoisliúntais agus ar an gCuntas Oibre Aoisliúntais amhail ar an 31 Nollaig 2017 agus €0.6 milliún (2016: €0.6 milliún) agus €6.0 milliún (2016: €2.7 milliún) faoi seach.

## (vi) Toimhdí Airgeadais

| | 2017<br>% | 2016<br>% | 2015<br>% | 2014<br>% | 2013<br>% |
|---|---|---|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 1.90 | 1.90 | 2.70 | 2.35 | 3.70 |
| Ráta an Mhéadaithe ar Thuarastail Inphinsin | 3.30 | 3.30 | 3.20 | 3.40 | 3.50 |
| Ráta an Mhéadaithe ar Phinsin | 3.30 | 3.30 | 3.20 | 3.40 | 3.50 |
| Ráta an Bhoilscithe ar Phraghsanna | 1.90 | 1.90 | 1.80 | 2.00 | 2.00 |

Ba é a bheadh mar iarmhairt ar mhéadú/laghdú 0.1 faoin gcéad ar an ráta lascaine, laghdú/méadú comhréireach de thuairim is 2.6 faoin gcéad (2016: 2.6 faoin gcéad) ar dhliteanais scéime.

*Toimhdí Déimeagrafacha agus Toimhdí Eile*

| **Toimhdí Déimeagrafacha** | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Básmhaireacht Réamhscoir | 73% PNFL00(i) (fireann)<br>77% PNFL00 (baineann) | 73% PNFL00(i) (fireann)<br>77% PNFL00 (baineann) |
| Básmhaireacht Iarscoir | 58% PNFL00(i) (fireann)<br>62% PNFL00 (baineann) | 58% PNFL00(i) (fireann)<br>62% PNFL00 (baineann) |
| Liúntas d'fheabhsuithe amach anseo ar bhásmhaireacht | Dearfach | Dearfach |
| Scoir | Scoir leata go cothrom thar aois 60 go 65 (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60) | Scoir leata go cothrom thar aois 60 go 65 (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60) |
| Scor ar fhorais drochshláinte | Curtha san áireamh | Curtha san áireamh |
| Luathscor | As an áireamh | As an áireamh |
| Tarraingthe Siar | As an áireamh | As an áireamh |
| Céatadán atá pósta | 90% | 90% |
| Difríocht aoise idir chéilí | Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile | Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile |
| **Ionchas Saoil** | | |
| Idir 60 agus 65 bliain d'aois agus seirbhís 40 bliain curtha isteach (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60) | Fireannach: 86.3<br>Baineannach: 88.8 | Fireannach: 86.2<br>Baineannach: 88.7 |

Is éard atá i ILT15 (fireann) & ILT15 (baineann), táblaí básmhaireachta foilsithe arna n-ullmhú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh.

## (vii) Sócmhainní Phlean na Scéime

Is é seo a leanas dáileadh sócmhainní na Scéime amhail ar an 31 Nollaig 2017:

| Aicme | Dáileadh<br>% | Dáileadh Fadtéarmach<br>% |
|---|---|---|
| Bannaí | 38.0 | 40.0 |
| Airgead Tirim | 1.2 | - |
| Cothromas | 41.9 | 40.0 |
| Cistí ilsócmhainne (MAF) | 9.6 | 10.0 |
| Maoin | 9.3 | 10.0 |
| **Iomlán** | **100.0** | **100.0** |

In 2014, d'fhormheas Coimisiún an Bhainc an cinneadh chun an cóimheas um dháileadh sócmhainní a athrú ó 50:50 bannaí/cothromas go dtí 40:40:10:10 bannaí/cothromas/MAF/maoin. In 2015, cuireadh tús leis an straitéis infheistíochta a bhaineann leis an gcomhdhéanamh nua agus tugadh chun críche í sa chéad leath de 2016. Ní dhéanann an ciste infheistíocht dhíreach i maoin atá á háitiú ag an mBanc.

## NÓTA 33: Soláthairtí

Foráladh do na méideanna seo a leanas an 31 Nollaig 2017:

| | Iarmhéid Tosaigh 1 Ean 2017 €000 | Cruthaithe €000 | Úsáidte €000 | Arna nEisiúint chuig B&C €000 | Iarmhéid Deiridh 31 Noll 2017 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Soláthar i leith rioscaí a bhaineann le ráta malairte eachtraí, ráta úis, creidmheas agus praghsanna óir (i) | 165,000 | 335,000 | - | - | 500,000 |
| Soláthar d'Urrúis (ii) | 160,000 | - | - | (40,000) | 120,000 |
| Nótaí Bainc an Phuint Éireannaigh Neamhfhuascailte (iii) | 7,454 | - | (1,118) | - | 6,336 |
| Soláthar i leith chaillteanais BCE (iv) | - | 1,136 | - | - | 1,136 |
| Soláthar um Athstruchtúrú (v) | 589 | 460 | (681) | - | 368 |
| Soláthar Trochlaithe (vi) | 200 | - | (125) | (75) | - |
| **IOMLÁN** | **333,243** | **336,596** | **(1,924)** | **(40,075)** | **627,840** |

(i) Tá soláthar ag an mBanc i leith rioscaí a bhaineann le ráta malairte eachtraí, ráta úis, creidmheas agus praghsanna óir (Nóta 37). Bunaíodh an soláthar tar éis measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais ábhartha a bhfuil an Banc neamhchosanta orthu agus a thagann faoi raon feidhme na Treoirlíne. Sainaithníodh sa mheasúnú neamhchosaint a bhain le rioscaí rátaí úis agus baineadh leas as samhail airgeadais chun raon figiúirí caillteanas féideartha a bhain leis an riosca seo a chainníochtú. Cuireadh an anailís i gcrích bunaithe ar Chlár Comhardaithe an Bhainc ag deireadh na bliana 2017 agus toimhdíodh ráta socair dhiúscairtí NRC. Sa tsamhail airgeadais, baineadh leas as cur chuige bunaithe ar chás a úsáideann líon mór conairí ráta úis, lena n-áirítear cásanna foircneacha. I bhfianaise staid reatha an Chláir Chomhardaithe, is é ceann de na cásanna foircneacha sin a bhfuil an Banc neamhchosanta orthu ná méadú mear ar rátaí úis sa mheántéarma, agus freagraíonn an soláthar do chás den sórt sin. Rinneadh an riosca a thomhas thar an meántéarma faoi threoir luach-faoi-riosca agus easnaimh ionchais, agus rinneadh measúnú ar chaillteanais aon bhliain amháin mar aon le caillteanais charnacha san anailís. I bhfianaise na móréiginnteachta a bhaineann le rioscaí ráta úis a thomhas thar an meántéarma, d'fheidhmigh an lucht bainistíochta breithniúnas agus meastachán le linn dóibh an raon figiúirí arna dtáirgeadh ag an tsamhail airgeadais a mheasúnú agus chun soláthar iomchuí riosca a chinneadh.

Áirítear soláthar €500.0 milliún sa Ráiteas Cuntas don bhliain 2017, is ionann é sin agus méadú €335.0 milliún i gcomparáid leis an soláthar a rinneadh don riosca céanna in 2016 (2016: €165.0 milliún). Tá an méadú á spreagadh go príomha ag méadú ar shealúchais agus ar dhliteanais EAPP atá nasctha le rátaí beartais BCE, a bhfuil de thoradh air leibhéal méadaithe riosca ráta úis don Bhanc.

(ii) Tá soláthar d'urrúis arb ionann é agus €120.0 milliún coinnithe ag an mBanc (2016: €160.0 milliún). Leis an gcomhsholáthar sin, léirítear liúntas measta i leith rioscaí a thig as na hurrúis atá ar seilbh chun críocha beartas airgeadaíochta agus chun críocha infheistíochta. Bhí scaoileadh €40.0 milliún le linn na bliana inchurtha go príomha do neamhchosaintí laghdaithe riosca. Tá meastachán bliantúil na táille lagaithe faoi réir éiginnteachta suntasaí, éiginnteacht atá ard i gcónaí sa timpeallacht eacnamaíoch reatha. Tá sí faoi réir tosca amhail braistint an mhargaidh maidir le hinbhuanaitheacht fiachais. Na toimhdí atá mar bhonn taca leis an tuairim seo, tá siad suibiachtúil agus tá siad bunaithe ar mheasúnú na bainistíochta i gcomhthéacs na ndálaí margaidh amhail ar an 31 Nollaig 2017, arna fhormheas ag an gCoimisiún (Nóta 1(c)(ix), Nóta 1(m), Nóta 4, Nóta 17(ii)).

(iii) Nótaí puint Éireannacha arna n-eisiúint ag an mBanc, stad siad de bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Ó shin i leith, tá soláthar arna chothabháil ag an mBanc i leith nótaí puint (IEP). Fuasclaíodh €1.1 milliún as an soláthar sin in 2017, rud a fhágann gurb é €6.3 milliún an t-iarmhéid sa soláthar sin amhail ar an 31 Nollaig 2017 (2016: €7.4 milliún) (Nóta 36 (iii)).

(iv) Mar thoradh ar an tástáil lagaithe arna déanamh ar a punann CSPP, mheas an Chomhairle Rialaithe gur chuí maolán a bhunú arbh ionann san iomlán é agus €68.9 milliún in aghaidh rioscaí creidmheasa in oibríochtaí beartais airgeadaíochta, i ndáil le hurrús arna shealbhú ag an Eurochóras. I gcomhréir le hAirteagal 32.4 de Reacht CEBC, beidh an soláthar seo á mhaoiniú ag BCNanna uile na mBallstát rannpháirteach i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil suibscríofa sa BCE in 2017. Dá réir sin, chruthaigh an Banc soláthar €1.1 milliún, méid atá coibhéiseach lenár scair scála caipitil dem soláthar iomlán (Nóta 1(m)(iv)).

(v) Cruthaíodh soláthar um athstruchtúrú ragoibre in 2014 d'fhoireann riaracháin agus airgeadra. B'ionann an soláthar ag deireadh 2016 agus €0.57 milliún. Le linn 2017, cruthaíodh soláthar breise €0.17 milliún, agus úsáideadh €0.39 milliún i ndáil leis an soláthar seo sa chaoi gur fágadh iarmhéid €0.35 milliún an 31 Nollaig 2017. Beidh an méid sin iníoctha in 2018.

Baineadh úsáid as soláthar tosaigh €0.2 milliún le haghaidh Scéim Téarfa Shaorálaigh (VSS) i leith foireann shonrach theicniúil agus ghinearálta le linn 2017. Bhí an Scéim seo, ar cuireadh tús léi in 2015, ar oscailt do chomhaltaí foirne a chomhlíon na critéir shonracha agus bhí na comhaltaí foirne sin in ann cur isteach air le linn na tréimhse sé mhí tar éis bogadh go dtí an t-áitreabh nua ar Ché an Phoirt Thuaidh. Le linn 2017, cruthaíodh soláthar breise €0.28 milliún le haghaidh VSS, as ar úsáideadh €0.27 milliún sa chaoi gur fágadh €0.01 milliún an 31 Nollaig 2017 a bheidh iníoctha in 2018. Cé go bhfuil roinnt comhaltaí foirne tar éis cur isteach ar an scéim seo, níor formheasadh go fóill iad, dá bhrí sin, níor cruthaíodh aon soláthar breise ina leith le linn 2017 (Nóta 1(m)(iii), Nóta 4).

Is ionann téarmaí scéimeanna uile VSS agus téarmaí an chomhaontaithe chomhchoitinn idir an Rialtas agus Coiste na Seirbhíse Poiblí de chuid ICTU maidir le híocaíochtaí iomarcaíochta le fostaithe sa tseirbhís phoiblí.

(vi) Cruthaíodh soláthar trochlaithe €0.2 milliún don áitreabh ag Cúirt Uíbh Eachach in 2013. Le linn na bliana, úsáideadh €0.1 milliún agus scaoileadh a raibh fágtha de chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 4).

## NÓTA 34: Cuntais Athluachála

| | 2017 | 2016 | Glanghluaiseacht ar Ghnóthachain Neamhréadaithe |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Urrúis (i) | 8,858,317 | 10,712,947 | (1,854,630) |
| Ór | 161,389 | 164,518 | (3,129) |
| Réadmhaoin Infheistíochta | 9,622 | 3,452 | 6,170 |
| Airgeadra Eachtrach | 4,400 | 6,213 | (1,813) |
| Athluacháil MGT (Nóta 21 (iii)) | 250 | - | 250 |
| **AMHAIL AR AN 31 NOLLAIG** | **9,033,978** | **10,887,130** | **(1,853,152)** |

(i) Baineann an athluacháil urrús go príomha le gluaiseachtaí ar ghnóthachain caipitil neamhréadaithe a thig as luacháil dheireadh na bliana ar na hurrúis a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC. Tá an laghdú ar ghnóthachain neamhréadaithe inchurtha do dhíolacháin NRCanna in 2017 arbh ionann a luach ainmniúil agus €4.0 billiún, arna fhritháireamh go páirteach le méadú ar phraghsanna NRC. (Nóta 1(j)(i), Nóta 17(i)).

Is iad seo a leanas na rátaí malairte eachtraí a úsáidtear i leith an euro do luachálacha dheireadh na bliana:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Cúlchiste Airgeadra | Ráta | Ráta |
| Dollar SA | 1.1993 | 1.0541 |
| Yen na Seapáine | 135.0100 | 123.4000 |
| Steirling | 0.8872 | 0.8562 |
| Franc na hEilvéise | 1.1702 | 1.0739 |
| Krone na Danmhairge | 7.4449 | 7.4344 |
| Krona na Sualainne | 9.8438 | 9.5525 |
| Dollar Cheanada | 1.5039 | 1.4188 |
| CST | 0.8420 | 0.7846 |
| Ba iad seo na praghsanna óir a úsáideadh: | | |
| Euro in aghaidh an unsa fhíneáilte | 1,081.8810 | 1,098.0460 |

## NÓTA 35: Caipiteal agus Cúlchistí

| | Caipiteal (i) | Cúlchiste Ginearálta | Cúchiste Airgeadra | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2016** | **30** | **3,247,306** | **351,648** | **3,598,984** |
| Brabús coinnithe don bhliain (ii) | - | 587,832 | - | 587,832 |
| **AMHAIL AR AN 31 NOLLAIG 2017** | **30** | **3,835,138** | **351,648** | **4,186,816** |

(i) Faoi alt 9(1) *d'Acht an Bhainc Cheannais 1942* (arna leasú), socraítear caipiteal údaraithe an Bhainc ag €50,790. Is ionann agus €30,474 an caipiteal atá eisithe agus íoctha agus a bhfuil gach cuid de ar seilbh ag an Aire Airgeadais. Tá an t-iarmhéid iníoctha mar a aontóidh agus nuair a aontóidh an Coimisiún agus an tAire é.

(ii) Faoi na *Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations 1943*, cheadaigh an Coimisiún go n-aistreofaí €587.8 milliún chuig an gcúlchiste ginearálta. Beidh an tsuim sin comhdhéanta de €527.2 milliún ón gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus de ghnóthachan achtúireach €60.6 milliún a aithníodh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 32(i)).

## NÓTA 36: Dliteanais Theagmhasacha agus Ceangaltais

### Dliteanais Theagmhasacha

*(i) An Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta*

Sealbhaíonn an Banc 8,564 scair sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta agus tá gach ceann díobh sin láníoctha go feadh 25 faoin gcéad. Tá dliteanas teagmhasach ag an mBanc i leith an iarmhéid (Nóta 6(ii), Nóta 21(iv)).

*(ii) Sócmhainní Caipitil agus Cúlsócmhainní Eachtracha atá Geallta don BCE*

Faoi Reacht CEBC, féadfar go n-iarrfar ar an mBanc amach anseo, mar aon leis na BCNanna rannpháirteacha eile go léir, méideanna breise caipitil (Airteagal 28) agus cúlsócmhainní eachtracha (Airteagal 30) a aistriú chuig an BCE.

*(iii) Nótaí Puint Éireannacha*

Tá an Banc faoi dhliteanas teagmhasach maidir le nótaí puint nach bhfuil ina nótaí dlíthairgthe a thuilleadh ach a bhféadfaí a thíolacadh dó amach anseo. Amhail ar an 31 Nollaig 2017, bhí nótaí puint arbh ionann a luach agus €226.0 milliún fós amuigh (2016: €227.1 milliún) a bhfuil soláthar €6.3 milliún ag an mBanc ina leith (2016: €7.4 milliún) (Nóta 33 (iii)).

*(iv) Dlíthíocht*

Tá dhá chás dlí ar siúl faoi láthair ag an mBanc (2016: dhá cheann) a bhféadfaidh dliteanas don Bhanc a bheith mar thoradh orthu i gcás ina bhfuil éilimh á ndéanamh i gcoinne an Bhainc.  Níl na dliteanais theagmhasacha seo inchainníochtúil. Tá na caingne seo á gcosaint ag an mBanc agus, dá bhrí sin, ní fhoráiltear d'aon mhéid.

### Ceangaltais

*(i) Léasanna Oibriúcháin*

Tháinig deireadh leis an léas ar an áitreabh ag Cúirt Uíbh Eachach i mí Bealtaine 2017. B'ionann agus €1.1 milliún na híocaíochtaí iomlána cíosa faoin léa oibriúcháin sin le linn 2017 (2016: €2.8 milliún).

Le linn 2017, rinne an Banc roinnt léasanna oibriúcháin i dtaca le trealamh, le háiteanna páirceála agus spás oifige a fháil ar cíos i bPlás Blackhall.  Tá tréimhsí idir aon bhliain amháin agus trí bliana i gceist leis na léasanna sin.

| **Íocaíochtaí Íosta Léasa amach anseo** | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Táth nach déanaí ná aon bhliain | 380 | 1,100 |
| I ndiaidh aon bhliain amháin ach tráth nach déanaí ná cúig bliana | 699 | - |
| I ndiaidh cúig bliana | - | - |
| | 1,079 | 1,100 |
| Íocaíochtaí Bliantúla Léasa | 1,148 | 2,800 |

*(ii) Tionscadal Ché an Phoirt Thuaidh*

Amhail ar an 31 Nollaig 2017, bhí na ceangaltais chonraithe uile maidir le dearadh, foirgniú agus feistiú an struchtúir reatha tugtha chun críche (Nóta 22(i), Nóta 22 (iii)). B'ionann agus nialas na ceanglais chonraithe iomlána amhail ar an 31 Nollaig 2017 (2016: €11.3 milliún).

## NÓTA 37: Bainistíocht Riosca Airgeadais

Tá Clár Comhardaithe an Bhainc neamhchosanta ar rioscaí airgeadais a éiríonn as feidhmiú a róil reachtúil i dtéarmaí an méid seo a leanas (i) beartas airgeadaíochta a chur chun feidhme laistigh den earnáil airgeadais intíre, (ii) gníomhaíochtaí infheistíochta a bhaineann le bainistiú chúlchistí an Bhainc, (iii) gníomhaíochtaí íocaíochta agus socraíochta a oibriú agus (iv) páirt a ghlacadh mar bhanc ceannais de chuid an Eurochórais i dtionscnaimh níos leithne beartais airgeadaíochta amhail EAPP. I dtéarmaí an Chláir Chomhardaithe fhoriomláin, folaíonn na rioscaí seo go minic rioscaí a bhaineann le creidmheas, margadh, leachtacht agus ráta malairte eachtraí.

Féachann an Banc leis na neamhchosaintí sin a rialú trí raon próiseas bainistíochta riosca a chothabháil chun rioscaí a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus chun faireachán a dhéanamh orthu, laistigh de bheartais shainithe inmheánacha bainistíochta riosca agus faoi threoir creataí agus nósanna imeachta bainistíochta riosca de chuid an Eurochórais i gcás inar iomchuí. Is é Coiste Riosca an Choimisiúin, arna thacú leis an gCoiste Feidhmiúcháin um Rioscaí (ERC), a dhéanann maoirsiú ar ghníomhaíochtaí an Bhainc um bainistíocht riosca airgeadais, rud a chinntíonn go gcloítear le caighdeáin agus beartais fhormheasta. Tá an Coiste Feidhmiúcháin um Rioscaí faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra (Baincéireacht Cheannais).

Bíonn ceithre phríomhrannán sa Bhanc i mbun rioscaí airgeadais an Bhainc a bhainistiú ar bhonn gníomhach. Seolann an Rannán um Margaí Airgeadais (FMD) oibríochtaí beartais airgeadaíochta thar ceann BCE (lena n-áirítear sócmhainní a cheannach faoin EAPP), déanann sé faireachán ar staid leachtachta na mbanc intíre agus cuireann Cúnamh Éigeandála Leachtachta ar fáil i gcás inar gá, cuireann sé gníomhaíochtaí infheistíochta i gcrích chun cúlchistí infheistíochta an Bhainc agus scair leithdháilte an Bhainc i bpunann infheistíochta BCE a bhainistiú. Tá an Rannán um Íocaíochtaí agus Socraíochtaí Urrús (PSSD) freagrach, inter alia, as an méid seo a leanas: socraíochtaí íocaíochta euro laistigh de chreat an Chórais Ollsocraíochtaí Fíor-ama (TARGET2), forghníomhú gníomhaíochtaí cúloifige a bhaineann le hidirbhearta comhthaobhachta arna n-eascairt as cur chun feidhme beartais airgeadaíochta agus as socraíocht idirbheart a bhaineann le punann infheistíochta féin de chuid an Bhainc agus scair an Bhainc de phunann infheistíochta BCE a bhainistiú. Cinntíonn an Rannán um Rialú Airgeadais (FCD) go bhfuil cuntasaíocht staid airgeadais an Bhainc cruinn agus tuairisciú airgeadais an Bhainc cruinn.

Is é an Rannán um Riosca Eagraíochtúil (ORD), mar an dara líne cosanta, atá freagrach as, inter alia, na beartais bainistíochta riosca a shainiú agus measúnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí airgeadais i gcomhar le FMD, PSSD agus FCD. Sainíonn ORD creataí teorainneacha infheistíochta, déanann sé dícheall cuí ar chomhthaobhacht, déanann faireachán ar chomhlíonadh beartais airgeadaíocht agus infheistíochta, agus déanann measúnú ar rioscaí reatha agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn ar Chlár Comhardaithe an Bhainc. Tuairiscíonn FMD agus PSSD don Stiúrthóir ar Oibríochtaí Airgeadais, tuairiscíonn FCD don Phríomh-Oifigeach Oibríochtaí, fad atá ORD neamhspleách ó thaobh a chuid feidhme agus tuairiscíonn sé chun críocha oibríochtúla don Stiúrthóir ar Ghnóthaí Corparáideacha. Ina theannta sin, i gcomhréir le Téarmaí Tagartha Choiste Riosca an Choimisiúin, tá saor-rochtain rúnda

ag Ceannasaí an Rannáin um Riosca Eagraíochtúil ar Chathaoirleach an Choiste, agus tá an údarás ag an gCoiste a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha agus rochtain leordhóthanach ag an rannán ar fhaisnéis chun a fheidhm a chomhlíonadh go héifeachtach agus go neamhspleách.

Anseo thíos, cuirtear síos ar bheartais agus ar bhearta bainistíochta riosca a fheidhmítear maidir le gach ceann de phríomh-neamhchosaintí airgeadais an Bhainc.

### Riosca Creidmheasa

Is ionann riosca creidmheasa agus riosca caillteanais a eascraíonn as mainneachtain ar thaobh iasachtaí, eisitheora nó contrapháirtí a chuid oibleagáidí don Bhanc a chomhlíonadh. Tá an Banc neamhchosanta ar riosca creidmheasa a bhaineann le gníomhaíochtaí infheistíochta an Bhainc agus trí bhíthin oibríochtaí beartais airgeadaíochta, lena n-áirítear bearta neamhchaighdeánacha amhail EAPP.

Déantar riosca creidmheasa i bpunanna infheistíochta an Bhainc a rialú trí chóras teorainneacha atá formheasta ag an gCoimisiún, ar córas é atá bunaithe go príomha ar rátálacha seachtracha creidmheasa arna gcur ar fáil ag gníomhaireachtaí áirithe rátála. Déantar an neamhchosaint ar riosca creidmheasa a mhaolú ar shócmhainní infheistíochta an Bhainc trí chreat formheasta beartais infheistíochta a chur chun feidhme agus a chothabháil.

Déantar rioscaí creidmheasa a eascraíonn as cur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais a rialú trí chritéir dhochta incháilitheachta do chontrapháirtithe a chur i bhfeidhm agus trí fhorálacha Airteagal 18.1 de Reacht CEBC a chomhlíonadh, lena n-áirithítear go bhfuil gach ceann d'oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais (i.e. oibríochtaí beartais airgeadaíochta chun leachtacht a sholáthar agus creidmheas ionlae) bunaithe ar chomhthaobhacht leordhóthanach. Chun an riosca seo a rialú tuilleadh, áirithítear le Creat Measúnaithe Creidmheasa an Eurochórais (ECAF) go gcomhlíonfar ceanglas an Eurochórais maidir le hardchaighdeáin chreidmheasa do na sócmhainní incháilithe go léir. De bhreis air sin, cuirtear bearta leanúnacha um rialú riosca i bhfeidhm freisin lena n-áirítear ciorruithe luachála, éarlais tosaigh agus athrúcháin. Más infheidhme, déantar an riosca creidmheasa don Bhanc a mhaolú tuilleadh le sásraí roinnte caillteanas de chuid an Eurochórais lena ndéantar aon chaillteanais arna n-eascairt as oibríochtaí beartais airgeadaíochta a leithdháileadh i gcomhréir le scála caipitil BCNanna. Ar a shon sin, i gcás oibríochtaí beartais airgeadaíochta arna gcomhthaobhú le hÉilimh Bhreise Chreidmheasa, is é an BCN a ghlacann leis an gcomhthaobhacht lena mbaineann a iompróidh an riosca. Sa chás sin, cuirtear rialuithe riosca breise chun feidhme trí mheasúnú tiomnaithe oibríochtúil agus dlíthiúil díchill chuí a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar na hiasachtaí foluiteacha agus ar an doiciméadacht ghaolmhar.

Riosca creidmheasa i ndáil le punanna a bhaineann le beartas neamhchaighdeánach airgeadaíochta an Eurochórais, déantar é a bhainistiú i gcomhréir le creataí ábhartha an Eurochórais. Is é an Banc a iompróidh, ar bhonn scair scála caipitil, caillteanais ionchasacha ar urrúis arna sealbhú mar chomhiomlán ag an Eurochóras i gClár na Margaí Urrús (CMU), i gClár Ceannaigh na hEarnála Corparáidí (CSPP), agus sa tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CBPP3), i dteannta le sealúchais BCE agus sealúchais bannaí faoin EAPP. Ar leithligh, tá sealúchais an Bhainc in urrúis rialtas na hÉireann faoi Chlár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (PSPP) ar seilbh ar bhonn riosca dílse. Tar éis measúnú a dhéanamh ar lagú sócmhainne comhchoitinne, measann an Banc gur den chríonnacht é soláthar €120.0 milliún a chur ar leataobh ina chuntais bhliantúla don bhliain 2017 i leith neamhchosaintí ar rioscaí creidmheasa a bhaineann le sócmhainní áirithe coinnithe go dtí aibíocht. De bhreis air sin, tá soláthar €1.1 milliún curtha ar leataobh ag an mBanc ina chuntais bhliantúla don bhliain 2017 mar thoradh ar lagú ar phunann CSPP de chuid an Eurochórais (Nóta 33).

## Riosca Ráta Úis

Tagraíonn riosca ráta úis do riosca caillteanais ó athruithe díobhálacha ar rátaí úis. Bíonn punanna infheistíochta an Bhainc á mbainistiú ag FMD i gcomhréir le paraiméadair bainistíochta riosca agus le creataí rialachais agus rialaithe arna bhformheas ag an gCoimisiún. Déanann ORD comhlíonadh agus feidhmíocht i ndáil leis na beartais sin a fhíorú agus tuairiscíonn sé don ERC agus do Choiste Riosca an Choimisiúin ina leith sin.

Ceann de phríomhfhoinsí na neamhchosanta ar riosca ráta úis, baineann sí le híogaireacht luach shócmhainní infheistíochta an Bhainc i leith athruithe ar rátaí úis. Maolaíonn an Banc an neamhchosaint ar riosca ráta úis a bhaineann le cuid den phunann infheistíochta trí leithdháileadh chuig punann coinnithe go dtí aibíocht. Déantar tosaíochtaí bainistíochta riosca i ndáil leis an gcuid eile de shócmhainní infheistíochta a shainiú trí thagarmharc arna thiomsú go seachtrach, agus déantar na punanna infheistíochta a mheas agus a bhainistiú ina choinne sin. Déantar riosca ráta úis ar phunanna marcáil ón margadh de chuid an Bhainc a ríomh agus a bhainistiú trí úsáid a bhaint as marthanacht leasaithe lena meastar íogaireacht luach punainne infheistíochta i leith athruithe ar thorthaí bannaí. Úsáidtear Luach-faoi-Riosca (LfR)[33] agus Easnamh Ionchais mar thomhas forlíontach ar riosca margaidh ar phunanna an Bhainc.

Ina theannta sin, tá an Banc neamhchosanta ar riosca ráta úis ar a phunann de bhannaí caighdeánacha inmhargaidh Rialtas na hÉireann (nótaí ráta chomhlúthaigh nó NRCanna) a fuarthas i ndiaidh leachtú GNBS (Nóta 17 (i)). De bhreis air sin, níl punanna atá á sealbhú ar chostas amúchta íogaireach do ghluaiseachtaí ráta úis - folaíonn sé seo neamhchosaintí an Bhainc ar bheartas neamhchaighdeánach airgeadaíochta EAPP de chuid an Eurochórais.

33 Is ionann Luach-faoi-Riosca agus an caillteanas uasta a mbeifí ag súil leis le leibhéal sonraithe muiníne laistigh de thréimhse shonraithe shealbhaíochta

Tagraíonn riosca ráta úis freisin do riosca reatha nó do riosca amach anseo a bhaineann le caipitil agus tuillimh an Bhainc de thoradh gluaiseachtaí i rátaí úis a dhéanann difear do shuíomhanna a Chláir Chomhardaithe. Sa cháil seo, tá an Banc neamhchosanta ar neamhréir ionchasach rátaí úis mar gheall ar shealúchais sócmhainní ráta sheasta faoin EAPP, fad atá sé neamhchosanta ag an am céanna ar dhliteannais atá nasctha le rátaí (athraitheacha) beartais airgeadaíochta. D'fhonn an riosca seo a mheasúnú, déanann an Banc measúnú rialta ar shuíomhanna a Chláir Chomhardaithe i gcomhthéacs rátaí úis sna blianta atá le teacht, agus ríomhann sé raon staidrimh um thomhas riosca ó thorthaí leithdháilte brabúis. Mar chuid de seo, baintear úsáid as Luach-faoi-Riosca agus Easnamh Ionchais, i dteannta le breithiúnas saineolach, chun leibhéal an riosca ráta úis ar Chlár Comhardaithe an Bhainc a thomhas. Mar chuid dá mheasúnú ar riosca ráta úis, agus chun neamhréir ionchasach rátaí úis a shainaithint, measann an Banc gur den chríonnacht é a sholáthar i leith rioscaí ginearálta a mhéadú go dtí €500 milliún, rud a fhágann go bhfuil muirear breise €335.0 milliún ann in 2017 (2016: €165.0 milliún) (Nóta 33).

## Riosca Malairte Eachtraí

Tagraíonn riosca malairte eachtraí do riosca caillteanais de bharr athruithe ar rátaí malairte eachtraí. I gcomhthéacs an limistéir euro agus an chur chuige maidir le hidirghabháil malairte eachtraí, coinníonn an Banc sealúchas teoranta sócmhainní malairte eachtraí. Déantar athbhreithniú go tréimhsiúil ar leithdháileadh airgeadra na punainne infheistíochta trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí cainníochtúla, as LfR agus as tástáil struis mar aon le tosca cáilíochtúla éagsúla eile. Ag deireadh mhí na Nollag 2017, bhí formhór phunanna na mBanc ainmnithe in euro, bhí méid beag óir praghsaithe i nDollair SA agus bhí neamhchosaint bheag ar shócmhainní áirithe ioncaim sheasta in airgeadra eachtrach ar bhonn fálaithe. De bhreis air sin, tá an Banc neamhchosanta ar shócmhainní ioncaim sheasta in airgeadra eachtrach ar bhonn neamhfhálaithe (Nóta 12, Nóta 13). Tá an Banc neamhchosanta freisin ar riosca airgeadra trí shuíomh glansócmhainne i CSTanna an CAI. Bhí an neamhchosaint seo á sealbhú ar bhonn fálaithe (Nóta 12(i), Nóta 28). Déantar fálú airgeadra trí bhíthin babhtálacha agus réamhchonarthaí i malairt eachtrach a mheaitseálann luach na sócmhainní foluiteacha - i.e. Cuóta an Bhainc sa CAI agus a shealúchais CST.

## Riosca Leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca a eascraíonn as easpa indíoltachta infheistíochta nach féidir a cheannach nó a dhíol sách sciobtha chun caillteanas a íoslaghdú i gcás athruithe díobhálacha ar phraghas. Maolaítear riosca leachtachta trí chuid de phunann infheistíochta an Bhainc a leithdháileadh chuig punann leachtach marcáil ón margadh. D'fhonn comhchruinniú iomarcach a sheachaint, tá infheistíochtaí sa phunann marcáil ón margadh faoi réir teorainneacha eisiúna, rud a mhaolaíonn an neamhchosaint ar aon saincheist ar leith a chruthódh riosca géar leachtachta i gcás inar ghá an tsócmhainn a dhíol. Ina theannta sin, déantar teorainneacha eisiúna a chomhcheangal le rátálacha creidmheasa chun an dóchúlacht go dtarlóidh diúscairtí neamhsceidealaithe de thoradh íosghrádú rátalacha faoi bhun thairseach ghrád formheasta infheistíochta an Bhainc a mhaolú.

## NÓTA 38: Míreanna Lasmuigh den Chlár Comhardaithe

### (i) Conarthaí Neamhaibithe in Airgeadra Eachtrach

Ba iad seo a leanas Conarthaí Neamhaibithe in Airgeadra Eachtrach ag deireadh na bliana:

| | 31 Nollaig 2017 | | | | 31 Nollaig 2016 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | DKK 000 | EUR 000 | JPY 000 | SDR 000 | DKK 000 | EUR 000 | JPY 000 | SDR 000 |
| Ceannacháin Neamhaibithe | 11,308 | 2,134,742 | 33,537 | - | 7,497 | 2,231,948 | 134,546 | - |
| Díolacháin Neamhaibithe | (2,641,058) | (1,777) | (127,049,366) | (682,284) | (2,645,397) | (2,141) | (120,784,546) | (682,284) |
| **Ceannacháin & Díolacháin Neamhaibithe** | **(2,629,750)** | **2,132,965** | **(127,015,829)** | **(682,284)** | **(2,637,900)** | **2,229,807** | **(120,650,000)** | **(682,284)** |

Tá na conarthaí uile in airgeadra eachtrach ceaptha teacht in aibíocht faoin 20 Meán Fómhair 2018.

### (ii) Conarthaí Neamhaibithe i dTodhchaíochtaí

Ba iad seo a leanas Conarthaí Neamhaibithe i dTodhchaíochtaí ag deireadh na bliana:

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Ceannacháin Neamhaibithe | 335,000 | - |
| Díolacháin Neamhaibithe | (100,000) | - |
| **Ceannacháin & Díolacháin Neamhaibithe** | **235,000** | **-** |

Baintear úsáid as na conarthaí seo chun neamhchosaint ráta úis a fhálú agus chun infheistíochtaí a dhéanamh laistigh de theorainneacha formheasta.

## NÓTA 39: Páirtithe Gaolmhara

(i) Cuireann an Banc cuid mhór seirbhísí ar fáil don Aire Airgeadais, a scairshealbhóir aonair, agus do ranna agus do chomhlachtaí eile Rialtais

Ba iad seo a leanas na príomhsheirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na bliana go dtí an 31 Nollaig 2017:

- soláthar seirbhísí baincéireachta lena n-áirítear príomhchuntais an Rialtais a choinneáil;
- soláthar agus eisiúint monaí; agus
- Clár urrúis Rialtas na hÉireann a choinneáil agus a chothabháil.

(ii) Mar bhall rannpháirteach den CEBC, bíonn caidreamh leanúnach ag an mBanc le BCNanna eile agus leis an BCE.

(iii) Tá an Banc ar cheann de thrí scairshealbhóir sa Chuideachta um Chúiteamh d'Infheisteoirí Teoranta (ICCL) agus soláthraíonn sé seirbhísí riaracháin agus eile di, a ndéantar a gcostais a ghnóthú ó ICCL. Is é an Banc an t-údarás maoirseachta chun críocha an Achta seo. Riarann an ICCL an scéim chúitimh d'infheisteoirí d'fhonn cliaint de chuid gnólachtaí infheistíochta teipthe a chúiteamh go páirteach. Le linn 2017, rinne an Banc costais €0.7 milliún a aisghabháil (2016: €0.5 milliún). Amhail ar an 31 Nollaig 2017, bhí iarmhéid €47,393 dlite ó ICCL (2016: €43,010) (Nóta 21(ii)) i ndáil le costais dhíreacha. Rinneadh é seo a íoc ina iomláine i mí Feabhra 2018 (2016: Feabhra 2017). Bhí costais seirbhísí bainistithe arbh ionann iad agus €64,168 réamhíoctha amhail ar an 31 Nollaig 2017 (2016: Nialas) (Nóta 21). Ullmhaíonn an Chuideachta a Tuarascáil Bhliantúil agus a Ráitis Airgeadais iniúchta féin.

(iv) Mar údarás réitigh, tá an Banc freagrach as an gCiste Réitigh do Bhainc agus do Ghnólachtaí Infheistíochta a bhainistiú agus a riaradh de bhun *Rialachán 163(3) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Téarnamh agus Réiteach Banc)* 2015. Is féidir leis an mBanc airgead ciste a thaisceadh nó a infheistiú le hinstitiúidí eile seachas an Banc (Nóta 21, Nóta 26(i)).

(v) (v) Tá an Banc freagrach as an gCiste Réitigh Foras Creidmheasa a bhainistiú agus a riaradh de bhun alt 11(1) d'*Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach)*, 2011 (Nóta 8, Nóta 31(vi)).

(vi) An 1 Deireadh Fómhair 2008, bhunaigh an Banc scéim mhaoinithe pinsin faoi *Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003*.
Is é an Banc a oibríonn bainistiú agus riaradh na scéime ar mhaithe le leas a chuid fostaithe. I Nóta 32, leagtar amach sonraí maidir le ranníocaíochtaí an Bhainc leis na cistí pinsin.

## NÓTA 40: Teagmhais i ndiaidh Dheireadh na Tréimhse Tuairiscithe

### Dáileadh Deiridh Bhrabúis an BCE

Chinn Comhairle Rialaithe an BCE an 17 Eanáir 2018 go ndéanfaí an brabús a bhí fágtha aige don bhliain 2017 arbh ionann é agus €287.0 milliún a dháileadh ar BCNanna an limistéir euro, i gcomhréir lena scaireanna láníoctha. B'ionann scair an Bhainc den dáileadh deiridh seo agus €4.7 milliún, arna íoc an 23 Feabhra 2018, agus tabharfar cuntas ina leith sna Ráitis Airgeadais don bhliain 2018.

## NÓTA 41: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais

| | | | | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais a Mhaoiniú** | Ioncam Tobhaigh | Ioncam Tobhaigh (i) | | 98,242 | 73,259 |
| | | Ioncam Tobhaigh Iarchurtha (ii) | | 6,491 | 1,198 |
| | | Ioncam Tobhaigh | A | **104,733** | **74,457** |
| | Soláthairtí | Soláthairtí Tosaigh do Thobhaigh Neamhíoctha | | 1,540 | 1,914 |
| | | Tobhaigh Dhíscríofa | | (306) | (363) |
| | | Soláthairtí Deiridh do Thobhaigh Neamhíoctha (iii) | | (1,612) | (1,540) |
| | | Muirear don Bhliain | B | **(378)** | **11** |
| | **Glanmhaoiniú Tionscail don Rialáil Airgeadais (Nóta 8(i))** | | **C (A+B)** | **104,355** | **74,468** |
| | Ioncam Eile | Táillí Margaidh Urrús | | 2,875 | 2,738 |
| | | Táillí Ceadúnúcháin | | 500 | 500 |
| | | Tobhach Breise Maoirseachta | | 123 | - |
| | | Ilghnéitheach | | 72 | 58 |
| | | Ioncam Eile (Nóta 8) | D | **3,570** | **3,296** |
| | **Ioncam Iomlán** | | **E (C+D)** | **107,925** | **77,764** |
| | Fóirdheontas | Gníomhaíochtaí um Maoirseacht ar Mhargaí Urrús | | 8,920 | 6,789 |
| | | Costais Rialála Airgeadais eile nár aisghabhadh | | 68,007 | 70,501 |
| | | Fóirdheontas ón mBanc Ceannais (iv) | F | **76,927** | **77,290** |
| | **Maoiniú Iomlán Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais (vi)** | | **G (E+F)** | **184,852** | **155,054** |
| **Costais Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais** | Caiteachais Dhíreacha | Tuarastail/Liúntais | | 58,906 | 52,275 |
| | | ÁSPC | | 5,436 | 4,893 |
| | | Soláthar Pinsin | | 23,010 | 15,328 |
| | | Caiteachais Foirne | H | **87,352** | **72,496** |
| | | Oiliúint, Earcaíocht & Costais Eile Foirne | | 1,285 | 1,077 |
| | | Trealamh, Stáiseanóireacht & Riachtanais | | 63 | 68 |
| | | Taisteal Gnó | | 1,577 | 1,630 |
| | | Foilsitheoireacht agus Fógraíocht Tomhaltóirí | | 56 | 39 |
| | | Táillí Gairmiúla | | 11,061 | 7,819 |
| | | Ilghnéitheach | | 4,082 | 4,188 |
| | | Caiteachais Oibríochtúla Neamhphá | I | **18,124** | **14,821** |
| | | **Caiteachais Dhíreacha Iomlána** | **J (H+I)** | **105,476** | **87,317** |
| | Seirbhísí Tacaíochta | Áitribh & Saoráidí | | 8,706 | 14,160 |
| | | Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise | | 22,460 | 22,703 |
| | | Acmhainní Daonna | | 7,311 | 8,898 |
| | | Seirbhísí eile | | 40,729 | 21,620 |
| | | **Seirbhísí Tacaíochta Iomlána (v)** | K | **79,206** | **67,381** |
| | Soláthairtí | **Muirear um Athstruchtúrú don Bhliain (vi)** | L | **170** | **356** |
| | **Costais Iomlána i leith Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais** | | **M (J+K+L)** | **184,852** | **155,054** |

*(i) Ioncam Tobhaigh*

| **Ioncam Tobhaigh** | 2016 Easnamh/ (Barrachas) A €000 | Méid arna thobhach in 2017 B €000 | Easnamh/ (Barrachas)* 2017 C €000 | Ioncam Tobhaigh 2017 D (B+C-A) €000 |
|---|---|---|---|---|
| Institiúidí Creidmheasa | (6,115) | 34,149 | 1,490 | **41,754** |
| Gnóthais Árachais | 1,854 | 26,138 | 2,133 | **26,417** |
| Idirghabhálaithe & Gnólachtaí Bainistithe Fiachais | 1,107 | 4,416 | 880 | **4,189** |
| Gnólachtaí Urrús agus Infheistíochta | 2,016 | 16,475 | 1,209 | **15,668** |
| Cistí Infheistíochta | 649 | 5,000 | 680 | **5,031** |
| Comhair Chreidmheasa | - | 1,599 | - | **1,599** |
| Iasachtóirí Airgid | (81) | 523 | 67 | **671** |
| Comhlachtaí Gairme Faofa | 13 | 12 | 4 | **3** |
| Bureaux de Change | 15 | 11 | 7 | **3** |
| Gnólachtaí Frithdhílse Teaghais, Creidmheasa Miondíola & Seirbhísithe Creidmheasa | 383 | 1,637 | 333 | **1,587** |
| Seirbhísí Íocaíochta & Institiúidí Ríomh-airgid | (155) | 946 | 219 | **1,320** |
| **MAOINIÚ IOMLÁN** | **(314)** | **90,906** | **7,022** | **98,242** |

Ag deireadh gach bliana, cuirtear ioncam buiséadaithe agus caiteachais bhuiséadaithe i gcomparáid le hioncam agus caiteachais iarbhír, ar bhonn gach aicme ar leith, d'fhonn teacht ar an

*I Nóta 21(ii) agus Nóta 31 (iii) faoi seach, áirítear comhiomlán na n-easnamh (€7.0 milliún) agus na mbarrachas (níos lú ná €0.1 milliún) comhlán atá inchurtha do gach fo-aicme den Mhaoiniú Tionscail.

*(ii) Ioncam Tobhaigh Iarchurtha*

In 2015, d'athraigh an Banc an modh chun costais pinsin seirbhíse reatha a thobhach. Faoin gcur chuige athbhreithnithe seo, déantar iarmhairt na luaineachta pinsin a leathadh thar thréimhse atrátha deich mbliana agus, dá bhrí sin, aithnítear in 2017 tobhach iarchurtha ioncaim arb ionann é agus €6.5 milliún (2016: €1.2 milliún).

*(iii) Soláthairtí Deiridh i leith Tobhaigh Neamhíoctha*

Coinníonn an Banc soláthairtí i leith tobhach a bheidh fós gan íoc ag deireadh na bliana. Bíonn tobhaigh dlite laistigh de 28 lá tar éis na sonraisc a eisiúint agus déanfar iad a thuairisciú mar thobhaigh atá gan íoc ó lá 29 ar aghaidh. Is é an beartas atá ann soláthar iomlán a dhéanamh i leith tobhach a bhaineann leis na blianta roimhe sin agus soláthar páirteach a dhéanamh i leith tobhach atá gan íoc agus a bhaineann leis an mbliain reatha. Téitear sa tóir ar thobhaigh gan íoc mar chuid den phróiseas leanúnach aisghabhála fiachais.

*(iv) Fóirdheontas ón mBanc Ceannais*

Le comhaontú an Aire Airgeadais, rinneadh 65 faoin gcéad de chostais iomlána na ngníomhaíochtaí rialála airgeadais a íoc ó 2007 i leith trí thobhaigh a ghearradh ar an tionscal. Soláthraíonn an Banc iarmhéid na gcostas iomlán bliantúil i gcomhréir le hAlt 32I d'*Acht an Bhainc Cheannais 1942* (mar atá arna leasú). Ó 2007 i leith, thabhaigh an Banc, le ceadú an Aire airgeadais, costais i leith gníomhaíochtaí áirithe um maoirseacht ar mhargaí urrús (a bhaineann leis an Treoir Réamheolaire, an Treoir um Dhrochúsáid Margaidh, an Treoir Trédhearcachta agus an Treoir um Dhíol Folamh) a dhéantar san eagraíocht. Eisiadh na costais seo, arbh ionann iad agus €11.1 milliún sa bhliain reatha (2016: €9.5 milliún) ó na Glantobhaigh Maoiniúcháin Tionscail arna n-eisiúint chuig an tionscal in 2017. Léirítear táillí Margaidh Urrús (a áirítear i nGlanioncam Eile) mar ioncam.

*(v) Seirbhísí Tacaíochta*

Faigheann na Stiúrthóireachtaí Rialála Airgeadais seirbhísí éagsúla lena n-áirítear áitribh, riarachán acmhainní daonna, cuntasaíocht, iniúchóireacht inmheánach, seirbhísí staidrimh agus teicneolaíochta faisnéise ó stiúrthóireachtaí seirbhísí tacaíochta sa Bhanc. B'ionann costas na seirbhísí sin in 2017 agus €79.2 milliún (2016: €67.4 milliún). Tá leithdháileadh bunaithe ar chleachtas aitheanta tionscail lena n-áirítear spás urláir áitithe, líon ríomhairí pearsanta agus líon daoine (líon foirne) de réir mar is iomchuí.

*(vi) Soláthar um Athstruchtúrú*

In 2016, chruthaigh an Banc soláthar um athstruchtúrú i leith ragoibre. Freagraíonn sé seo don chuid den soláthar sin is inchurtha i leith na gníomhaíochta rialála airgeadais (Nóta 4, Nóta 1(m)(iii)).

## NÓTA 42: Slánchoimeád an Nóta Gealltanais atá mar Thaca le hIasachtaí na hÉireann ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta le haghaidh Tacaíocht Dhíreach Buiséid

Faoi na *hAchtanna um Chomhaontuithe Bretton Woods*, tá an Banc ina ghníomhaire fioscach don Aire Airgeadais agus, sa cháil sin, tá sé freagrach as idirbhearta airgeadais a dhéanamh leis an CAI. Faoin socrú sin, thug an CAI cistí a bhí coibhéiseach le SDR 19,465.8 milliún (€21,749.5 milliún) don Aire Airgeadais, a bhfuil aonoibleagáid air an fiach a aisíoc leis an CAI. Rinneadh an nóta gealltanais seo an 16 Nollaig 2010. An 20 Nollaig 2017, d'íoc Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta iarmhéid SDR 3,772.8 milliún (€4,506.8 milliún) a bhí fágtha agus a bhí dlite don CAI i gcomhthéacs iasachtaí ón CAI.

## NÓTA 43: Comparáidí

Rinneadh faisnéis chomparáideach áirithe a athaicmiú ó thaobh comhsheasmhachta le nochtadh faisnéise na bliana reatha.

Cuirtear athruithe laethúla sna héarlais athrúcháin ar thodhchaíochtaí san áireamh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála. Féadfaidh ioncam nó caiteachas a bheith i gceist sna hathrúcháin sin. In 2016, rinneadh an mhír seo a aicmiú mar chaiteachas úis i Nóta 3. In 2017, aithnítear an mhír seo i Nóta 2 mar ioncam úis.

Tá athaicmiú déanta anois ar chuntas na Sócmhainní á dTógáil chun Sócmhainní Inláimhsithe agus Doláimhsithe araon a áireamh (Nóta 22) d'fhonn comhsheasmhacht le nochtadh faisnéise sa bhliain reatha a áirithiú. Mar thoradh air seo, rinneadh nuashonrú ar iarmhéideanna shócmhainní Inláimhsithe agus Doláimhsithe 2016 i Nóta 22: Maoin, Gléasra & Trealamh agus i Nóta 21: Sócmhainní Eile.

## NÓTA 44: Faomhadh na gCuntas

D'fhaomh an Coimisiún an Ráiteas Cuntas an 20 Márta 2018.

MAZARS

# INDEPENDENT AUDITORS' REPORT

# TO THE COMMISSION OF

# THE CENTRAL BANK OF IRELAND

## Report on the audit of the Statement of Accounts

### *Opinion*

We have audited the Statement of Accounts of the Central Bank of Ireland ('the Bank') for the year ended 31 December 2017, which comprise the Profit and Loss and Appropriation Account, the Balance Sheet and the related notes 1 to 44. The financial reporting framework that has been applied in their preparation is the Guideline of the European Central Bank on the legal framework for the accounting and financial reporting in the European System of Central Banks ('the Guideline') and, where the Guideline of the European Central Bank is silent, accounting standards issued by the Financial Reporting Council and promulgated by the Institute of Chartered Accountants in Ireland, that being FRS 102.

In our opinion the Statement of Accounts:

- gives a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Bank as at 31 December 2017 and of the Surplus Payable to the Exchequer for the year then ended;
- has been properly prepared in accordance with the Guideline and where silent FRS 102; and
- has been properly prepared in accordance with the relevant financial reporting framework.

### *Basis for opinion*

We conducted our audit in accordance with International Standards on Auditing (Ireland) (ISAs (Ireland)) and applicable law. Our responsibilities under those standards are described in the Auditor's responsibilities for the audit of the Statement of Accounts section of our report. We are independent of the Bank in accordance with ethical requirements that are relevant to our audit of the Statement of Accounts in Ireland, including the Ethical Standard issued by the Irish Auditing and Accounting Supervisory Authority (IAASA), and we have fulfilled our other ethical responsibilities in accordance with these requirements.

We believe that the audit evidence we have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for our opinion.

# INDEPENDENT AUDITORS' REPORT

# TO THE COMMISSION OF

# THE CENTRAL BANK OF IRELAND

***Conclusions relating to going concern***

We have nothing to report in respect of the following matters in relation to which ISAs (Ireland) require us to report to you where:

- the Commission Members' use of the going concern basis of accounting in the preparation of the Statement of Accounts is not appropriate: or
- the Commission Members have not disclosed in the Statement of Accounts any identified material uncertainties that may cast significant doubt about the Bank's ability to continue to adopt the going concern basis of accounting for a period of at least twelve months from the date when the Statement of Accounts are authorised for issue.

***Other information***

The Commission Members are responsible for the other information. The other information comprises the information included in the annual report other than the Statement of Accounts and our auditor's report thereon. Our opinion on the Statement of Accounts does not cover the other information and, except to the extent otherwise explicitly stated in our report, we do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with our audit of the Statement of Accounts, our responsibility is to read the other information and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the Statement of Accounts or our knowledge obtained in the audit, or otherwise appears to be materially misstated. If we identify such material inconsistencies or apparent material misstatements, we are required to determine whether there is a material misstatement in the Statement of Accounts or a material misstatement of the other information. If, based on the work we have performed, we conclude that there is a material misstatement of this other information, we are required to report that fact.

We have nothing to report in this regard.

**Respective responsibilities**

***Responsibilities of Commission Members for the Statement of Accounts***

As explained more fully in the Governance Statement and Commission Members' Report, the Commission is responsible for the preparation of the Statement of Accounts and for being satisfied that they give a true and fair view, and for such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of Statement of Accounts that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

## Central Bank of Ireland

### Opinion on the statement of accounts

I have audited the statement of accounts of the Central Bank of Ireland for the year ending 31 December 2017 as required under the provisions of the Central Bank Act 1942 (as amended). The statement of accounts comprise

- the profit and loss and appropriation account
- the balance sheet
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the statement of accounts gives a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Central Bank of Ireland at 31 December 2017 and of its income and expenditure for the year then ended in accordance with the financial reporting framework set out in note 1(b) of the notes to the accounts.

#### Basis of opinion

I conducted my audit of the statement of accounts in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs). My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Central Bank of Ireland and I have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the *Code of Ethics of the International Organisation of Supreme Audit Institutions.*

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

### Report on information other than the statement of accounts, and on other matters

The Central Bank of Ireland has presented certain other information together with the statement of accounts. This comprises the annual report, the governance statement and Commission members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

#### *Non-competitive procurement*

The statement on internal control discloses that during 2017, goods and services to the value of €1 million were procured by the Bank without appropriate public procurement tender processes.

Seamus McCarthy.

**Seamus McCarthy**
**Comptroller and Auditor General**

**20 March 2018**

An leagan Gaeilge seo de Thuarascáil Bhliantúil 2017 Bhanc Ceannais na hÉireann, arna fhoilsiú i gcomhréir le halt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, is aistriúchán é ar an leagan Béarla arna ullmhú agus arna thíolacadh don Aire Airgeadais i gcomhréir le halt 32K d'Acht an Bhainc Cheannais 1942.

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem

Central Bank of Ireland

New Wapping Street, North Wall Quay, Dublin 1, Ireland

Banc Ceannais na hÉireann,

Sráid Wapping Nua, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, Éire

W: www.centralbank.ie

E: publications@centralbank.ie